Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meán Fómhair 2025 (OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0809 (NLE)**

**12460/25**
**ADD 3**

**COLAC 137**
**POLCOM 221**
**SERVICES 53**
**FDI 48**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach Pholaitiúil, Eacnamaíoch agus Chomhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 809 annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 809 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.9.2025
COM(2025) 809 final

ANNEX 1 – PART 3/4

# IARSCRÍBHINN

***a ghabhann leis an***

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach Pholaitiúil, Eacnamaíoch agus Chomhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile**

## CAIBIDIL 16

## SEIRBHÍSÍ TEILEACHUMARSÁIDE

### AIRTEAGAL 16.1

### Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'saoráidí gaolmhara' seirbhísí, bonneagair fhisiceacha agus saoráidí eile atá bainteach le líonra nó seirbhís teileachumarsáide a chumasaíonn nó a thacaíonn le soláthar seirbhísí tríd an líonra sin nó a bhfuil an poitéinseal acu déanamh amhlaidh;

(b) ciallaíonn 'úsáideoir deiridh' tomhaltóir deiridh seirbhíse teileachumarsáide poiblí, nó rannpháirtí le seirbhís teileachumarsáide poiblí, lena n- áirítear soláthróir seirbhíse seachas soláthróir seirbhísí teileachumarsáide poiblí;

(c) ciallaíonn 'saoráidí riachtanacha' saoráidí de chuid líonra nó seirbhís teileachumarsáide phoiblí:

   (i) nach bhfuil á soláthar, ina n-iomláine nó den chuid is mó, ach ag soláthróir amháin nó ag líon teoranta soláthróirí; agus

   (ii) nach féidir saoráidí eile a chur ina n- ionad ar bhonn eacnamaíoch ná ar bhonn teicniúil chun seirbhís a sholáthar;

(d) ciallaíonn ‘idirnascadh’ nascadh na líonraí teileachumarsáide poiblí soláthróirí a sholáthraíonn seirbhísí teileachumarsáide poiblí ionas gur féidir le húsáideoirí soláthróra amháin cumarsáid a dhéanamh le húsáideoirí soláthróra eile agus rochtain a fháil ar sheirbhísí a sholáthraíonn aon soláthróir atá rannpháirteach sa líonra nó ag a bhfuil rochtain ar an líonra;

(e) ciallaíonn ‘cumarsáid ionchorparáideach’ teileachumarsáid trína ndéanann fiontar cumarsáid laistigh den fhiontar nó lena fhochuideachtaí, lena bhrainsí, agus, faoi réir dhlí an Pháirtí lena mbaineann, lena fhiontair chleamhnaithe, nó ina measc, ach ní áirítear léi seirbhísí tráchtála nó neamhthráchtála a sholáthraítear d’fhiontair nach fochuideachtaí, brainsí ná fiontair chleamhnaithe ghaolmhara iad, nó a chuirtear ar fáil do chustaiméirí nó do chustaiméirí ionchasacha[1];

(f) ciallaíonn ‘ciorcaid léasaithe’ seirbhísí nó saoráidí teileachumarsáide, lena n- áirítear iad sin de chineál fíorúil nó neamhfhisiceach, idir dhá phointe ainmnithe nó níos mó, a chuirtear i leataobh le haghaidh úsáid thiomnaithe úsáideora, nó infhaighteacht úsáideora;

(g) ciallaíonn ‘ceadúnas’ aon údarú a d’fhéadfadh Páirtí a éileamh ar dhuine nádúrtha nó ar fhiontar, i gcomhréir lena dhlí, chun seirbhís teileachumarsáide a thairiscint, lena n- áirítear ach gan a bheith teoranta do lamháltais, ceadanna, clárúcháin nó fógraí;

---

1 Chun críocha an tsainmhínithe seo, is éard a chiallaíonn na téarmaí ‘fochuideachtaí’, ‘brainsí’ agus, i gcás inarb infheidhme, ‘fiontair chleamhnaithe’ do Pháirtí ná an bhrí a shainmhínítear ina dhlí.

(h) ciallaíonn ‘mórsholáthróir’ soláthróir líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide a bhfuil sé ar a chumas difear ábhartha a dhéanamh do théarmaí rannpháirtíochta, ag féachaint do phraghas agus do sholáthar, i margadh ábhartha do líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí de thoradh rialú a bheith aige ar shaoráidí riachtanacha nó ar a staid sa mhargadh sin a úsáid;

(i) ciallaíonn ‘eilimint líonra’ saoráid nó trealamh a úsáidtear chun seirbhís teileachumarsáide a sholáthar, lena n- áirítear gnéithe, feidhmeanna agus cumais arna soláthar trí bhíthin na saoráide nó an trealaimh sin;

(j) ciallaíonn ‘neamh- idirdhealaitheach’ cóir an náisiúin barrfhabhair a chomhlíonadh mar a shainmhínítear í in Airteagal 10.8 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair) agus Airteagal 11.7 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair) agus cóir náisiúnta mar a shainmhínítear Airteagal 10.7 (Cóir Náisiúnta) agus Airteagal 11.6 (Cóir Náisiúnta), chomh maith le cóir a thabhairt nach lú fabhar ná an chóir a thugtar ar aon úsáideoir eile a úsáideann seirbhísí teileachumarsáide poiblí comhchosúla i gcásanna comhchosúla, lena n- áirítear i ndáil le tráthúlacht;

(k) ciallaíonn ‘iniomparthacht uimhreach’ cumas úsáideoirí deiridh seirbhísí teileachumarsáide poiblí, a iarrann amhlaidh, na huimhreacha teileafóin céanna a choimeád, ar an suíomh céanna i gcás líne fhosaithe, agus iad ag aistriú idir an chatagóir chéanna soláthróirí seirbhísí teileachumarsáide poiblí.

(l) ciallaíonn ‘líonra teileachumarsáide poiblí’ líonra teileachumarsáide a úsáidtear chun seirbhísí teileachumarsáide poiblí a sholáthar idir críochphointí líonra;

(m) ciallaíonn 'seirbhís teileachumarsáide poiblí' seirbhís teileachumarsáide a thairgtear don phobal i gcoitinne;

(n) ciallaíonn 'tairiscint tagartha maidir le hidirnascadh' tairiscint tagartha arna déanamh ag mórsholáthróir a chuirtear ar fáil go poiblí, ionas go mbeidh aon soláthróir seirbhísí teileachumarsáide poiblí a bheidh toilteanach glacadh leis an tairiscint in ann idirnascadh leis an mórsholáthróir a fháil ar an mbonn sin;

(o) ciallaíonn 'teileachumarsáid' comharthaí a tharchur agus a ghlacadh ar shreang, ar raidió, ar mhodh optach nó ar mhodh leictreamaighnéadach eile;

(p) ciallaíonn 'líonra teileachumarsáide' córais tarchuir, agus i gcás inarb infheidhme, trealamh lasctha nó ródúcháin agus acmhainní eile, lena n- áirítear eilimintí neamhghníomhacha líonra, a cheadaíonn an teileachumarsáid;

(q) ciallaíonn 'údarás rialála teileachumarsáide' an comhlacht nó na comhlachtaí atá freagrach as rialú a dhéanamh ar líonraí teileachumarsáide agus seirbhísí teileachumarsáide a chumhdaítear faoin gCaibidil seo;

(r) ciallaíonn 'seirbhís teileachumarsáide' seirbhís, a bhaineann go hiomlán nó go príomha le tarchur agus le glacadh comharthaí ar líonraí teileachumarsáide, lena n- áirítear ar líonraí a úsáidtear le haghaidh craolacháin, ach nach n- áirítear seirbhísí a sholáthraíonn ábhar a tharchuirtear trí úsáid a bhaint as líonraí agus seirbhísí teileachumarsáide, nó seirbhísí a bhfuil smacht eagarthóireachta acu ar an ábhar sin;

(s) ciallaíonn ‘seirbhís uilíoch’ an tacar íosta seirbhísí nach mór a sholáthar do gach úsáideoir i gcríoch Pháirtí, a ndéanann an Páirtí a raon feidhme a shainiú; agus

(t) ciallaíonn ‘úsáideoir’ tomhaltóir nó soláthróir seirbhíse a úsáideann líonra teileachumarsáide poiblí nó seirbhís teileachumarsáide poiblí.

AIRTEAGAL 16.2

Raon feidhme agus Prionsabail an Chreata Rialála

1. Leagtar amach sa Chaibidil seo prionsabail an chreata rialála chun líonraí teileachumarsáide agus seirbhísí teileachumarsáide a sholáthar, arna léirscaoileadh de bhun Chaibidlí 10 (Infheistíocht) agus 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí) agus tá feidhm aici maidir le bearta a ghlacann Páirtí nó a choinníonn Páirtí ar bun a dhéanann difear do thrádáil i seirbhísí teileachumarsáide.

2. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta a ghlacann Páirtí nó a choinníonn Páirtí ar bun a dhéanann difear do sheirbhísí a sholáthraíonn ábhar a tharchuirtear agus úsáid á baint as líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide nó a bhfuil smacht eagarthóireachta acu ar an ábhar sin.

AIRTEAGAL 16.3

Údarás Rialála Teileachumarsáide

1. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh a údarás rialála teileachumarsáide leithleach go dlíthiúil ó aon soláthróir líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí, nó trealaimh teileachumarsáide, agus go mbeidh sé neamhspleách ó thaobh feidhme de ar aon cheann de na soláthróirí sin. D'fhonn neamhspleáchas agus neamhchlaontacht údarás rialála teileachumarsáide a áirithiú, áiritheoidh gach Páirtí nach mbeidh leas airgeadais ag a údarás rialála teileachumarsáide in aon soláthróir líonraí teileachumarsáide poiblí nó seirbhís teileachumarsáide poiblí, agus nach mbeidh ról oibriúcháin nó bainistíochta nó trealamh teileachumarsáide aige in aon cheann de na soláthróirí sin. Páirtí a choinníonn úinéireacht nó ceannas ar sholáthróirí líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide, áiritheoidh sé go mbeidh deighilt struchtúrach éifeachtach ann idir an fheidhm rialála agus na gníomhaíochtaí a bhaineann le húinéireacht nó le ceannas.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh na cinntí agus nósanna imeachta rialála a dhéanann a údarás rialála teileachumarsáide, a bhaineann leis an gCaibidil seo, neamhchlaonta i ndáil le gach rannpháirtí sa mhargadh.

3. Áiritheoidh gach Páirtí go ngníomhóidh a údarás rialála teileachumarsáide go neamhspleách agus nach lorgóidh sé ná nach nglacfaidh sé treoracha ó aon chomhlacht eile maidir le feidhmiú na gcúraimí a shanntar dó le dlí Páirtí chun na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 16.5, Airteagal 16.6, Airteagal 16.7, Airteagal 16.9 agus Airteagal 16.10 a fhorfheidhmiú.

4. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh an chumhacht rialála, chomh maith leis na hacmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna, ag a údarás rialála teileachumarsáide chun na cúraimí a shanntar dó a fheidhmiú chun na hoibleagáidí a leagtar amach sa Chaibidil seo a fhorfheidhmiú. Déanfar cumhacht den sórt sin a fheidhmiú ar bhealach trédhearcach tráthúil. Déanfar cúraimí an údaráis rialála teileachumarsáide a chur in iúl go poiblí i bhfoirm inrochtana shoiléir, go háirithe i gcás ina sanntar na tascanna sin do níos mó ná comhlacht amháin.

5. Soláthróidh gach Páirtí dá údarás rialála teileachumarsáide an chumhacht lena áirithiú go ndéanfaidh soláthróirí líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide an fhaisnéis uile a sholáthar dó, go pras arna iarraidh sin, lena n-  áirítear an fhaisnéis airgeadais, ar faisnéis í is gá lena chur ar a chumas don údarás rialála teileachumarsáide a chúraimí a dhéanamh i gcomhréir leis an gCaibidil seo. Aon fhaisnéis a gheofar, déileálfar léi i gcomhréir le ceanglais rúndachta is infheidhme na bPáirtithe.

6. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh an ceart ag úsáideoir nó soláthróir líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide a ndéantar difear dó le cinneadh ón údarás rialála teileachumarsáide chun agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin os comhair comhlacht atá neamhspleách ón údarás rialála teileachumarsáide agus ó na páirtithe a ndéanann an cinneadh difear dóibh[2]. Go dtí go bhfaighfear toradh an nós imeachta sin, beidh feidhm ag cinneadh an údaráis rialála teileachumarsáide, mura ndeonófar bearta eatramhacha i gcomhréir le dlí an Pháirtí lena mbaineann.

[2] I gcás Mheicsiceo, ní féidir agóid a dhéanamh i gcoinne rialacha ginearálta, gníomhartha nó neamhghníomhartha an Choimisiúin Rialála um Theileachumarsáid (Comisión Reguladora de Telecomunicaciones (CRT)) ach amháin trí thriail *amparo* indíreach roimh chúirteanna cónaidhme atá speisialaithe in iomaíocht, craolachán agus teileachumarsáid, agus ní bheidh siad faoi réir ordú fionraíochta.

AIRTEAGAL 16.4

Nósanna Imeachta Ceadúnúcháin

1. I gcás ina gceanglaíonn Páirtí ar sholáthróir líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí ceadúnas a bheith aige, áiritheoidh sé go mbeidh an fhaisnéis seo a leanas ar fáil go poiblí:

(a) na cineálacha seirbhísí teileachumarsáide a dteastaíonn ceadúnais uathu;

(b) na critéir cheadúnúcháin uile agus na nósanna imeachta ceadúnúcháin uile a chuirtear i bhfeidhm;

(c) an tréimhse is gá de ghnáth chun teacht ar chinneadh maidir le hiarratas ar cheadúnas, i gcás ina bhfuil gá le cinneadh; agus

(d) na téarmaí agus coinníollacha is infheidhme go ginearálta maidir le ceadúnas.

2. Páirtí a cheanglaíonn ar sholáthróir líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí ceadúnas a bheith aige, déanfaidh sé cinneadh faoi dheonú an cheadúnais laistigh de thréimhse réasúnta chun go mbeidh an soláthróir in ann tosú ar a líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide a sholáthar gan moill mhíchuí.

3. Aon chritéar ceadúnúcháin, nós imeachta is infheidhme agus, má fhorchuirtear iad, aon oibleagáid nó coinníoll, beidh siad bainteach leis na seirbhísí teileachumarsáide arna gcur ar fáil, agus beidh siad oibiachtúil, comhréireach, trédhearcach agus neamh- idirdhealaitheach.

4. Áiritheoidh gach Páirtí go bhfaighidh iarratasóir nó ceadúnaí, mar cheanglas nós imeachta nó arna iarraidh sin, na cúiseanna i scríbhinn maidir le:

(a) ceadúnas a dhiúltú;

(b) coinníollacha nó oibleagáidí a bhaineann go sonrach le soláthróir a fhorchur ar cheadúnas;

(c) cúlghairm an cheadúnais; nó

(d) diúltú do cheadúnas a athnuachan.

5. Aon táille riaracháin a fhorchuirfear ar sholáthróirí, beidh sí oibiachtúil, trédhearcach, neamh- idirdhealaitheach agus comhréireach leis na costais riaracháin a thabhaítear go réasúnach i mbainistiú, rialú agus forfheidhmiú na n- oibleagáidí a leagtar amach sa Chaibidil seo[3].

AIRTEAGAL 16.5

Idirnasc

Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh sé de cheart ag soláthróir líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí agus, nuair a iarrfaidh soláthróir eile líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí sin air, d’oibleagáid air caibidlíocht a dhéanamh maidir le hidirnascadh chun líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí a sholáthar.

---

[3] Ní áirítear i dtáillí riaracháin íocaíochtaí le haghaidh cearta chun acmhainní tearca a úsáid agus ranníocaíochtaí sainordaitheacha le soláthar seirbhíse uilíche.

AIRTEAGAL 16.6

Rochtain ar Líonraí agus Seirbhísí Teileachumarsáide Poiblí agus Úsáid a Bhaint Astu

1. Áiritheoidh gach Páirtí go dtabharfar d'aon soláthróir seirbhíse de chuid an Pháirtí eile, rochtain ar líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí, lena n- áirítear ciorcaid léasaithe, arna dtairiscint ina chríoch nó thar a theorainneacha, nó cead iad a úsáid, ar théarmaí agus ar choinníollacha réasúnacha agus neamh- idirdhealaitheacha, chun seirbhís léirscaoilte a sholáthar de bhun Chaibidlí 10 (Infheistíocht) agus 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí). Cuirfear an oibleagáid sin chun feidhme, *inter alia*, trí mhíreanna 2 go 6 a chomhlíonadh.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh cead ag soláthróir seirbhíse an Pháirtí eile:

(a) trealamh críochfoirt nó trealamh eile a dhéanann comhéadan le líonra iompair teileachumarsáide poiblí a cheannach nó a léasú, agus é a chur i gceangal;

(b) seirbhísí a sholáthar d'úsáideoirí deiridh aonair nó iolracha ar chiorcaid atá léasaithe nó faoi úinéireacht;

(c) ciorcaid atá léasaithe nó ar úinéireacht phríobháideach a nascadh le líonraí teileachumarsáide poiblí agus le seirbhísí teileachumarsáide poiblí nó le ciorcaid atá léasaithe nó ar úinéireacht ag soláthróir seirbhíse eile; agus

(d) prótacail oibriúcháin arna roghnú ag an soláthróir seirbhíse a úsáid i soláthar aon seirbhíse, seachas mar is gá chun a áirithiú go mbeidh seirbhísí teileachumarsáide ar fáil don phobal i gcoitinne.

3. Áiritheoidh gach Páirtí go bhféadfaidh soláthróirí seirbhísí de chuid an Pháirtí eile líonraí agus seirbhísí teileachumarsáide poiblí a úsáid chun faisnéis a aistriú ina chríoch nó thar a theorainneacha, lena n- áirítear i gcomhair chumarsáid ionchorparáideach na soláthróirí seirbhísí sin, agus i gcomhair rochtain ar fhaisnéis atá i mbunachair sonraí nó a stóráiltear ar shlí eile i bhfoirm atá inléite ag meaisín i gcríoch ceachtar Páirtí.

4. D'ainneoin mhír 3, féadfaidh Páirtí cibé bearta is gá a ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun slándáil agus rúndacht chumarsáide a áirithiú, faoi réir an cheanglais nach gcuirfear na bearta sin i bhfeidhm ar bhealach lena ndéanfaí idirdhealú treallach nó idirdhealú gan údar nó ar bhealach a bheadh ina shrian faoi cheilt ar thrádáil seirbhísí.

5. Áiritheoidh gach Páirtí nach bhforchuirfear aon choinníoll maidir le rochtain ar líonraí agus seirbhísí teileachumarsáide poiblí agus maidir le húsáid a bhaint astu seachas mar is gá chun:

(a) na freagrachtaí seirbhíse poiblí atá ar sholáthróirí líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí a chosaint, go háirithe a gcumas i dtaobh a gcuid líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí a chur ar fáil don phobal i gcoitinne; nó

(b) sláine theicniúil líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí a chosaint;

6. Ar choinníoll go gcomhlíonfaidh siad na critéir a leagtar amach i mír 5, féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh le coinníollacha maidir le rochtain ar líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí agus maidir lena n- úsáid:

(a) srianta ar athdhíol nó ar úsáid chomhroinnte na seirbhísí sin;

(b) ceanglas i dtaobh comhéadain theicniúla shonraithe a úsáid, lena n- áirítear prótacail chomhéadain, i gcomhair idirnascadh leis na líonraí agus seirbhísí sin;

(c) ceanglais, más gá, i dtaobh idir- inoibritheacht na seirbhísí sin agus chun baint amach na spriocanna a leagtar amach in Airteagal 16.18 a spreagadh;

(d) cineálcheadú trealaimh críochfoirt nó trealaimh eile a dhéanann comhéadan leis na ceanglais líonra agus theicniúla a bhaineann leis an trealamh sin a chur i gceangal leis na líonraí sin;

(e) srianta ar chiorcaid atá léasaithe nó ar úinéireacht phríobháideach a idirnascadh leis na líonraí nó na seirbhísí sin nó le ciorcaid atá léasaithe nó ar úinéireacht ag soláthróir seirbhíse eile; nó

(f) ceanglais maidir le fógra a thabhairt, clárú agus ceadúnú.

AIRTEAGAL 16.7

Díospóidí maidir le Teileachumarsáid a Réiteach

1. Áiritheoidh gach Páirtí, i gcás díospóide idir soláthróirí líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide i ndáil leis na cearta agus oibleagáidí a leagtar amach sa Chaibidil seo, arna iarraidh sin do cheachtar den dá pháirtí sa díospóid, go ndéanfaidh a údarás rialála teileachumarsáide cinneadh ceangailteach laistigh den tréimhse a shonraítear i ndlí an Pháirtí sin, chun an díospóid a réiteach.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go gcuirfear an cinneadh a eiseoidh an t- údarás rialála teileachumarsáide ar fáil don phobal, agus aird á tabhairt ar na ceanglais maidir le rúndacht gnó. Áiritheoidh gach Páirtí go dtabharfar do na páirtithe a bhaineann leis an díospóid ráiteas iomlán maidir leis na cúiseanna ar a bhfuil an cinneadh sin bunaithe agus go mbeidh de cheart acu agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin i gcomhréir le hAirteagal 16.3.6.

3. Ní chuirfear, le míreanna 1 agus 2, bac ar pháirtí a bhaineann leis an díospóid caingean a thabhairt os comhair na n- údarás breithiúnach[4].

---

[4] I gcás Mheicsiceo, ní féidir agóid a dhéanamh i gcoinne rialacha ginearálta, gníomhartha nó neamhghníomhartha an Choimisiúin Rialála um Theileachumarsáid (Comisión Reguladora de Telecomunicaciones (CRT)) ach amháin trí thriail *amparo* indíreach roimh chúirteanna cónaidhme atá speisialaithe in iomaíocht, craolachán agus teileachumarsáid, agus ní bheidh siad faoi réir ordú fionraíochta.

AIRTEAGAL 16.8

Coimircí Iomaíocha ar Mhórsholáthróirí

1. Glacfaidh gach Páirtí bearta iomchuí nó coinneoidh sé ar bun iad chun cosc a chur ar sholáthróirí líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide cleachtais fhrithiomaíocha a dhéanamh nó leanúint díobh, arb é atá sna soláthróirí sin, ina n- aonar nó in éindí, mórsholáthróir.

2. Áirítear go háirithe leis na cleachtais fhrithiomaíocha dá dtagraítear i mír 1:

(a) tras- fhóirdheonú frithiomaíoch a dhéanamh;

(b) faisnéis a fhaightear ó iomaitheoirí a úsáid agus torthaí frithiomaíocha a bheith air sin; agus

(c) gan faisnéis theicniúil faoi shaoráidí riachtanacha ná faisnéis atá ábhartha ó thaobh na tráchtála de a chur ar fáil do sholáthróirí seirbhísí eile, ar bhonn tráthúil, ar faisnéis í a bhfuil gá acu léi chun seirbhísí a sholáthar.

AIRTEAGAL 16.9

Idirnascadh le Mórsholáthróirí

1. Áiritheoidh gach Páirtí go soláthróidh mórsholáthróir líonraí agus seirbhísí teileachumarsáide poiblí ina chríoch idirnascadh le soláthróirí sheirbhísí teileachumarsáide poiblí an Pháirtí eile:

(a) ag aon phointe is indéanta go teicniúil i líonra an mhórsholáthróra sin;

(b) ar théarmaí agus coinníollacha neamh- idirdhealaitheacha lena n- áirítear a mhéid a bhaineann le rátaí, caighdeáin theicniúla, sonraíochtaí, cáilíocht agus cothabháil;

(c) de cháilíocht nach lú fabhar ná an cháilíocht a sholáthraítear dá sheirbhísí comhchosúla dílse nó do sheirbhísí comhchosúla de chuid a fhochuideachtaí nó a fhiontar cleamhnaithe eile;

(d) ar bhealach tráthúil, agus faoi théarmaí agus coinníollacha, lena n- áirítear rátaí[5], caighdeáin theicniúla agus sonraíochtaí, atá trédhearcach, réasúnach, ag féachaint d'indéantacht eacnamaíoch, agus arna dhíchuachadh go leordhóthanach ionas nach gá do sholáthróirí seirbhísí teileachumarsáide poiblí íoc as comhpháirteanna ná saoráidí líonra nach bhfuil gá acu leo i leith na seirbhíse atá le soláthar; agus

---

5 Ní chuirfidh aon rud sa mhír seo bac ar Pháirtí a cheangal go soláthróidh mórsholáthróir idirnascadh ar rátaí dírithe ar chostas. ciallaíonn 'rátaí dírithe ar chostas' rátaí atá bunaithe ar chostas, agus a bhféadfadh brabús réasúnta a bheith i gceist leo mar aon le modheolaíochtaí costais difriúla i leith saoráidí nó seirbhísí éagsúla.

(e) arna iarraidh sin, ag pointí de bhreis ar na críochphointí líonra a chuirtear ar fáil do thromlach na n- úsáideoirí, faoi réir muirir lena léirítear costas tógála na saoráidí breise is gá.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go gcuirfidh mórsholáthróirí ina chríoch ar fáil go poiblí, de réir mar is iomchuí, ceann de na nithe seo a leanas:

(a) tairiscint tagartha maidir le hidirnascadh nó tairiscint chaighdeánach eile maidir le hidirnascadh ina mbeidh na téarmaí agus coinníollacha agus na rátaí a thairgeann an mórsholáthróir go ginearálta do sholáthróirí seirbhísí teileachumarsáide poiblí; nó

(b) téarmaí agus coinníollacha comhaontú maidir le hidirnascadh atá i bhfeidhm.

3. Cuirfidh gach Páirtí ar fáil go poiblí na nósanna imeachta is infheidhme maidir le caibidlíocht faoi idirnascadh le mórsholáthróir ina chríoch.

AIRTEAGAL 16.10

Rochtain ar Shaoráidí Riachtanacha

1. Áiritheoidh gach Páirtí go dtabharfaidh mórsholáthróir ina chríoch rochtain ar a shaoráidí riachtanacha do sholáthróirí líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí, faoi théarmaí agus coinníollacha réasúnacha, trédhearcacha agus neamh- idirdhealaitheacha bunaithe ar thairiscint a bheidh ar fáil go ginearálta, chun seirbhísí teileachumarsáide poiblí a sholáthar, ach amháin nuair nach gá sin chun iomaíocht éifeachtach a bheith ann ar bhonn na bhfíricí a bhailítear agus ar bhonn an mheasúnaithe a dhéanann an t- údarás rialála teileachumarsáide ar dhálaí margaidh. D'fhéadfaí a chuimsiú le saoráidí riachtanacha mórsholáthróra eilimintí líonra, seirbhísí ciorcaid ar léas agus saoráidí gaolmhara.

2. Soláthróidh gach Páirtí dá údarás rialála teileachumarsáide an chumhacht chun na saoráidí riachtanacha a chinneadh a cheanglófar ar mhórsholáthróir iad a chur ar fáil ina chríoch, agus a mhéid a bheidh na saoráidí riachtanacha sin le bheith díchuachta. Bunófar cinneadh den sórt sin ar, i measc nithe eile, an gcuspóir maidir le hiomaíocht éifeachtach a bhaint amach agus an tairbhe maidir le leas fadtéarmach d'úsáideoirí deiridh.

3. I gcás ina gceanglóidh Páirtí ar mhórsholáthróir a sheirbhísí teileachumarsáide poiblí a thairiscint lena n- athdhíol, áiritheoidh sé nach bhforchuirfidh an mórsholáthróir coinníollacha neamhréasúnacha nó idirdhealaitheacha ar athdhíol a sheirbhísí teileachumarsáide poiblí.

AIRTEAGAL 16.11

Acmhainní Tearca

1. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar cearta úsáide acmhainní tearca, lena n- áirítear speictream raidió, uimhreacha agus cearta slí, a leithdháileadh agus a dheonú ar bhealach oscailte, oibiachtúil, tráthúil, trédhearcach, neamh- idirdhealaitheach agus comhréireach agus chun cuspóirí leasa ghinearálta a shaothrú, lena n- áirítear cur chun cinn na hiomaíochta. Beidh na nósanna imeachta, na coinníollacha agus na hoibleagáidí a ghabhann le cearta úsáide bunaithe ar chritéir oibiachtúla, thrédhearcacha, neamh- idirdhealaitheacha agus chomhréireacha.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go gcuirfear ar fáil go poiblí úsáid reatha na mbandaí minicíochta leithdháilte, ach ní gá sainaithint mhionsonraithe a dhéanamh ar an speictream raidió a leithdháiltear chun críoch shonrach rialtais.

3. Féadfaidh Páirtí dul i muinín cineálacha cur chuige margadhbhunaithe, amhail nósanna imeachta tairisceana, chun speictream raidió a shannadh d’úsáid tráchtála.

4. Níl bearta Páirtí a dhéanann speictream raidió a leithdháileadh agus a shannadh agus minicíocht a bhainistiú ar neamhréir *per se* le hAirteagal 10.6 (Rochtain ar an Margadh) agus 11.4 (Rochtain ar an Margadh). Coinníonn gach Páirtí an ceart chun bearta bainistithe speictrim agus minicíochta a ghlacadh agus a choinneáil ar bun a bhféadfadh sé go mbeadh d'éifeacht acu líon na soláthróirí seirbhísí teileachumarsáide a theorannú, ar choinníoll go mbeidh na bearta sin i gcomhréir le forálacha eile sa Chomhaontú seo. Áirítear leis an gceart sin an cumas bandaí minicíochta a leithdháileadh, ag cur san áireamh riachtanais reatha agus riachtanais a bheidh ann amach anseo agus infhaighteacht speictrim raidió.

AIRTEAGAL 16.12

Inaistritheacht Uimhreach

Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh soláthróirí seirbhísí teileachumarsáide poiblí laistigh dá chríoch inaistritheacht uimhreach a sholáthar go tráthúil, gan lagú ar cháilíocht, ar iontaofacht ná ar áisiúlacht agus faoi théarmaí agus coinníollacha réasúnacha agus neamh- idirdhealaitheacha.

AIRTEAGAL 16.13

Seirbhís Uilíoch

1. Tá sé de cheart ag gach Páirtí a shainiú cé na cineálacha oibleagáidí seirbhíse uilíche a theastaíonn uaidh a choinneáil ar bun.

2. Déanfaidh gach Páirtí aon oibleagáid seirbhíse uilíche a riar ar bhealach trédhearcach, neamh- idirdhealaitheach agus neodrach i leith na hiomaíochta. Áiritheoidh gach Páirtí, maidir le haon oibleagáid seirbhíse uilíche a fhorchuirfidh sé, nach mbeidh sí ina hualach níos mó ná mar is gá i leith an chineáil seirbhíse uilíche atá sainithe ag an bPáirtí. Oibleagáidí seirbhíse uilíche a shainmhínítear de réir na bprionsabal sin, ní mheasfar iad a bheith frithiomaíoch *per se*.

3. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh na nósanna imeachta chun soláthróirí seirbhíse uilíche a ainmniú oscailte do gach soláthróir líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí. Déanfar an ainmníocht le sásra éifeachtúil, trédhearcach agus neamh- idirdhealaitheach.

4. Má shocraíonn Páirtí cúiteamh a thabhairt do sholáthróirí seirbhíse uilíche, áiritheoidh sé nach mó an cúiteamh sin ná na riachtanais a bheidh inchurtha go díreach i leith na hoibleagáide seirbhíse uilíche, mar a chinnfear le próiseas iomaíoch nó cinneadh maidir le glanchostais.

## AIRTEAGAL 16.14

### Rúndacht Faisnéise

1. Áiritheoidh gach Páirtí, maidir le soláthróirí líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí a fhaigheann faisnéis ó sholáthróir líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí eile, agus iad i mbun socruithe a chaibidliú de bhun Airteagal 16.5, Airteagal 16.9, nó Airteagal 16.10, go mbainfidh na soláthróirí sin úsáid as an bhfaisnéis sin chun na críche ar soláthraíodh í agus chun na críche sin amháin agus urraim á tabhairt gach tráth do rúndacht na faisnéise sin.

2. Áiritheoidh gach Páirtí, maidir le rúndacht teileachumarsáide agus sonraí tráchta gaolmhara a tharchuirtear trí úsáid a bhaint as líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí, faoi réir an cheanglais maidir le bearta a chuirtear i bhfeidhm chuige sin, nach é a bheidh sa rúndacht sin bealach chun idirdhealú treallach nó dochosanta nó srian ceilte a dhéanamh ar an trádáil seirbhísí.

AIRTEAGAL 16.15

Neodracht Theicneolaíoch

Aithníonn na Páirtithe na buntáistí a bhaineann le neodracht theicneolaíoch, go háirithe i ndáil le cead a thabhairt do sholáthróirí seirbhísí teileachumarsáide poiblí na teicneolaíochtaí is mian leo a úsáid chun a seirbhísí a sholáthar a roghnú. Féadfaidh Páirtí srian chur ar rogha den sórt sin trí na ceanglais is gá le haghaidh comhlíonadh cuspóirí dlisteanacha maidir le beartas poiblí a ghlacadh nó a choinneáil ar bun, ar choinníoll nach gcruthaítear bacainní nach bhfuil gá leo ar thrádáil leis na ceanglais sin.

## AIRTEAGAL 16.16

### Cóir arna Tabhairt ag Mórsholáthróirí

Soláthróidh gach Páirtí dá údarás rialála teileachumarsáide an chumhacht chun a cheangal, i gcás inarb iomchuí, go dtabharfadh mórsholáthróir ina chríoch do sholáthróirí líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide poiblí an Pháirtí eile cóir nach lú fabhar ná mar a thugann an mórsholáthróir i gcásanna comhchosúla dá fhochuideachtaí nó dá fhiontair chleamhnaithe, maidir le:

(a) infhaighteacht, soláthar, rátaí nó cáilíocht sheirbhísí teileachumarsáide comhchosúla; agus

(b) infhaighteacht na gcomhéadan teicniúil is gá le haghaidh idirnascadh.

## AIRTEAGAL 16.17

### Fánaíocht Idirnáisiúnta Shoghluaiste

1. Féachfaidh na Páirtithe le hoibriú i gcomhar chun rátaí trédhearcacha réasúnacha do sheirbhísí fánaíochta idirnáisiúnta soghluaiste a chur chun cinn d’fhonn fás na trádála idir na Páirtithe a chur chun cinn agus leas tomhaltóirí a fheabhsú.

2. Féadfaidh Páirtí trédhearcacht agus iomaíocht a fheabhsú maidir le rátaí idirnáisiúnta fánaíochta soghluaiste agus roghanna malartacha teicneolaíochta ar sheirbhísí fánaíochta go háirithe trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) a áirithiú go mbeidh rochtain éasca ag tomhaltóirí ar fhaisnéis maidir le rátaí miondíola; agus

(b) bacainní ar úsáid roghanna malartacha teicneolaíochta ar fhánaíocht a íoslaghdú, ionas gur féidir le tomhaltóirí a thugann cuairt ar a chríoch rochtain a fháil ar sheirbhísí teileachumarsáide trí úsáid a bhaint as a rogha feiste.

AIRTEAGAL 16.18

Caighdeáin agus Eagraíochtaí Idirnáisiúnta

Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le caighdeáin idirnáisiúnta le haghaidh comhoiriúnacht agus idir- inoibritheacht domhanda líonraí nó seirbhísí teileachumarsáide agus déanfaidh siad na caighdeáin sin a chur chun cinn trí obair comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha, lena n- áirítear An tAontas Teileachumarsáide Idirnáisiúnta agus Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán.

CAIBIDIL 17

SEIRBHÍSÍ IOMPAIR MHUIRÍ IDIRNÁISIÚNTA

AIRTEAGAL 17.1

Sainmhínithe

1. Chun críocha na Caibidle seo, Roinn B de Chaibidil 10 (Léirscaoileadh Infheistíochtaí) agus Chaibidlí 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí), 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó) agus 18 (Seirbhísí Airgeadais):

(a) ciallaíonn 'seirbhísí stáisiún coimeádáin agus iosta' gníomhaíochtaí arb é atá iontu coimeádáin a stóráil, bíodh sin i limistéir chalafoirt nó go hintíre d'fhonn iad a phacáil, a dhíphacáil nó a nochtadh, a dheisiú agus iad a chur ar fáil lena loingsiú;

(b) ciallaíonn 'seirbhísí imréitigh custaim' gníomhaíochtaí arb é atá iontu foirmiúlachtaí custaim a dhéanamh, thar ceann páirtí eile, cinn a bhaineann le hallmhairiú, onnmhairiú nó tré- iompar lastas, gan beann ar cibé arb í an tseirbhís sin príomhghníomhaíocht nó gníomhaíocht thánaisteach an tsoláthraí seirbhíse;

(c) ciallaíonn 'oibríochtaí iompair ó dhoras go doras nó uilemhódach' lasta a iompar trí úsáid a bhaint as níos mó ná modh iompair amháin, lena mbaineann céim farraige idirnáisiúnta, faoi dhoiciméad iompair aonair;

(d) ciallaíonn 'seirbhísí seolta lasta' an ghníomhaíocht arb í oibríochtaí loingsithe a eagrú agus faireachán a dhéanamh orthu thar ceann seoladóirí, trí iompar agus seirbhísí gaolmhara a shealbhú, trí dhoiciméid a ullmhú agus trí fhaisnéis ghnó a sholáthar;

(e) ciallaíonn 'lasta idirnáisiúnta' lasta a iompraítear idir calafort de Pháirtí agus calafort den Pháirtí eile nó de thríú tír, nó idir calafort de Bhallstát amháin den Aontas Eorpach agus calafort de Bhallstát eile den Aontas Eorpach;

(f) ciallaíonn 'seirbhísí muiriompair idirnáisiúnta' paisinéirí nó lasta a iompar ar shoithí-farraige idir calafort Páirtí agus calafort den Pháirtí eile nó tríú tír, nó idir calafort de Bhallstát amháin den Aontas Eorpach agus calafort de Bhallstát eile den Aontas Eorpach, lena n- áirítear conradh díreach le soláthraithe seirbhísí iompair eile, d'fhonn oibríochtaí iompair ó dhoras go doras nó uilemhódach a chumhdach faoi dhoiciméad iompair aonair, ach ní áirítear iontu an ceart chun seirbhísí iompair eile den sórt sin a sholáthar;

(g) ciallaíonn 'seirbhísí cúnta muirí' seirbhísí láimhseála lasta mhuirí, seirbhísí imréitigh custaim, seirbhísí stáisiúin coimeádta agus seirbhísí iosta, seirbhísí gníomhaireachtaí muirí agus seirbhísí seolta lasta mhuirí;

(h) ciallaíonn 'seirbhísí gníomhaireachta muirí' gníomhaíochtaí lena ndéantar ionadaíocht, mar ghníomhaire, laistigh de limistéar geografach ar leith, ar leasanna gnó líne loingseoireachta amháin nó níos mó nó cuideachta loingseoireachta amháin nó níos mó, chun na gcríoch seo a leanas:

(i) margaíocht agus díolachán a dhéanamh ar sheirbhísí muiriompair agus seirbhísí gaolmhara, ó luachan go heisiúint sonrasc, agus billí luchta a eisiúint thar ceann na gcuideachtaí sin, na seirbhísí gaolmhara is gá a fháil agus a athdhíol, doiciméadacht a ullmhú, agus faisnéis ghnó a sholáthar; nó

(ii) gníomhú thar ceann na gcuideachtaí a bheidh ag eagrú ghlaoch na loinge nó a bheidh ag gabháil lastaí de láimh nuair is gá; agus

(i) ciallaíonn 'seirbhísí láimhseála lasta mhuirí' gníomhaíochtaí a fheidhmíonn cuideachtaí stíbheadóra, lena n- áirítear oibreoirí críochfoirt ach nach ndéanann gníomhaíochtaí díreacha dugairí a áireamh nuair a dhéantar na hoibrithe a eagrú go neamhspleách ar na cuideachtaí stíbheadóra nó ar na cuideachtaí oibritheora críochfoirt; lena n-áirítear eagrú agus maoirseacht na nithe seo a leanas:

(i) lasta a luchtú ar long nó a dhíluchtú de long;

(ii) lasta a cheangal nó a dhícheangal; nó

(iii) glacadh le lasta nó é a sheachadadh agus é a choimeád slán roimh loingsiú nó tar éis a dhíluchtaithe.

AIRTEAGAL 17.2

Cuspóir

Leagtar amach sa Chaibidil seo na prionsabail maidir le léirscaoileadh seirbhísí muiriompair idirnáisiúnta de bhun Roinn B de Chaibidil 10 (Léirscaoileadh Infheistíochtaí) agus Chaibidlí 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí), 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó) agus 18 (Seirbhísí Airgeadais).

AIRTEAGAL 17.3

Prionsabail

1. Faoi réir aon bheart a ghlacfaidh Páirtí nó a choinneoidh Páirtí ar bun i ndáil le hearnálacha, fo- earnálacha nó gníomhaíochtaí, i gcomhréir le hIarscríbhinní I (Bearta atá ann Cheana), II (Bearta a Bheidh ann Amach Anseo), III (Gealltanais maidir le Rochtain ar an Margadh) agus VI (Seirbhísí Airgeadais), déanfaidh gach Páirtí:

(a) prionsabal na rochtana neamhshrianta ar na margaí muirí idirnáisiúnta agus ar thrádáil ar bhonn tráchtála agus neamh- idirdhealaitheach a chur i bhfeidhm go héifeachtach; agus

(b) cóir nach lú fabhar a thabhairt do longa a bheidh faoi bhratach an Pháirtí eile nó a bheidh á bhfeidhmiú ag soláthróirí seirbhísí an Pháirtí eile, ná an chóir a thugtar dá longa féin, i dtaca le, i measc nithe eile, rochtain ar chalafoirt, bonneagar agus seirbhísí calafoirt a úsáid, agus seirbhísí cúnta muirí a úsáid, chomh maith le táillí agus muirir ghaolmhara, saoráidí custaim agus beartanna agus saoráidí a shannadh le haghaidh luchtú agus díluchtú.

2. Agus na prionsabal dá dtagraítear i bhfomhíreanna 1(a) agus (b) á gcur i bhfeidhm, déanfaidh na Páirtithe an méid seo a leanas:

(a) gan socruithe um páirtiú lasta a thabhairt isteach i gcomhaontuithe a bheidh ann sa todhchaí le tríú tíortha maidir le seirbhísí muiriompair, lena n- áirítear an trádáil thirim agus leachtach agus línéir, agus deireadh a chur, laistigh de thréimhse réasúnta, le socruithe um páirtiú lasta den sórt sin i gcás inarb ann dóibh i gcomhaontuithe atá ann cheana; agus

(b) ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, díothú agus staonadh ó aon bheart aontaobhach nó constaic riaracháin, theicniúil agus eile a thabhairt isteach a d’fhéadfadh a bheith ina mbacainní faoi cheilt nó a bhféadfadh éifeachtaí idirdhealaitheacha a bheith acu ar shaorsholáthar seirbhísí iompair mhuirí idirnáisiúnta.

3. Ceadóidh gach Páirtí do sholáthróirí seirbhísí muirí idirnáisiúnta an Pháirtí eile fiontar a bheith bunaithe agus a bheith ag oibriú ina chríoch i gcomhréir le hIarscríbhinní I (Bearta atá ann Cheana), II (Bearta a Bheidh ann Amach Anseo), III (Gealltanais maidir le Rochtain ar an Margadh) agus VI (Seirbhísí Airgeadais).

4. Déanfaidh na Páirtithe na seirbhísí seo a leanas a chur ar fáil ag an gcalafort do sholáthróirí seirbhísí muiriompair idirnáisiúnta de chuid an Pháirtí eile, ar théarmaí agus coinníollacha réasúnacha agus neamh- idirdhealaitheacha: píolótaíocht, tuáil agus cúnamh tuga, soláthar, breoslú agus uisciú, bailiú dramhaíola agus diúscairt dramhaíola ballasta, seirbhísí captaein calafoirt, áiseanna loingseoireachta, saoráidí éigeandála deisiúcháin, ancaireacht, seirbhísí bearta agus cur i mbeart chomh maith le seirbhísí oibríochtúla ar tír atá riachtanach d'oibríochtaí long lena n-áirítear cumarsáid agus soláthairtí uisce agus leictreacha.

CAIBIDIL 18

SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS

AIRTEAGAL 18.1

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'soláthróir seirbhíse airgeadais trasteorann de chuid Páirtí' duine de Pháirtí atá ag gabháil do sheirbhísí airgeadais a sholáthar laistigh de chríoch an Pháirtí agus a fhéachann le seirbhís airgeadais a sholáthar trí sholáthar trasteorann na seirbhíse sin, nó a sholáthraíonn seirbhís airgeadais amhlaidh;

(b) ciallaíonn 'trádáil trasteorann i seirbhísí airgeadais' nó 'soláthar trasteorann seirbhísí airgeadais' seirbhís airgeadais a sholáthar:

    (i) ó chríoch Pháirtí amháin isteach i gcríoch an Pháirtí eile; nó

    (ii) i gcríoch aon Pháirtí amháin chuig tomhaltóir seirbhíse an Pháirtí eile; ní áirítear le soláthar seirbhíse airgeadais den sórt sin seirbhís airgeadais a sholáthar i gcríoch Pháirtí amháin trí infheistíocht sa chríoch sin;

(c) ciallaíonn ‘institiúid airgeadais’ aon soláthróir seirbhíse airgeadais a dhéanann seirbhís airgeadais má dhéantar an soláthróir sin a údarú chun gnó a dhéanamh, má dhéantar an soláthróir sin a rialáil nó a mhaoirsiú mar institiúid airgeadais faoi dhlí an Pháirtí arb ina chríoch atá an soláthróir lonnaithe, lena n- áirítear brainse i gcríoch Pháirtí an tsoláthróra seirbhíse airgeadais sin a bhfuil a cheannoifig lonnaithe i gcríoch an Pháirtí eile;

(d) ciallaíonn ‘institiúid airgeadais den Pháirtí eile’ institiúid airgeadais atá lonnaithe i gcríoch Pháirtí atá faoi rialú ag duine den Pháirtí eile;

(e) ciallaíonn ‘seirbhís airgeadais’ aon seirbhís de chineál airgeadais lena n- áirítear gach seirbhís árachais agus seirbhís a bhaineann le hárachas, agus gach seirbhís baincéireachta agus seirbhís airgeadais eile (seachas árachas), lena gcumhdaítear na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(i) árachas agus seirbhísí a bhaineann le hárachas:

(A) árachas díreach lena n- áirítear comhárachas:

(1) saol;

(2) neamhshaol;

(B) athárachas agus aisghéilleadh;

(C) idirghabháil árachais, amhail bróicéireacht agus gníomhaireacht; agus

(D) seirbhísí cúnta d’árachas, amhail sainchomhairleoireacht, seirbhísí achtúireacha, measúnú riosca, agus seirbhísí maidir le héilimh a shocrú; agus

(ii) seirbhísí baincéireachta agus seirbhíse airgeadais eile (seachas árachas):

(A) glacadh le taiscí agus cistí inaisíoctha eile ón bpobal;

(B) iasachtú de gach cineál, lena n- áirítear creidmheas tomhaltóra, creidmheas morgáiste, fachtóireacht, agus idirbhearta tráchtála a mhaoiniú;

(C) léasú airgeadais;

(D) gach seirbhís íocaíochta agus tarchuir airgid, lena n- áirítear cártaí creidmheasa, cártaí muirir agus cártaí dochair, seiceanna taistil agus dréachtaí baincéara;

(E) ráthaíochtaí agus gealltanais;

(F) trádáil a dhéanamh ar na nithe seo a leanas dá chuntas féin nó do chuntas custaiméirí, cibé acu ar mhalartán, i margadh thar an gcuntar nó ar shlí eile a dhéantar í:

(1) ionstraimí margaidh airgid lena n- áirítear seiceanna, billí, deimhnithe taisce;

(2) malairt eachtrach;

(3) táirgí díorthacha, lena n- áirítear todhchaíochtaí agus roghanna;

(4) ionstraimí ráta malairte agus ionstraimí ráta úis, lena n- áirítear táirgí amhail babhtálacha agus comhaontuithe ar réamhráta;

(5) urrúis inaistrithe; agus

(6) ionstraimí soshannta eile agus sócmhainní airgeadais eile, lena n- áirítear buillean;

(G) rannpháirtíocht in eisiúintí de gach cineál urrús, lena n- áirítear frithghealladh agus socrú mar ghníomhaire (go poiblí nó go príobháideach) agus soláthar seirbhísí a bhaineann le heisiúintí den chineál sin;

(H) bróicéireacht airgid;

(I) bainistíocht sócmhainní, amhail bainistíocht airgid nó punainne, gach cineál bainistíochta ar infheistíocht chomhchoiteann, bainistíocht ciste pinsin, seirbhísí coinneála, seirbhísí taisclainne, agus seirbhísí iontaobhais;

(J) seirbhísí socraíochta agus imréitigh le haghaidh sócmhainní airgeadais, lena n- áirítear urrúis, táirgí díorthacha, agus ionstraimí soshannta eile;

(K) faisnéis airgeadais a sholáthar agus a aistriú, agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí gaolmhara ag soláthróirí seirbhísí airgeadais eile; agus

(L) seirbhísí comhairleacha, idirghabhála agus seirbhísí cúnta airgeadais eile maidir leis na gníomhaíochtaí a liostaítear i bhfomhíreanna A go K, lena n- áirítear teistiméireacht chreidmheasa agus anailís, taighde agus comhairle faoi infheistíocht agus punanna, comhairle maidir le héadálacha agus maidir le hathstruchtúrú corparáideach agus straitéisí corparáideacha;

(f) ciallaíonn 'soláthróir seirbhíse airgeadais' duine de Pháirtí a fhéachann le seirbhís airgeadais a sholáthar, nó a sholáthraíonn seirbhís airgeadais laistigh de chríoch an Pháirtí sin, ach ní áirítear eintiteas poiblí leis;

(g) ciallaíonn 'infheistíocht' infheistíocht mar a shainmhínítear i mír 2 d'Airteagal 10.1 (Sainmhínithe), ach amháin maidir le hiasachtaí agus ionstraimí fiachais eile dá dtagraítear sa sainmhíniú sin:

(i) iasacht le hinstitiúid airgeadais nó ionstraim fiachais arna heisiúint ag institiúid airgeadais, cumhdaítear iad leis an téarma infheistíochta más mar chaipiteal rialála a láimhseálann an Páirtí a bhfuil an institiúid airgeadais lonnaithe ina chríoch iad, gan beann ar a n- aibíocht; agus

(ii) iasacht arna deonú ag institiúid airgeadais nó ionstraim fiachais ar le hinstitiúid airgeadais í, seachas iasacht le hinstitiúid airgeadais nó ionstraim fiachais de chuid institiúid airgeadais dá dtagraítear i bhfomhír (i), ní chumhdaítear leis an téarma infheistíochta í;

ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, iasacht arna deonú ag soláthróir seirbhíse airgeadais trasteorann, nó ionstraim airgeadais ar le soláthróir seirbhíse airgeadais trasteorann í, seachas iasacht le hinstitiúid airgeadais nó ionstraim fiachais arna heisiúint ag institiúid airgeadais, is infheistíocht í chun críocha Chaibidil 10 (Infheistíocht), ar choinníoll go gcomhlíonann an iasacht nó an ionstraim fiachais sin na critéir maidir le hinfheistíochtaí a leagtar amach in Airteagal 10.1 (Sainmhínithe);

(h) ciallaíonn 'infheisteoir de Pháirtí' infheisteoir de Pháirtí mar a shainmhínítear in Airteagal 10.1 (Sainmhínithe).

(i) ciallaíonn 'seirbhís airgeadais nua' seirbhís de chineál airgeadais, lena n- áirítear seirbhísí a bhaineann le táirgí atá ann cheana agus táirgí nua nó an bealach a dhéantar táirge a sheachadadh, nach soláthraíonn aon soláthróir seirbhíse airgeadais i gcríoch Pháirtí é ach a sholáthraítear i gcríoch an Pháirtí eile;

(j) ciallaíonn 'eintiteas poiblí':

(i) rialtas, banc ceannais nó údarás airgeadaíochta de chuid Páirtí nó aon eintiteas atá faoi úinéireacht nó faoi rialú ag Páirtí, a bhíonn ag gabháil go príomha d'fheidhmeanna rialtais a dhéanamh nó do ghníomhaíochtaí a dhéanamh chun críoch rialtais, ach ní áirítear leis eintiteas a bhíonn ag gabháil go príomha do sheirbhísí airgeadais a sholáthar ar théarmaí tráchtála; nó

(ii) eintiteas príobháideach a dhéanann feidhmeanna a bhíonn á ndéanamh de ghnáth ag banc ceannais nó údarás airgeadaíochta agus na feidhmeanna sin á bhfeidhmiú aige; agus

(k) ciallaíonn 'eagraíocht féinrialála' aon chomhlacht neamhrialtasach, lena n- áirítear malartán urrús nó todhchaíochtaí nó margadh, gníomhaireacht imréitigh, eagraíocht nó comhlachas eile a bhfuil údarás rialála nó maoirseachta aige ar sholáthróirí seirbhísí airgeadais le reacht nó le tarmligean ó Pháirtí.

AIRTEAGAL 18.2

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun ag Páirtí, ar bearta iad a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(a) institiúidí airgeadais den Pháirtí eile;

(b) infheisteoir den Pháirtí eile, agus infheistíochtaí de chuid na n- infheisteoirí sin, in institiúidí airgeadais i gcríoch an Pháirtí; agus

(c) trádáil trasteorann i seirbhísí airgeadais.

2. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá feidhm ag Caibidil 10 maidir le bearta arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun ag Páirtí:

(a) ar bearta iad a bhaineann le hinfheisteoirí de Pháirtí agus infheistíochtaí de chuid na n- infheisteoirí sin, i soláthróirí seirbhíse airgeadais nach institiúidí airgeadais iad; agus

(b) bearta seachas bearta a bhaineann le soláthar seirbhísí airgeadais, a bhaineann le hinfheisteoir de Pháirtí nó le hinfheistíocht de chuid na n- infheisteoirí sin in institiúidí airgeadais.

3. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta a ghlacann nó a choinníonn Páirtí ar bun, ar bearta iad a bhaineann le:

(a) gníomhaíochtaí nó seirbhísí atá ina gcuid de phlean scoir poiblí nó de chóras reachtúil slándála sóisialta; nó

(b) gníomhaíochtaí nó seirbhísí arna ndéanamh do chuntas an Pháirtí nó le ráthaíocht an Pháirtí nó trí leas a bhaint as acmhainní airgeadais an Pháirtí, lena n- áirítear a eintitis phoiblí,

seachas a mhéid a cheadaíonn Páirtí aon cheann de na gníomhaíochtaí nó seirbhísí dá dtagraítear i bhfomhíreanna (a) nó (b) a bheith á ndéanamh ag a institiúidí airgeadais in iomaíocht le heintiteas poiblí nó le hinstitiúid airgeadais.

4. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le soláthar seirbhísí airgeadais ag an Rialtas.

5. Níl feidhm ag aon ní sa Chomhaontú seo maidir le gníomhaíochtaí a dhéanann banc ceannais nó údarás airgeadaíochta nó aon eintiteas poiblí eile d’fhonn beartais airgeadaíochta nó ráta malairte a shaothrú.

6. Níl feidhm ag na forálacha i gCaibidlí 10 (Infheistíocht) agus 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí) maidir le bearta faoi raon feidhme na Caibidle seo ach amháin a mhéid a ionchorpraítear na forálacha sin sa Chaibidil seo, agus a dhéantar cuid den Chaibidil seo díobh.

7. Déantar na forálacha seo a leanas a ionchorprú sa Chaibidil seo leis seo agus déantar cuid den Chaibidil seo díobh, agus tá feidhm acu *mutatis mutandis* maidir le bearta a ghlacann nó a choinníonn Páirtí ar bun, ar bearta iad a bhaineann le hinstitiúidí airgeadais an Pháirtí eile, infheisteoirí de chuid an Pháirtí eile agus infheistíochtaí na n- infheisteoirí sin in institiúidí airgeadais i gcríoch an Pháirtí:

a) Airteagal 10.11 (Ceanglais Fhoirmiúla), Airteagal 10.14 (Cuspóirí agus Bearta Infheistíochta agus Rialála), Airteagal 10.15 (An Chóir a Thugtar d'Infheisteoirí agus d'Infheistíochtaí faoi Chumhdach), Airteagal 10.16 (Aistrithe), Airteagal 10.17 (Cúiteamh as Caillteanais), Airteagal 10.18 (Díshealbhú agus Cúiteamh), Airteagal 10.19 (Seachaíocht), Airteagal 10.52 (Diúltú Sochar) agus Airteagal 11.9 (Diúltú Sochar); agus

b) Roinn D de Chaibidil 10 (Réiteach Díospóidí i ndáil le hInfheistíochtaí) i leith éilimh gur sháraigh Páirtí Airteagal 18.3 nó Airteagal 18.4 maidir le feidhmiú institiúide airgeadais nó infheistíochta in institiúid airgeadais, nó gur sháraigh sé Airteagal 10.11 (Ceanglais Fhoirmiúla), Airteagal 10.15 (An Chóir a Thugtar d'Infheisteoirí agus d'Infheistíochtaí faoi Chumhdach), Airteagal 10.16 (Aistrithe), Airteagal 10.17 (Cúiteamh as Caillteanais), Airteagal 10.18 (Díshealbhú agus Cúiteamh), Airteagal 10.52 (Diúltú Sochar), nó Airteagal 11.9 (Diúltú Sochar), agus i leith sáruithe ar na hAirteagail sin amháin.

8. Má thagann aon neamhréir chun cinn idir an Chaibidil seo agus aon fhoráil eile sa Chomhaontú seo, is í an Chaibidil seo a bheidh i réim go feadh mhéid na neamhréire.

AIRTEAGAL 18.3

Cóir Náisiúnta

1. Déantar Airteagal 10.7 (Cóir Náisiúnta) a ionchorprú sa Chaibidil seo agus déantar cuid den Chaibidil seo de agus tá feidhm aige maidir le hinfheisteoirí agus institiúidí airgeadais de chuid an Pháirtí eile agus a gcuid infheistíochtaí in institiúidí airgeadais.

2. An chóir a thugann Páirtí dá infheisteoirí dílse agus d'infheistíochtaí dá chuid infheisteoirí dílse de bhun Airteagal 10.7 (Cóir Náisiúnta), ciallaíonn sí cóir a thugtar dá institiúidí airgeadais dílse agus d'infheistíochtaí dá chuid infheisteoirí dílse in institiúidí airgeadais.

AIRTEAGAL 18.4

Cóir an Náisiúin Barrfhabhair

1. Déantar Airteagal 10.8 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair) a ionchorprú sa Chaibidil seo agus déantar cuid den Chaibidil seo de agus tá feidhm aige maidir le bearta a ghlacann nó a choinníonn Páirtí ar bun maidir le hinfheisteoirí agus institiúidí airgeadais de chuid an Pháirtí eile agus a gcuid infheistíochtaí in institiúidí airgeadais.

2. An chóir a thugann Páirtí dá infheisteoirí de chuid tríú tír agus d'infheistíochtaí de chuid infheisteoirí tríú tír de bhun Airteagal 10.8 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair), ciallaíonn sí cóir a thugtar d'institiúidí airgeadais de chuid tríú tír agus d'infheisteoirí de chuid tríú tír agus dá gcuid infheistíochtaí in institiúidí airgeadais.

## AIRTEAGAL 18.5

### Rochtain ar an Margadh

1. Ní ghlacfaidh Páirtí beart, ná ní choinneoidh sé beart ar bun, maidir le hinstitiúid airgeadais den Pháirtí eile nó maidir le rochtain ar an margadh trí bhunú institiúide airgeadais ag infheisteoir den Pháirtí eile, ar bhonn a chríche iomláine nó ar bhonn foroinn críche, ar beart é:

(a) lena gcuirtear teorainneacha ar:

(i) líon na n- institiúidí airgeadais, cibé acu i bhfoirm cuótaí uimhriúla, monaplachtaí, soláthróirí seirbhíse eisiacha nó ceanglas i ndáil le tástáil riachtanas eacnamaíoch;

(ii) luach iomlán na n- idirbheart nó na sócmhainní seirbhíse airgeadais i bhfoirm cuótaí uimhriúla nó ceanglas i ndáil le tástáil riachtanas eacnamaíoch;

(iii) líon iomlán na n-oibríochtaí seirbhíse airgeadais nó cainníocht iomlán an aschuir seirbhísí airgeadais arna sloinneadh i dtéarmaí aonaid uimhriúla ainmnithe i bhfoirm cuótaí nó ceanglas i ndáil le tástáil maidir le riachtanais eacnamaíocha; nó

(iv) líon iomlán na ndaoine nádúrtha a fhéadfar a fhostú in earnáil seirbhísí airgeadais áirithe nó a fhéadfaidh institiúid airgeadais a fhostú, ar daoine iad is gá i leith seirbhís airgeadais shonrach a fheidhmiú agus a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeidhmiú sin, i bhfoirm cuótaí uimhriúla nó ceanglas i ndáil le tástáil maidir le riachtanais eacnamaíocha; nó

(b) lena gcuirtear srian nó ceanglas i bhfeidhm i leith cineálacha sonracha eintitis dhlítheanaigh nó comhfhiontair trína bhféadfaidh institiúid airgeadais gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh.

2. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní fhorléireofar an tAirteagal seo mar Airteagal a chuireann cosc ar Pháirtí a cheangal ar institiúid airgeadais seirbhísí airgeadais áirithe a sholáthar trí eintitis dhlíthiúla ar leithligh más rud é, faoi dhlí an Pháirtí sin, nach bhféadfar raon na seirbhísí airgeadais arna soláthar ag an institiúid airgeadais a sholáthar trí eintiteas amháin.

AIRTEAGAL 18.6

Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí

Leis seo ionchorpraítear Airteagal 10.10 (Bainistíocht Shinsearach agus Bord Stiúrthóirí) sa Chaibidil seo, agus déantar cuid den Chaibidil de agus tá feidhm aige maidir le bearta a bhaineann le hinstitiúidí airgeadais, a ghlacann Páirtí nó a choinníonn sé ar bun.

AIRTEAGAL 18.7

Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais

1. Leis seo déantar Airteagal 11.4 (Rochtain ar an Margadh) agus Airteagal 11.6 (Cóir Náisiúnta) a ionchorprú sa Chaibidil seo agus déantar cuid den Chaibidil seo díobh agus tá feidhm acu maidir le bearta a ghlacann Páirtí nó a choinníonn sé ar bun a bhaineann le soláthróirí seirbhíse airgeadais trasteorann de chuid an Pháirtí eile a sholáthraíonn na seirbhísí airgeadais a shonraítear in Iarscríbhinn 18- A (Trádáil trasteorann i Seirbhísí Airgeadais).

2. An chóir a thugann Páirtí dá sheirbhísí agus dá sholáthróirí seirbhíse féin de bhun Airteagal 11.6 (Cóir Náisiúnta), ciallaíonn sí cóir a thugtar dá sheirbhísí airgeadais agus dá sholáthróirí seirbhísí airgeadais féin.

3. Na bearta nach ndéanfaidh Páirtí a ghlacadh ná a choinneáil ar bun maidir le seirbhísí agus soláthróirí seirbhís de chuid an Pháirtí eile de bhun Airteagal 11.4 (Rochtain ar an Margadh), ciallaíonn siad bearta a bhaineann le soláthróirí seirbhíse airgeadais trasteorann de chuid an Pháirtí eile a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais.

4. Déantar Airteagal 11.7 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair) a ionchorprú sa Chaibidil seo agus déantar cuid den Chaibidil seo de agus tá feidhm aige maidir leis na bearta a dhéanann Páirtí nó a choinníonn sé ar bun a bhaineann le soláthróirí seirbhíse airgeadais trasteorann de chuid an Pháirtí eile.

5. An chóir a thugann Páirtí do sheirbhísí agus soláthróirí seirbhíse de thríú tír de bhun Airteagal 11.7 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair), ciallaíonn sí cóir a thugtar do sheirbhísí airgeadais de thríú tír agus soláthróirí seirbhíse airgeadais de thríú tír.

6. Leis seo déantar Airteagal 11.5 (Láithreacht Áitiúil) a ionchorprú sa Chaibidil seo agus déantar cuid den Chaibidil seo de agus tá feidhm aige maidir le soláthróirí seirbhíse airgeadais trasteorann de chuid an Pháirtí eile a sholáthraíonn na seirbhísí airgeadais a shonraítear in Iarscríbhinn 18- A (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais).

7. Ceadóidh gach Páirtí do dhaoine atá lonnaithe ina chríoch, agus dá náisiúnaigh cibé áit a bhfuil siad lonnaithe, seirbhís airgeadais a cheannach ó sholáthróir seirbhíse airgeadais trasteorann de chuid an Pháirtí eile atá lonnaithe i gcríoch an Pháirtí eile sin. Ní cheanglaíonn an oibleagáid sin ar Pháirtí ceadú do sholáthróirí den sórt sin gnó a dhéanamh ná sirtheoireacht a dhéanamh ina chríoch. Féadfaidh Páirtí 'gnó a dhéanamh' agus 'sirtheoireacht' a shainmhíniú chun críocha na hoibleagáide seo ar choinníoll nach mbeidh na sainmhínithe sin neamhréireach le mír 1.

8. Ní fhorléireofar an tAirteagal seo mar Airteagal lena gcuirtear cosc ar Pháirtí beart a dhéanamh nó a choinneáil ar bun lena bhforordaítear ceanglais fhoirmiúla i ndáil le seirbhís airgeadais trasteorann a sholáthar, amhail clárú nó údarú soláthróirí seirbhíse trasteorann agus ionstraimí airgeadais ar choinníoll nach gcuirfear na ceanglais sin i bhfeidhm ar bhealach idirdhealaitheach.

## AIRTEAGAL 18.8

## Ceanglais Feidhmíochta

1. Déanfaidh na Páirtithe disciplíní a chinneadh i gcomhpháirt maidir le ceanglais feidhmíochta amhail na cinn sin a leagtar amach in Airteagal 10.9 (Ceanglais Feidhmíochta) a mbeidh feidhm acu maidir le hinfheistíochtaí in institiúidí airgeadais.

2. Laistigh de 180 lá tar éis do na disciplíní maidir le ceanglais feidhmíochta a bheith cinntithe i gcomhpháirt de bhun mhír 1, modhnóidh an Chomhairle Chomhpháirteach, trí chinneadh, mír 1 chun na disciplíní sin a chomhtháthú san Airteagal seo agus féadfaidh sé, de réir mar is iomchuí, forchoimeádais agus bearta neamh- chomhréireacha gach Páirtí in Iarscríbhinn VI (Seirbhísí Airgeadais) a mhodhnú.

3. Tá feidhm ag Airteagal 18.12 maidir leis na bearta a liostaítear i leith na ndisciplíní maidir le ceanglais feidhmíochta dá dtagraítear i mír 1.

AIRTEAGAL 18.9

Seirbhísí Airgeadais ar Nuatheachtaithe iad i gCríoch Pháirtí

1. Ceadóidh Páirtí d'institiúid airgeadais den Pháirtí eile aon seirbhís nua airgeadais a sholáthar a cheadódh an chéad Pháirtí thuasluaite a bheith á soláthar ag a institiúidí airgeadais féin, i gcomhréir lena dhlí intíre i gcásanna comhchosúla gan dlí a ghlacadh, nó dlí atá ann cheana a mhodhnú.

2. D'ainneoin Airteagal 18.8(1) in gcomhar le hAirteagal 11.4 (Rochtain ar an Margadh), féadfaidh Páirtí an fhoirm institiúideach agus an fhoirm dhleathach a chinneadh trína bhféadfar an tseirbhís nua airgeadais a sholáthar agus féadfaidh sé a cheangal go mbeidh údarú de dhíth chun an tseirbhís a sholáthar. Má cheanglaítear an t- údarú sin, déanfar cinneadh laistigh de thréimhse réasúnach agus ní fhéadfar an t- údarú a dhiúltú ach amháin ar chúiseanna stuamachta.

AIRTEAGAL 18.10

Clásal Athbhreithnithe maidir le Sreabha Sonraí

Déanfaidh na Páirtithe athbhreithniú arís laistigh de 3 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ar an ngá a bheadh le forálacha a áireamh maidir le saorshreabhadh sonraí chun na gníomhaíochtaí atá faoi raon feidhme na Caibidle seo a dhéanamh.

## AIRTEAGAL 18.11

### Cóireáil Faisnéise

Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní a cheanglaíonn ar Pháirtí faisnéis a nochtadh a bhaineann le gnóthaí agus cuntais custaiméirí aonair nó aon fhaisnéis rúnda nó dílseánaigh atá i seilbh eintitis phoiblí.

## AIRTEAGAL 18.12

### Forchoimeádais agus Bearta Neamh- Chomhréireacha

1. Níl feidhm ag Airteagal 18.3 go hAirteagal 18.7 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) aon bheart neamh- chomhréireach atá ann cheana a choinníonn Páirtí ar bun ar leibhéal:

(i) an Aontais Eorpaigh, mar a leagtar amach i bhFoscríbhinn VI-A (Liosta an Aontais) a ghabhann le hIarscríbhinn VI (Seirbhísí Airgeadais);

(ii) rialtais lárnaigh, mar atá leagtha amach ag an bPáirtí sin i Roinn A den Liosta atá ina Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn VI (Seirbhísí Airgeadais);

(iii) rialtais réigiúnaigh, mar atá leagtha amach ag an bPáirtí sin i Roinn A den Liosta atá ina Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn VI (Seirbhísí Airgeadais); nó

(iv) rialtas áitiúil;

(b) leanúint ar aghaidh le haon bheart neamh- chomhréireach dá dtagraítear i bhfomhír (a) nó é a athnuachan go pras; nó

(c) leasú ar aon bheart neamh- chomhréireach dá dtagraítear i bhfomhír (a) a mhéid nach laghdaíonn an leasú comhréireacht an bhirt mar a bhí sé:

(i) díreach roimh an leasú, le hAirteagal 18.3, Airteagal 18.4, Airteagal 18.5 nó Airteagal 18.6; nó

(ii) ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe, le hAirteagal 18.7.

2. Níl feidhm ag Airteagail 18.3 go 18.7 maidir le haon bheart a ghlacann Páirtí nó a choinníonn sé ar bun i ndáil le hearnálacha, fo- earnálacha nó gníomhaíochtaí, mar atá leagtha amach ag an bPáirtí sin i Roinn B den Liosta ina Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn VI (Seirbhísí Airgeadais).

3. Forchoimeádas Páirtí a ghabhann le hAirteagal 10.6 (Rochtain ar an Margadh), Airteagal 10.7 (Cóir Náisiúnta), Airteagal 10.8 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair), Airteagal 10.10 (Bainistíocht Shinsearach agus an Bord Stiúrthóirí), Airteagal 11.4 (Rochtain ar an Margadh), Airteagal 11.5 (Láithreacht Áitiúil), Airteagal 11.6 (Cóir Náisiúnta), nó Airteagal 11.7 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair) a liostaítear ina Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinní I nó II, is forchoimeádas é freisin i ndáil le hAirteagal 18.3, Airteagal 18.4, Airteagal 18.5, Airteagal 18.6 nó Airteagal 18.7, de réir mar a bheidh, a mhéid a bheidh an beart, an earnáil, an fho- earnáil nó an ghníomhaíocht a leagtar amach san fhorchoimeádas laistigh de raon feidhme na Caibidle seo.

4. Ní ghlacfaidh Páirtí aon bheart a chumhdaítear le forchoimeádas a liostaítear ina Fhoscríbhinn féin a ghabhann le hIarscríbhinn II (Bearta a Bheidh Ann Amach Anseo), lena gceanglaítear go díreach nó go hindíreach ar infheisteoir de chuid an Pháirtí eile, mar gheall ar a náisiúntacht, infheistíocht atá ann tráth a bheidh éifeacht leis an mbeart a dhíol nó a dhiúscairt ar bhealach eile.

## AIRTEAGAL 18.13

### Eisceacht Stuamachta

1. Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní a chuireann cosc ar Pháirtí bearta a dhéanamh nó a choinneáil ar bun ar chúiseanna stuamachta,[6] lena n- áirítear bearta i ndáil le:

(a) cosaint infheisteoirí, taisceoirí, sealbhóirí polasaí, nó daoine a bhfuil dualgas muiníneach dlite dóibh ag soláthróir seirbhíse airgeadais, nó

[6] Aithníonn na Páirtithe go n- áirítear sa téarma 'cúiseanna stuamachta' sábháilteacht, fóntacht, sláine nó freagracht airgeadais a choimeád i gcás soláthróirí aonair seirbhísí airgeadais.

(b) sláine agus cobhsaíocht chóras airgeadais an Pháirtí sin a áirithiú.

2. I gcás nach mbeidh na bearta sin i gcomhréir le forálacha eile an Chomhaontaithe seo, ní úsáidfear iad chun gealltanais ná oibleagáidí Pháirtí faoin gComhaontú seo a sheachaint.

## AIRTEAGAL 18.14

### Aitheantas

1, Féadfaidh Páirtí aitheantas a thabhairt do bhearta stuamachta an Pháirtí eile nó bearta stuamachta tríú tír agus cinneadh á dhéanamh aige faoin mbealach a chuirfear bearta an chéad Pháirtí thuasluaite i bhfeidhm, ar bearta iad a bhaineann le seirbhísí airgeadais. Féadtar aitheantas den sórt sin a bhaint amach go féinrialaitheach, bíodh sin trí chomhchuibhiú nó bunaithe ar chomhaontú nó ar shocrú eile.

2. Má thugann Páirtí aitheantas do bheart stuamachta tríú tír i gcomhréir le mír 1, tabharfaidh an Páirtí sin deis leordhóthanach don Pháirtí eile chun a léiriú gurb ann do na cúinsí inar thug an Páirtí aitheantas do bheart stuamachta an tríú tír sa Pháirtí eile agus go bhfuil nó go mbeadh, faoi na cúinsí sin, rialáil, formhaoirseacht agus cur chun feidhme coibhéiseach sa Pháirtí eile, chomh maith le nósanna imeachta, más iomchuí, chun faisnéis a mhalartú idir na Páirtithe.

3. Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní lena gceanglófar ar Pháirtí aitheantas a thabhairt do bheart stuamachta de chuid an Pháirtí eile.

AIRTEAGAL 18.15

Caighdeáin Idirnáisiúnta

Féachfaidh gach Páirtí lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme agus go gcuirfear i bhfeidhm ina gcríoch na caighdeáin a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta maidir le rialáil agus maoirseacht in earnáil na seirbhísí airgeadais agus maidir leis an gcomhrac in aghaidh seachaint cánach agus imghabháil cánach. Áirítear i measc na gcaighdeán sin a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta, i measc caighdeáin eile, iad siúd a ghlac G20, an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais (FSB), Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht (CBMB), an Comhlachas Idirnáisiúnta Maoirseoirí Árachais (IAIS), an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús (IOSCO), an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (TFGA) agus an Fóram Domhanda de chuid ECFE maidir le Trédhearcacht agus Malartú Faisnéise chun Críoch Cánach.

AIRTEAGAL 18.16

Eagraíochtaí Féinrialála

Má cheanglaíonn Páirtí ar institiúid airgeadais nó ar sholáthróir seirbhíse airgeadais trasteorann de chuid an Pháirtí eile a bheith ina chomhalta d’eagraíocht féinrialála, páirt a ghlacadh in eagraíocht féinrialála, nó rochtain a bheith aici nó aige ar eagraíocht féinrialála chun seirbhís airgeadais a sholáthar ina chríoch nó isteach ina chríoch, áiritheoidh an chéad Pháirtí a luaitear thuas go gcomhlíonfaidh an eagraíocht féinrialála na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 18.3, Airteagal 18.4 agus Airteagal 18.7.

AIRTEAGAL 18.17

Córais Íocaíochta agus Imréitigh

Tabharfaidh gach Páirtí rochtain d’institiúidí airgeadais an Pháirtí eile atá bunaithe ina chríoch ar chórais íocaíochta agus imréitigh atá á n- oibriú ag eintitis phoiblí, agus rochtain ar shaoráidí oifigiúla cistiúcháin agus athmhaoiniúcháin atá ar fáil i ngnáthchúrsa an ghnáth- ghnó faoi théarmaí agus coinníollacha lena dtugtar cóir náisiúnta. Ní thugtar rochtain leis an Airteagal seo ar shaoráidí iasachtóir dála deiridh an Pháirtí.

AIRTEAGAL 18.18

Rialáil Intíre agus Trédhearcacht

1. Níl feidhm ag Caibidlí 13 (Rialáil Intíre) agus 28 (Dea- Chleachtais Rialála) maidir le bearta arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun ag Páirtí, ar bearta iad a bhaineann le raon feidhme na Caibidle seo.

2. Áiritheoidh gach Páirtí, i gcás na mbeart go léir a bhfuil feidhm ghinearálta acu agus a bhfuil feidhm ag an gCaibidil seo maidir leo, go ndéanfar iad a riar ar bhealach réasúnach, oibiachtúil agus neamhchlaonta.

3. Chun críocha mhír 2, déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas, a mhéid is indéanta agus ar bhealach atá i gcomhréir lena dhlí:

(a) foilseoidh sé roimh ré na dlíthe agus na rialacháin bheartaithe dá chuid a bhaineann leis na hábhair atá faoi raon feidhme na Caibidle seo, nó foilseoidh sé doiciméid roimh ré lena soláthrófar mionsonraí leordhóthanacha faoi dhlíthe agus rialacháin ionchasacha den sórt sin chun go gcuirfear ar a gcumas do dhaoine leasmhara agus don Pháirtí eile measúnú a dhéanamh ar cibé acu a dhéanfaí nó nach ndéanfaí difear suntasach dá gcuid leasanna agus ar an gcaoi a dhéanfaí an difear sin;

(b) soláthróidh sé deis réasúnach do dhaoine leasmhara agus don Pháirtí eile barúil a thabhairt faoi na bearta nó doiciméid sin atá beartaithe dá dtagraítear i bhfomhír (a); agus

(c) breithneoidh sé barúlacha arna bhfáil i gcomhréir le fomhír (b).

4. Má cheanglaíonn Páirtí údarú i ndáil le seirbhís airgeadais a sholáthar, déanfaidh údaráis inniúla an Pháirtí sin an méid seo a leanas:

(a) ceadóidh siad d’iarratasóir iarratas a chur isteach tráth ar bith, a mhéid is indéanta;

(b) fágfaidh siad tréimhse réasúnta ama chun iarratas a chur isteach más ann do thréimhsí sonracha ama le haghaidh iarratas;

(c) soláthróidh siad an fhaisnéis is gá do sholáthróirí seirbhíse agus do dhaoine atá ag féachaint le seirbhís a sholáthar, chun na ceanglais agus nósanna imeachta a chomhlíonadh maidir leis an údarú sin a fháil, a choinneáil ar bun, a leasú agus a athnuachan;

(d) soláthróidh siad, a mhéid is indéanta, clár ama táscach chun iarratas a phróiseáil;

(e) féachfaidh siad chun glacadh le hiarratais i bhformáid leictreonach;

(f) glacfaidh siad le cóipeanna de dhoiciméid, atá fíordheimhnithe i gcomhréir le dlí an Pháirtí, in ionad doiciméid bhunaidh, mura rud é go gceanglaítear doiciméid bhunaidh a chur i láthair chun sláine an phróisis údarúcháin a chosaint;

(g) arna iarraidh sin don iarratasóir, gan moill mhíchuí, soláthróidh siad faisnéis a bhaineann le stádas an iarratais;

(h) má mheastar go bhfuil iarratas ullamh chun críocha próiseáil faoi dhlí an Pháirtí, áiritheoidh siad go gcuirfear bailchríoch ar phróiseáil iarratais, agus go gcuirfear an t- iarratasóir ar an eolas maidir leis an gcinneadh i scríbhinn, a mhéid is féidir, laistigh de thréimhse réasúnta tar éis chur isteach an iarratais[7];

(i) má mheastar go bhfuil iarratas neamhiomlán ar phróiseáil faoi dhlí an Pháirtí, déanfar an méid seo a leanas laistigh de thréimhse réasúnta agus a mhéid is indéanta:

(i) a chur in iúl don iarratasóir go bhfuil an t-iarratas neamhiomlán;

(ii) arna iarraidh sin don iarratasóir, soláthrófar treoraíocht maidir leis an gcúis a meastar an t- iarratas a bheith neamhiomlán;

(iii) deis[8] a thabhairt don iarratasóir an fhaisnéis bhreise a chur isteach chun an t-iarratas a chomhlánú; agus

---

[7] Féadfaidh na húdaráis inniúla an ceanglas sin a chomhlíonadh trína chur in iúl roimh ré i scríbhinn d'iarratasóir, lena n- áirítear trí bheart foilsithe, gur tásc é, mura bhfaightear freagairt laistigh de thréimhse shonraithe ó dháta chur isteach an iarratais, go bhfuil glactha leis an iarratas nó gur diúltaíodh dó. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfar faisnéis i bhformáid leictreonach a áireamh ar chur in iúl i scríbhinn.

[8] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní cheanglaítear ar údarás inniúil síneadh sprioc- amanna a dheonú mar gheall ar an deis sin.

(iv) mura bhfuil aon chuid den mhéid thuas indéanta, agus má dhiúltaítear don iarratas mar gheall ar neamhiomláine, áiritheoidh siad go gcuirfear an t- iarratasóir ar an eolas laistigh de thréimhse réasúnta;

(j) má dhiúltaítear d'iarratas, a mhéid is indéanta, ar a dtionscnamh féin nó arna iarraidh sin don iarratasóir, cuirfidh siad an t- iarratasóir ar an eolas maidir le cúiseanna an diúltaithe agus, más infheidhme, maidir leis na nósanna imeachta chun iarratas a chur isteach an athuair;

(k) áiritheoidh siad go mbeidh na táillí údarúcháin[9] a ghearrfaidh an t- údarás inniúil réasúnta, go mbeidh siad trédhearcach agus nach gcuirfidh siad srian iontu féin ar sholáthar na seirbhíse iomchuí ná ar shaothrú aon ghníomhaíochta eacnamaíche eile; agus

(l) áiritheoidh siad go ngabhfaidh éifeacht leis an údarú, a luaithe a dheonófar é, gan moill mhíchuí faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha is infheidhme.

---

9 Áirítear le táillí údarúcháin táillí ceadúnúcháin agus táillí a bhaineann le nósanna imeachta cáilíochta. Ní áirítear leo táillí i gcomhair úsáid acmhainní nádúrtha, íocaíochtaí as ceant, tairiscintí ná modhanna neamh- idirdhealaitheacha eile chun lamháltais a dhámhachtain, ná úsáid ranníocaíochtaí sainordaithe le soláthar seirbhíse uilíche.

AIRTEAGAL 18.19

An Fochoiste um Sheirbhísí Airgeadais

1. Cruinneoidh an Fochoiste um Sheirbhísí Airgeadais a bhunaítear le hAirteagal 1.10.1(i) (Fochoistí agus Comhlachtaí Eile de Chuid III den Chomhaontú seo) go bliantúil, ach amháin má chomhaontaítear a mhalairt chun:

(a) faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus oibriú na Caibidle seo;

(b) ábhair a bhreithniú maidir le seirbhísí airgeadais arna dtarchur chuige ag Páirtí;

(c) fóram a sholáthar le haghaidh idirphlé idir na Páirtithe maidir le rialáil na hearnála seirbhísí airgeadais d'fhonn eolas frithpháirteach a fheabhsú ar a gcórais rialála faoi seach agus d'fhonn oibriú i gcomhar i ndáil le caighdeáin idirnáisiúnta a fhorbairt;

(d) a bheith rannpháirteach i nósanna imeachta um réiteach díospóidí i gcomhréir le hAirteagal 18.22 (Díospóidí Infheistíochta i Seirbhísí Airgeadais); agus

(e) measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú an Chomhaontaithe seo de réir mar atá feidhm aige ar sheirbhísí airgeadais.

2. I ndáil le mír 1 d'Airteagal 1.10 (Fochoistí agus Comhlachtaí Eile de Chuid III den Chomhaontú seo), áireofar i gcomhdhéanamh an Fhochoiste um Sheirbhísí Airgeadais saineolaithe seirbhísí airgeadais agus ionadaithe ar údaráis atá i gceannas ar bheartas um sheirbhísí airgeadais. I gcás Mheicsiceo, is í an Aireacht Airgeadais agus Creidmheasa Phoiblí (*Secretaría de Hacienda y Crédito Público*) nó a comharba an t- údarás ar a bhfuil an fhreagracht as beartas um sheirbhísí airgeadais.

3. Arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, déanfaidh an Fochoiste um Sheirbhísí Airgeadais idirphlé maidir le treoirlínte iomchuí a fhorbairt le haghaidh léirmhíniú na Caibidle seo. Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach na treoirlínte sin a ghlacadh trí bhíthin moladh.

AIRTEAGAL 18.20

Comhairliúcháin

1. Féadfaidh Páirtí comhairliúcháin leis an bPáirtí eile a iarraidh i scríbhinn, maidir le haon ábhar a thagann chun cinn faoin gComhaontú seo a dhéanann difear do sheirbhísí airgeadais. Déanfaidh an Páirtí eile breithniú tuisceanach ar an iarraidh sin. Tuairisceoidh na Páirtithe comhairliúcháin maidir le torthaí a gcomhairliúchán don Fhochoiste um Seirbhísí Airgeadais.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go n- áireofar ar a thoscaireacht sna comhairliúcháin go mbeidh oifigigh a bhfuil an saineolas ábhartha acu sna seirbhísí airgeadais nó institiúidí airgeadais a chumhdaítear leis an gCaibidil seo. I gcás Mheicsiceo, comhlíonann oifigigh na hAireachta Airgeadais agus Creidmheasa Phoiblí (*Secretaría de Hacienda y Crédito Público*) nó a comharba an ceanglas sin.

3. Ní fhorléireofar aon ní san Airteagal seo mar ní lena gceanglófar ar Pháirtí maolú óna dhlí maidir le faisnéis a chomhroinnt i measc údaráis airgeadais nó ceanglais comhaontaithe nó socraithe idir údaráis airgeadais na bPáirtithe ná ní cheanglófar ar údaráis airgeadais aon ghníomhaíocht a dhéanamh lena gcuirfí isteach ar ábhair shonracha rialála, maoirseachta, riaracháin nó forfheidhmithe.

4. Ní fhorléireofar aon ní san Airteagal seo mar ní lena gcuirtear cosc ar Pháirtí faisnéis a cheangal, chun críoch maoirseachta, faoi institiúid airgeadais, nó soláthróir seirbhíse airgeadais trasteorann, atá lonnaithe i gcríoch an Pháirtí eile. Féadfaidh an Páirtí sin dul i dteagmháil le húdarás airgeadais an Pháirtí eile chun an fhaisnéis a iarraidh.

AIRTEAGAL 18.21

Réiteach Díospóidí

1. Maidir le Caibidil 31 (Réiteach Díospóidí) arna modhnú leis an Airteagal seo, lena n- áirítear Iarscríbhinní 31- A (Rialacha Nós Imeachta) agus 31-B (Cód Iompair) a ghabhann léi, tá feidhm aici maidir le díospóidí a réiteach a bhaineann le cur i bhfeidhm agus léirmhíniú fhorálacha na Caibidle seo.

2. De bhreis ar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 31.9 (Ceanglais le haghaidh Painéalaithe), beidh saineolas nó taithí ag painéalaithe ar dhlí nó cleachtadh seirbhísí airgeadais, lena bhféadfar a áireamh rialáil a dhéanamh ar institiúidí airgeadais, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.

3. Déanfaidh an Comhchoiste, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, liosta de 15 dhuine aonair ar a laghad a ghlacadh, a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i mír 2 agus atá toilteanach agus in ann feidhmiú mar phainéalaithe. Beidh trí fholiosta sa liosta:

(a) foliosta de dhaoine aonair den Aontas Eorpach;

(b) foliosta de dhaoine aonair de Mheicsiceo; agus

(c) foliosta de dhaoine aonair a fheidhmeoidh mar chathaoirleach ar an bpainéal.

4. Chun críocha na Caibidle seo, cuirfear na foliostaí dá dtagraítear i mír 3, tar éis a nglactha, in ionad na bhfoliostaí a leagtar amach i mír 1 d'Airteagal 31.8 (Liostaí na bPainéalaithe).

5. In aon díospóid ina gcinneann painéal go bhfuil beart neamhréireach le hoibleagáidí an Chomhaontaithe seo agus go ndéanann an beart difear do na nithe seo a leanas:

(a) earnáil seirbhísí airgeadais agus aon earnáil eile, féadfaidh an Páirtí is déantóir gearáin sochair a chur ar fionraí in earnáil na seirbhísí airgeadais a bhfuil éifeacht acu atá coibhéiseach le héifeacht an bhirt in earnáil seirbhísí airgeadais an Pháirtí eile, nó

(b) aon earnáil seachas earnáil na seirbhísí airgeadais agus aon earnáil den sórt sin amháin, ní fhéadfaidh an Páirtí is déantóir gearáin sochair a chur ar fionraí san earnáil seirbhísí airgeadais.

AIRTEAGAL 18.22

Díospóidí Infheistíochta i Seirbhísí Airgeadais

1. Maidir le Roinn D (Díospóidí Infheistíochta a Réiteach) de Chaibidil 10 (Infheistíocht) arna ionchorprú sa Chaibidil seo le hAirteagal 18.2.8 agus arna déanamh mar chuid di leis, tá feidhm aici, arna modhnú leis an Airteagal seo, maidir leis an méid seo a leanas:

(a) díospóidí infheistíochta a bhaineann le bearta a bhfuil feidhm ag an gCaibidil seo maidir leo agus ina maíonn infheisteoir go ndearna Páirtí sárú ar mhír 2 d’Airteagal 10.7 (Cóir Náisiúnta), mír 2 d’Airteagal 10.8 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair), Airteagal 10.15 (An Chóir a Thugtar d’Infheisteoirí agus d’Infheistíochtaí faoi Chumhdach), Airteagal 10.16 (Aistrithe), Airteagal 10.17 (Cúiteamh as Caillteanais), Airteagal 10.18 (Díshealbhú agus Cúiteamh), nó Airteagal 10.52 (Diúltú Sochar); nó

(b) díospóidí infheistíochta ar cuireadh tús leo de bhun Roinn D (Díospóidí Infheistíochta a Réiteach) de Chaibidil 10 (Infheistíocht) inar agraíodh Airteagal 18.13 (Eisceacht Stuamachta).

2. I gcás díospóid infheistíochta de bhun fhomhír 1(a), nó má agraíonn an freagróir Airteagal 18.13 (Eisceacht Stuamachta) de bhun fhomhír 1(b) laistigh de 60 lá tar éis éileamh a bheith curtha faoi bhráid an Bhinse i gcomhréir le hAirteagal 10.26 (Éileamh a Chur faoi Bhráid an Bhinse), tar éis dó dul i gcomhairle leis na páirtithe sa díospóid agus de bhun Airteagal 10.44 (Tuarascálacha ó Shaineolaithe) ceapfaidh an rannán den Bhinse a éisteann an cás saineolaí amháin nó níos mó ó liosta na saineolaithe, arna ghlacadh ag an gComhchoiste, chun tuairisciú dó ar aon saincheist fhíorasach a bhaineann le hábhair seirbhísí airgeadais a tharraingíonn páirtí díospóideach anuas sna himeachtaí. Glacfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach liosta na saineolaithe tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus beidh sé comhdhéanta de sheisear saineolaithe a bhfuil saineolas nó taithí acu i ndlí nó i gcleachtadh seirbhísí airgeadais, lena bhféadfaí rialáil institiúidí airgeadais a bheith san áireamh. Mura mbeidh an liosta glactha an lá a chuirfear an t- éileamh isteach de bhun Airteagal 10.26 (Éileamh a Chur Faoi Bhráid an Bhinse), ceapfar na saineolaithe as measc na ndaoine aonair a ainmníodh agus ar thug Páirtí nó an dá Pháirtí fógra don Pháirtí eile ina leith siúd chun an liosta sin a ghlacadh.

3. Féadfaidh an freagróir an t- ábhar a tharchur i scríbhinn chuig an bhFochoiste um Sheirbhísí Airgeadais i gcomhair cinneadh i dtaobh cé acu atá an eisceacht faoi Airteagal 18.13 (Eisceacht Stuamachta) ina cosaint bhailí ar an éileamh nó nach bhfuil, agus, má tá, a mhéid atá sí bailí. Ní dhéanfar an tarchur sin tráth níos déanaí ná an dáta ar a socróidh an Binse a sholáthróidh an freagróir a aighneacht. Má dhéanann an freagróir an t- ábhar a tharchur chuig an bhFochoiste um Sheirbhísí Airgeadais de bhun na míre seo, cuirfear ar fionraí na tréimhsí nó na himeachtaí dá dtagraítear i Roinn D (Díospóidí Infheistíochta a Réiteach) de Chaibidil 10 (Infheistíocht).

4. I dtarchur de bhun mhír 3, féadfaidh an Fochoiste um Sheirbhísí Airgeadais cinneadh comhpháirteach a dhéanamh maidir le cé acu atá eisceacht stuamachta i gcomhréir le hAirteagal 18.13 ina cosaint bhailí ar an éileamh nó nach bhfuil agus a mhéid atá sí ina cosaint bhailí ar an éileamh agus tarchuirfidh sé cóip di chuig an infheisteoir agus chuig an mBinse. Má thagtar ar an gconclúid sa chinneadh comhpháirteach go bhfuil Airteagal 18.13 ina chosaint bhailí ar chodanna uile an éilimh ina iomláine, meastar gur tharraing an t- infheisteoir siar a éileamh agus scoirfear de na himeachtaí i gcomhréir le hAirteagal 10.40 (Scor). Má thagtar ar an gconclúid sa chinneadh comhpháirteach nach bhfuil Airteagal 18.13 ina chosaint bhailí ach amháin maidir le codanna den éileamh, beidh an cinneadh comhpháirteach ina cheangal ar an mBinse maidir leis na codanna sin den éileamh. Sa chás sin, ní bheidh feidhm ag fionraí na dtréimhsí nó na n- imeachtaí a bhfuil tuairisc orthu i mír 3, agus féadfaidh an t- infheisteoir dul ar aghaidh leis na codanna eile den éileamh.

5. Mura mbeidh cinneadh comhpháirteach déanta ag an bhFochoiste um Sheirbhísí Airgeadais laistigh de 3 mhí ón tráth a tharchuirfidh an freagróir an t- ábhar, ní bheidh feidhm ag fionraí na dtréimhsí ná na n- imeachtaí dá dtagraítear i mír 3 agus féadfaidh an t- infheisteoir dul ar aghaidh lena éileamh.

6. Ar iarratas ón bhfreagróir, agus i gcás inar theip ar an bhFochoiste um Sheirbhísí Airgeadais cinneadh comhpháirteach a dhéanamh le linn na tréimhse 3 mhí dá dtagraítear i mír 5, cinnfidh an Binse mar réamhábhar cé acu atá nó nach bhfuil Airteagal 18.13 ina chosaint bhailí ar an éileamh agus a mhéid atá sé ina chosaint bhailí. Mura n- iarrfaidh an freagróir é sin, beidh an teip sin gan dochar do cheart an fhreagróra Airteagal 18.13 a chur chun cinn mar chosaint i gcéim níos déanaí de na himeachtaí. Ní bhainfidh an Binse aon tátal diúltach ón bhfíoras nach bhfuil cinneadh comhpháirteach comhaontaithe ag an bhFochoiste um Sheirbhísí Airgeadais.

7. Is é an rannán den Bhinse arna bhunú chun an t- éileamh a éisteacht a bheidh i mbun imeachtaí de bhun mhír 6, agus áiritheoidh sé go háirithe go mbeidh deis ag na páirtithe sa díospóid aighneacht amháin i scríbhinn ar a laghad a chur i láthair. Eiseoidh rannán an Bhinse a réamhchinneadh laistigh de 120 lá tar éis don aighneacht deiridh a bheith faighte. Má tá breis ama de dhíth ar an mBinse chun a réamhchinneadh a eisiúint, soláthróidh sé na cúiseanna leis an moill. Má thagann rannán an Bhinse ar an gconclúid go bhfuil Airteagal 18.13 ina chosaint bhailí is infheidhme maidir leis an éileamh iomlán, meastar gur tharraing an t- infheisteoir siar a éileamh agus scoirfear de na himeachtaí i gcomhréir le hAirteagal 10.40 (Scor). Má thagann rannán an Bhinse ar an gconclúid nach bhfuil Airteagal 18.13 ina chosaint bhailí is infheidhme ach amháin maidir le codanna den éileamh iomlán, leanfaidh na himeachtaí ar aghaidh i ndáil leis na codanna eile den éileamh.

CAIBIDIL 19

AN TRÁDÁIL DHIGITEACH

AIRTEAGAL 19.1

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'tomhaltóir' aon duine nádúrtha nó fiontar má fhoráiltear dó i ndlí an Pháirtí lena mbaineann, a úsáideann nó atá ag iarraidh seirbhís teileachumarsáide atá ar fáil go poiblí a úsáid, chun críocha atá lasmuigh dá thrádáil, dá ghnó, dá cheird ná dá ghairm;

(b) ciallaíonn 'teachtaireacht sonraí' faisnéis a ghintear, a sheoltar, a fhaightear nó a stóráiltear ar bhealach leictreonach, optúil nó comhchosúil;

(c) ciallaíonn 'seirbhís um fhíordheimhniú leictreonach' seirbhís trína gcumasaítear an méid seo a leanas a dheimhniú:

(i) céannacht duine nádúrtha nó fiontair, nó

(ii) tionscnamh agus sláine teachtaireachta sonraí ón am a gineadh den chéad uair ina foirm deiridh í;

(d) ciallaíonn 'ríomhshíniú' sonraí i bhfoirm leictreonach atá i gceangal le teachtaireacht sonraí nó atá bainteach léi ar bhonn loighciúil, arbh fhéidir iad a úsáid chun sínitheoir na teachtaireachta sonraí sin a shainaithint agus chun a chur in iúl go bhformheasann sé an fhaisnéis atá sa teachtaireacht sonraí sin, chun a thionscnamh agus a shláine a áirithiú ionas gurbh fhéidir aon athrú a dhéantar ar na sonraí ina dhiaidh sin a bhrath;

(e) ciallaíonn 'seirbhís iontaoibhe leictreonaí' seirbhís leictreonach arb atá inti ríomhshínithe, stampaí ama leictreonacha, ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe, seirbhísí digitithe deimhnithe, fíordheimhniú suíomhanna gréasáin agus na deimhnithe a bhaineann leis na seirbhísí sin a chruthú, a fhíorú agus a bhailíochtú;

(f) ciallaíonn 'úsáideoir deiridh' aon duine nádúrtha, nó fiontar má fhoráiltear dó i ndlí an Pháirtí lena mbaineann, a úsáideann nó atá ag iarraidh seirbhís teileachumarsáide atá ar fáil go poiblí a úsáid mar thomhaltóir nó chun críoch trádála, gnó, ceirde nó gairme;

(g) ciallaíonn 'soláthraí seirbhíse iontaoibhe' duine nádúrtha nó fiontar a sholáthraíonn seirbhísí iontaoibhe leictreonacha; agus

(h) ciallaíonn 'teachtaireacht leictreonach tráchtála gan iarraidh' teachtaireacht leictreonach, lena n- áirítear, ar a laghad, ríomhphost, teachtaireachtaí tríd an gcóras gearrtheachtaireachtaí (SMS) agus teachtaireachtaí tríd an gcóras teachtaireachtaí ilmheán (MMS), a sheoltar chun críoch tráchtála, gan cead an fhaighteora nó d'ainneoin dhiúltú sainráite an fhaighteora, díreach chuig úsáideoirí deiridh trí líonra teileachumarsáide agus, a mhéid dá bhforáiltear faoi dhlí Páirtí, chuig seirbhísí teileachumarsáide eile.

AIRTEAGAL 19.2

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta de chuid Páirtí a dhéanann difear do thrádáil a chumasaítear trí mheán leictreonach.

2. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) seirbhísí cearrbhachais;

(b) seirbhísí craolacháin;

(c) seirbhísí closamhairc;

(d) seirbhísí nótairí nó gairmithe coibhéiseacha;

(e) seirbhísí ionadaíochta dlíthiúla; agus

(f) soláthar rialtais ach amháin Airteagal 19.7, Airteagal 19.8 agus Airteagal 19.11.

AIRTEAGAL 19.3

Prionsabail Ghinearálta

Aithníonn na Páirtithe an fás eacnamaíoch agus na deiseanna a sholáthraítear le trádáil dhigiteach agus an tábhacht a bhaineann le creataí a ghlacadh lena gcuirtear muinín tomhaltóirí sa trádáil dhigiteach chun cinn agus an tábhacht a bhaineann le bacainní a sheachaint nach bhfuil gá leo ó thaobh úsáid agus forbairt na trádála digití de.

AIRTEAGAL 19.4

An ceart chun rialála

Deimhníonn na Páirtithe an ceart chun rialála laistigh dá gcríocha chun cuspóirí beartais dlisteanacha a bhaint amach, amhail na beartais a bhaineann le sláinte phoiblí, seirbhísí sóisialta, oideachas poiblí, sábháilteacht, an comhshaol, an mhoráltacht phoiblí, cosaint shóisialta nó cosaint tomhaltóirí, príobháideacht agus cosaint sonraí, le héagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn agus a chosaint, nó iomaíocht.

AIRTEAGAL 19.5

Dleachtanna Custaim ar Tharchur Leictreonach

1. Ní fhorchuirfidh Páirtí dleachtanna custaim ar tharchur leictreonach idir duine de Pháirtí agus duine den Pháirtí eile.

2. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní chuirfear bac le mír 1 ar Pháirtí cánacha inmheánacha, táillí nó muirir eile a fhorchur ar tharchur leictreonach, ar choinníoll go bhforchuirfear na cánacha, na táillí nó na muirir sin ar bhealach atá i gcomhréir leis an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 19.6

Gan Údarú Roimh Ré

1. Áiritheoidh gach Páirtí nach mbeidh soláthar seirbhísí trí mheán leictreonach faoi réir údarú roimh ré.

2. Tá mír 1 gan dochar do cheanglais údarúcháin nach bhfuil dírithe go sonrach ná go heisiach ar sheirbhísí a sholáthraítear trí mheán leictreonach, nó a bhfuil feidhm acu maidir le seirbhísí teileachumarsáide.

AIRTEAGAL 19.7

Conarthaí Leictreonacha

Áiritheoidh gach Páirtí go gceadófar conarthaí a thabhairt i gcrích faoina chóras dlí trí mheán leictreonach agus nach ndéanfar éifeacht dhlíthiúil, bailíocht ná in- fhorfheidhmitheacht a dhiúltú maidir leis na conarthaí sin ar an bhforas gur tugadh i gcrích iad trí mheán leictreonach agus ar an bhforas sin amháin[10].

AIRTEAGAL 19.8

Seirbhísí Iontaoibhe Leictreonacha agus Seirbhísí Fíordheimhnithe Leictreonacha

1. Ní dhiúltóidh Páirtí bailíocht dhlíthiúil seirbhíse iontaoibhe leictreonaí ná seirbhíse fíordheimhnithe leictreonaí ar an mbonn go soláthraítear an tseirbhís i bhfoirm leictreonach.

---

[10] Níl feidhm ag an bhforáil sin maidir le conarthaí:

(a) lena gcruthaítear nó lena n- aistrítear cearta i gcúrsaí réadmhaoine;

(b) lena gceanglaítear de réir dlí go mbeadh baint ag cúirteanna, údaráis phoiblí nó ag gairmeacha a fheidhmíonn údarás poiblí leo;

(c) ná conarthaí urraíochta a dheonaítear agus conarthaí maidir le hurrúis chomhthaobhacha a thabharfaidh daoine atá ag gníomhú chun críocha lasmuigh dá dtrádáil, dá gceird, dá ngnó nó dá ngairm, mar a cheanglaítear de réir an dlí; agus

(d) conarthaí a rialaítear leis an dlí teaghlaigh nó leis an dlí comharbais.

2. Ní dhéanfaidh Páirtí bearta ná ní choinneoidh sé bearta ar bun lena rialaítear seirbhísí iontaoibhe leictreonacha agus seirbhísí fíordheimhnithe leictreonacha ar bearta iad lena ndéanfaí an méid seo a leanas:

(a) toirmeasc a chur ar pháirtithe in idirbheart leictreonach na modhanna leictreonacha is iomchuí dá n- idirbhearta a chinneadh go frithpháirteach; nó

(b) cosc a chur ar pháirtithe in idirbheart leictreonach an deis a bheith acu a shuí os comhair údaráis bhreithiúnacha nó riaracháin go bhfuil a n- idirbheart leictreonach i gcomhréir le haon cheanglas dlí i ndáil le seirbhísí iontaoibhe leictreonacha agus seirbhísí fíordheimhnithe leictreonacha.

3. D’ainneoin mhír 2, féadfaidh Páirtí a cheangal, i dtaca le catagóir áirithe idirbheart leictreonach, go gcomhlíonann modh an fhíordheimhnithe leictreonaigh caighdeáin áirithe feidhmíochta nó go ndeimhníonn údarás atá creidiúnaithe i gcomhréir lena dhlí é. Beidh ceanglais den sórt sin oibiachtúil, trédhearcach neamh- idirdhealaitheach agus ní bhainfidh siad ach le saintréithe sonracha na catagóire idirbheart leictreonach lena mbaineann.

4. Spreagfaidh na Páirtithe úsáid seirbhísí iontaoibhe leictreonacha idir- inoibritheacha agus seirbhísí fíordheimhnithe leictreonacha idir- inoibritheacha agus aitheantas frithpháirteach do sheirbhísí iontaoibhe leictreonacha agus do sheirbhísí fíordheimhnithe leictreonacha arna soláthar ag soláthraithe aitheanta seirbhísí iontaoibhe.

AIRTEAGAL 19.9

Tomhaltóirí ar Líne a Chosaint

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le bearta a choinneáil ar bun agus a ghlacadh atá trédhearcach agus éifeachtach agus lena rannchuidítear leis an muinín atá ag tomhaltóirí, lena n- áirítear, ach gan a bheith teoranta do bhearta chun tomhaltóirí a chosaint ar chleachtais trádála atá calaoiseach agus meabhlach, tráth a bhíonn siad ag gabháil d'idirbhearta tráchtála leictreonacha.

2. Glacfaidh gach Páirtí bearta lena rannchuidítear leis an muinín atá ag tomhaltóirí, nó coinneoidh siad ar bun iad, lena n- áirítear bearta lena gcuirtear toirmeasc ar chleachtais trádála atá calaoiseach agus meabhlach lena ndéantar díobháil do thomhaltóirí nó lena bhféadfaí díobháil a dhéanamh dóibh.

3. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le comhar idir a ngníomhaireachtaí cosanta tomhaltóirí faoi seach nó comhlachtaí ábhartha eile, ar comhar é maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le tráchtáil leictreonach idir na Páirtithe chun an mhuinín atá ag tomhaltóirí a fheabhsú agus dá bhrí sin leas tomhaltóirí a fheabhsú.

AIRTEAGAL 19.10

Teachtaireachtaí Tráchtála Leictreonacha gan Iarraidh

1. Glacfaidh gach Páirtí bearta, nó coinneoidh sé ar bun iad, ar bearta iad:

(a) lena gceanglaítear ar sheoltóirí teachtaireachtaí tráchtála leictreonaí gan iarraidh cumas úsáideoirí-deiridh a éascú chun go mbeidh siad in ann cosc a chur ar fháil leantach na dteachtaireachtaí sin; nó

(b) lena gceanglaítear go mbeidh faighteoirí teachtaireachtaí tráchtála leictreonacha toilteanach, mar a shonraítear de réir dhlíthe agus rialacháin gach Páirtí, iad a fháil.

2. Áiritheoidh gach Páirtí gur féidir teachtaireachtaí tráchtála leictreonacha gan iarraidh a shainaithint go soiléir, go nochtfar leo cé dó a sheoltar iad agus go mbeidh iontu an fhaisnéis is gá chun é a chur ar a gcumas d'úsáideoirí deiridh scor a iarraidh saor in aisce agus tráth ar bith.

3. Soláthróidh gach Páirtí sásamh in aghaidh seoltóirí teachtaireachtaí tráchtála leictreonacha gan iarraidh nach bhfuil i gcomhréir leis na bearta arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun de bhun mhíreanna 1 agus 2.

4. Féachfaidh na Páirtithe le dul i gcomhar i gcásanna iomchuí d'ábhar imní frithpháirteach maidir le rialáil teachtaireachtaí tráchtála leictreonacha gan iarraidh.

AIRTEAGAL 19.11

Cód Foinse

1. Ní dhéanfaidh Páirtí ceanglas maidir le haistriú cóid foinse bogearraí, ná rochtain air, atá in úinéireacht ag duine nádúrtha nó fiontar de chuid an Pháirtí eile.

2 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, le mír 1:

(a) ní chuirtear cosc ar Pháirtí bearta a ghlacadh ná a choinneáil ar bun chun cuspóir dlisteanach beartais phoiblí a bhaint amach, lena n- áirítear sábháilteacht agus slándáil a áirithiú, mar shampla, i gcomhthéacs nós imeachta deimhniúcháin, i gcomhréir le hAirteagal 18.13 (Eisceacht Stuamachta), Airteagal 32.1 (Eisceachtaí Ginearálta) agus Airteagal 2.8 (Eisceacht Slándála) de Chuid IV den Chomhaontú; agus.

(b) níl feidhm aici maidir le haistriú deonach cóid foinse, nó rochtain a dheonú air, ar bhonn tráchtála ag duine den Pháirtí eile, mar shampla i gcomhthéacs idirbheart soláthair phoiblí nó conartha a chaibidlítear go neamhshrianta.

3. Ní dhéanfaidh aon ní dá bhfuil sa Chaibidil seo difear don mhéid seo a leanas:

(a) ceanglais ag cúirt, binse riaracháin nó údarás iomaíochta chun sárú ar dhlíthe na hiomaíochta a leigheas;

(b) cearta maoine intleachtúla agus forfheidhmiú na gceart sin; agus

(c) an ceart atá ag Páirtí aon ghníomhaíocht a dhéanamh nó gan aon fhaisnéis a nochtadh a mheasann sé a bhfuil gá leis an méid sin ar mhaithe le cosaint a leasanna slándála fíor-riachtanacha a bhaineann le soláthar airm, armlóin nó ábhar cogaidh, nó a bhaineann le soláthar atá fíor- riachtanach ó thaobh na slándála náisiúnta de nó chun críocha na cosanta náisiúnta.

AIRTEAGAL 19.12

Rochtain Oscailte ar an Idirlíon

Féachfaidh gach Páirtí lena áirithiú go mbeidh úsáideoirí deiridh ina chríoch in ann an méid seo a leanas a dhéanamh, faoi réir na mbeartas agus na ndlíthe agus na rialachán is infheidhme:

(a) seirbhísí agus feidhmchláir dá rogha féin atá ar fáil ar an idirlíon a rochtain, a dháileadh agus a úsáid, faoi réir bhainistíocht líonra réasúnach agus neamh- idirdhealaitheach;

(b) a rogha feistí a nascadh leis an idirlíon, ar choinníoll nach ndéanann na feistí sin dochar don líonra; agus

(c) rochtain a bheith acu ar fhaisnéis faoi chleachtais maidir le bainistíocht líonra a soláthróra seirbhísí rochtana idirlín.

AIRTEAGAL 19.13

Comhar

1. Agus cineál domhanda na trádála digití á aithint acu, rachaidh na Páirtithe i gcomhar maidir le hábhair rialála agus dea- chleachtais tríd an idirphlé earnálach atá ann cheana agus tabharfar aghaidh san idirphlé sin ar an méid seo a leanas, i measc nithe eile:

(a) seirbhísí iontaoibhe agus fíordheimhnithe leictreonacha idir- inoibritheacha trasteorann a aithint agus a éascú;

(b) cóireáil cumarsáide maidir le margaíocht dhíreach;

(c) na dúshláin atá os comhair fiontair bheaga agus mheánmhéide i dtrádáil dhigiteach;

(d) cosaint tomhaltóirí agus feabhsú mhuinín na dtomhaltóirí i raon na tráchtála leictreonaí;

(e) saincheisteanna comónta cibearshlándála; agus

(f) aon ábhar eile atá ábhartha maidir le trádáil dhigiteach a fhorbairt.

2. Díreofar sa chomhar maidir le hábhair rialála agus dea- chleachtais dá dtagraítear i mír 1 ar mhalartú faisnéise agus ar bharúlacha maidir le reachtaíocht na bPáirtithe faoi seach agus ar chur chun feidhme na reachtaíochta sin chomh maith.

3. Deimhníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le páirt ghníomhach a ghlacadh i bhfóraim iltaobhacha maidir le forbairt na trádála digití a chur chun cinn.

AIRTEAGAL 19.14

Clásal Athbhreithnithe maidir le Sreabha Sonraí

Déanfaidh na Páirtithe athbhreithniú arís laistigh de 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ar an ngá a bheadh le forálacha maidir le saorshreabhadh sonraí a áireamh sa Chomhaontú seo.

CAIBIDIL 20

GLUAISEACHTAÍ CAIPITIL, ÍOCAÍOCHTAÍ AGUS AISTRITHE AGUS BEARTA COIMIRCE SEALADACHA

AIRTEAGAL 20.1

Cuntas Reatha

Gan dochar d'fhorálacha eile an Chomhaontaithe seo, ceadóidh gach Páirtí, in airgeadra atá inmhalartaithe go héasca agus i gcomhréir le hAirteagail Chomhaontaithe an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta arna nglacadh in Bretton Woods, New Hampshire an 22 Iúil 1944, de réir mar is infheidhme, aon aistriú nó íocaíocht i leith idirbhearta ar chomhardú na n- íocaíochtaí ar chuntas reatha, ar idirbhearta idir na Páirtithe iad a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 20.2

Gluaiseachtaí Caipitil

Gan dochar d'fhorálacha eile an Chomhaontaithe seo, ceadóidh gach Páirtí, i dtaca le hidirbhearta ar chuntas caipitil agus airgeadais an chomhardaithe íocaíochtaí, saorghluaiseacht chaipitil chun infheistíochtaí agus idirbhearta eile a léirscaoileadh, dá bhforáiltear i Roinn B (Léirscaoileadh Infheistíochtaí) de Chaibidil 10 (Infheistíocht), Caibidil 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí), Caibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó) agus Caibidil 18 (Seirbhísí Airgeadais).

AIRTEAGAL 20.3

Cur i bhfeidhm Dlíthe agus Rialachán a bhaineann le
Gluaiseachtaí Caipitil, Íocaíochtaí nó Aistrithe

1. Le hAirteagal 10.16 (Aistrithe) agus fomhír 6(a) d'Airteagal 18.2 (Raon Feidhme), chomh maith le hAirteagal 20.1 agus Airteagal 20.2 ní chuirfear cosc ar Pháirtí a dhlíthe agus a rialacháin féin a chur i bhfeidhm a bhaineann le:

(a) féimheacht, dócmhainneacht agus cosaint chearta na gcreidiúnaithe;

(b) déileáil nó trádáil in ionstraimí airgeadais nó iad a eisiúint;

(c) tuairisciú airgeadais nó taifeadadh ar ghluaiseachtaí caipitil, íocaíochtaí nó aistrithe i gcás inar gá sin chun cuidiú le forfheidhmiú an dlí nó le húdaráis rialála airgeadais;

(d) cionta coiriúla nó pionósacha, cleachtais mheabhlacha nó chalaoiseacha;

(e) comhlíontacht orduithe nó breithiúnas in imeachtaí breithiúnais a áirithiú; nó

(f) slándáil shóisialta, scéimeanna poiblí scoir nó scéimeanna coigilteas éigeantach.

2. Ní chuirfear na dlíthe agus na rialacháin sin i bhfeidhm ar bhealach treallach ná idirdhealaitheach, ná ar bhealach eile a d'fhágfadh nach mbeadh iontu ach srian faoi cheilt ar ghluaiseachtaí caipitil, íocaíochtaí nó aistrithe.

AIRTEAGAL 20.4

Bearta Coimirce Sealadacha

1. In imthosca eisceachtúla inarb ann do dheacrachtaí tromchúiseacha i dtaca le haontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta an Aontais Eorpaigh a oibriú, nó i gcás baoil gurb ann do na deacrachtaí sin, féadfaidh an tAontas Eorpach bearta coimirce a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i dtaca le gluaiseachtaí caipitil, íocaíochtaí nó aistrithe. Beidh na bearta sin teoranta a mhéid a bheidh géarghá leis sin chun aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí den sórt sin agus beidh siad i bhfeidhm le haghaidh tréimhse nach faide ná 6 mhí.

2. Ní bheidh bearta arna bhforchur ag an Aontas Eorpach de bhun mhír 1 ina mbealach chun idirdhealú treallach nó idirdhealú gan údar a dhéanamh idir Meicsiceo agus tríú tír. Cuirfidh an tAontas Eorpach Meicsiceo ar an eolas láithreach agus cuirfidh sé sceideal i láthair i dtaobh na mbeart sin a bhaint a luaithe is féidir.

AIRTEAGAL 20.5

Srianta i gCás Deacrachtaí maidir le Comhardú Íocaíochtaí,
Maoiniú Seachtrach agus i gcás Deacrachtaí Maicreacnamaíocha

1. Féadfaidh Páirtí bearta sriantacha a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i dtaca le gluaiseachtaí caipitil, íocaíochtaí nó aistrithe[11]:

(a) i gcásanna de dheacrachtaí tromchúiseacha i dtaca le comhardú íocaíochtaí nó le maoiniú seachtrach, nó bagairt ina leith[12]; nó

(b) i gcásanna imthosca eisceachtúla ina bhfuil íocaíochtaí nó aistrithe a bhaineann le gluaiseachtaí caipitil ina gcúis le deacrachtaí tromchúiseacha maicreacnamaíocha a bhaineann le beartais airgeadaíochta agus beartais ráta malairte i Meicsiceo nó i mBallstát den Aontas Eorpach, nó i gcásanna go bhfuil an baol ann go mbeidh na cúinsí eisceachtúla sin ina gcúis leis na deacrachtaí sin.

2. Maidir leis na bearta dá dtagraítear i mír 1:

(a) beidh siad comhsheasmhach le hAirteagail Chomhaontaithe an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, de réir mar is infheidhme;

---

[11] I gcás an Aontais Eorpaigh, féadfaidh Ballstát den Aontas Eorpach na bearta sin a dhéanamh i gcásanna seachas na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 20.4, ar bearta iad lena ndéantar difear do gheilleagar an Bhallstáit sin.

[12] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, d'fhéadfadh deacrachtaí maicreacnamaíocha tromchúiseacha a bhaineann le beartais airgeadaíochta agus beartais ráta malairte, nó an baol gurb ann dóibh, a bheith ina gcúis, i measc tosca eile, le deacrachtaí tromchúiseacha maidir le comhardú íocaíochtaí agus maoiniú seachtrach dá dtagraítear i bhfomhír 1(a), nó an baol gurb ann dóibh, dá dtagraítear i bhfomhír 1(b).

(b) ní rachaidh siad thar a bhfuil riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar an staid a dtugtar tuairisc uirthi i mír 1;

(c) beidh siad sealadach agus déanfar iad a chéimniú amach de réir a chéile de réir mar a fheabhsóidh an staid a shonraítear i mír 1;

(d) seachnófar leo go ndéanfar damáiste neamhriachtanach do leasanna tráchtála, eacnamaíocha agus airgeadais an Pháirtí eile;

(e) ní fhágfaidh siad go gcuirfear cóir is lú fabhar ar an bPáirtí eile ná mar a chuirfí ar thríú tír i gcásanna comhchosúla; agus

(f) ní úsáidfear iad in ionad beartais mhaicreacnamaíocha ar gá iad le haghaidh coigeartú seachtrach a dhéanamh a bhfuil údar cuí leis.

3. I gcás trádáil earraí, féadfaidh Páirtí bearta sriantacha a ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun a staid sheachtrach airgeadais nó a chomhardú íocaíochtaí a chosaint. Beidh na bearta sin i gcomhréir le hAirteagal XII de GATT 1994 agus le forálacha Chomhthuiscint um Chomhardú Íocaíochtaí an Chomhaontaithe Ghinearálta um Tharaifí agus Trádáil 1994.

4. I gcás trádáil seirbhísí, féadfaidh gach Páirtí bearta sriantacha a ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun a staid airgeadais sheachtrach nó a chomhardú íocaíochtaí a chosaint. Beidh bearta den sórt sin i gcomhréir le hAirteagal XII den Chomhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí (GATS).

5. Féachfaidh Páirtí le glacadh nó coinneáil ar bun na mbeart a sheachaint arb ionann a bhfoirm agus formhuirir taraife, cuótaí, ceadúnais nó bearta comhchosúla. Míneoidh an Páirtí an réasúnaíocht a ghabhann le húsáid na mbeart sriantach sin nuair a thabharfaidh sé fógra don Páirtí eile faoi na bearta.

6. Páirtí a dhéanfaidh bearta dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh nó a choinneáil ar bun, tabharfaidh sé fógra maidir leo don Pháirtí eile go pras.

7. Má dhéantar bearta sriantacha a ghlacadh nó a choinneáil ar bun de bhun Airteagal 20.4 nó de bhun an Airteagail seo, rachaidh na Páirtithe i mbun comhairliúchán go pras san Fhochoiste um Sheirbhísí agus Infheistíochtaí mura dtéitear i mbun comhairliúchán i bhfóraim idirnáisiúnta eile a bhfuil an dá Pháirtí ina gcomhaltaí iontu. Leis na comhairliúcháin, déanfar measúnú ar na deacrachtaí maidir leis an gcomhardú íocaíochtaí nó maidir leis an maoiniú seachtrach ba chúis leis na bearta faoi seach, agus tosca á gcur san áireamh amhail:

(a) cineál agus méid na ndeacrachtaí;

(b) an timpeallacht sheachtrach eacnamaíoch agus trádála; agus

(c) bearta ceartaitheacha malartacha a d’fhéadfadh a bheith ar fáil.

8. Tabharfar aghaidh sna comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 7 ar chomhlíonadh aon bhirt shriantaigh le hAirteagal 20.4 nó le míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo. Glacfaidh na Páirtithe leis na torthaí ábhartha uile de chineál staidrimh nó fíorasach a thíolacfaidh an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta ('CAI'), i gcás inarb infhaighte, agus cuirfear san áireamh sna conclúidí an measúnú dá chuid ar chomhardú agus ar staid airgeadais sheachtrach an Pháirtí lena mbaineann.

CAIBIDIL 21

SOLÁTHAR POIBLÍ

AIRTEAGAL 21.1

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'earraí nó seirbhísí tráchtála' earraí nó seirbhísí de chineál a dhíoltar nó a bhíonn ar díol go ginearálta sa mhargadh tráchtála le ceannaitheoirí neamhrialtasacha chun críoch neamhrialtasach, agus arb iadsan a cheannaíonn de ghnáth iad;

(b) ciallaíonn 'seirbhísí foirgníochta' seirbhísí a bhfuil sé de chuspóir acu oibreacha sibhialta nó oibreacha tógála a bhaint amach ar cibé bealach, bunaithe ar Rannán 51 d'Fhorálacha na Náisiún Aontaithe um Aicmiú Lárnach Sealadach Táirgí (CPC);

(c) ciallaíonn 'soláthar faoi chumhdach' soláthar chun críoch rialtais:

(i) earra, seirbhíse, nó aon teaglaim díobh:

(A) mar a shonraítear maidir le gach Páirtí in Iarscríbhinní 21- A (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid an Aontais Eorpaigh) nó 21- B (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid Mheicsiceo) faoi seach; agus

(B) nach soláthraítear d'fhonn é, í nó iad a dhíol nó a athdhíol ar bhonn tráchtála, ná le húsáid i ndáil le hearra nó seirbhís a tháirgeadh nó a sholáthar le haghaidh díol nó athdhíol ar bhonn tráchtála;

(ii) trí aon mhodh conarthach, lena n- áirítear:

(A) ceannach;

(B) léasú; agus

(C) fáil ar cíos nó fruilcheannach, le rogha maidir le ceannach nó gan í;

(iii) a bhfuil a luach, mar a mheastar é i gcomhréir le hAirteagal 21.2, cothrom leis an tairseach ábhartha a shonraítear le haghaidh gach Páirtí in Iarscríbhinní 21- A (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid an Aontais Eorpaigh) nó 21- B (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid Mheicsiceo) faoi seach tráth foilsithe fógra i gcomhréir le hAirteagal 21.6, nó níos airde ná an tairseach sin;

(iv) ag eintiteas soláthair; agus

(v) nach n-eisiatar ar bhealach eile ó chumhdach le hAirteagal 21.2.2 nó le Iarscríbhinní 21- A (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid an Aontais Eorpaigh) nó 21- B (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid Mheicsiceo);

(d) ciallaíonn 'ceant leictreonach' próiseas atriallach a mbíonn úsáid modhanna leictreonacha i gceist leis ionas go gcuirfidh soláthróir i láthair praghsanna nua, nó luachanna nua d'eilimintí inchainníochtaithe neamhphraghais den tairiscint a bhaineann leis na critéir mheastóireachta, nó iad araon, a mbeidh rangú nó ath-rangú tairiscintí ina thoradh air;

(e) ciallaíonn 'i scríbhinn' nó 'scríofa' aon léiriú i bhfocal nó in uimhreacha is féidir a léamh, a mhacasamhlú agus a chur in iúl níos déanaí, agus féadfar a áireamh leo faisnéis a tharchuirtear go leictreonach agus faisnéis stóráilte;

(f) ciallaíonn 'nós imeachta teoranta tairisceana' modh soláthair trína ndéanann an t- eintiteas soláthair teagmháil lena rogha soláthróra nó soláthróirí;

(g) ciallaíonn 'liosta ilúsáide' liosta soláthróirí a chinn eintiteas soláthair go gcomhlíonann siad na coinníollacha i dtaobh rannpháirtíocht sa liosta sin, agus a mbeartaíonn an t- eintiteas soláthair leas a bhaint astu níos mó ná uair amháin;

(h) ciallaíonn 'fógra faoi sholáthar beartaithe' fógra arna fhoilsiú ag eintiteas soláthair ina n- iarrtar ar sholáthróirí leasmhara iarraidh a chur isteach ar rannpháirtíocht, nó tairiscint a chur isteach, nó iad araon;

(i) ciallaíonn 'frithláireamh' aon choinníoll nó gealltanas lena spreagtar forbairt áitiúil nó lena gcuirtear feabhas ar chuntais comhardaithe íocaíochtaí Páirtí, amhail úsáid a bhaint as ábhar intíre, ceadúnú teicneolaíochta, infheistíocht, frith-thrádáil agus gníomhaíochtaí comhchosúla nó ceanglais chomhchosúla;

(j) ciallaíonn 'nós imeachta tairisceana oscailte' modh soláthair faoinar féidir le gach soláthróir leasmhar tairiscint a chur isteach;

(k) ciallaíonn 'eintiteas soláthair' eintiteas a chumhdaítear faoi Ranna A, B agus C d'Iarscríbhinní 21- A (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid an Aontais Eorpaigh) agus 21- B (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid Mheicsiceo);

(l) ciallaíonn 'soláthróir cáilithe' soláthróir a aithníonn eintiteas soláthair mar sholáthróir a bhfuil na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht comhlíonta aige;

(m) ciallaíonn 'nós imeachta tairisceana ar cuireadh' modh soláthair faoina n- iarrann an t- eintiteas soláthair ar sholáthróirí cáilithe, agus orthusan amháin, tairiscint a chur isteach;

(n) áirítear le 'seirbhísí' seirbhísí foirgníochta, mura sonraítear a mhalairt;

(o) ciallaíonn 'caighdeán' doiciméad arna fhormheas ag comhlacht aitheanta agus lena bhforáiltear d'úsáid choiteann agus d'athúsáid, do rialacha, treoirlínte nó saintréithe i ndáil le hearraí nó seirbhísí, nó do phróisis agus modhanna táirgthe gaolmhara, ar caighdeán é nach bhfuil a chomhlíonadh sainordaitheach agus lena bhféadfaí a áireamh go heisiach freisin, nó plé leo go heisiach, ceanglais téarmeolaíochta, siombaile, phacáistíochta, mharcála nó lipéadaithe de réir mar atá feidhm acu maidir le hearra, seirbhís, nó próiseas nó modh táirgthe;

(p) ciallaíonn 'soláthróir' duine nó grúpa daoine a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí nó a d'fhéadfadh earraí nó seirbhísí a sholáthar; agus

(q) ciallaíonn 'sonraíocht theicniúil' ceanglais tairisceana:

(i) lena leagtar síos na tréithe a bhaineann le hearraí nó seirbhísí atá le soláthar, lena n- áirítear cáilíocht, feidhmíocht, sábháilteacht agus toisí, nó na próisis agus na modhanna chun iad a tháirgeadh nó a sholáthar; nó

(ii) lena dtugtar aghaidh ar na ceanglais maidir le téarmaíocht, siombailí, pacáistíocht, marcáil nó lipéadú, de réir mar atá feidhm acu maidir le hearra nó le seirbhís.

AIRTEAGAL 21.2

Raon Feidhme agus Cumhdach

An Chaibidil a Chur i bhFeidhm

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le haon bheart a bhaineann le soláthar faoi chumhdach, cé acu a dhéantar go heisiach trí mheán leictreonach é nó a dhéantar go páirteach trí mheán leictreonach é.

2 Ach amháin i gcás ina bhforáiltear dá mhalairt in Iarscríbhinní 21- A, (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid an Aontais Eorpaigh) agus 21- B (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid Mheicsiceo) níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) talamh, foirgnimh atá ann cheana nó maoin dhochorraithe eile nó na cearta ina leith a fháil nó a fháil ar cíos;

(b) comhaontuithe neamhchonarthacha nó aon chineál cúnaimh a sholáthraíonn Páirtí, lena n- áirítear comhaontuithe comhoibríocha, deontais, iasachtaí, instealltaí cothromais, ráthaíochtaí agus dreasachtaí fioscacha;

(c) soláthar nó fáil seirbhísí gníomhaireachta fioscaí nó taisclainne, seirbhísí leachtaithe agus bainistíochta i gcomhair institiúidí airgeadais faoi rialáil nó seirbhísí a bhaineann le fiachas poiblí a dhíol, a fhuascailt agus a dháileadh, lena n- áirítear iasachtaí agus bannaí rialtais, nótaí agus urrúis eile;

(d) conarthaí fostaíochta poiblí;

(e) soláthar a dhéantar:

(i) go sonrach chun cúnamh idirnáisiúnta, lena n- áirítear cabhair um fhorbairt, a sholáthar;

(ii) faoin nós imeachta áirithe nó faoin gcoinníoll áirithe de chuid comhaontú idirnáisiúnta a bhaineann le trúpaí a lonnú nó a bhaineann le cur chun feidhme comhpháirteach tionscadail ag na tíortha is sínitheoirí; nó

(iii) faoin nós imeachta áirithe nó faoin gcoinníoll áirithe de chuid eagraíocht idirnáisiúnta, nó arna chistiú ag deontais, iasachtaí nó cúnamh eile idirnáisiúnta, i gcás ina mbeadh an nós imeachta nó an coinníoll is infheidhme ar neamhréir leis an gCaibidil seo.

3. Leagtar amach in Iarscríbhinní 21- A (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid an Aontais Eorpaigh) agus 21- B (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid Mheicsiceo) de réir an struchtúir seo a leanas gealltanais gach Páirtí maidir le soláthar faoi chumhdach:

(a) i Roinn A, na heintitis rialtais láir a gcumhdaítear a soláthar leis an gCaibidil seo;

(b) i Roinn B, na heintitis rialtais fo- láir a gcumhdaítear a soláthar leis an gCaibidil seo, lena n- áirítear, maidir le Meicsiceo, eintitis eile ar an leibhéal fo- láir;

(c) i Roinn C, na heintitis eile uile a gcumhdaítear a soláthar leis an gCaibidil seo;

(d) i Roinn D, na hearraí a chumhdaítear leis an gCaibidil seo;

(e) i Roinn E, na seirbhísí, seachas seirbhísí foirgníochta, a chumhdaítear leis an gCaibidil seo;

(f) i Roinn F, na seirbhísí foirgníochta a chumhdaítear leis an gCaibidil seo;

(g) i Roinn G, na lamhháltais comhpháirtíochta príobháidí poiblí nó na lamhháltais oibreacha a chumhdaítear leis an gCaibidil seo;

(h) i Roinn H, aon nóta agus maolú ginearálta; agus

(i) i Roinn I, na meáin ina bhfoilsíonn an Páirtí a fhógraí soláthair, a fhógraí dámhachtana, agus faisnéis eile a bhaineann lena chóras soláthair phoiblí.

4. Beidh feidhm ag an gCaibidil seo freisin má cheadaítear, faoi dhlí Páirtí, go bhféadfaidh eintitis eile nó daoine eile nach bhfuil a gcuid soláthair cumhdaithe maidir leis na hearraí agus na seirbhísí lena mbaineann, soláthar faoi chumhdach a dhéanamh thar ceann an eintitis soláthair.

Luacháil

5. Agus luach soláthair á mheas aige chun a chinneadh cé acu an soláthar faoi chumhdach atá nó nach bhfuil ann, beidh an méid seo a leanas fíor maidir le heintiteas soláthair:

(a) ní roinnfidh sé soláthar ina sholáthairtí ar leithligh ná ní dhéanfaidh sé modh luachála áirithe a roghnú ná a úsáid chun luach soláthair a mheas agus é ar intinn aige an soláthar sin a eisiamh ina iomláine, nó cuid de a eisiamh, ó chur i bhfeidhm na Caibidle seo; agus

(b) cuirfidh sé san áireamh uasluach measta iomlán an tsoláthair thar a ré iomlán, cibé acu a dhéantar é a dhámhachtain ar sholáthróir amháin nó níos mó nó nach ndéantar, agus beidh gach cineál luacha saothair á chur san áireamh aige, lena n- áirítear:

(i) préimheanna, táillí, coimisiúin agus ús; agus

(ii) má dhéantar foráil leis an soláthar don fhéidearthacht roghanna a bheith ann, luach iomlán na roghanna sin.

6. Má bhíonn sé ina thoradh ar cheanglas aonair ar sholáthar go ndéantar breis is aon chonradh amháin a dhámhachtain, nó go ndéantar conarthaí a dhámhachtain ina gcodanna ar leithligh (dá ngairtear ‘conarthaí athfhillteacha’ anseo feasta), beidh ríomh an uasluacha iomláin mheasta bunaithe ar:

(a) luach na gconarthaí athfhillteacha i leith an chineáil chéanna earra nó seirbhíse a dámhadh le linn an 12 mhí roimhe sin nó le linn bhliain fhioscach roimhe sin an eintitis soláthair, arna choigeartú, más féidir, chun athruithe réamh- mheasta ar chainníocht a bhfuil coinne leo a chur san áireamh nó luach an earra nó na seirbhíse arna soláthar sa 12 mhí ina dhiaidh sin a chur san áireamh; nó

(b) luach measta na gconarthaí athfhillteacha i leith an chineáil chéanna earra nó seirbhíse ar conarthaí iad a bheidh le dámhachtain le linn an 12 mhí i ndiaidh na chéad dámhachtana conartha nó le linn bhliain fhioscach an eintitis soláthair.

7. I gcás soláthar trí léas, cíos, nó fruilcheannach earraí nó seirbhísí, nó soláthar nach bhfuil praghas iomlán sonraithe ina leith, is éard a bheidh sa bhonn luachála:

(a) i gcás conradh ar théarma seasta:

(i) más téarma 12 mhí nó níos lú atá sa chonradh, an t-uasluach measta iomlán ar feadh a ré; nó

(ii) más é breis agus 12 mhí tréimhse an chonartha, an t- uasluach measta iomlán, lena n- áirítear aon luach iarmharach measta;

(b) más i leith tréimhse éiginnte atá an conradh, an tráthchuid mhíosúil mheasta arna hiolrú faoi 48; agus

(c) mura bhfuil sé cinnte an conradh téarma seasta a bheidh sa chonradh, beidh feidhm ag fomhír (b).

AIRTEAGAL 21.3

Slándáil agus Eisceachtaí Ginearálta

1. Ní fhorléireofar aon ní sa Chaibidil seo mar ní chun cosc a chur ar Pháirtí aon ghníomhaíocht a dhéanamh nó gan aon fhaisnéis a nochtadh a mheasann sé a bhfuil gá leis an méid sin ar mhaithe le cosaint a leasanna fíor- riachtanacha slándála a bhaineann le soláthar airm, armlóin nó ábhar cogaidh, nó a bhaineann le soláthar atá fíor- riachtanach ó thaobh na slándála náisiúnta de nó chun críocha na cosanta náisiúnta.

2. Faoi réir an cheanglais nach gcuirfear na bearta sin i bhfeidhm ar bhealach lena ndéanfaí idirdhealú treallach nó idirdhealú gan údar idir na Páirtithe i gcás ina mbeidh na dálaí céanna i réim, nó a bheadh ina shrianadh faoi cheilt ar thrádáil idirnáisiúnta, ní fhorléireofar aon ní sa Chaibidil seo mar ní chun cosc a chur ar Pháirtí bearta a fhorchur nó a fhorfheidhmiú:

(a) ar gá iad chun an mhoráltacht phoiblí, an t- ord poiblí nó sábháilteacht an phobail a chosaint;

(b) ar bearta iad is gá chun beatha nó sláinte an duine, ainmhithe nó plandaí a chosaint;

(c) ar bearta iad is gá chun maoin intleachtúil a chosaint; nó

(d) ar bearta iad a bhaineann le hearraí nó seirbhísí a bhaineann le daoine atá faoi mhíchumas, le hinstitiúidí daonchairdiúla nó le saothar a dhéantar i bpríosúin.

## AIRTEAGAL 21.4

## Prionsabail Ghinearálta

Neamh- idirdhealú

1. D'ainneoin raon feidhme an chur i bhfeidhm in Airteagal 21.2, fiontar de chuid Páirtí, ar fiontar é atá bunaithe go dlíthiúil trí chomhdhéanamh, éadáil nó coinneáil ar bun láithreachta tráchtála i gcríoch an Pháirtí eile, féadfaidh sé a bheith rannpháirteach i soláthar rialtais a bhaineann leis an bPáirtí eile faoi na coinníollacha céanna faoina mbíonn fiontair an Pháirtí eile, mar a fhoráiltear faoi dhlí an Pháirtí eile sin.

2. Maidir le haon bheart i ndáil le soláthar faoi chumhdach, déanfaidh Páirtí, lena n- áirítear a eintitis soláthair, cóir a thabhairt, láithreach agus gan choinníoll, d'earraí agus seirbhísí an Pháirtí eile agus do sholáthróirí an Pháirtí eile a chuireann earraí nó seirbhísí den sórt sin ar fáil, ar cóir í nach lú fabhar ná an chóir a thugann a n Páirtí eile, lena n- áirítear a eintitis soláthair, dá chuid earraí, seirbhísí agus soláthróirí féin.

3. Maidir le haon bheart i ndáil le soláthar faoi chumhdach, ní dhéanfaidh Páirtí, lena n- áirítear a eintitis soláthair:

(a) cóir is lú fabhar a chur ar sholáthróir atá bunaithe go háitiúil ná mar a chuirfí ar sholáthróir eile atá bunaithe go háitiúil, ar bhonn mhéid na cleamhnachta eachtraí nó na húinéireachta eachtraí, ná

(b) idirdhealú in aghaidh soláthróir atá bunaithe go háitiúil ar an mbonn gur earraí nó seirbhísí den Pháirtí eile iad na hearraí nó na seirbhísí a thairgeann an soláthróir i leith soláthar áirithe.

Modhanna Leictreonacha a Úsáid

4. Déanfaidh eintiteas soláthair an méid seo a leanas agus soláthar faoi chumhdach á dhéanamh aige trí mheán leictreonach:

(a) áiritheoidh sé go ndéanfar an soláthar trí úsáid a bhaint as córais agus bogearraí teicneolaíochta faisnéise, lena n- áirítear iad siúd a bhaineann le fíordheimhniú agus criptiú faisnéise, atá ar fáil i gcoitinne agus atá idir- inoibritheach le córais agus bogearraí teicneolaíochta faisnéise eile atá ar fáil i gcoitinne;

(b) sásraí a choinneáil ar bun lena n-áirithítear sláine iarratas ar rannpháirtíocht agus sláine tairiscintí, lena n-áirítear tráth na fála a shuí agus rochtain mhíchuí a chosc; agus

(c) meán leictreonach faisnéise agus cumarsáide a úsáid chun fógraí agus doiciméadacht tairisceana i nósanna imeachta soláthair a fhoilsiú agus, a mhéid is féidir, chun tairiscintí a chur isteach.

Seoladh Soláthair

5. Déanfaidh eintiteas soláthair soláthar faoi chumhdach ar bhealach trédhearcach agus neamhchlaonta:

(a) atá comhsheasmhach leis an gCaibidil seo, ag baint úsáid as ceann de na modhanna seo a leanas: nós imeachta tairisceana oscailte, nós imeachta tairisceana ar cuireadh nó nós imeachta tairisceana teoranta;

(b) lena gcuirtear cosc ar choinbhleachtaí leasa agus cleachtais éillitheacha i gcomhréir le dlí an Pháirtí lena mbaineann.

Bearta frithéillithe

6. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh bearta iomchuí ar bun aige chun cosc a chur ar éilliú ina sholáthar rialtais. Áireofar sna bearta sin nósanna imeachta chun soláthróirí a dhéanamh neamh- incháilithe le haghaidh rannpháirtíocht i soláthairtí Pháirtí, go ceann tréimhse éiginnte nó go ceann tréimhse shainráite, ar soláthróirí iad a shuigh údaráis bhreithiúnacha an Pháirtí sin trí chinneadh críochnaitheach go ndearna siad gníomhaíochtaí calaoiseacha nó gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile i ndáil le soláthar rialtais i gcríoch an Pháirtí sin. Áiritheoidh gach Páirtí freisin go bhfuil beartais agus nósanna imeachta ar bun acu chun aon choinbhleacht leasa féideartha ar thaobh iad siúd a bhíonn i mbun soláthair nó a mbíonn tionchar acu ar sholáthar a dhíothú a mhéid is féidir nó a bhainistiú.

Rialacha Tionscnaimh

7. Ní chuirfidh Páirtí rialacha tionscnaimh i bhfeidhm maidir le hearraí a allmhairítear ón bPáirtí eile nó seirbhísí a sholáthraíonn an Páirtí eile chun críoch soláthair rialtais a chumhdaítear leis an gCaibidil seo, ar rialacha iad nach ionann iad agus na rialacha tionscnaimh a chuireann an Páirtí sin i bhfeidhm i ngnáthchúrsa na trádála i leith allmhairí nó soláthairtí de na hearraí nó na seirbhísí céanna.

Diúltú Sochar

8. Féadfaidh Páirtí diúltú do shochair na Caibidle seo a thabhairt do sholáthróir seirbhíse den Pháirtí eile, faoi réir fógra a thabhairt agus dul i gcomhairle roimh ré, i gcás ina suíonn an Páirtí go bhfuil an tseirbhís á soláthar ag fiontar nach bhfuil aon ghníomhaíocht ghnó shubstaintiúil ar bun aige i gcríoch ceachtar Páirtí.

Fritháirimh

9. Maidir le soláthar faoi chumhdach, ní fhéachfaidh Páirtí, lena n- áirítear a eintitis soláthair, le haon fhritháireamh a fháil, ní chuirfidh sé aon fhritháireamh san áireamh, ní fhorchuirfidh sé aon fhritháireamh ná ní fhorfheidhmeoidh sé aon fhritháireamh.

Bearta nach mbaineann go sonrach le Soláthar

10. Níl feidhm ag míreanna 2 agus 3 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) dleachtanna custaim agus muirir de chineál ar bith a fhorchuirtear ar allmhairiú nó i ndáil le hallmhairiú;

(b) an chaoi a ndéantar na dleachtanna agus na muirir sin a thobhach; agus

(c) rialacháin nó foirmiúlachtaí allmhairiúcháin eile agus bearta a dhéanann difear do thrádáil i seirbhísí seachas bearta lena rialaítear soláthar faoi chumhdach.

AIRTEAGAL 21.5

Faisnéis faoin gCóras Soláthair

1. Déanfaidh gach Páirtí:

(a) aon dlí, rialachán, cinneadh breithiúnach, rialú riarthach a bhfuil feidhm ghinearálta aige, clásal conartha caighdeánach arna shainordú le dlí nó rialachán agus arna ionchorprú trí thagairt i bhfógraí nó i ndoiciméadacht agus nós imeachta tairisceana maidir le soláthar faoi chumhdach, agus aon mhodhnú orthu, a fhoilsiú go pras i meán leictreonach nó meán páipéir arna ainmniú go foirmiúil, a scaiptear go forleathan agus a mbíonn rochtain éasca ag an bpobal air; agus

(b) míniú air sin a sholáthar don Pháirtí eile, arna iarraidh sin.

2. Déanfaidh gach Páirtí liosta i Roinn I d'Iarscríbhinní 21- A (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid an Aontais Eorpaigh) nó 21- B (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid Mheicsiceo) faoi seach den mhéid seo a leanas:

(a) an meán leictreonach nó an meán páipéir ina bhfoilsíonn an Páirtí an fhaisnéis a dtugtar tuairisc uirthi i mír 1(a);

(b) an meán leictreonach nó an meán páipéir ina bhfoilsíonn an Páirtí na fógraí a cheanglaítear le hAirteagal 21.6, Airteagal 21.8.9 agus Airteagal 21.15.2; agus

(c) seoladh an tsuímh ghréasáin nó seoltaí na suíomhanna gréasáin ar a bhfoilsíonn an Páirtí:

(i) a staidreamh soláthair dá dtagraítear in Airteagal 21.15.4; nó

(ii) a chuid fógraí maidir le conarthaí arna ndámhachtain de bhun Airteagal 21.15.6.

3. Tabharfaidh gach Páirtí fógra go pras don Fhochoiste um Sholáthar Poiblí maidir le haon mhodhnú arna dhéanamh ar an bhfaisnéis dá chuid a liostaítear i Roinn I d'Iarscríbhinní 21- A (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid an Aontais Eorpaigh) nó 21- B (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid Mheicsiceo).

AIRTEAGAL 21.6

Fógraí

Fógra faoi Sholáthar Beartaithe

1. I gcás gach soláthair chumhdaithe, foilseoidh eintiteas soláthair fógra faoi sholáthar beartaithe, ach amháin sna himthosca a dtugtar tuairisc orthu in Airteagal 21.12.

2. Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt sa Chaibidil seo, áireofar le gach fógra faoi sholáthar beartaithe:

(a) ainm agus seoladh an eintitis soláthair agus faisnéis eile is gá chun teagmháil a dhéanamh leis an eintiteas soláthair agus na doiciméid ábhartha uile a fháil a bhaineann leis an soláthar, agus a gcostas agus a dtéarmaí íocaíochta, más ann dóibh;

(b) tuairisc ar an soláthar, lena n- áirítear cineál agus cainníocht na n- earraí nó na seirbhísí atá le soláthar nó, i gcás nach bhfuil an chainníocht ar eolas, an chainníocht mheasta;

(c) i gcás conarthaí athfhillteacha, meastachán, más féidir, ar uainiú fógraí ina dhiaidh sin faoi sholáthar beartaithe;

(d) tuairisc ar aon rogha;

(e) an tráthchlár i ndáil le hearraí nó seirbhísí a sheachadadh, nó fad an chonartha;

(f) an modh soláthair a úsáidfear agus cé acu a bheidh nó nach mbeidh caibidlíocht nó ceant leictreonach i gceist leis;

(g) más infheidhme, an seoladh agus aon dáta deiridh i dtaobh iarrataí ar rannpháirtíocht sa soláthar a chur isteach;

(h) an seoladh agus aon dáta deiridh i dtaobh tairiscintí a chur isteach;

(i) an teanga nó na teangacha ina bhféadfar tairiscintí nó iarrataí ar rannpháirtíocht a chur isteach, más féidir iad a chur isteach i dteanga seachas teanga oifigiúil de chuid Pháirtí an eintitis soláthair;

(j) liosta d'aon choinníoll maidir le rannpháirtíocht, agus tuairisc ghearr ar na coinníollacha sin, lena n- áirítear aon cheanglas maidir le doiciméid nó deimhnithe sonracha atá le soláthar ag soláthróirí i leith rannpháirtíocht den sórt sin, mura n- áirítear na ceanglais sin i ndoiciméadacht tairisceana a chuirfear ar fáil do na soláthróirí leasmhara go léir an tráth céanna leis an bhfógra faoi sholáthar beartaithe;

(k) más rud é, de bhun Airteagal 21.8, go bhfuil sé ar intinn ag eintiteas soláthair líon teoranta soláthróirí cáilithe a roghnú a n- iarrfar orthu tairiscint a chur isteach, na critéir a úsáidfear chun iad a roghnú agus, más infheidhme, aon teorainn ar líon na soláthróirí cáilithe a gceadófar dóibh tairiscint a chur isteach; agus

(l) léiriú go bhfuil an soláthar faoi chumhdach leis an gCaibidil seo.

Fógra Achomair

3. I leith gach cáis soláthair bheartaithe, foilseoidh eintiteas soláthair fógra achomair a bhfuil rochtain éasca air, an tráth céanna a fhoilseofar an fógra faoi sholáthar beartaithe, i gceann de theangacha EDT.

Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad san fhógra achomair:

(a) ábhar an tsoláthair;

(b) an dáta deiridh faoina bhféadfar tairiscintí a chur isteach nó, más infheidhme, aon dáta deiridh faoina bhféadfar iarrataí a chur isteach ar rannpháirtíocht sa soláthar nó ar bheith san áireamh ar liosta ilúsáide; agus

(c) an seoladh ag a bhféadfar doiciméid a bhaineann leis an soláthar a iarraidh.

Fógra faoi Sholáthar Pleanáilte

4. Moltar d'eintitis soláthair fógra a fhoilsiú a luaithe is féidir i ngach bliain fhioscach maidir lena bpleananna soláthair sa todhchaí (dá ngairtear 'fógra faoi sholáthar pleanáilte' anseo feasta). Ba cheart a áireamh san fhógra faoi sholáthar pleanáilte ábhar an tsoláthair agus neasdáta fhoilsiú an fhógra faoi sholáthar beartaithe nó an neastréimhse a bhféadfaí an soláthar a reáchtáil lena linn.

5. Maidir le heintiteas soláthair a chumhdaítear faoi Ranna B nó C d'Iarscríbhinn 21- A (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid an Aontais Eorpaigh) nó d'Iarscríbhinn 21- B (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid Mheicsiceo) féadfaidh sé fógra faoi sholáthar pleanáilte a úsáid mar fhógra faoi sholáthar beartaithe ar choinníoll go n- áirítear san fhógra faoi sholáthar pleanáilte an oiread den fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 atá ar fáil don eintiteas soláthair agus ráiteas gur cheart do sholáthróirí leasmhara a leas sa soláthar a chur in iúl don eintiteas soláthair.

Rialacha Ginearálta maidir le Fógraí

6. Na fógraí uile faoi sholáthar beartaithe, fógra achomair agus fógra faoi sholáthar pleanáilte, beidh siad inrochtana go díreach trí mheán leictreonach, saor in aisce, trí phointe rochtana aonair ar líne. Ina theannta sin, féadfar na fógraí a fhoilsiú freisin i meán páipéir iomchuí a scaiptear go forleathan agus beidh rochtain éasca ag an bpobal ar na fógraí sin, ar a laghad go dtí go mbeidh an tréimhse a luaitear san fhógra imithe in éag.

## AIRTEAGAL 21.7

### Coinníollacha maidir le Rannpháirtíocht

1. Déanfaidh eintiteas soláthair aon choinníoll maidir le rannpháirtíocht i soláthar a theorannú dóibh siúd atá fíor- riachtanach lena áirithiú go mbeidh na hacmhainneachtaí dlíthiúla agus airgeadais agus an cumas tráchtála agus teicniúil ag soláthróir chun an soláthar ábhartha a ghabháil ar láimh.

2. Agus na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht á suí, déanfaidh eintiteas soláthair mar a leanas:

(a) ní fhorchuirfidh sé an coinníoll, chun go bhféadfaidh soláthróir páirt a ghlacadh i soláthar, go ndearna eintiteas soláthair de chuid Páirtí conradh amháin nó níos mó a dhámhachtain ar an soláthróir roimhe sin;

(b) féadfaidh sé a cheangal go mbeadh taithí ábhartha roimh ré ag teastáil chun ceanglais an tsoláthair a chomhlíonadh; agus

(c) ní cheanglóidh sé taithí roimh ré i gcríoch an Pháirtí a bheith mar choinníoll den soláthar.

3. Agus é á mheasúnú aige cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann soláthróir na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht, déanfaidh eintiteas soláthair an méid seo a leanas:

(a) meastóireacht ar acmhainneacht airgeadais agus ar chumais tráchtála agus theicniúla soláthróra ar bhonn ghníomhaíochtaí gnó an tsoláthróra sin laistigh de chríoch Pháirtí an eintitis soláthair agus lasmuigh den chríoch sin araon; agus

(b) bunóidh sé a mheastóireacht ar na coinníollacha a bheidh sonraithe aige roimh ré i bhfógraí nó i ndoiciméadacht tairisceana.

4. Más ann d’fhianaise thacaíochta, féadfaidh Páirtí, lena n- áirítear a eintitis soláthair, soláthróir a eisiamh ar fhorais amhail:

(a) féimheacht;

(b) dearbhuithe bréagacha;

(c) easnaimh nach beag nó easnaimh leanúnacha i ndáil le haon cheanglas substainteach nó aon oibleagáid shubstainteach a fheidhmiú faoi chonradh roimh ré;

(d) breithiúnais chríochnaitheacha i leith coireanna tromchúiseacha nó cionta tromchúiseacha eile faoi dhlí an Pháirtí sin;

(e) mí- iompar gairmiúil nó gníomhaíochtaí nó neamhghníomhartha lena dtugtar léargas diúltach ar ionracas tráchtála an tsoláthróra; nó

(f) mainneachtain cánacha a íoc.

AIRTEAGAL 21.8

Cáilíocht Soláthróirí

Córais Chlárúcháin agus Nósanna Imeachta Cáilíochta

1. Féadfaidh Páirtí, lena n- áirítear a eintitis soláthair, córas clárúcháin soláthróirí a choinneáil ar bun faoina gceanglaítear ar sholáthróirí leasmhara clárú agus faisnéis áirithe a sholáthar. Sa chás sin, áiritheoidh an Páirtí go mbeidh rochtain iomlán ag soláthróirí leasmhara ar fhaisnéis faoin gcóras clárúcháin trí mheán leictreonach agus go bhféadfaidh siad clárúchán a iarraidh tráth ar bith le linn bhailíocht an chórais. Cuirfidh an t- údarás inniúil ar an eolas iad laistigh de thréimhse réasúnach faoin gcinneadh maidir leis an iarraidh sin a dheonú nó a dhiúltú. I gcás ina ndiúltófar an iarraidh, beidh an cinneadh cuí- réasúnaithe.

2. Déanfaidh gach Páirtí a áirithiú:

(a) go ndéanfaidh a eintitis soláthair iarrachtaí chun difríochtaí idir a nósanna imeachta cáilíochta a íoslaghdú; agus

(b) i gcás ina gcoinníonn a eintitis soláthair córais chlárúcháin ar bun, go ndéanfaidh na heintitis soláthair iarrachtaí difríochtaí idir a gcórais chlárúcháin a íoslaghdú.

3. Ní dhéanfaidh Páirtí, lena n- áirítear a eintitis soláthair, córas clárúcháin nó nós imeachta cáilíochta a ghlacadh ná a chur i bhfeidhm a bhfuil sé de chuspóir aige nó d’éifeacht aige bacainní gan ghá a chruthú ar rannpháirtíocht soláthróirí de chuid an Pháirtí eile ina sholáthar féin.

Nós imeachta Tairisceana ar Cuireadh

4. Má tá sé ar intinn ag eintiteas soláthair nós imeachta tairisceana ar cuireadh a úsáid, déanfaidh an t- eintiteas an méid seo a leanas:

(a) áireoidh sé san fhógra faoi sholáthar beartaithe an fhaisnéis a shonraítear in Airteagal 21.6.2 (a), (b), (f) (g), (j), (k) agus (l) ar a laghad agus iarrfaidh sé ar sholáthróirí iarraidh ar rannpháirtíocht a chur isteach; agus

(b) faoi thosach na tréimhse le haghaidh tairiscint a chur isteach, soláthróidh sé an fhaisnéis atá in Airteagal 21.6.2(c), (d), (e), (h) agus (i), ar a laghad, do na soláthróirí cáilithe a dtugann sé fógra dóibh mar a shonraítear in Airteagal 21.10.3(b).

5. Ceadóidh eintiteas soláthair do gach soláthróir cáilithe a bheith rannpháirteach i soláthar áirithe, ach amháin má shonraíonn an t- eintiteas soláthair san fhógra faoi sholáthar beartaithe aon teorainn ar an líon soláthróirí cáilithe a gceadófar dóibh tairiscint a dhéanamh, agus na critéir maidir leis an líon teoranta soláthróirí a roghnú. Díreofar cuireadh chun tairisceana ar roinnt soláthróirí cáilithe is gá chun iomaíocht éifeachtach a áirithiú.

6. Mura gcuirfear an doiciméadacht tairisceana ar fáil go poiblí ó dháta foilsithe an fhógra dá dtagraítear i mír 4, áiritheoidh eintiteas soláthair go gcuirfear na doiciméid sin ar fáil an tráth céanna do na soláthróirí cáilithe uile a roghnaítear i gcomhréir le mír 5.

Liostaí Ilúsáide

7. Féadfaidh eintiteas soláthair liosta ilúsáide a choinneáil ar bun ar choinníoll go bhfoilsítear gach bliain, sa mheán iomchuí a liostaítear i Roinn I d'Iarscríbhinní 21- A (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid an Aontais Eorpaigh) agus 21- B (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid Mheicsiceo) i bhfógra ina n-iarrtar ar sholáthróirí leasmhara iarratas a dhéanamh ar a bheith san áireamh ar an liosta, agus má fhoilsítear an liosta trí mheán leictreonach, féadfaidh an t- eintiteas é a chur ar fáil ar bhonn leantach.

8. Áireofar san fhógra dá bhforáiltear i mír 7:

(a) tuairisc ar na hearraí nó na seirbhísí, nó ar chatagóirí díobh, a bhféadfar an liosta a úsáid ina leith;

(b) na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht nach mór do sholáthróirí a chomhlíonadh i dtaobh a bheith san áireamh ar an liosta agus na modhanna a úsáidfidh an t- eintiteas soláthair lena fhíorú go gcomhlíonann soláthróir na coinníollacha;

(c) ainm agus seoladh an eintitis soláthair agus faisnéis eile is gá chun teagmháil a dhéanamh leis an eintiteas soláthair agus na doiciméid ábhartha uile a fháil a bhaineann leis an liosta;

(d) tréimhse bhailíochta an liosta agus na modhanna chun é a athnuachan nó a fhoirceannadh, nó, mura soláthraítear an tréimhse bhailíochta, léiriú ar an gcaoi a dtabharfar fógra maidir le húsáid an liosta a fhoirceannadh; agus

(e) léiriú go bhféadfar an liosta a úsáid le haghaidh soláthar a chumhdaítear leis an gCaibidil seo.

9. D'ainneoin mhír 7, má bhíonn liosta ilúsáide bailí go ceann 3 bliana nó níos lú, féadfaidh eintiteas soláthair gan an fógra dá dtagraítear i mír 7 a fhoilsiú ach aon uair amháin, ag tús thréimhse bhailíochta an liosta, ar choinníoll, maidir leis an bhfógra:

(a) go sonrófar ann tréimhse na bailíochta agus nach bhfoilseofar a thuilleadh fógraí; agus

(b) go bhfoilseofar trí mheán leictreonach é agus go gcuirfear ar fáil go leanúnach é le linn thréimhse a bhailíochta.

10. Ceadóidh eintiteas soláthair do sholáthróirí iarratas a dhéanamh tráth ar bith ar bheith san áireamh ar liosta ilúsáide agus áireoidh sé na soláthróirí cáilithe uile ar an liosta laistigh de thréimhse réasúnta gearr.

11. Má dhéanann soláthróir nach n- áirítear ar liosta ilúsáide iarraidh a chur isteach ar rannpháirtíocht i soláthar bunaithe ar liosta ilúsáide chomh maith leis na doiciméid uile a cheanglaítear, laistigh den tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 21.10.2, déanfaidh eintiteas soláthair scrúdú ar an iarraidh. Ní dhéanfaidh an t- eintiteas soláthair an soláthróir a eisiamh óna bheith measta i leith an tsoláthair ar na forais nach bhfuil am leordhóthanach ag an eintiteas soláthair chun scrúdú a dhéanamh ar an iarraidh, mura rud é, i gcásanna eisceachtúla, de dheasca chastacht an tsoláthair, nach bhfuil an t- eintiteas soláthair in ann an scrúdú ar an iarraidh a chur i gcrích laistigh den tréimhse a cheadaítear chun tairiscintí a chur isteach.

Eintiteas eile de Ranna B agus C d'Iarscríbhinní 21- A (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid an Aontais Eorpaigh) agus 21- B (Soláthar Faoi Chumhdach Mheicsiceo).

12 Eintiteas soláthair de chuid Páirtí a chumhdaítear faoi Ranna B nó C d'Iarscríbhinní 21- A (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid an Aontais Eorpaigh) nó 21- B (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid Mheicsiceo) féadfaidh sé úsáid a bhaint as fógra ina n- iarrtar ar sholáthróirí iarratas a dhéanamh ar a bheith san áireamh ar liosta ilúsáide mar fhógra faoi sholáthar beartaithe, ar choinníoll:

(a) go bhfoilseofar an fógra i gcomhréir le mír 7 agus go n- áireofar ann an fhaisnéis a cheanglaítear faoi mhír 8, an oiread den fhaisnéis a cheanglaítear in Airteagal 21.6.2 a bheidh ar fáil, agus ráiteas gur fógra faoi sholáthar beartaithe é nó nach bhfaighidh ach na soláthróirí ar an liosta ilúsáide a thuilleadh fógraí soláthair a chumhdaítear leis an liosta ilúsáide; agus

(b) maidir le soláthróirí ag a bhfuil sé curtha in iúl go bhfuil leas acu i soláthar ar leith, go soláthróidh an t- eintiteas soláthair faisnéis leordhóthanach go pras dóibh chun go bhféadfaidh siad measúnú a dhéanamh ar a leas sa soláthar, lena n- áirítear an fhaisnéis uile eile a cheanglaítear in Airteagal 21.6.2, a mhéid atá an fhaisnéis sin ar fáil.

13. Eintiteas soláthair a chumhdaítear faoi Ranna B nó C d'Iarscríbhinní 21- A (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid an Aontais Eorpaigh) nó 21- B (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid Mheicsiceo), féadfaidh sé cead a thabhairt do sholáthróir, ar soláthróir é a rinne iarratas ar a bheith san áireamh ar liosta ilúsáide i gcomhréir le mír 10, tairiscint a chur isteach i leith soláthar ar leith, má tá a dhóthain ama ag an eintiteas soláthair chun scrúdú a dhéanamh le féachaint an gcomhlíonann an soláthróir na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht.

Faisnéis faoi Chinntí ó Eintitis Soláthair

14. Aon soláthróir a chuirfidh isteach iarraidh ar rannpháirtíocht i soláthar nó iarratas ar a bheith san áireamh ar liosta ilúsáide, cuirfidh eintiteas soláthair ar an eolas go pras é maidir lena chinneadh i ndáil leis an iarraidh nó an iarratas.

15. Má dhiúltaíonn eintiteas soláthair d'iarraidh ó sholáthróir ar rannpháirtíocht i soláthar nó d'iarratas ar a bheith san áireamh ar liosta ilúsáide, má scoireann sé de sholáthróir a aithint mar sholáthróir cáilithe, nó má bhaineann sé soláthróir de liosta ilúsáide, cuirfidh an t- eintiteas soláthair an soláthróir ar an eolas faoi sin go pras agus, arna iarraidh sin don soláthróir, soláthróidh sé míniú i scríbhinn go pras don soláthróir ar na cúiseanna lena chinneadh.

AIRTEAGAL 21.9

Sonraíochtaí Teicniúla agus Doiciméadacht Tairisceana

Sonraíochtaí Teicniúla

1. Ní dhéanfaidh eintiteas soláthair aon sonraíocht theicniúil a ullmhú, a ghlacadh ná a chur i bhfeidhm, ná ní fhorordóidh sé aon nós imeachta um measúnú comhréireachta a bhfuil an cuspóir nó an éifeacht aige bacainní neamhriachtanacha ar thrádáil idir na Páirtithe a chruthú.

2. Agus na sonraíochtaí teicniúla maidir leis na hearraí nó na seirbhísí arna soláthar á bhforordú, déanfaidh eintiteas soláthair, más iomchuí:

(a) an tsonraíocht theicniúil a leagan amach i dtéarmaí ceanglais feidhmíochta agus ceanglais fheidhmiúla, seachas saintréithe dearaidh nó saintréithe tuairisciúla; agus

(b) an tsonraíocht theicniúil a bhunú ar chaighdeáin idirnáisiúnta, más ann do na caighdeáin sin, nó murach sin déanfaidh sé iad a bhunú ar rialacháin theicniúla náisiúnta, ar chaighdeáin náisiúnta aitheanta nó ar chóid tógála.

3. Má leagtar amach saintréithe dearaidh nó tuairisciúla sna sonraíochtaí teicniúla, ba cheart d'eintiteas soláthair a léiriú, más iomchuí, go measfaidh sé tairiscintí earraí nó seirbhísí coibhéiseacha ar léir go gcomhlíonann siad ceanglais an tsoláthair trí fhocail amhail 'nó a choibhéis' a chur san áireamh sa doiciméadacht tairisceana.

4. Ní dhéanfaidh eintiteas soláthair sonraíochtaí teicniúla a leagan amach lena gceanglaítear trádmharc nó trádainm, paitinn, cóipcheart, dearadh, cineál, tionscnamh sonrach, táirgeoir nó soláthróir áirithe, nó lena dtagraítear do cheann áirithe díobh sin, mura rud é nach ann d'aon bhealach sách beacht ná intuigthe chun tuairisc a thabhairt ar na ceanglais soláthair agus ar choinníoll go gcuirfidh an t- eintiteas soláthair focail amhail 'nó a choibhéis' san áireamh sa doiciméadacht tairisceana.

5. I gcás eintiteas soláthair, ní dhéanfaidh sé comhairle a lorg ná a ghlacadh, ar bhealach a mbeadh sé d'éifeacht aige iomaíocht a chosc, ó dhuine a bhféadfadh leas tráchtála a bheith aige sa soláthar, ar comhairle í a fhéadfar a úsáid chun aon sonraíocht theicniúil i leith soláthar sonrach a ullmhú nó a ghlacadh.

6. Féadfaidh Páirtí a cheadú dá eintitis soláthair breithnithe comhshaoil agus sóisialta a chur san áireamh, ar choinníoll go mbeidh siad neamh- idirdhealaitheach agus go mbeidh siad nasctha le hábhar an chonartha.

7. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfaidh Páirtí, lena n- áirítear a eintitis soláthair, i gcomhréir leis an Airteagal seo, sonraíochtaí teicniúla a ullmhú, a ghlacadh nó a chur i bhfeidhm chun caomhnú acmhainní nádúrtha a chur chun cinn nó chun an comhshaol a chosaint.

Doiciméadacht Tairisceana

8. Cuirfidh eintiteas soláthair doiciméadacht tairisceana ar fáil do sholáthróirí ina n- áireofar an fhaisnéis uile is gá lena cheadú do sholáthróirí tairiscintí inghlactha a ullmhú agus a chur isteach. Mura bhfuil sí soláthartha cheana san fhógra faoi sholáthar beartaithe, áireofar sa doiciméadacht sin tuairisc iomlán ar an méid seo a leanas:

(a) an soláthar, lena n- áirítear cineál agus cainníocht na n- earraí nó na seirbhísí atá le soláthar nó, mura bhfuil an chainníocht ar eolas, an chainníocht mheasta agus aon cheanglas atá le comhlíonadh, lena n- áirítear aon sonraíocht theicniúil, aon deimhniúchán um measúnú comhréireachta, aon phlean, aon líníocht nó aon ábhar teagaisc;

(b) aon choinníoll maidir le rannpháirtíocht soláthróirí, lena n- áirítear liosta faisnéise agus doiciméad a gceanglaítear ar sholáthróirí iad a chur isteach i ndáil leis na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht;

(c) na critéir mheastóireachta uile a chuirfidh an t- eintiteas soláthair i bhfeidhm agus an conradh á dhámhachtain agus, murab é an praghas an t- aon chritéar amháin, tábhacht choibhneasta na gcritéar sin;

(d) más rud é go ndéanfaidh an t- eintiteas soláthair an soláthar trí mhodhanna leictreonacha, aon cheanglas fíordheimhniúcháin agus criptiúcháin nó aon cheanglas eile a bhaineann le faisnéis agus doiciméid a chur isteach trí mhodhanna leictreonacha;

(e) má tá an t- eintiteas soláthair chun ceant leictreonach a chur ar bun, na rialacha, lena n- áirítear sainaithint na n- eilimintí den tairiscint a bhaineann leis na critéir mheastóireachta, ar dá réir a dhéanfar an ceant;

(f) más rud é go n- osclófar tairiscintí go poiblí, an dáta, an t- am agus an áit a n- osclófar iad agus, más iomchuí, na daoine atá údaraithe le bheith i láthair;

(g) aon téarma nó coinníoll eile, lena n- áirítear téarmaí íocaíochta agus aon teorainn ar na modhanna trína bhféadfar tairiscintí a chur isteach, amhail cibé acu ar pháipéar nó trí mheán leictreonach a chuirfear isteach iad; agus

(h) aon dáta maidir le seachadadh earraí nó soláthar seirbhísí.

9. Agus aon dáta á shocrú le haghaidh seachadadh earraí nó soláthar seirbhísí atá á soláthar, cuirfidh eintiteas soláthair san áireamh tosca amhail castacht an tsoláthair, méid na fochonraitheoireachta a bhfuil coinne leis agus an tréimhse réalaíoch a cheanglaítear chun earraí a tháirgeadh, a dhístocáil agus a iompar ón bpointe soláthair nó chun seirbhísí a sholáthar.

10. I measc na gcritéar meastóireachta a leagtar amach san fhógra faoi sholáthar beartaithe nó sa doiciméadacht tairisceana, féadfar a áireamh, as measc nithe eile, praghas agus tosca praghais eile, cáilíocht, fiúntas teicniúil, tréithe comhshaoil agus téarmaí seachadta.

11. Déanfaidh eintiteas soláthair an méid seo a leanas go pras:

(a) doiciméadacht tairisceana a chur ar fáil lena áirithiú go mbeidh a ndóthain ama ag soláthróirí leasmhara chun tairiscintí inghlactha a chur isteach;

(b) an doiciméadacht tairisceana a sholáthar, arna iarraidh sin, d'aon soláthróir leasmhar; agus

(c) freagra a thabhairt ar aon iarraidh réasúnach ar fhaisnéis ábhartha ó aon soláthróir leasmhar nó aon soláthróir rannpháirteach, ar choinníoll nach dtabharfar buntáiste leis an bhfaisnéis sin don soláthróir sin thar sholáthróirí eile.

Modhnuithe

12. Más rud é go ndéanfaidh eintiteas soláthair modhnú ar na critéir nó na ceanglais a leagtar amach san fhógra faoi sholáthar beartaithe nó sa doiciméadacht tairisceana a sholáthraítear do sholáthróirí rannpháirteacha, sula ndámhfar conradh, nó go ndéanfaidh sé fógra nó doiciméadacht tairisceana a leasú nó a atheisiúint, tarchuirfidh sé, i scríbhinn, gach modhnú den sórt sin nó fógra nó doiciméadacht tairisceana leasaithe nó atheisithe:

(a) chuig na soláthróirí uile atá rannpháirteach tráth an mhodhnaithe, an leasaithe nó na hatheisiúna, más eol don eintiteas soláthair na soláthróirí sin, agus, i ngach cás eile, ar an mbealach céanna ar cuireadh an fhaisnéis bhunaidh ar fáil; agus

(b) in am trátha chun ligean do na soláthróirí sin tairiscintí leasaithe a mhodhnú agus a athchur isteach, de réir mar is iomchuí.

AIRTEAGAL 21.10

Tréimhsí

1. Déanfaidh eintiteas soláthair, i gcomhréir lena riachtanais réasúnta féin, tréimhsí leordhóthanacha a sholáthar do sholáthróirí chun iarrataí ar rannpháirtíocht agus tairiscintí inghlactha a ullmhú agus a chur isteach, agus tosca á gcur san áireamh amhail:

(a) cineál agus castacht an tsoláthair;

(b) méid na fochonraitheoireachta a réamh-mheastar; agus

(c) an t- am is gá chun tairiscintí a tharchur trí mheán neamhleictreonach ó phointí atá lonnaithe sa Pháirtí eile nó i gcríoch an Pháirtí soláthair, mura n- úsáidtear meán leictreonach.

Na tréimhsí sin, lena n- áirítear aon síneadh orthu, is mar an gcéanna a bheidh siad le haghaidh na soláthróirí leasmhara nó rannpháirteacha uile.

2. Eintiteas soláthair a úsáideann nós imeachta tairisceana ar cuireadh, suífidh sé nach mbeidh an dáta deiridh le haghaidh iarrataí ar rannpháirtíocht a chur isteach, i bprionsabal, níos luaithe ná 25 lá ó dháta foilsithe an fhógra faoi sholáthar beartaithe. Má fhágann staid phráinne atá cuí- réasúnaithe ag an eintiteas soláthair go bhfuil an tréimhse sin dofheidhmithe, féadfar an tréimhse a laghdú go tréimhse nach lú ná 10 lá.

3. Ach amháin mar a fhoráiltear dó i míreanna 4, 5, 7 agus 8, suífidh eintiteas soláthair nach mbeidh an dáta deiridh faoina bhféadfar tairiscintí a chur isteach níos luaithe ná 40 lá ón dáta:

(a) ar a bhfoilseofar an fógra faoi sholáthar beartaithe, i gcás nós imeachta tairisceana oscailte; nó

(b) ar a dtabharfaidh an t- eintiteas soláthair fógra do sholáthróirí go n- iarrfar orthu tairiscintí a chur isteach, cé acu a úsáideann nó nach n- úsáideann sé liosta ilúsáide, i gcás nós imeachta tairisceana ar cuireadh.

4. Féadfaidh eintiteas soláthair an tréimhse tairisceana a bhunaítear i gcomhréir le mír 3 a laghdú go tréimhse nach lú ná 10 lá más rud é:

(a) go bhfuil fógra faoi sholáthar pleanáilte foilsithe ag an eintiteas soláthair dá dtagraítear in Airteagal 21.6.4 40 lá ar a laghad agus tráth nach mó ná 12 mhí roimh fhoilsiú an fhógra faoi sholáthar beartaithe, agus go bhfuil na nithe seo a leanas san fhógra faoi sholáthar pleanáilte:

(i) tuairisc ar an soláthar;

(ii) na neas-spriocdhátaí maidir le cur isteach tairiscintí nó iarrataí ar rannpháirtíocht;

(iii) ráiteas gur cheart do sholáthróirí leasmhara a leas sa soláthar a chur in iúl don eintiteas soláthair;

(iv) an seoladh ag a bhféadfar doiciméid a bhaineann leis an soláthar a fháil; agus

(v) a oiread den fhaisnéis atá ar fáil a cheanglaítear le haghaidh an fhógra faoi sholáthar beartaithe faoi Airteagal 21.6.2;

(b) go léireoidh an t-eintiteas soláthair, le haghaidh conarthaí de chineál athfhillteach, i bhfógra tosaigh faoi sholáthar beartaithe, go soláthrófar i bhfógraí ina dhiaidh sin tréimhsí tairisceana bunaithe ar an mír seo; nó

(c) go bhfágann staid phráinne atá cuí-réasúnaithe ag an eintiteas soláthair gur dofheidhmithe an tréimhse tairisceana a bhunaítear i gcomhréir le mír 3.

5. Féadfaidh eintiteas soláthair an tréimhse tairisceana a bhunaítear i gcomhréir le mír 3 a laghdú 5 lá le haghaidh gach ceann de na himthosca seo a leanas:

(a) foilsítear an fógra faoi sholáthar beartaithe trí mheán leictreonach;

(b) cuirfear an doiciméadacht tairisceana go léir ar fáil trí mheán leictreonach ón dáta a fhoilseofar an fógra faoi sholáthar beartaithe; agus

(c) glacfaidh an t-eintiteas soláthair le tairiscintí trí mheán leictreonach.

6. Ní bheidh sé ina thoradh i gcás ar bith ar úsáid mhír 5, i gcomhar le mír 4, go laghdófar an tréimhse tairisceana a bhunaítear i gcomhréir le mír 3 chuig tréimhse is gairide ná 10 lá ón dáta a fhoilsítear an fógra faoi sholáthar beartaithe.

7. D'ainneoin aon fhoráil eile den Airteagal seo, má cheannaíonn eintiteas soláthair earraí nó seirbhísí tráchtála, nó aon teaglaim díobh, féadfaidh sé an tréimhse le haghaidh tairisceana arna suí i gcomhréir le mír 3 a laghdú go tréimhse nach lú ná 13 lá, ar choinníoll go bhfoilseoidh sé trí mheán leictreonach, an tráth céanna, an fógra faoi sholáthar beartaithe agus an doiciméadacht tairisceana araon. Ina theannta sin, má ghlacann an t- eintiteas soláthair le tairiscintí le haghaidh earraí nó seirbhísí tráchtála trí mheán leictreonach, féadfaidh sé an tréimhse a bhunaítear i gcomhréir le mír 3 a laghdú go tréimhse nach lú ná 10 lá.

8. Má tá na soláthróirí cáilithe uile nó líon teoranta díobh roghnaithe ag eintiteas soláthair a chumhdaítear faoi Roinn B nó C d'Iarscríbhinní 21- A (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid an Aontais Eorpaigh) nó 21- B (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid Mheicsiceo), féadfar an tréimhse a chinneadh le haghaidh tairiscint trí chomhaontú frithpháirteach idir an t- eintiteas soláthair agus na soláthróirí roghnaithe. In éagmais comhaontú, ní bheidh an tréimhse níos gairide ná 10 lá.

AIRTEAGAL 21.11

Caibidlíocht

1. Féadfaidh Páirtí foráil a dhéanamh go ndéanfaidh a eintitis soláthair caibidlíocht le soláthróirí más rud é:

(a) gur léirigh an t- eintiteas soláthair go mbeartaíonn sé caibidlíocht a dhéanamh san fhógra faoi sholáthar beartaithe a cheanglaítear de bhun Airteagal 21.6.2; nó

(b) gur dealraitheach ón meastóireacht nach léir go bhfuil aon tairiscint ar an gceann is buntáistí ó thaobh na gcritéar meastóireachta sonrach a leagtar amach san fhógra faoi sholáthar beartaithe nó sa doiciméadacht tairisceana.

2. Déanfaidh eintiteas soláthair an méid seo a leanas:

(a) áiritheoidh sé, i gcás aon díothú soláthróirí a ghlacfaidh páirt i gcaibidlíocht, go ndéanfar é i gcomhréir leis na critéir mheastóireachta a leagtar amach san fhógra faoi sholáthar beartaithe nó sa doiciméadacht tairisceana; agus

(b) nuair a thugtar caibidlíocht chun críche, tabharfaidh sé dáta deiridh coiteann do na soláthróirí rannpháirteacha atá fágtha i dtaobh aon tairisceana nua nó tairiscint athbhreithnithe a chur isteach.

AIRTEAGAL 21.12

Nós Imeachta Tairisceana Teoranta

1. Ar choinníoll nach n- úsáidfear é chun iomaíocht a sheachaint i measc soláthróirí nó ar bhealach lena ndéantar idirdhealú in aghaidh soláthróirí de chuid an Pháirtí eile nó lena gcosnaítear soláthróirí intíre, féadfaidh eintiteas soláthair nós imeachta tairisceana teoranta a úsáid agus a roghnú gan Airteagal 21.6 go hAirteagal 21.8, Airteagal 21.9.8 go hAirteagal 21.9.12 agus Airteagal 21.10, Airteagal 21.11, Airteagal 21.13 agus Airteagal 21.14 a chur i bhfeidhm in aon cheann de na himthosca seo a leanas:

(a) ar choinníoll nach n- athrófar ceanglais na doiciméadachta tairisceana go substaintiúil sa chás:

(i) nár cuireadh aon tairiscint isteach nó nár iarr aon soláthróir a bheith rannpháirteach;

(ii) nár cuireadh isteach aon tairiscint a chomhlíonann ceanglais fhíor- riachtanacha na doiciméadachta tairisceana;

(iii) nár chomhlíon aon soláthróirí na coinníollacha rannpháirtíochta; nó

(iv) gur tairiscintí claonpháirteacha a cuireadh isteach;

(b) mura féidir ach le soláthróir áirithe na hearraí nó na seirbhísí a sholáthar agus nach ann d'aon earra ná seirbhís mhalartach réasúnach ná d'aon earra ná seirbhís ionaid réasúnach ar aon cheann de na cúiseanna seo a leanas:

(i) is le saothar ealaíne a bhaineann an nós imeachta tairisceana;

(ii) cosaint paitinní, cóipcheart nó ceart eisiach eile; nó

(iii) easpa iomaíochta ar chúiseanna teicniúla;

(c) le haghaidh seachadtaí breise ón soláthróir bunaidh ina bhfuil earraí nó seirbhísí nach raibh san áireamh sa soláthar tosaigh i gcás athrú soláthróra i dtaobh earraí nó seirbhísí breise den sórt sin:

(i) nach féidir an t-athrú sin a dhéanamh ar chúiseanna eacnamaíocha nó teicniúla amhail ceanglais i dtaobh idirmhalartaitheacht nó idir-inoibritheacht le trealamh, bogearraí, seirbhísí nó suiteálacha atá ann cheana agus a soláthraíodh faoin soláthar tosaigh; agus

(ii) go mbeadh an t- athrú sin ina chúis le míchaoithiúlacht nach beag nó dúbailt shubstaintiúil costas i gcás an eintitis soláthair;

(d) más rud é, agus a mhéid is fíorghá amháin, ar chúiseanna fíorphráinne a eascraíonn as teagmhais nach bhféadfadh an t- eintiteas soláthair a thuar, nárbh fhéidir na hearraí ná na seirbhísí a fháil in am trí leas a bhaint as nós imeachta tairisceana oscailte ná nós imeachta tairisceana ar cuireadh;

(e) i leith earraí arna gceannach ar mhargadh tráchtearraí;

(f) má fhaigheann eintiteas soláthair fréamhshamhail nó an chéad earra nó an chéad seirbhís a fhorbraítear arna iarraidh sin dó i gcúrsa conradh áirithe le haghaidh taighde, turgnaimh, staidéir nó forbairt bhunaidh, agus le haghaidh an chonartha áirithe sin;

féadfar a áireamh le forbairt bhunaidh an chéad earra nó na chéad seirbhíse táirgeadh nó soláthar teoranta chun torthaí na tástála allamuigh a chorprú agus lena léiriú go bhfuil an t- earra nó an tseirbhís oiriúnach i gcomhair táirgeadh nó soláthar i gcainníocht atá i gcomhréir le caighdeáin cháilíochta inghlactha, ach ní áirítear léi táirgeadh ná soláthar cainníochta chun inmharthanacht tráchtála a shuí ná chun costais taighde agus forbartha a aisghabháil;

(g) i ndáil le ceannacháin a dhéantar faoi choinníollacha thar a bheith buntáisteach nach dtagann i gceist ach san fhíor- ghearrthéarma i gcás diúscairtí neamhghnácha amhail iad siúd a eascraíonn as leachtú, glacadóireacht nó féimheacht, ach ní i ndáil le gnáth- cheannacháin ó sholáthróirí tráthrialta; nó

(h) má dhéantar conradh a dhámhachtain ar bhuaiteoir comórtais dearaidh ar choinníoll:

(i) gur eagraíodh an comórtas ar bhealach atá comhsheasmhach le prionsabail na Caibidle seo, go háirithe iad siúd a bhaineann le fógra faoi sholáthar beartaithe a fhoilsiú; agus

(ii) go ndéanann giúiré neamhspleách moltóireacht ar na rannpháirtithe d'fhonn conradh dearaidh a dhámhachtain ar bhuaiteoir.

2. Ullmhóidh eintiteas soláthair tuarascáil i scríbhinn ar gach conradh arna dhámhachtain faoi mhír 1. Áireofar sa tuarascáil ainm an eintitis soláthair, luach agus cineál na n- earraí nó na seirbhísí arna soláthar agus ráiteas ina léireofar na himthosca agus na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 a bhí ina n- údar le húsáid a bhaint as nós imeachta tairisceana teoranta.

AIRTEAGAL 21.13

Ceantanna Leictreonacha

Má tá sé beartaithe ag eintiteas soláthair soláthar faoi chumhdach a dhéanamh ag úsáid ceant leictreonach, cuirfidh an t- eintiteas na nithe seo a leanas ar fáil do gach rannpháirtí, sula gcuirfidh sé tús leis an gceant leictreonach:

(a) an modh meastóireachta uathoibríoch, lena n- áirítear an fhoirmle mhatamaiticiúil, atá bunaithe ar na critéir mheastóireachta a leagtar amach sa doiciméadacht tairisceana agus a úsáidfear sa rangú nó san athrangú uathoibríoch le linn an cheant;

(b) torthaí aon mheastóireachta tosaigh ar eilimintí a thairisceana má tá an conradh le dámhachtain ar bhonn na tairisceana is buntáistí; agus

(c) aon fhaisnéis ábhartha eile a bhaineann le déanamh an cheant.

AIRTEAGAL 21.14

Déileáil le Tairiscintí agus Dámhachtain Conarthaí

Déileáil le Tairiscintí

1. Déanfaidh eintiteas soláthair na tairiscintí uile a fháil agus a oscailt faoi nósanna imeachta lena rathaítear cothroime agus neamhchlaontacht an phróisis soláthair, agus rúndacht tairiscintí.

2. Má sholáthraíonn eintiteas soláthair deis do sholáthróir earráidí neamhbheartaithe foirme a cheartú idir oscailt na dtairiscintí agus dámhachtain an chonartha, soláthróidh an t- eintiteas soláthair an deis chéanna do na soláthróirí rannpháirteacha uile.

Dámhachtain Conarthaí

3. Ionas go ndéanfar í a chur san áireamh i gcomhair dámhachtana, is i scríbhinn a chuirfear tairiscint isteach agus, tráth a hoscailte, comhlíonfaidh sí na ceanglais fhíor- riachtanacha a leagtar amach sna fógraí agus sa doiciméadacht tairisceana agus is ó sholáthróir a chomhlíonann na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht a bheidh sí.

4. Ach amháin má chinneann eintiteas soláthair nach ar mhaithe le leas an phobail é conradh a dhámhachtain, déanfaidh sé an conradh a dhámhachtain don soláthróir cáilithe atá in ann, de réir chinneadh an eintitis soláthair, téarmaí an chonartha a chomhlíonadh, agus a chuir isteach, bunaithe ar na critéir mheastóireachta a shonraítear sna fógraí agus sa doiciméadacht tairisceana, agus orthu sin amháin, an méid seo a leanas:

(a) an tairiscint is buntáistí; nó

(b) más é an praghas an t- aon chritéar amháin, an praghas is ísle.

5. Má fhaigheann eintiteas soláthair tairiscint ina bhfuil praghas atá thar a bheith íseal i gcomparáid leis na praghsanna i dtairiscintí eile a cuireadh isteach, féadfaidh sé a dheimhniú leis an soláthróir go gcomhlíonann an soláthróir na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht agus go bhfuil sé in ann téarmaí an chonartha a chomhlíonadh.

6. Ní bhainfidh eintiteas soláthair úsáid as roghanna, ní chuirfidh sé soláthar ar ceal ná ní mhodhnóidh sé conarthaí arna ndámhachtain ar bhealach a théann timpeall ar na hoibleagáidí faoin gCaibidil seo.

7. Déanfaidh gach Páirtí, mar riail ghinearálta, foráil maidir le tréimhse neamhghníomhaíochta idir dámhachtain agus tabhairt i gcrích conartha chun am leordhóthanach a thabhairt do thairgeoirí mírathúla chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh dámhachtana agus agóid a dhéanamh ina aghaidh.

AIRTEAGAL 21.15

Trédhearcacht Faisnéise Soláthair

Faisnéis a Sholáthraítear do Sholáthróirí

1. Cuirfidh eintiteas soláthair soláthróirí rannpháirteacha ar an eolas go pras faoina chinntí dámhachtana conartha agus, arna iarraidh sin do sholáthróir, déanfaidh sé amhlaidh i scríbhinn. Faoi réir Airteagal 21.16.2 agus Airteagal 21.16.3, déanfaidh eintiteas soláthair, arna iarraidh sin dó, míniú a sholáthar do sholáthróir mírathúil ar na cúiseanna nár roghnaigh an t- eintiteas soláthair a thairiscint agus na buntáistí coibhneasta a bhain le tairiscint an tsoláthróra rathúil.

Foilsiú Faisnéise Dámhachtana

2. Foilseoidh eintiteas soláthair fógra sa mheán páipéir nó leictreonach iomchuí a liostaítear i Roinn I d'Iarscríbhinn 21- A (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid an Aontais Eorpaigh) nó in Iarscríbhinn 21- B (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid Mheicsiceo) tráth nach déanaí ná 72 lá tar éis dámhachtain gach conartha a chumhdaítear leis an gCaibidil seo. Mura bhfoilseoidh an t- eintiteas soláthair an fógra ach i meán leictreonach, beidh an fhaisnéis inrochtana go héasca ar feadh tréimhse réasúnta. Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad san áireamh san fhógra:

(a) tuairisc ar na hearraí nó na seirbhísí arna soláthar;

(b) ainm agus seoladh an eintitis soláthair;

(c) ainm agus seoladh an tsoláthróra ar éirigh leis;

(d) luach na tairisceana ar éirigh léi nó luach na dtairiscintí is airde agus is ísle a cuireadh san áireamh agus an conradh á dhámhachtain;

(e) dáta na dámhachtana; agus

(f) an cineál modha soláthair a úsáideadh, agus i gcásanna inar úsáideadh nós imeachta tairisceana teoranta i gcomhréir le hAirteagal 21.12, tuairisc ar na himthosca is údar le húsáid a bhaint as nós imeachta tairisceana teoranta.

Coinneáil ar bun Doiciméadachta, Tuarascálacha agus Inrianaitheachta Leictreonaí

3. Coinneoidh eintiteas soláthair ar bun, go ceann tréimhse 3 bliana ar a laghad ón dáta a dhámhfaidh sé conradh:

(a) an doiciméadacht agus na tuarascálacha maidir le nósanna imeachta tairisceana agus dámhachtainí conartha a bhaineann le soláthar cumhdaithe, lena n- áirítear na tuarascálacha a cheanglaítear faoi Airteagal 21.12; agus

(b) sonraí lena n-áirithítear inrianaitheacht iomchuí dhéanamh an tsoláthair faoi chumhdach trí mheán leictreonach.

Malartú Staidrimh

4. Déanfaidh gach Páirtí staidreamh maidir lena sholáthairtí a chumhdaítear leis an gCaibidil seo a bhailiú agus a mhalartú ar bhonn bliantúil[13]. Beidh staidreamh sna tuarascálacha staidrimh sin, maidir le conarthaí arna ndámhachtain ag eintitis soláthair uile an Pháirtí lena mbaineann a chumhdaítear faoin gCaibidil seo, ar staidreamh é maidir le luach measta conarthaí arna ndámhachtain le haghaidh soláthar faoi chumhdach ar bhonn domhanda agus arna mbriseadh síos de réir catagóirí d'eintitis soláthair.

5. A mhéid a bheidh faisnéis den sórt sin ar fáil, soláthróidh gach Páirtí staidreamh maidir le tír thionscnaimh táirgí agus earraí a cheannaíonn a chuid eintiteas soláthair. D'fhonn a áirithiú go mbeidh staidreamh den sórt sin inchomparáide, soláthróidh an Fochoiste um Sholáthar Poiblí a bunaíodh de bhun Airteagal 21.19 treoraíocht maidir leis na modhanna a bheidh le húsáid. D'fhonn faireachán éifeachtach ar sholáthairtí a chumhdaítear leis an gCaibidil seo a áirithiú, féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach a chinneadh na ceanglais a leagtar amach i mír 4 a mhodhnú.

6. Má cheanglaíonn Páirtí nach mór fógraí a bhaineann le conarthaí arna ndámhachtain a fhoilsiú go leictreonach, de bhun mhír 2, agus má tá fógraí den sórt sin inrochtana ag an bpobal trí bhunachar sonraí aonair i bhfoirm lena gceadaítear anailís a dhéanamh ar na conarthaí arna ndámhachtain, féadfaidh an Páirtí, in ionad tuairisciú don Fhochoiste um Sholáthar Poiblí, nasc go dtí an suíomh gréasáin a sholáthar, mar aon le haon treoir is gá chun na sonraí sin a rochtain agus a úsáid.

---

13 Tarlóidh an chéad mhalartú faisnéise 1 bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 21.16

Nochtadh faisnéise

Faisnéis a Sholáthar do na Páirtithe

1. Arna iarraidh sin don Pháirtí eile, déanfaidh Páirtí aon fhaisnéis a sholáthar go pras, ar faisnéis í is gá lena chinneadh cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh soláthar faoi chumhdach go cothrom, go neamhchlaonta agus i gcomhréir leis an gCaibidil seo, lena n- áirítear faisnéis maidir le saintréithe agus buntáistí coibhneasta na tairisceana rathúla. Ní dhéanfaidh an Páirtí a fhaigheann an fhaisnéis sin í a nochtadh d'aon soláthróir dá mba rud é go ndéanfadh sin dochar don iomaíocht i dtairiscintí a bheidh ann amach anseo, ach amháin tar éis toiliú a fháil ón bPáirtí a sholáthair an fhaisnéis.

Neamhnochtadh Faisnéise

2. D'ainneoin aon fhoráil eile de chuid na Caibidle seo, ní dhéanfaidh Páirtí, lena n- áirítear a eintitis soláthair, faisnéis a sholáthar d'aon soláthróir áirithe ar faisnéis í lena bhféadfaí dochar a dhéanamh don iomaíocht chóir idir soláthróirí.

3. Ní fhorléireofar aon ní sa Chaibidil seo mar ní lena gceanglaítear ar Pháirtí, lena n- áirítear a eintitis soláthair, a údaráis agus a chomhlachtaí athbhreithnithe, faisnéis rúnda a nochtadh dá bhfágfadh an nochtadh sin:

(a) go gcuirfí bac ar fhorfheidhmiú an dlí;

(b) go bhféadfaí dochar a dhéanamh don iomaíocht chóir idir soláthróirí;

(c) go ndéanfaí dochar do leasanna dlisteanacha tráchtála daoine áirithe, lena n-áirítear cosaint maoine intleachtúla; nó

(d) go mbeifí contrártha ar bhealach eile do leas an phobail.

AIRTEAGAL 21.17

Nósanna imeachta athbhreithniúcháin intíre

1. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le nós imeachta athbhreithniúcháin riaracháin nó breithiúnach, atá tráthúil, éifeachtach, trédhearcach agus neamh- idirdhealaitheach, trína bhféadfaidh soláthróir agóid a dhéanamh in aghaidh an mhéid seo a leanas, i gcomhthéacs soláthair faoi chumhdach ina bhfuil, nó ina raibh, leas ag an soláthróir:

(a) sárú ar an gCaibidil seo; nó

(b) mura mbeidh sé de cheart ag an soláthróir agóid dhíreach a dhéanamh in aghaidh sárú ar an gCaibidil seo faoi dhlí Páirtí, mainneachtain bearta Páirtí lena gcuirtear an Chaibidil seo chun feidhme a chomhlíonadh.

Is i scríbhinn a bheidh na rialacha nós imeachta maidir le gach agóid agus cuirfear ar fáil i gcoitinne iad.

2. I gcás gearán ó sholáthróir, a thagann chun cinn i gcomhthéacs soláthar faoi chumhdach ina bhfuil, nó ina raibh, leas ag an soláthróir, go ndearnadh sárú nó mainneachtain dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh Páirtí an eintitis soláthair a dhéanann an soláthar faoi chumhdach an t- eintiteas soláthair agus an soláthróir a spreagadh chun réiteach a lorg ar an ngearán trí chomhairliúcháin. Déanfaidh an t- eintiteas soláthair breithniú neamhchlaonta agus tráthúil ar aon ghearán den sórt sin ar bhealach nach ndéanann dochar do rannpháirtíocht an tsoláthróra i soláthar faoi chumhdach atá ar siúl nó a dhéanfar amach anseo ná dá cheart chun bearta ceartaitheacha a lorg faoin nós imeachta athbhreithnithe riaracháin nó breithiúnach.

3 Ceadófar tréimhse leordhóthanach do gach soláthróir chun agóid a ullmhú agus a chur isteach, ar tréimhse í nach mbeidh níos lú, in aon chás, ná 10 lá ón tráth a tháinig an soláthróir ar an eolas faoi bhonn na hagóide, nó ar cheart le réasún é a bheith tagtha ar an eolas faoi bhonn na hagóide.

4. Déanfaidh gach Páirtí údarás riaracháin nó údarás breithiúnach neamhchlaonta amháin ar a laghad a bhunú nó a ainmniú atá neamhspleách ar a eintitis soláthair chun agóid a dhéanfaidh soláthróir a fháil agus a athbhreithniú i gcomhthéacs soláthar cumhdaithe.

5. Má dhéanann comhlacht seachas údarás dá dtagraítear i mír 4 athbhreithniú tosaigh ar agóid, áiritheoidh an Páirtí ábhartha go bhféadfaidh an soláthróir achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh tosaigh chuig údarás riaracháin nó breithiúnach neamhchlaonta atá neamhspleách ar an eintiteas soláthair arb é a sholáthar faoi chumhdach is ábhar don agóid.

6. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh comhlacht athbhreithnithe nach cúirt é a chinneadh a chur faoi réir athbhreithniú breithiúnach nó go mbeidh nósanna imeachta aige lena ndéantar foráil maidir leis an méid seo a leanas:

(a) tabharfaidh an t- eintiteas soláthair freagra i scríbhinn ar an agóid agus nochtfaidh sé na doiciméid ábhartha uile don chomhlacht athbhreithnithe;

(b) beidh sé de cheart ag na rannpháirtithe sna himeachtaí (dá ngairtear 'rannpháirtithe' anseo feasta) éisteacht a fháil sula ndéanfaidh an comhlacht athbhreithnithe cinneadh ar an agóid;

(c) beidh sé de cheart ag na rannpháirtithe go ndéanfar ionadaíocht orthu agus go mbeidh duine ina dteannta;

(d) beidh rochtain ag na rannpháirtithe ar na himeachtaí uile;

(e) beidh sé de cheart ag na rannpháirtithe a iarraidh go dtionólfar na himeachtaí go poiblí agus go bhféadfar finnéithe a chur i láthair; agus

(f) déanfaidh an comhlacht athbhreithnithe na cinntí nó na moltaí dá chuid ar bhealach tráthúil, i scríbhinn, agus áireofar leo míniú ar an mbunús le haghaidh gach cinnidh nó molta.

7. Déanfaidh gach Páirtí nósanna imeachta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena ndéantar foráil maidir le bearta eatramhacha gasta chun deis an tsoláthróra a bheith rannpháirteach sa soláthar faoi chumhdach a chaomhnú. Féadfaidh fionraí an phróisis soláthair a bheith ina toradh ar na bearta eatramhacha sin. Féadfar a fhoráil leis na nósanna imeachta go bhféadfar iarmhairtí díobhálacha sáraitheacha do na leasanna lena mbaineann, lena n- áirítear leas an phobail, a chur san áireamh agus é á chinneadh ar cheart bearta den sórt sin a chur i bhfeidhm. Soláthrófar aon réasúnú, i scríbhinn, gan gníomh a dhéanamh.

8. Déanfaidh gach Páirtí nósanna imeachta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun freisin lena ndéantar foráil maidir le gníomhaíocht cheartaitheach nó cúiteamh i leith an chaillteanais nó na ndamáistí a baineadh dó nó di, i gcásanna inar chinn comhlacht athbhreithnithe go ndearnadh sárú nó mainneachtain dá dtagraítear i mír 1. An cúiteamh i leith an chaillteanais nó na ndamáistí a baineadh dó, féadfaidh sé a bheith teoranta do na costais a bhaineann dó nó di le hullmhú na tairisceana nó do na costais a bhaineann leis an agóid, nó dóibh araon.

## AIRTEAGAL 21.18

### Cumhdach a Mhodhnú agus a Cheartú

1. Féadfaidh an tAontas Eorpach Iarscríbhinn 21- A (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid an Aontais Eorpaigh) a mhodhnú nó a cheartú agus féadfaidh Meicsiceo Iarscríbhinn 21- B (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid Mheicsiceo) a mhodhnú nó a cheartú.

Modhnuithe

2. Má bheartaíonn Páirtí Iarscríbhinn 21- A (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid an Aontais Eorpaigh) nó Iarscríbhinn 21- B (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid Mheicsiceo) faoi seach a mhodhnú, déanfaidh an Páirtí sin mar a leanas:

(a) tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don Pháirtí eile; agus

(b) áireoidh sé san fhógra togra le haghaidh coigeartuithe cúiteacha iomchuí le haghaidh an Pháirtí eile chun leibhéal cumhdaigh a choinneáil ar bun atá inchomparáide leis an leibhéal sin a bhí ann roimh an modhnú.

3. D'ainneoin fhomhír 2(b), ní gá do Pháirtí coigeartuithe cúiteacha a sholáthar más rud é go gcumhdaítear leis an modhnú eintiteas soláthair ar dhíothaigh an Páirtí go héifeachtach a rialú nó an tionchar a bhíodh aige air. Glactar leis go ndíothaítear go héifeachtach rialú nó tionchar rialtais i leith soláthar faoi chumhdach eintiteas soláthair a chumhdaítear faoi Roinn C d'Iarscríbhinní 21- A (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid an Aontais Eorpaigh), nó faoi Fholiosta 2 de gach Stát de Roinn B nó Roinn C d'Iarscríbhinn 21- B (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid Mheicsiceo) má tá an t- eintiteas soláthair neamhchosanta ar iomaíocht ar mhargaí nach bhfuil rochtain orthu srianta.

4. Féadfaidh an Páirtí eile agóid a dhéanamh in aghaidh an mhodhnaithe atá beartaithe, a dtugtar fógra ina leith de bhun mhír 2, má dhíospóideann sé:

(a) go bhfuil coigeartú a bheartaítear i gcomhréir le fomhír 2(b) leordhóthanach chun leibhéal inchomparáide leis an gcumhdach atá ann cheana dá ndéantar foráil sa Chaibidil seo a choinneáil ar bun;

(b) go gcumhdaítear leis an modhnú eintiteas soláthair ar dhíothaigh an Páirtí go héifeachtach a rialú nó an tionchar a bhíodh aige air i gcomhréir le mír 3.

Déanfar an agóid i scríbhinn laistigh de 45 lá ón tráth a gheofar an fógra dá dtagraítear i bhfomhír 2(a), nó measfar gur ghlac an Páirtí sin leis an gcoigeartú nó leis an modhnú, lena n- áirítear chun críocha Chaibidil 31 (Réiteach Díospóidí).

Ceartúcháin

5. Maidir leis na hathruithe seo a leanas ar Iarscríbhinní 21- A (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid an Aontais Eorpaigh) nó 21- B (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid Mheicsiceo), measfar gur ceartúchán de chineál foirmiúil amháin iad, ar choinníoll nach ndéanfar difear leo don chumhdach atá ann cheana dá ndéantar foráil sa Chaibidil seo:

(a) athrú ar ainm eintitis soláthair;

(b) cumasc dhá eintiteas nó níos mó a chumhdaítear faoi Roinn A go C d’Iarscríbhinní 21- A (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid an Aontais Eorpaigh) nó 21- B (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid Mheicsiceo); agus

(c) scaradh eintitis a chumhdaítear faoi Roinn A go C d’Iarscríbhinní 21- A (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid an Aontais Eorpaigh) nó 21- B (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid Mheicsiceo) ina dhá eintiteas nó níos mó a gcuirtear iad go léir leis na heintitis soláthair a chumhdaítear faoin Roinn chéanna d’Iarscríbhinní 21- A (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid an Aontais Eorpaigh) nó 21- B (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid Mheicsiceo).

6. Tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile gach 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ar cheartúcháin atá beartaithe ar Iarscríbhinní 21-A (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid an Aontais Eorpaigh) nó 21-B (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid Mheicsiceo).

7. Féadfaidh Páirtí fógra a thabhairt i scríbhinn don Pháirtí eile faoi agóid in aghaidh ceartúchán atá beartaithe laistigh de 45 lá ón bhfógra a fháil. Má chuireann Páirtí agóid isteach, míneoidh sé na cúiseanna a mheasann sé nach athrú dá ndéantar foráil i mír 5 é an ceartúchán atá beartaithe, agus tabharfaidh sé tuairisc ar éifeacht an cheartúcháin atá beartaithe ar an gcumhdach dá bhforáiltear sa Chaibidil seo. Mura gcuirfear isteach aon agóid i scríbhinn laistigh de 45 lá tar éis an dáta a fhaightear an fógra, measfar gur thoiligh an Páirtí eile leis an gceartúchán atá beartaithe.

Comhairliúcháin agus Réiteach Díospóidí.

8 Má dhéanann an Páirtí eile agóid in aghaidh an mhodhnaithe nó an cheartúcháin atá beartaithe, féachfaidh na Páirtithe leis an tsaincheist a réiteach trí chomhairliúcháin. Mura dtiocfar ar aon chomhaontú laistigh de 60 lá ón dáta a fhaightear an agóid, an Páirtí atá ag féachaint le hIarscríbhinn 21- A (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid an Aontais Eorpaigh) nó Iarscríbhinn 21- B (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid Mheicsiceo) a mhodhnú nó a cheartú, féadfaidh sé an t- ábhar a tharchur chuig réiteach díospóidí faoi Chaibidil 31 (Réiteach Díospóidí). Ní bheidh éifeacht ag an modhnú ná ag an gceartú atá beartaithe go dtí go dtiocfaidh an dá Pháirtí ar chomhaontú nó, más rud é go ndéantar foráil maidir lena leithéid i rialú painéil i dtuarascáil chríochnaitheach i gcomhréir le hAirteagal 31.13 (Tuarascáil Chríochnaitheach).

AIRTEAGAL 21.19

An Fochoiste um Sholáthar Poiblí

An Fochoiste um Sholáthar Poiblí a bhunaítear de bhun Airteagal 1.10 (Fochoistí agus Comhlachtaí eile de Chuid III den Chomhaontú seo), rachaidh sé i ngleic le hábhair a bhaineann le cur chun feidhme agus le feidhmiú na Caibidle seo, amhail:

(a) modhnú ar Iarscríbhinní 21- A (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid an Aontais Eorpaigh) agus 21- B (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid Mheicsiceo);

(b) cinntí lena modhnaítear Iarscríbhinní 21- A (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid an Aontais Eorpaigh) agus 21- B (Soláthar Faoi Chumhdach de chuid Mheicsiceo) a ullmhú le haghaidh na Comhairle Comhpháirtí;

(c) ábhair maidir le soláthar rialtais a bhaineann leis an gCaibidil seo arna dtarchur chuige ag Páirtí; agus

(d) aon ábhar eile a bhaineann le hoibriú na Caibidle seo.

CAIBIDIL 22

FIONTAIR FAOI ÚINÉIREACHT STÁIT, FIONTAIR DAR DEONAÍODH CEARTA NÓ PRIBHLÉIDÍ SPEISIALTA AGUS MONAPLACHTAÍ AINMNITHE

AIRTEAGAL 22.1

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'Socrú' an Socrú maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin arna dTacú go hOifigiúil, a forbraíodh faoi chuimsiú ECFE nó faoi chuimsiú gnóthas comharba, cibé acu a forbraíodh é laistigh nó lasmuigh de chreat ECFE, ar socrú é a ghlac 12 Bhallstát bunaidh de EDT ar a laghad ar Rannpháirtithe sa Socrú iad ón 1 Eanáir 1979;

(b) ciallaíonn 'gníomhaíochtaí tráchtála' gníomhaíochtaí arb é an toradh deiridh orthu táirgeadh earra nó soláthar seirbhíse, rud a dhíolfar sa mhargadh ábhartha i gcainníochtaí agus ar phraghsanna arna gcinneadh ag fiontar ar bhonn choinníollacha an tsoláthair agus an éilimh, agus a dhéantar agus iad dírithe ar bhrabús a dhéanamh[14];

---

[14] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, eisiatar leis sin gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag fiontar: (a) a fheidhmíonn ar bhonn neamhbhrabúis; nó (b) a fheidhmíonn ar bhonn gnóthaithe costas.

(c) ciallaíonn 'breithnithe tráchtála' praghas, cáilíocht, infhaighteacht, indíoltacht, iompar agus téarmaí agus coinníollacha ceannaigh nó díola eile; nó tosca eile a bheadh curtha san áireamh de ghnáth i gcinntí tráchtála fiontair atá faoi úinéireacht phríobháideach agus a oibríonn de réir phrionsabail an gheilleagair margaidh sa ghnó nó sa tionscal ábhartha;

(d) ciallaíonn 'ainmniú' monaplacht a bhunú nó a údarú, nó raon feidhme monaplachta a leathnú chun earra nó seirbhís bhreise a chumhdach;

(e) ciallaíonn 'monaplacht ainmnithe' eintiteas, bíodh sé poiblí nó príobháideach, lena n- áirítear cuibhreannas nó gníomhaireacht rialtais, a ainmnítear in aon mhargadh ábhartha i gcríoch Pháirtí mar an soláthróir nó ceannaitheoir aonair earra nó seirbhíse, ach ní áirítear leis sin eintiteas ar deonaíodh ceart eisiach maoine intleachtúla dó mar gheall ar an deonú sin amháin[15];

(f) ciallaíonn 'fiontar dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta' fiontar, bíodh sé poiblí nó príobháideach, lena n- áirítear fochuideachta, dar dheonaigh Páirtí cearta nó pribhléidí speisialta, le dlí nó le gníomh; tagann cearta nó pribhléidí speisialta chun cinn más rud é go n- ainmníonn Páirtí fiontair atá údaraithe chun earra nó seirbhís a sholáthar, nó go dteorannaíonn sé líon na bhfiontar sin, de réir critéir nach critéir oibiachtúla, chomhréireacha agus neamh- idirdhealaitheacha iad, ar bhealach lena ndéantar difear substaintiúil do chumas aon fhiontair eile an t- earra nó an tseirbhís chéanna a sholáthar sa limistéar geografach céanna faoi choinníollacha atá coibhéiseach go substaintiúil;

---

15 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le monaplachtaí nádúrtha mura n- ainmnítear iad de réir bhrí fhomhír 1(d).

(g) tá an bhrí chéanna le 'institiúid airgeadais' agus 'seirbhís airgeadais' agus atá leo in Airteagal 18.1 (Sainmhínithe);

(h) ciallaíonn 'seirbhís a sholáthraítear agus údarás rialtasach á fheidhmiú' seirbhís a sholáthraítear agus údarás rialtasach á fheidhmiú mar a shainmhínítear in GATS agus, i gcás inarb infheidhme, san Iarscríbhinn maidir le Seirbhísí Airgeadais a ghabhann le GATS[16];

(i) ciallaíonn 'fiontar faoi úinéireacht stáit' fiontar atá faoi úinéireacht nó faoi rialú ag Páirtí[17].

AIRTEAGAL 22.2

Údarás Tarmligthe

Mura sonraítear a mhalairt sa Chomhaontú seo, áiritheoidh gach Páirtí, maidir le haon duine, lena n- áirítear fiontar faoi úinéireacht stáit, fiontar dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó monaplacht ainmnithe a ndearna Páirtí údarás rialála, údarás riaracháin nó údarás rialtais eile a tharmligean chuige, go ngníomhóidh an duine sin i gcomhréir le hoibleagáidí an Pháirtí mar a leagtar amach faoin gComhaontú seo le linn dó an t- údarás sin a fheidhmiú.

---

16 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear ar sheirbhísí a sholáthraítear agus údarás rialtasach á fheidhmiú seirbhísí a sholáthraíonn banc ceannais, údarás airgeadaíochta, comhlacht rialála airgeadais nó údarás réitigh Páirtí.

17 Chun úinéireacht nó rialú a bhunú, cuirfear na gnéithe ábhartha dlíthiúla agus fíorasacha uile san áireamh ar bhonn cás ar chás.

AIRTEAGAL 22.3

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le fiontair faoi úinéireacht stáit, fiontair dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta agus monaplachtaí ainmnithe a ghabhann do ghníomhaíocht tráchtála. I gcás ina ngabhann fiontar faoi úinéireacht stáit, fiontar dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó monaplacht ainmnithe do ghníomhaíochtaí tráchtála agus neamhthráchtála araon[18], ní chumhdaítear leis an gCaibidil seo ach na gníomhaíochtaí tráchtála amháin.

2. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) fiontair faoi úinéireacht stáit, fiontair dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta agus monaplachtaí ainmnithe agus iad ag gníomhú mar eintitis soláthair a dhéanann soláthar faoi chumhdach mar a shainmhínítear in Airteagal 21.1(c) (Sainmhínithe);

(b) aon seirbhís a sholáthraítear agus údarás rialtasach á fheidhmiú;

---

18 Áirítear leis sin sainordú seirbhíse poiblí dlisteanach a dhéanamh.

(c) gníomhaíochtaí arna ndéanamh acu seo a leanas:

(i) institiúid airgeadais nó eintiteas dlítheanach eile, faoi úinéireacht nó faoi rialú Páirtí, a bhunaítear nó a fheidhmítear go sealadach chun críoch réitigh agus chun na gcríoch sin amháin[19];

(ii) eintiteas poiblí, lena n- áirítear iontaobhas poiblí, a dhéanann, de bhun sainordú seirbhíse poiblí agus dá bhun sin amháin arb é is aidhm dó rannchuidiú le forbairt chothrom sheasta an Pháirtí lena mbaineann, seirbhísí airgeadais a sholáthar do chuntas an Pháirtí sin nó le ráthaíocht an Pháirtí sin nó ag úsáid acmhainní airgeadais an Pháirtí sin; agus

(iii) eintiteas poiblí de bhun sainordú seirbhíse poiblí a bhaineann le córas reachtúil slándála sóisialta nó pleananna scoir phoiblí; agus

(d) fiontar faoi úinéireacht stáit, fiontar dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta agus monaplachtaí ainmnithe más amhlaidh, tráth a chinntear méid na tairsí, in aon cheann de na 3 bliana fhioscacha as a chéile roimhe sin, gur lú ná 200 milliún ceart tarraingthe speisialta an t- ioncam bliantúil a díorthaíodh óna ghníomhaíochtaí tráchtála.

---

19 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr: a) léirmhínítear an téarma ‘réiteach’ i gcomhréir le dlí an Pháirtí ina mbunaítear an institiúid airgeadais nó an t- eintiteas dlítheanach eile, b) ní ghabhann an institiúid airgeadais ná an t- eintiteas dlítheanach eile d’aon ghníomhaíocht tráchtála nach mbaineann go díreach lena críocha réitigh.

3. Níl feidhm ag Airteagal 22.6 maidir le soláthar seirbhísí airgeadais ag fiontar faoi úinéireacht stáit, fiontar dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta agus monaplacht ainmnithe de bhun sainordú rialtais, más rud é:

(a) go dtacaíonn an soláthar seirbhísí airgeadais sin le honnmhairí nó allmhairí, ar choinníoll:

(i) nach mbeartaítear na seirbhísí sin chun maoiniú tráchtála a chur as áit; nó

(ii) go dtairgtear na seirbhísí sin faoi théarmaí nach fabhraí ná na téarmaí a d'fhéadfaí a fháil le haghaidh seirbhísí airgeadais inchomparáide ar an margadh tráchtála[20];

(b) go dtacaíonn an soláthar seirbhísí airgeadais sin le hinfheistíocht phríobháideach lasmuigh de chríoch an Pháirtí, ar choinníoll:

(i) nach mbeartaítear na seirbhísí sin chun maoiniú tráchtála a chur as áit; nó

(ii) go dtairgtear na seirbhísí sin faoi théarmaí nach fabhraí ná na téarmaí a d'fhéadfaí a fháil le haghaidh seirbhísí airgeadais inchomparáide ar an margadh tráchtála; nó

---

20 Más rud é nach dtairgtear aon seirbhís airgeadais inchomparáide ar an margadh tráchtála: (a) chun críocha fhomhíreanna (a)(ii) agus (b)(ii), féadfaidh an fiontar faoi úinéireacht stáit brath de réir mar is gá ar an bhfianaise atá ar fáil chun tagarmharc téarmaí a shuí ar a dtairgfí na seirbhísí sin ar an margadh tráchtála; agus (b) chun críocha fhomhíreanna (a)(i) agus (b)(i), measfar nach mbeartaítear an soláthar seirbhísí airgeadais chun maoiniú tráchtála a chur as áit.

(c) tairgtear é ar théarmaí atá comhsheasmhach leis an Socrú, ar choinníoll go dtagann sé faoi raon feidhme an tSocraithe.

4. Níl feidhm ag Airteagal 22.6 maidir leis na hearnálacha a leagtar amach i bhfomhíreanna 2(c) go (e) d’Airteagal 10.5 (Raon Feidhme).

5. Níl feidhm ag Airteagal 22.6 a mhéid a dhéanann fiontar faoi úinéireacht stáit, fiontar dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta agus monaplachtaí ainmnithe de chuid Páirtí earraí nó seirbhísí a cheannach nó a dhíol de bhun na nithe seo a leanas:

(a) aon bheart neamh- chomhréireach atá ann cheana a dhéanfaidh an Páirtí a choinneáil ar bun, a leanúint, a athnuachan nó a leasú i gcomhréir le hAirteagal 10.12 (Bearta Neamh- Chomhréireacha agus Eisceachtaí), Airteagal 11.8 (Bearta Neamh-Chomhréireacha agus Eisceachtaí) nó Airteagal 18.12 (Forchoimeádais agus Bearta Neamh-Chomhréireacha) mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I (Bearta atá ann Cheana) agus Roinn B d’Iarscríbhinn VI (Seirbhísí Airgeadais); nó

(b) aon bheart neamh- chomhréireach atá ann cheana a dhéanfaidh an Páirtí a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil le hearnálacha, fo- earnálacha nó gníomhaíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 10.12 (Bearta Neamh- Chomhréireacha agus Eisceachtaí), Airteagal 11.8 (Bearta Neamh- Chomhréireacha agus Eisceachtaí) nó Airteagal 18.12 (Forchoimeádais agus Bearta Neamh- Chomhréireacha) mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II (Bearta a Bheidh Ann Amach Anseo) agus Roinn B (Bearta a Bheidh Ann Amach Anseo) d’Iarscríbhinn VI (Seirbhísí Airgeadais).

6. Tá na Páirtithe ar aon intinn, maidir le beart a ghlactar nó a choinnítear ar bun faoi Iarscríbhinn 22- A (Gníomhaíochtaí Neamh- Chomhréireacha Mheicsiceo), nó a eisiatar ó raon feidhme na Caibidle seo, gur féidir an beart sin a choinneáil ar bun, ar choinníoll go ndéantar an beart sin, a mhéid a thagann sé faoi raon feidhme Chomhaontú EDT, a chur i bhfeidhm i gcomhréir le cearta agus le hoibleagáidí an Pháirtí a dhéanann an beart sin faoi Chomhaontú EDT[21].

AIRTEAGAL 22.4

Gníomhaíochtaí Neamh- Chomhréireacha

Níl feidhm ag Airteagal 22.6 maidir leis na gníomhaíochtaí neamh- chomhréireacha d'fhiontair faoi úinéireacht stáit nó de mhonaplachtaí ainmnithe a liostaítear in Iarscríbhinn 22- A (Gníomhaíochtaí Neamh- Chomhréireacha Mheicsiceo) i gcomhréir le téarmaí na hIarscríbhinne sin.

---

21 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, is é an sásra um réiteach díospóidí faoin gComhaontú um Réiteach Díospóidí an t- aon fhóram amháin le cinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar beart de chuid Páirtí a chur chun feidhme i gcomhréir le cearta agus le hoibleagáidí an Pháirtí sin faoi Chomhaontú EDT.

## AIRTEAGAL 22.5

### Forálacha Ginearálta

1. Gan dochar do chearta agus oibleagáidí gach Páirtí faoin gCaibidil seo, ní fhorléireofar aon ní sa Chaibidil seo mar ní chun cosc a chur ar Pháirtí fiontar faoi úinéireacht stáit a bhunú ná a choinneáil ar bun, cearta nó pribhléidí speisialta a dheonú d'fhiontar ná monaplacht a ainmniú ná a choinneáil ar bun.

2. Ní chuirfidh Páirtí de cheangal ar fhiontar faoi úinéireacht stáit, fiontar dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta ná monaplacht ainmnithe gníomhú ar bhealach atá ar neamhréir leis an gCaibidil seo, ná ní spreagfaidh Páirtí é ná í le déanamh amhlaidh.

## AIRTEAGAL 22.6

### Cóir Neamh- Idirdhealaitheach agus Cúrsaí Tráchtála

1. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh gach ceann dá fhiontair faoi úinéireacht stáit, dá fhiontair dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta agus dá mhonaplachtaí ainmnithe an méid seo a leanas agus iad ag gabhail do ghníomhaíochtaí tráchtála:

(a) go ngníomhóidh siad i gcomhréir le cúrsaí tráchtála le linn dó earra nó seirbhís a cheannach nó a dhíol, seachas chun téarmaí sainordaithe seirbhíse poiblí, nach bhfuil ar neamhréir le fomhíreanna (b) nó (c), a chomhlíonadh;

(b) agus earra nó seirbhís á ceannach aige:

(i) cóir nach lú fabhar a thabhairt d'earra nó do sheirbhís a sholáthraíonn fiontar de chuid an Pháirtí eile ná mar a thugann sé d'earra dá shamhail nó do sheirbhís dá samhail a sholáthraíonn fiontair de chuid an Pháirtí; agus

(ii) cóir nach lú fabhar a thabhairt d'earra nó do sheirbhís a sholáthraíonn fiontar ar infheistíocht faoi chumhdach é de réir bhrí Airteagal 10.1.1(c) (Sainmhínithe) i gcríoch an Pháirtí ná mar a thugann sé d'earra dá shamhail nó do sheirbhís dá samhail a sholáthraíonn fiontair de chuid an Pháirtí ar an margadh ábhartha i gcríoch an Pháirtí; agus

(c) agus earra nó seirbhís á díol aige:

(i) go dtugtar d'fhiontar an Pháirtí eile cóir nach lú fabhar ná mar a thugann sé d'fhiontair an Pháirtí; agus

(ii) cóir nach lú fabhar a thabhairt d'fhiontar ar infheistíocht faoi chumhdach é de réir bhrí Airteagal 10.1.1(c) (Sainmhínithe) i gcríoch an Pháirtí ná mar a thugann sé d'fhiontair de chuid an Pháirtí ar an margadh ábhartha i gcríoch an Pháirtí[22].

---

22 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, níl feidhm ag an Airteagal seo maidir le ceannach nó díol scaireanna, stoic nó cineálacha eile cothromais ag fiontar faoi úinéireacht stáit, fiontar dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó monaplacht ainmnithe mar mhodh lena rannpháirtíocht chothromais i bhfiontar eile.

2. Ar choinníoll go ndéantar téarmaí nó coinníollacha éagsúla nó diúltú den sórt sin i gcomhréir le cúrsaí tráchtála, ní chuirfear bac le mír 1 ar fhiontair faoi úinéireacht stáit, ar fhiontair dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta ná ar mhonaplachtaí ainmnithe ó thaobh:

(a) earraí nó seirbhísí a cheannach nó a sholáthar de réir téarmaí nó coinníollacha éagsúla, lena n- áirítear iad sin a bhaineann le praghas; nó

(b) diúltú earraí nó seirbhísí a cheannach nó a sholáthar.

AIRTEAGAL 22.7

Creat Rialála

1. Féachfaidh na Páirtithe le caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha a urramú agus leis an úsáid is fearr a bheith astu, lena n- áirítear Treoirlínte ECFE maidir le Rialachas Corparáideach Fiontar faoi Úinéireacht Stáit.

2. Maidir le haon chomhlacht rialála nó údaráis inniúil atá bunaithe nó coinnithe ar bun ag an bPáirtí, agus a bhfuil feidhm rialála á feidhmiú aige, áiritheoidh gach Páirtí:

(a) go mbeidh sé neamhspleách ar aon cheann de na fiontair a ndéanann an comhlacht nó an t- údarás inniúil sin rialáil orthu chun éifeachtacht na feidhme rialála a áirithiú, agus nach mbeidh sé cuntasach dóibh; agus

(b) go ngníomhóidh sé go neamhchlaonta[23] in imthosca comhchosúla maidir leis na fiontair uile a rialaíonn an comhlacht nó an t- údarás inniúil sin, lena n- áirítear fiontair faoi úinéireacht stáit, fiontair dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta agus monaplachtaí ainmnithe[24].

3. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar dlíthe agus rialacháin a fhorfheidhmiú ar bhealach comhsheasmhach neamh- idirdhealaitheach, lena n- áirítear maidir le fiontair faoi úinéireacht stáit, fiontair dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta agus monaplachtaí ainmnithe.

---

23 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, maidir leis an neamhchlaontacht lena bhfeidhmíonn an comhlacht rialála nó an t- údarás inniúil a fheidhmeanna rialála, tá measúnú le déanamh air faoi threoir patrún nó cleachtas ginearálta de chuid an chomhlachta rialála sin nó an údaráis inniúil sin.

24 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, le haghaidh na n- earnálacha sin inar chomhaontaigh na Páirtithe le hoibleagáidí sonracha a bhaineann leis an gcomhlacht rialála i gCaibidlí eile, beidh forlámhas ag an bhforáil ábhartha sna Caibidlí eile sin.

AIRTEAGAL 22.8

Trédhearcacht

1. Soláthróidh Páirtí, ar iarraidh i scríbhinn ón bPáirtí eile, an fhaisnéis seo a leanas maidir le fiontar faoi úinéireacht stáit, fiontar dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó monaplacht ainmnithe, ar choinníoll go n- áireofar san iarraidh míniú ar an gcaoi a bhféadfadh gníomhaíochtaí an fhiontair sin faoi úinéireacht stáit, an fhiontair sin dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó an mhonaplacht ainmnithe sin difear a dhéanamh do leasanna an Pháirtí is iarrthóir faoin gCaibidil seo:

(a) céatadán na scaireanna atá faoi úinéireacht charnach an Pháirtí iarrtha, a fhiontar faoi úinéireacht stáit, a fhiontar dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó a mhonaplachtaí ainmnithe, agus céatadán na gceart vótála atá ina seilbh go carnach, san fhiontar faoi úinéireacht stáit, san fhiontar dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó sa mhonaplacht ainmnithe;

(b) tuairisc ar aon scair speisialta nó ceart vótála speisialta nó ceart eile a shealbhaíonn an Páirtí iarrtha, a fhiontair faoi úinéireacht stáit, a fhiontair dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó a mhonaplachtaí ainmnithe, a mhéid a bheidh na cearta sin éagsúil leis na cearta a ghabhann le scaireanna coiteanna ginearálta an fhiontair sin faoi úinéireacht stáit, an fhiontair sin dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó na monaplachta ainmnithe sin;

(c) struchtúr eagraíochtúil an fhiontair faoi úinéireacht stáit, an fhiontair dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó na monaplachta ainmnithe, comhdhéanamh an bhoird stiúrthóirí nó comhlachta choibhéisigh, teidil oifigiúla aon oifigigh phoiblí atá ag fónamh mar oifigeach nó mar chomhalta den bhord stiúrthóirí nó den chomhlacht coibhéiseach sin;

(d) tuairisc ar na ranna rialtais nó na comhlachtaí poiblí a rialaíonn na fiontair faoi úinéireacht stáit, na fiontair dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó na monaplachtaí ainmnithe nó a dhéanann faireachán orthu, tuairisc ar na ceanglais tuairiscithe a fhorchuireann na ranna rialtais nó na comhlachtaí poiblí sin orthu más indéanta, agus ar chearta agus cleachtais[25] na ranna rialtais nó aon chomhlachta phoiblí maidir le feidhmeannaigh shinsearacha agus comhaltaí den bhord stiúrthóirí nó d'aon chomhlacht bainistíochta coibhéiseach eile a cheapadh nó a bhriseadh as a bpost nó luach a saothair a thabhairt dóibh;

(e) ioncam bliantúil agus sócmhainní iomlána an fhiontair faoi úinéireacht stáit, an fhiontair dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó na monaplachta ainmnithe thar an tréimhse 3 bliana is déanaí a bhfuil faisnéis ar fáil ina leith;

(f) aon díolúine dá dtairbhíonn an fiontar faoi úinéireacht stáit, an fiontar dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó an mhonaplacht ainmnithe faoi dhlí an Pháirtí iarrtha; agus

---

25 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní áirítear ar an téarma 'cleachtais' na cúiseanna le feidhmeannaigh shinsearacha agus comhaltaí den bhord stiúrthóirí nó d'aon chomhlacht coibhéiseach eile a cheapadh nó a bhriseadh as a bpost nó luach a saothair a thabhairt dóibh.

(g) aon fhaisnéis bhreise maidir leis an bhfiontar faoi úinéireacht stáit, leis an bhfiontar dar deonaíodh cearta nó pribhléidí speisialta nó leis an monaplacht ainmnithe atá ar fáil go poiblí, lena n- áirítear tuarascálacha airgeadais agus iniúchtaí tríú páirtí.

2. Mura mbeidh an fhaisnéis arna hiarraidh ar fáil, soláthróidh an Páirtí iarrtha na cúiseanna atá leis sin i scríbhinn don Pháirtí is iarrthóir.

3. Más rud é go soláthraíonn Páirtí faisnéis i scríbhinn de bhun iarraidh i gcomhréir leis an Airteagal seo agus má chuireann sé an Páirtí is iarrthóir ar an eolas go measann sé go bhfuil an fhaisnéis sin rúnda, ní nochtfaidh an Páirtí is iarrthóir an fhaisnéis sin gan toiliú an Pháirtí a sholáthraíonn an fhaisnéis a fháil roimh ré.

CAIBIDIL 23

BEARTAS IOMAÍOCHTA

AIRTEAGAL 23.1

Prionsabail Ghinearálta

Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá iomaíocht shaor gan saobhadh ina gcaidreamh trádála agus infheistíochta. Admhaíonn na Páirtithe go bhféadfadh cleachtais ghnó fhrithiomaíocha agus idirghabhálacha Stáit saobhadh a dhéanamh ar fheidhmiú cuí margaí agus dochar a dhéanamh do shochair an léirscaoilte trádála agus infheistíochta. Tá na Páirtithe ar aon intinn go gcabhrófar le tairbhí an Chomhaontaithe seo a dhaingniú ach cosc a chur ar iomaíocht den sórt sin, gníomhaíochtaí abhcóideachta a chur chun cinn agus comhoibriú a dhéanamh ar ábhair a chumhdaítear sa Chaibidil seo.

AIRTEAGAL 23.2

Dlí na hIomaíochta agus Cleachtais Ghnó Fhrithiomaíocha

1. Déanfaidh gach Páirtí dlí cuimsitheach na hiomaíochta a choinneáil ar bun nó a ghlacadh ar a chríoch ag a bhfuil feidhm maidir leis na hearnálacha uile den gheilleagar[26] agus lena ndírítear, ar bhealach éifeachtach, ar na cleachtais ghnó seo a leanas:

(a) comhaontuithe idir fiontair, cinntí ó chomhlachais fiontar agus cleachtais chomhbheartaithe arb é is cuspóir nó is éifeacht dóibh an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh;

(b) mí- úsáid ag aon fhiontar amháin nó níos mó, ag a bhfuil cumhacht shubstaintiúil sa mhargadh aonair go haonarach nó i gcomhpháirt, agus a bhfuil nó a bhféadfadh sé a bheith de chuspóir nó d'éifeacht ag na mí- úsáidí cosc, srian nó saobhadh ar an iomaíocht sa mhargadh ábhartha sin nó in aon mhargadh gaolmhar; agus

---

[26] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá feidhm ag dlí na hiomaíochta san Aontas Eorpach maidir le hearnáil na talmhaíochta i gcomhréir le Rialachán 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n- aisghairtear
Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001
agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle, IO L 347, 20.12.2013, lch. 671. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá feidhm ag an *Ley Federal de Competencia Económica* (Dlí Cónaidhme na hIomaíochta Eacnamaíche), a foilsíodh in *Diario Oficial de la Federación* (Iris Oifigiúil na Cónaidhme) an 23 Bealtaine 2014, maidir leis na hearnálacha uile i Meicsiceo dá ndéanann na húdaráis iomaíochta a rialacháin, a gcritéir nó a dtreoirlínte féin a leagan amach i gcomhréir le leasuithe 2013 ar an mBunreacht, a foilsíodh in *Diario Oficial de la Federación* (Iris Oifigiúil na Cónaidhme) an 11 Meitheamh 2013.

(c) comhchruinnithe idir fiontair a bhfuil mar thoradh orthu nó a bhféadfadh a bheith mar thoradh orthu laghdú substaintiúil ar an iomaíocht nó a chuireann bac mór ar an iomaíocht éifeachtach nó a d'fhéadfadh bac mór a chur ar an iomaíocht éifeachtach, go háirithe de dheasca ceannasacht a chruthú nó a neartú.

2. Beidh gach fiontar, idir phríobháideach agus phoiblí, faoi réir dhlí na hiomaíochta dá dtagraítear san Airteagal seo.

3. Déanfaidh gach Páirtí gníomhaíocht iomchuí maidir le cleachtais ghnó fhrithiomaíocha chun beartas iomaíochta a chur chun cinn.

4. A mhéid a fhoráiltear i ndlí Páirtí, níor cheart do chur i bhfeidhm dhlí na hiomaíochta bac a chur ar fheidhmiú, sa dlí nó i bhfíoras, na dtascanna sonracha leasa phoiblí a d'fhéadfaí a shannadh ar fhiontair. Díolúintí ó dhlí iomaíochta Páirtí, ba cheart dóibh a bheith teoranta do thascanna leasa phoiblí, comhréireach leis an gcuspóir beartais phoiblí inmhianaithe, agus trédhearcach.

## AIRTEAGAL 23.3

### Cur chun feidhme

1. Déanfaidh gach Páirtí a neamhspleáchas a choinneáil ar bun maidir le leasú agus forfheidhmiú a dhlí iomaíochta.

2. Déanfaidh gach Páirtí údarás nó údaráis iomaíochta a bhunú nó a choinneáil ar bun, a bheidh neamhspleách ó thaobh feidhme de agus a bheidh freagrach as cur i bhfeidhm iomlán agus forfheidhmiú éifeachtach a dhlí iomaíochta faoi seach, agus ag a mbeidh na cumhachtaí agus na hacmhainní is gá chuige sin.

3. Déanfaidh gach Páirtí a dhlí iomaíochta a chur i bhfeidhm ar bhealach trédhearcach neamh- idirdhealaitheach, agus prionsabail na cothroime nós imeachta agus cearta cosanta na bhfiontar lena mbaineann á n- urramú aige, lena n- áirítear an ceart chun éisteacht a fháil roimh chinneadh nó rún críochnaitheach.

4. Sa bheartas forfheidhmiúcháin, ní dhéanfaidh údarás nó údaráis iomaíochta Páirtí idirdhealú ar bhonn náisiúntacht an fhreagróra i nós imeachta forfheidhmiúcháin[27] ná náisiúntacht na dtríú daoine dá ndeonaítear ceart a bheith rannpháirteach i nós imeachta forfheidhmiúcháin den sórt sin.

5. Maidir le freagróir i nós imeachta forfheidhmiúcháin a dhéantar chun a chinneadh cibé acu atá nó nach bhfuil iompar an fhreagróra sin ina shárú ar a dhlí iomaíochta nó na smachtbhannaí nó na bearta ceartaitheacha riaracháin is ceart a ordú i gcás sárú ar an dlí sin, áiritheoidh gach Páirtí go dtabharfar deis don fhreagróir sin éisteacht a fháil agus fianaise a sholáthar ina chosaint. Go sonrach, áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh deis réasúnta ag an bhfreagróir chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfianaise ar a bhféadfadh an cinneadh a bhunú agus chun cur ina haghaidh.

---

[27] Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn nós imeachta forfheidhmiúcháin nós imeachta breithiúnach nó riaracháin tar éis imscrúdú ar an sárú líomhnaithe ar dhlí na hiomaíochta.

6. Maidir le seolaí a ndéantar cinneadh nó rún ina leith lena bhforchuirtear smachtbhanna nó réiteach riaracháin i gcás sárú ar a dhlí iomaíochta, ráthóidh gach Páirtí go dtabharfar an deis dó athbhreithniú breithiúnach ar an gcinneadh nó ar an rún sin a lorg.

AIRTEAGAL 23.4

Trédhearcacht

1. Aithníonn na Páirtithe luach na trédhearcachta ina mbeartais forfheidhmithe iomaíochta.

2. Foilseoidh gach Páirtí a rialacha riaracháin nó nós imeachta atá le fáil i ngníomhartha dlí ar dá mbun a dhéantar imscrúduithe agus nósanna imeachta forfheidhmithe dhlí na hiomaíochta. D'fhéadfaí a áireamh ar na rialacha riaracháin nó nós imeachta sin, a mhéid a fhoráiltear i ndlí iomaíochta gach Páirtí, nósanna imeachta lena mbaineann tráthchláir réasúnta chun fianaise a sholáthar sna nósanna imeachta sin.

3. Áiritheoidh gach Páirtí go bhfoilsítear leagan neamhrúnda d'aon chinneadh nó rún críochnaitheach lena gcinntear sárú ar a dhlí iomaíochta agus, de réir mar a bheidh, aon ordú lena ndéantar rún a chur chun feidhme, chun é a chur ar a chumas do dhaoine a bhfuil spéis acu ann dul i dtaithí air.

4. Maidir le gach cinneadh nó rún críochnaitheach lena gcinntear sárú ar a dhlí iomaíochta, áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh sé i scríbhinn agus go leagtar amach ann na cinntí fíorais agus an réasúnaíocht, lena n- áirítear an anailís dhlíthiúil agus, más infheidhme, an anailís eacnamaíoch, ar a mbunaítear an cinneadh nó an rún.

## AIRTEAGAL 23.5

### Comhar agus Comhordú

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá comhar agus comhordú idir a n- údaráis iomaíochta faoi seach maidir le hábhair a bhaineann lena ndlí iomaíochta agus beartais sa limistéar saorthrádála. Dá réir sin, féachfaidh údaráis iomaíochta na bPáirtithe le hoibriú i gcomhar maidir le hábhair a bhaineann lena ndlí iomaíochta faoi seach, lena n- áirítear trí chúnamh, fógra a thabhairt, comhairliúchán, agus malartú faisnéise.

2. Neartóidh na Páirtithe an comhar maidir le forfheidhmiú a ndlí iomaíochta a mhéid a luíonn sé lena ndlíthe agus lena leasanna tábhachtacha faoi seach, agus laistigh de theorainneacha a n- acmhainní atá ar fáil go réasúnta. Chun na críche sin, féachfaidh údaráis iomaíochta na bPáirtithe le faisnéis neamhrúnda, eispéiris agus tuairimí a mhalartú maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) a ndlí iomaíochta, a mbeartais agus a gcleachtais faoi seach, lena n- áirítear faisnéis ar dhíolúintí a dheonaítear faoina ndlí iomaíochta;

(b) forfheidhmiú a ndlí iomaíochta faoi seach; agus

(c) a ngníomhaíochtaí abhcóideachta faoi seach.

3. Féachfaidh na Páirtithe leis an gcomhar idir a n- údaráis iomaíochta i réimsí leasa fhrithpháirtigh a neartú a mhéid a luíonn sé lena ndlíthe agus lena leasanna tábhachtacha faoi seach, agus laistigh de theorainneacha a n- acmhainní atá ar fáil go réasúnta. Chun na críche sin. féachfaidh na Páirtithe le comhordú a dhéanamh, a mhéid is féidir, ar a ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a bhaineann leis na cásanna céanna nó gaolmhara.

4. Deimhníonn na Páirtithe go n- aithníonn a n- údaráis iomaíochta úsáid tarscaoiltí rúndachta ina réimsí forfheidhmiúcháin, agus admhaíonn gur ar bhonn deonach a chinneann fiontar a cheart a tharscaoileadh maidir le faisnéis rúnda a chosaint.

5. Ní dhéanfaidh aon ní san Airteagal seo teorainn a chur le discréid údaráis iomaíochta Pháirtí a chinneadh cé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar beart maidir le hiarrataí ar leith ó údaráis iomaíochta an Pháirtí eile.

6. Ní fhorléireofar aon ní san Airteagal seo mar ní lena gcuirfear cosc ar údaráis iomaíochta ceachtar den dá Pháirtí beart a dhéanamh maidir le cásanna ar leith.

7. Féadfaidh údaráis iomaíochta na bPáirtithe machnamh a dhéanamh ar shocrú comhair ar leithligh a dhéanamh ina leagfar amach na téarmaí arna gcomhaontú go frithpháirteach chun an comhar a chur chun feidhme.

AIRTEAGAL 23.6

Comhar Teicniúil

Measann na Páirtithe gurb é a gcomhleas é tacú le cuspóirí an Chomhaontaithe seo le comhar teicniúil chun eispéiris a chomhroinnt maidir le beartas iomaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus maidir lena ndlí iomaíochta faoi seach a fhorfheidhmiú, faoi réir na n- acmhainní atá ar fáil go réasúnta don dá Pháirtí.

AIRTEAGAL 23.7

Comhairliúcháin

1. Chun comhthuiscint idir na Páirtithe a chothú, nó chun dul i ngleic le hábhair shonracha maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm na Caibidle seo, déanfaidh Páirtí, arna iarraidh sin don Pháirtí eile, comhairliúcháin a dhéanamh maidir le hábhair arna dtarraingt anuas ag an bPáirtí eile. An Páirtí a iarrann comhairliúcháin, léireoidh sé, más ábhartha, conas mar a dhéanann an t- ábhar difear don trádáil nó don infheistíocht idir na Páirtithe.

2. Pléifidh na Páirtithe go pras aon cheist a eascraíonn as léirmhíniú nó cur i bhfeidhm na Caibidle seo.

3. Chun plé ar ábhar na gcomhairliúchán a éascú, féachfaidh an dá Pháirtí le faisnéis neamhrúnda ábhartha a sholáthar don Pháirtí eile.

AIRTEAGAL 23.8

Rúndacht Faisnéise

1. D'ainneoin aon fhoráil eile den Chaibidil seo, ní cheanglaítear ar Pháirtí faisnéis a sholáthar, más rud é go bhfuil toirmeasc ar nochtadh na faisnéise sin faoi dhlíthe an Pháirtí a bhfuil an fhaisnéis aige.

2. Más rud é go soláthraíonn Páirtí faisnéis faoin gCaibidil seo, coinneoidh an Páirtí eile rúndacht na faisnéise sin ar bun.

3. Más rud é go bhfaigheann údaráis iomaíochta Pháirtí faisnéis rúnda ó údaráis iomaíochta an Pháirtí eile faoi réir tarscaoileadh rúndachta, úsáidfidh údaráis iomaíochta an Pháirtí an fhaisnéis arna fáil i gcomhréir le téarmaí an tarscaoilte.

AIRTEAGAL 23.9

Údaráis Iomaíochta

Chun críocha na Caibidle seo, is iad seo a leanas, nó a gcomharbaí, na húdaráis iomaíochta:

(a) i gcás an Aontais Eorpaigh:

an Coimisiún Eorpach; agus

(b) i gcás Mheicsiceo:

(i) an Coimisiún in aghaidh Trustaí (Comisión Nacional Antimonopolio); agus

(ii) an Coimisiún um Rialú Teileachumarsáide (Comisión Reguladora de Telecomunicaciones (CRT)).

AIRTEAGAL 23.10

Gan Réiteach Díospóidí a Chur i bhFeidhm

Ní fhéadfaidh Páirtí dul ar iontaoibh réiteach díospóidí faoi Chaibidil 31 (Réiteach Díospóidí) maidir le léirmhíniú ná cur i bhfeidhm fhorálacha na Caibidle seo.

CAIBIDIL 24

FÓIRDHEONTAIS

AIRTEAGAL 24.1

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'fóirdheontas a sholáthraítear le haghaidh earraí' beart a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 1.1 den Chomhaontú maidir le Fóirdheontais agus le Bearta Frithchúitimh (SCM) agus atá sonrach i gcomhréir le hAirteagal 2 de Chomhaontú SCM agus de réir a bhrí.

(b) ciallaíonn 'fóirdheontas a sholáthraítear le haghaidh seirbhísí' beart lena mbaineann ranníocaíocht airgeadais ó rialtas nó ó chomhlacht poiblí agus lena mbronntar sochar agus atá sonrach d'fhiontar nó tionscal nó grúpa fiontar nó tionscal i gcomhréir le hAirteagal 2 de Chomhaontú SCM agus de réir a bhrí[28].

---

[28] Tá an sainmhíniú seo gan dochar do thoradh aon phlé a bheidh ann sa todhchaí in EDT maidir leis an sainmhíniú ar fhóirdheontais le haghaidh seirbhísí. Ag brath ar dhul chun cinn an idirphlé sin, féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach cinneadh a ghlacadh chun an Comhaontú sin a ghlacadh ina leith sin.

AIRTEAGAL 24.2

Prionsabail Ghinearálta

Aithníonn na Páirtithe go bhféadfaí fóirdheontais a dheonú nuair ba ghá chun cuspóir beartais phoiblí a bhaint amach. Admhaíonn na Páirtithe, áfach, go bhféadfadh fóirdheontais áirithe feidhmiú ceart na margaí a shaobhadh agus an bonn a bhaint de thairbhí an léirscaoilte trádála agus infheistíochta. I bprionsabal, níor cheart do Pháirtí fóirdheontais a dheonú d’fhiontair a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí má dhéanann siad difear diúltach, nó más dócha go ndéanfaidís difear diúltach, don trádáil nó don infheistíocht.

AIRTEAGAL 24.3

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le gach fiontar atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch. Má bhíonn fiontar ag gabháil do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus neamheacnamaíocha araon, níl feidhm ag an gCaibidil seo ach maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha an fhiontair sin agus leo sin amháin.

2. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le fóirdheontais a dheonaítear d'fhiontair a gcuirtear soláthar seirbhísí leasa phoiblí ar leith ar a n- iontaoibh, lena n- áirítear iad sin a chuirtear ar iontaoibh trí chearta nó pribhléidí speisialta, a mhéid atá na fóirdheontais sin teoranta don mhéid is gá chun costais na seirbhísí i gceist a chumhdach.

3. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le fóirdheontais a sholáthraítear le haghaidh earraí talmhaíochta ná fóirdheontais a sholáthraítear le haghaidh iasc agus táirgí iascaigh.

4. Cé is moite d'Airteagal 24.5, níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le fóirdheontais a sholáthraítear san earnáil chlosamhairc.

5. Níl feidhm ag Airteagal 24.7 maidir le fóirdheontais a sholáthraítear le haghaidh seirbhísí.

## AIRTEAGAL 24.4

### Gaolmhaireacht le EDT

Dearbhaíonn na Páirtithe a gcearta agus a n- oibleagáidí de bhun Airteagal XV de GATS, Airteagal XVI de GATT 1994, agus faoi Chomhaontú SCM.

AIRTEAGAL 24.5

Trédhearcacht

1. Cuirfidh gach Páirtí, maidir le haon fhóirdheontas a dheonaítear nó a choinnítear ar bun laistigh dá chríoch, an fhaisnéis seo a leanas ar fáil don phobal:

(a) bunús dlí an fhóirdheontais;

(b) foirm an fhóirdheontais;

(c) méid an fhóirdheontais nó an méid arna bhuiséadú don fhóirdheontas; agus

(d) más féidir, ainm an fhaighteora[29].

2. Measfar go gcomhlíonann Páirtí mír 1 más rud é:

(a) go dtugtar fógra do EDT de bhun Airteagal 25.1 de Chomhaontú SCM agus, más féidir, gur nochtadh ainm an fhaighteora don phobal; nó

---

[29] Tá feidhm ag fomhír 1(d) maidir le fóirdheontais dar luach 500 000 ceart tarraingthe speisialta agus níos mó.

(b) maidir leis an bhfaisnéis a cheanglaítear i mír 1, gur chuir an Páirtí sin an fhaisnéis sin ar fáil, nó gur cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil thar a cheann, ar shuíomh gréasáin atá inrochtana don phobal faoin 31 Nollaig den bhliain féilire tar éis na bliana ina ndearnadh an fóirdheontas a choinneáil ar bun nó a dheonú[30].

3. Maidir le fóirdheontais a sholáthraítear le haghaidh seirbhísí, níl feidhm ag an Airteagal seo ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) is mó ná 400 000 ceart tarraingthe speisialta méid an fhóirdheontais in aghaidh an tairbhí thar thréimhse 3 bliana as a chéile; agus

(b) deonaítear an fóirdheontas le haghaidh soláthar seirbhísí sna hearnálacha seo a leanas: closamharc, teileachumarsáid, seirbhísí airgeadais, iompar (lena n- áirítear muiriompar), fuinneamh (lena n- áirítear dáileadh leictreachais), comhshaol, ríomhairí, ailtireacht agus innealtóireacht, tógáil, agus seirbhísí poist agus cúiréireachta.

---

30 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, i gcás foilsiú fóirdheontais nó cláir fóirdheontais ar an suíomh gréasáin, ní dhéantar réamhbhreithiúnas ar a stádas dlíthiúil ná ar chineál an chláir féin.

AIRTEAGAL 24.6

Comhairliúcháin

1. Má mheasann Páirtí go bhfuil dochar á dhéanamh ag fóirdheontas arna dheonú ag an bPáirtí eile dá thrádáil nó dá infheistíocht, nó gur dócha go ndéanfadh sé dochar dá thrádáil nó dá infheistíocht, féadfaidh an chéad Pháirtí a ábhar imní a chur in iúl don Pháirtí eile agus comhairliúcháin ar an ábhar a iarraidh. Déanfaidh an Páirtí iarrtha breithniú tuisceanach iomlán ar an iarraidh sin.

2. I rith na gcomhairliúchán, féadfaidh an Páirtí is iarrthóir a iarraidh ar an bPáirtí eile faisnéis bhreise ar an bhfóirdheontas a sholáthar, amhail:

(a) bunús dlí agus cuspóir nó cuspóir beartais an fhóirdheontais;

(b) foirm an fhóirdheontais;

(c) dátaí agus fad an fhóirdheontais agus aon teorainn ama eile a ghabhann leis;

(d) ceanglais incháilitheachta an fhóirdheontais;

(e) an méid iomlán nó an méid bliantúil arna bhuiséadú le haghaidh an fhóirdheontais;

(f) ainm fhaighteoir an fóirdheontas, más féidir; agus

(g) aon fhaisnéis eile lenar féidir measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí díobhálacha an fhóirdheontais ar an trádáil nó ar an infheistíocht.

3. Soláthróidh an Páirtí iarrtha faisnéis ábhartha ar an bhfóirdheontas i gceist tráth nach déanaí ná 60 lá tar éis dháta fála na hiarrata dá dtagraítear i mír 2. I gcás nach soláthraítear sa fhreagra i scríbhinn aon fhaisnéis ábhartha arna hiarraidh de bhun mhír 2, míneoidh an Páirtí iarrtha an fáth nach ann don fhaisnéis sin ina fhreagra i scríbhinn.

4. Tar éis don Pháirtí is iarrthóir an fhaisnéis arna soláthar de bhun mhíreanna 2 agus 3 a fháil, más rud é go gcuireann sé in iúl don Pháirtí iarrtha go measann sé go mbaineann éifeachtaí díobhálacha móra leis an bhfóirdheontas lena mbaineann dá thrádáil nó dá infheistíocht, nó go bhféadfadh éifeachtaí díobhálacha móra a bheith ag baint leis, déanfaidh an Páirtí iarrtha a dhícheall na héifeachtaí díobhálacha móra sin a dhíothú nó a íoslaghdú laistigh de 1 bhliain amháin ina dhiaidh sin.

AIRTEAGAL 24.7

Fóirdheontais Faoi Réir Coinníollacha

1. Cuirfidh gach Páirtí coinníollacha i bhfeidhm maidir leis na fóirdheontais seo a leanas, a mhéid a dhéanann siad difear diúltach nó ar dócha go ndéanfaidís difear diúltach do thrádáil nó d’infheistíocht an Pháirtí eile:

(a) ceadaítear fóirdheontais nó socruithe dlíthiúla trína bhfuil rialtas freagrach as fiachais nó dliteanais fiontar áirithe a chumhdach ar choinníoll go mbeidh cumhdach na bhfiachas agus na ndliteanas sin teoranta a mhéid a bhaineann le méid na bhfiachas agus na ndliteanas sin nó fad na freagrachta sin;

(b) ceadaítear fóirdheontais le fiontair anásta nó dhócmhainneacha nó leo siúd atá ar tí a ndócmhainneachta faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

  (i) ullmhaíodh plean athstruchtúraithe inchreidte; beidh an plean sin bunaithe ar thoimhdí réalaíocha d’fhonn a áirithiú go bhfillfidh an fiontar ar inmharthanacht fhadtéarmach laistigh de thréimhse réasúnta; agus

  (ii) maidir le fiontair seachas fiontair bheaga agus mheánmhéide, ranníocfaidh siad féin le costais an athstruchtúrúcháin.

2. Ní fhorléireofar fomhír 1(b) mar chosc ar Pháirtí tacaíocht leachtachta shealadach a sholáthar i bhfoirm ráthaíochtaí iasachta nó iasachtaí le haghaidh na tréimhse is gá le réasún chun plean athstruchtúrúcháin a ullmhú. Beidh an tacaíocht leachtachta shealadach sin teoranta don mhéid is gá chun an fiontar a choimeád i ngnó agus chuige sin amháin.

AIRTEAGAL 24.8

Úsáid Fóirdheontas

Áiritheoidh gach Páirtí nach n-  úsáidfidh fiontair na fóirdheontais a dheonaigh sé ach le haghaidh an chuspóra beartais nó chun na críche a deonaíodh iad[31].

AIRTEAGAL 24.9

Gan Réiteach Díospóidí a Chur i bhFeidhm

Ní fhéadfaidh Páirtí dul ar iontaoibh réiteach díospóidí faoi Chaibidil 31 (Réiteach Díospóidí) maidir le léirmhíniú ná cur i bhfeidhm Airteagal 24.5, a mhéid a bhaineann sé le fóirdheontais a sholáthraítear le haghaidh seirbhísí, agus Airteagal 24.6.4.

---

31 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, meastar go gcomhlíonann Páirtí an oibleagáid sin má bhunaigh sé an creat reachtach iomchuí agus na nósanna imeachta riaracháin chuige sin.

CAIBIDIL 25

MAOIN INTLEACHTÚIL

ROINN A

Forálacha Ginearálta

AIRTEAGAL 25.1

Cuspóirí agus Prionsabail

1. Is é is cuspóir don Chaibidil seo leibhéal leordhóthanach éifeachtach cosanta agus forfheidhmiúcháin a bhaint amach i dtaobh cearta maoine intleachtúla chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) rannchuidiú le cur chun cinn na nuálaíochta teicneolaíche agus le haistriú agus scaipeadh na teicneolaíochta, rud a bheidh chun leasa fhrithpháirtigh táirgeoirí agus úsáideoirí eolais teicneolaíochta agus ar bhealach a chabhródh le leas sóisialta agus eacnamaíoch, agus le cothromaíocht idir cearta agus oibleagáidí; agus

(b) trádáil idir na Páirtithe a chur chun cinn agus a rialú, chomh maith le saobhadh agus bacainní ar thrádáil a laghdú.

2. Féadfaidh Páirtí, agus a dhlíthe agus a rialacháin á gceapadh nó á leasú, bearta a ghlacadh a bhfuil gá leo chun an tsláinte phoiblí agus an cothú a chosaint, agus chun leas an phobail a chur chun cinn in earnálacha atá ríthábhachtach dá bhforbairt shocheacnamaíoch agus theicneolaíoch, ar choinníoll go bhfuil na bearta sin i gcomhréir leis an gCaibidil seo.

3. Féadfaidh Páirtí bearta iomchuí a ghlacadh, ar choinníoll go bhfuil siad i gcomhréir le forálacha na Caibidle seo, chun cosc a chur ar mhí- úsáid ceart maoine intleachtúla ag sealbhóirí na gceart nó ar dhul i muinín cleachtas lena sriantar an t- aistriú idirnáisiúnta teicneolaíochta nó lena ndéantar dochar dó go míréasúnta.

4. Agus na cuspóirí beartais phoiblí is bun le córais intíre á gcur san áireamh, aithníonn na Páirtithe an gá atá ann na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) an nuálaíocht agus an chruthaitheacht a chur chun cinn;

(b) an scaipeadh faisnéise, eolais, teicneolaíochta, cultúir agus ealaíon a éascú; agus

(c) iomaíocht agus margaí oscailte éifeachtúla a chothú,

trína gcórais maoine intleachtúla faoi seach, agus prionsabal na trédhearcachta á urramú, agus leasanna gach páirtí leasmhair ábhartha, lena n- áirítear sealbhóirí ceart, úsáideoirí agus an pobal, á gcur san áireamh.

AIRTEAGAL 25.2

Cineál agus Raon Feidhme na nOibleagáidí

1. Geallann na Páirtithe cur chun feidhme leordhóthanach éifeachtach a áirithiú maidir leis na conarthaí idirnáisiúnta a phléann leis an maoin intleachtúil a bhfuil siad ina bpáirtithe iontu, lena n- áirítear Comhaontú TRIPS. Leis an gCaibidil seo comhlánófar agus sonrófar a thuilleadh cearta agus oibleagáidí gach Páirtí faoi Chomhaontú TRIPS agus faoi chonarthaí idirnáisiúnta eile i réimse na maoine intleachtúla a bhfuil siad ina bpáirtithe iontu.

2. Chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn 'cearta maoine intleachtúla' gach catagóir ceart maoine intleachtúla a chumhdaítear le Ranna 1 go 7 de Chuid II de Chomhaontú TRIPS chomh maith le cearta póraitheora plandaí. Áirítear le cosaint maoine intleachtúla cosaint in aghaidh iomaíocht éagórach dá dtagraítear in Airteagal 10bis de Choinbhinsiún Pháras chun Maoin Tionscail a Chosaint an 20 Márta 1883, a athbhreithníodh go deireanach i Stócólm an 14 Iúil 1967 (dá ngairtear 'Coinbhinsiún Pháras' anseo feasta).

3. Tabharfaidh gach Páirtí éifeacht d'fhorálacha na Caibidle seo. Féadfaidh Páirtí, ach ní cheanglófar air, cosaint agus forfheidhmiú níos láidre na gceart maoine intleachtúla a sholáthar ná mar a cheanglaítear leis an gCaibidil seo, ar choinníoll nach sáraíonn an chosaint ná an forfheidhmiú sin an Chaibidil seo. Beidh gach Páirtí saor chun modh cur chun feidhme iomchuí na Caibidle seo a chinneadh laistigh dá chóras dlí agus dá chleachtas féin.

AIRTEAGAL 25.3

Ídiú

Ní dhéanann an Chaibidil seo difear do shaoirse na bPáirtithe a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil feidhm ag an ídiú ceart maoine intleachtúla, agus na coinníollacha faoina bhfuil feidhm ag an ídiú sin.

## AIRTEAGAL 25.4

### Cóir Náisiúnta

1. Déanfaidh gach Páirtí cóir nach lú fabhar a thabhairt do náisiúnaigh[32] an Pháirtí eile ná mar a thugann sé dá náisiúnaigh féin maidir le cosaint na gceart maoine intleachtúla[33] a chumhdaítear sa Chaibidil seo, faoi réir na n- eisceachtaí dá bhforáiltear, faoi seach, i gCoinbhinsiún Pháras, i gCoinbhinsiún Bheirn chun Saothair Litríochta agus Ealaíon a Chosaint an 9 Meán Fómhair 1886, a athbhreithníodh go deireanach i bPáras an 24 Iúil 1971 (dá ngairtear 'Coinbhinsiún Bheirn' anseo feasta), an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chosaint Taibheoirí, Táirgeoirí Fónagram agus Eagraíochtaí Craolacháin, arna dhéanamh sa Róimh an 26 Deireadh Fómhair 1961 (dá ngairtear 'Coinbhinsiún na Róimhe' anseo feasta), nó an Conradh um Chosaint Maoine Intleachtúla i leith Ciorcaid Iomlánaithe, arna dhéanamh in Washington D.C. an 26 Bealtaine 1989. I dtaca le taibheoirí, táirgeoirí fónagram agus eagraíochtaí craolacháin, níl feidhm ag an oibleagáid seo ach amháin maidir leis na cearta a sholáthraítear faoin gComhaontú seo.

---

[32] Chun críocha na Caibidle seo, tá feidhm ag an sainmhíniú ar náisiúnaigh i gComhaontú TRIPS.

[33] Chun críocha na forála seo, áireofar le 'cosaint' ábhair a dhéanann difear d'infhaighteacht, éadáil, raon feidhme, cothabháil agus forfheidhmiú ceart maoine intleachtúla chomh maith leis na hábhair sin a dhéanann difear d'úsáid ceart maoine intleachtúla a dtugtar aghaidh orthu go sonrach sa Chaibidil seo.

2. Ní dhéanfaidh Páirtí, mar choinníoll chun cóir náisiúnta a thabhairt de bhun an Airteagail seo, a cheangal ar shealbhóirí ceart aon fhoirmiúlacht ná aon choinníoll a chomhlíonadh chun cearta a fháil i dtaca le cóipcheart agus cearta gaolmhara[34].

3. Féadfaidh Páirtí leas a bhaint as na heisceachtaí a cheadaítear de bhun mhír 1 maidir le nósanna imeachta breithiúnacha agus riaracháin, lena n- áirítear seoladh a ainmniú le haghaidh seirbhíse nó gníomhaire a cheapadh laistigh dá dhlínse, sna cásanna seo a leanas agus iontu sin amháin:

(a) gur gá na heisceachtaí sin lena áirithiú go gcomhlíonfar dlíthe nó rialacháin nach bhfuil ar neamhréir leis an gCaibidil seo; agus

(b) nach gcuirfear i bhfeidhm iad ar bhealach arb é a bheadh ann srian faoi cheilt ar thrádáil.

4. Ní bheidh aon oibleagáid de bhun an Airteagail seo ar Pháirtí maidir le nósanna imeachta a sholáthraítear i gcomhaontuithe iltaobhacha arna dtabhairt i gcrích faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil (dá ngairtear 'EDMI' anseo feasta) a bhaineann le héadáil nó coinneáil ar bun ceart maoine intleachtúla.

---

[34] Tá sé sin gan dochar d'Airteagal 11 de Choinbhinsiún na Róimhe.

ROINN B

Caighdeáin maidir le Cearta Maoine Intleachtúla

FOROINN B.1

Cóipcheart agus Cearta Gaolmhara

AIRTEAGAL 25.5

Conarthaí Idirnáisiúnta

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanas maidir leis na comhaontuithe idirnáisiúnta seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) Coinbhinsiún Bheirn;

(b) Coinbhinsiún na Róimhe;

(c) Conradh EDMI um Chóipcheart, arna ghlacadh sa Ghinéiv an 20 Nollaig 1996; agus

(d) Conradh EDMI um Thaibhithe agus Fónagraim, arna ghlacadh sa Ghinéiv an 20 Nollaig 1996.

2. Déanfaidh na Páirtithe gach iarracht réasúnta chun forálacha Chonradh Bhéising maidir le Taibhithe Closamhairc, arna ghlacadh i mBéising an 24 Meitheamh 2012, agus Conradh Marrakech maidir le rochtain ar shaothair fhoilsithe a éascú do dhaoine dalla, do dhaoine lagamhairc nó dóibh siúd atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar aon bhealach eile, arna ghlacadh in Marrakech an 27 Meitheamh 2013, a chomhlíonadh.

AIRTEAGAL 25.6

Údair

Tabharfaidh gach Páirtí an ceart eisiach d’údair chun na nithe seo a leanas a údarú nó a thoirmeasc:

(a) atáirgeadh díreach nó neamhdhíreach, sealadach nó buan ar aon mhodh agus in aon fhoirm, go hiomlán nó go páirteach, ar a gcuid saothar;

(b) aon chineál scaipeadh ar an bpobal tríd an leagan bunaidh dá gcuid saothar, nó cóipeanna de, a dhíol nó ar bhealach eile;

(c) aon chumarsáid leis an bpobal maidir lena gcuid saothar trí shreang nó gan sreang, lena n-áirítear a gcuid saothar a chur ar fáil don phobal ar shlí a bhféadfaidh an pobal rochtain a fháil orthu ó áit agus ag am dá rogha féin; agus

(d) bunleaganacha nó cóipeanna a gcuid saothar a ligean ar cíos ar bhonn tráchtála don phobal.

AIRTEAGAL 25.7

Taibheoirí

Tabharfaidh gach Páirtí an ceart eisiach do thaibheoirí chun na nithe seo a leanas a údarú nó a thoirmeasc:

(a) fosú a[35] dtaibhithe;

(b) atáirgeadh díreach nó neamhdhíreach, sealadach nó buan ar aon mhodh agus in aon fhoirm, go hiomlán nó go páirteach, ar fhosú a dtaibhithe;

(c) fosú a dtaibhithe a scaipeadh ar an bpobal, trína ndíol nó ar bhealach eile;

(d) fosú a dtaibhithe a scaipeadh ar an bpobal, trí shreang nó gan sreang, lena n- áirítear a gcuid saothar a chur ar fáil don phobal ar bhealach a bhféadfaidh an pobal rochtain a fháil orthu ó áit agus ag am dá rogha féin;

(e) a dtaibhithe a chraoladh ar mhodh gan sreang leis an bpobal, agus a chur in iúl don phobal, ach amháin i gcás inar taibhiú craolta cheana féin é an taibhiú nó ina ndéantar é ó fhosú; agus

---

35 Ciallaíonn 'fosú' corprú fuaimeanna nó íomhánna gluaisteacha, nó corprú léirithe orthu, óna bhféadtar iad a bhrath, a atáirgeadh nó a chur in iúl trí ghaireas.

(f) fosú a dtaibhithe a ligean ar cíos ar bhonn tráchtála don phobal.

AIRTEAGAL 25.8

Táirgeoirí Fónagram

Tabharfaidh gach Páirtí an ceart eisiach do tháirgeoirí chun na nithe seo a leanas a údarú nó a thoirmeasc:

(a) atáirgeadh díreach nó neamhdhíreach, sealadach nó buan ar aon mhodh agus in aon fhoirm, go hiomlán nó go páirteach, ar a gcuid fónagram;

(b) scaipeadh a gcuid fónagram ar an bpobal, trína ndíol nó ar shlí eile, lena n- áirítear cóipeanna díobh;

(c) a gcuid fónagram a scaipeadh ar an bpobal, trí shreang nó gan sreang, lena n-áirítear a gcuid saothar a chur ar fáil don phobal ar shlí a bhféadfaidh an pobal rochtain a fháil orthu ó áit agus ag am dá rogha féin; agus

(d) a gcuid fónagram a ligean ar cíos ar bhonn tráchtála don phobal.

AIRTEAGAL 25.9

Eagraíochtaí Craoltóireachta

Tabharfaidh gach Páirtí an ceart eisiach d'eagraíochtaí craoltóireachta chun na nithe seo a leanas a údarú nó a thoirmeasc[36]:

(a) fosú a gcraoltaí, cibé acu a tharchuirfear na craoltaí sin de shreang nó thar an líonra, lena n- áirítear le cábla nó satailít;

(b) atáirgeadh díreach nó neamhdhíreach, sealadach nó buan ar aon mhodh agus in aon fhoirm, go hiomlán nó go páirteach, ar fhosú a gcraoltaí, cibé acu a tharchuirfear na craoltaí sin de shreang nó thar an líonra, lena n- áirítear le cábla nó satailít;

(c) fosuithe dá gcuid craoltaí a chur ar fáil don phobal, trí shreang nó gan sreang, trí fhosuithe a gcraoltaí, cibé acu a tharchuirtear na craoltaí trí shreang nó thar an líonra lena n- áirítear le cábla nó satailít ar bhealach a bhféadfaidh an pobal rochtain a fháil orthu ó áit agus ag am dá rogha féin;

[36] I gcás Mheicsiceo, tá an fhoráil seo gan dochar don cheanglas maidir lena oibleagáidí a chomhlíonadh faoina Dhlí um Theileachumarsáid agus Craolachán ('Ley en Materia de Telecomunicaciones y Radiodifusión'), arna fhoilsiú san Iris Oifigiúil an 16 Iúil 2025.

(d) fosuithe, lena n-áirítear cóipeanna díobh, trína ndíol nó ar shlite eile, a scaipeadh ar an bpobal cibé acu a tharchuirtear na craoltaí sin de shreang nó ar an aer, lena n-áirítear cábla nó satailít; agus

(e) a gcraoltaí a athchraoladh trí mheán gan sreang, chomh maith lena gcraoltaí a chur in iúl don phobal má dhéantar an chumarsáid sin in áiteanna a bhfuil rochtain ag an bpobal air ar tháille iontrála a íoc.

AIRTEAGAL 25.10

Fónagraim a Foilsíodh ar Chúiseanna Tráchtála[37] a Chraoladh agus a Chur in Iúl don Phobal

1. Soláthróidh gach Páirtí do thaibheoirí agus do tháirgeoirí fónagram ceart an luacha saothair chothromasaigh aonair arna íoc ag an úsáideoir, má úsáidtear fónagram a foilsíodh chun críoch tráchtála, nó atáirgeadh ar fhónagram den sórt sin, le haghaidh craoladh trí mhodhanna gan sreang nó le haghaidh aon chumarsáide leis an bpobal[38].

---

[37] Féadfaidh gach Páirtí cearta níos fairsinge, a mhéid a bhaineann le fónagraim a foilsíodh ar chúiseanna tráchtála a chraoladh agus a chur in iúl don phobal, a dheonú do thaibheoirí agus do léiritheoirí fónagram.

[38] Chun críocha an Airteagail seo, ní áirítear le 'cumarsáid leis an bpobal' fónagram a chur ar fáil don phobal, trí shreang nó gan sreang, ar bhealach trína bhféadfaidh an pobal rochtain a fháil air ó áit agus ag am dá rogha féin ar bhonn aonarach.

2. Aithníonn na Páirtithe gur cheart an luach saothair cothromasach aonair a dháileadh idir taibheoirí agus tairgeoirí na bhfónagram comhfhreagrach. Féadfaidh gach Páirtí reachtaíocht a achtú a dhéanfaidh, in éagmais comhaontú idir taibheoirí agus táirgeoirí fónagram, na téarmaí a shocrú ar dá réir a chomhroinnfidh taibheoirí agus táirgeoirí fónagram an luach saothair cothromasach aonair.

AIRTEAGAL 25.11

An Téarma Cosanta

1. Mairfidh cearta údair saothair go ceann shaol na n- údar faoi seach agus go ceann 70 bliain ar a laghad tar éis a mbáis, gan beann ar an dáta a chuirfear an saothar ar fáil go dlíthiúil don phobal.

2. Rachaidh téarma cosanta saothair ceoil a bhfuil focail ann in éag nach lú ná 70 bliain i ndiaidh bhás an duine deiridh de na daoine seo a leanas a mhaireann, bídís ainmnithe mar chomhúdair nó ná bídís: údar na liricí agus cumadóir an tsaothair ceoil[39].

39 Féadfaidh Páirtí a chinneadh go gceanglaítear le cur i bhfeidhm na míre seo gur cruthaíodh an dá rud go sonrach le haghaidh an tsaothair ceoil le focail faoi seach.

3. I gcás saothair gan ainm nó saothair a bhfuil ainm cleite leo, rachaidh an téarma cosanta in éag 70 bliain ar a laghad tar éis an dáta ar a gcuirfear an saothar ar fáil go dlíthiúil don phobal. Mura bhfuil amhras ar bith ann, áfach, faoi chéannacht an údair a bhuí leis an ainm cleite a ghlac sé, nó má nochtann an t- údar a chéannacht le linn na tréimhse dá dtagraítear sa chéad abairt, beidh feidhm leis an téarma cosanta a leagtar síos i mír 1.

4. Rachaidh téarma cosanta saothar cineamatagrafach nó closamhairc in éag 70 bliain ar a laghad i ndiaidh bhás an duine deiridh de na daoine seo a leanas a mhaireann, cibé acu a ainmnítear nó nach n- ainmnítear na daoine sin mar chomh- údair: an príomhstiúrthóir, údar na scripte scannáin, údar na dialóige, agus cumadóir an cheoil[40].

5. Rachaidh cearta eagraíochtaí craoltóireachta in éag nach lú ná 50 bliain i ndiaidh céadchraoladh craolacháin, bíodh an craolachán sin craolta le sreang nó thar an líonra, lena n- áirítear trí chábla nó satailít.

---

40 Féadfaidh Páirtí a chinneadh nach mór an ceol a chruthú go sonrach lena úsáid sa saothar cineamatagrafach nó closamhairc.

6. Forálfaidh[41] gach Páirtí:

(a) rachaidh téarma cosanta ceart taibheoirí in éag 75 bliana tar éis an chéad fhosaithe den léiriú nó den taibhiú i bhfónagram, nó tar éis an chéad léirithe nó taibhithe de shaothair nach bhfosaítear i bhfónagraim, nó an tarchur den chéad uair ar aon mheán; agus

(b) rachaidh téarma cosanta ceart táirgeoirí fónagram in éag 75 bliana tar éis an chéad fhosaithe de na fuaimeanna san fhónagram.

De rogha air sin, forálfaidh Páirtí maidir leis na nithe seo a leanas:

(c) maidir le cearta taibheoirí as a dtaibhithe a fhosaítear seachas i bhfónagram, rachaidh siad in éag tráth nach lú ná 50 bliain tar éis fhosú an taibhithe agus, má fhoilsítear é laistigh den tréimhse sin, tráth nach déanaí ná 50 bliain tar éis an chéad fhoilsithe dhlíthiúil; agus

(d) maidir le cearta taibheoirí le haghaidh a dtaibhithe a fhosaítear i bhfónagraim agus cearta táirgeoirí fónagram, rachaidh na cearta sin in éag tráth nach lú ná 50 bliain tar éis fhosú an taibhithe nó an fhónagraim agus, má fhoilsítear iad laistigh den tréimhse sin, tráth nach lú ná 70 bliain tar éis an chéad fhoilsithe dhlíthiúil. Maidir leis an mbrabús a ghintear le linn 20 bliain na cosanta tar éis 50 bliain i ndiaidh an chéad fhoilsithe dhlíthiúil, déanfaidh gach Páirtí bearta éifeachtacha lena áirithiú go ndéanfar an brabús sin a chomhroinnt go cothrom idir taibheoirí agus táirgeoirí fónagram.

---

[41] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, roghnóidh gach Páirtí idir an rogha dá dtagraítear i bhfomhíreanna (a) agus (b) nó an rogha mhalartach dá dtagraítear i bhfomhíreanna (c) agus (d), bunaithe ar a reachtaíocht intíre.

7. Ríomhfar na téarmaí cosanta a leagtar amach san Airteagal seo ón 1 Eanáir den bhliain tar éis an teagmhais.

AIRTEAGAL 25.12

Ceart Athdhíola

1. Déanfaidh gach Páirtí foráil, ar mhaithe le húdar saothar ealaíne grafaice nó plaistí, cé is moite de shaothair ealaíne feidhmí, maidir le ceart athdhíola, a bheidh le sainmhíniú mar cheart doshannta, nach féidir a tharscaoileadh, fiú roimh ré, chun ranníocaíocht[42] sa phraghas a fhaightear ar aon athdhíol ar an saothar sin, tar éis na chéad uaire a d'aistrigh an t- údar an saothar sin[43].

2. Beidh feidhm ag an gceart dá dtagraítear i mír 1 maidir leis na gníomhaíochtaí athdhíola ar fad lena bhfuil baint ag díoltóirí, ceannaitheoirí nó idirghabhálaithe, gairmithe sa mhargadh ealaíne, amhail seomraí díolachán, dánlanna agus, go ginearálta, aon déileálaí i saothair ealaíne.

---

42 Féadfaidh Páirtí an ranníocaíocht sin a léiriú mar chéatadán den phraghas athdhíola.
43 Féadfaidh Páirtí coinníollacha íosta a bhunú le haghaidh chur i bhfeidhm an chirt athdhíola.

AIRTEAGAL 25.13

Comhar maidir le Bainistiú ar Chearta Comhchoiteanna

1. Cuirfidh na Páirtithe chun cinn an comhar idir a n- eagraíochtaí bainistíochta comhchoitinne faoi seach chun infhaighteacht saothar agus ábhar cosanta eile i gcríocha na bPáirtithe a chothú agus chun aistriú ioncaim ó chearta i dtaca le húsáid na saothar sin nó na n- ábhar cosanta eile a chothú.

2. Aontaíonn na Páirtithe trédhearcacht agus neamh- idirdhealú a chur chun cinn idir comhaltaí d'eagraíochtaí bainistíochta comhchoitinne, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an ioncam ó na cearta a bhailíonn siad, asbhaintí a chuireann siad i bhfeidhm maidir leis an ioncam sin, an úsáid a bhaintear as na cearta ioncaim a bhailítear, an beartas dáilte agus a raon.

AIRTEAGAL 25.14

Eisceachtaí agus Teorainneacha

Maidir le heisceachtaí nó teorainneacha ar na cearta a leagtar amach san Fhoroinn seo, teorannóidh gach Páirtí na teorainneacha nó na heisceachtaí sin chuig cásanna speisialta áirithe nach bhfuil ar neamhréir le gnáthshaothrú an tsaothair, an taibhithe, an fhónagraim ná an chraolta, agus nach ndéanann dochar míréasúnta do leasanna an tsealbhóra cirt.

AIRTEAGAL 25.15

Bearta Teicneolaíocha a Chosaint

1. Soláthróidh gach Páirtí cosaint dlí leormhaith in aghaidh dul timpeall ar aon bheart teicneolaíoch éifeachtach a dhéanann an duine lena mbaineann agus a fhios aige, nó a bhfuil foras réasúnta ann go mbeadh a fhios aige, go bhfuil sé nó sí ag gabháil don chuspóir sin.

2. Soláthróidh gach Páirtí cosaint dlí leormhaith ar ghairis, táirgí nó comhpháirteanna a mhonarú, a allmhairiú, a dháileadh, a dhíol, a ligean ar cíos, a fhógairt iad a bheith ar díol nó ar cíos, nó seilbh a fháil chun críoch tráchtála ar ghairis, táirgí nó comhpháirteanna, nó seirbhísí a sholáthar:

(a) a chuirtear chun cinn, a fhógraítear nó a mhargaítear chun dul timpeall ar aon bheart teicneolaíoch éifeachtach;

(b) atá ar bheagán tábhachta nó úsáide ó thaobh tráchtála de diomaite de dhul timpeall; nó

(c) a dheartar, a tháirgtear, a chuirtear in oiriúint nó a fheidhmítear go príomha chun dul timpeall ar aon bheart teicneolaíoch éifeachtach a chumasú nó a éascú.

3. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn ‘bearta teicneolaíocha’, aon teicneolaíocht, aon ghaireas, nó aon chomhpháirt a cheaptar, arna oibriú nó arna hoibriú sa ghnáthchúrsa, chun gníomhaíochtaí a chosc nó a shrianadh i leith saothar nó ábhar eile nach bhfuil údaraithe ag sealbhóir cirt aon chóipchirt nó aon chirt ghaolmhair, dá bhforáiltear le dlí an Pháirtí lena mbaineann. Measfar bearta teicneolaíocha a bheith ‘éifeachtach’ i gcás ina rialaíonn an sealbhóir cirt úsáid saothair faoi chosaint nó úsáid ábhair eile trí rialú rochtana nó próiseas cosanta a chur i bhfeidhm, amhail criptiúchán, scrobhadh nó claochlú eile an tsaothair nó ábhair eile nó sásra um rialú cóipeanna, lena mbaintear amach cuspóir na cosanta.

4. D’ainneoin na cosanta dlíthiúla dá bhforáiltear i mír 1, in éagmais bearta deonacha arna ndéanamh ag na sealbhóirí cirt, féadfaidh gach Páirtí bearta iomchuí a dhéanamh, de réir mar is gá, lena áirithiú, maidir leis an gcosaint dhlíthiúil leordhóthanach ar dhul timpeall ar bhearta teicneolaíocha éifeachtacha dá bhforáiltear i gcomhréir leis an Airteagal seo, nach gcuirfidh sí cosc ar thairbhithe leas a bhaint as eisceachtaí ná teorainneacha dá ndéantar foráil i gcomhréir le hAirteagal 25.14.

AIRTEAGAL 25.16

Oibleagáidí maidir le Faisnéis faoi Bhainistiú na gCeart

1. Soláthróidh gach Páirtí cosaint dlí leormhaith in aghaidh aon duine a dhéanfaidh aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas go feasach, gan údarás, agus a fhios aige, nó a bhfuil foras réasúnta ann go mbeadh a fhios aige, go ndéanfar sárú ar aon chóipcheart nó ar aon cheart gaolmhar a spreagadh, a chumasú, a éascú, nó a cheilt dá bharr:

(a) faisnéis leictreonach faoi bhainistiú na gceart a bhaint nó a choigeartú; nó

(b) saothair nó ábhar eile a chosnaítear faoin bhForoinn seo ar baineadh faisnéis leictreonach faoi bhainistiú na gceart díobh nó ar coigeartaíodh an fhaisnéis sin gan údarú, a dháileadh, nó a allmhairiú lena ndáileadh, a chraoladh, a chur in iúl nó a chur ar fáil don phobal.

2. Chun críocha na Foroinne seo, ciallaíonn 'faisnéis faoi bhainistiú na gceart' aon fhaisnéis a sholáthraíonn sealbhóirí cirt, lena n- aithnítear an saothar nó ábhar eile dá dtagraítear san Fhoroinn seo, an t- údar nó aon sealbhóir cirt eile, aon fhaisnéis maidir le téarmaí agus coinníollacha úsáide an tsaothair nó an ábhair eile, nó aon uimhir nó cód a léiríonn an fhaisnéis sin.

3. Beidh feidhm ag mír 2 i gcás ina mbeidh baint ag aon cheann de na nithe a luaitear sa mhír sin le cóip de shaothar nó d'ábhar eile dá dtagraítear san Fhoroinn seo nó má thagann sé chun cinn i ndáil leis an saothar nó an t- ábhar sin á chur in iúl don phobal.

FOROINN B.2

Trádmharcanna

AIRTEAGAL 25.17

Comhaontuithe Idirnáisiúnta

Déanfaidh gach Páirtí:

(a) gach iarracht réasúnta chun cloí leis an gConradh um an Dlí Trádmharcanna arna dhéanamh sa Ghinéiv an 27 Deireadh Fómhair 1994 agus le Conradh Shingeapór maidir le Dlí na dTrádmharcanna arna dhéanamh i Singeapór an 27 Márta 2006.

(b) cloí leis an bPrótacal a bhaineann le Comhaontú Mhaidrid maidir le Clárú Idirnáisiúnta Marcanna, arna ghlacadh i Maidrid an 27 Meitheamh 1989, arna leasú go deireanach an 12 Samhain 2007, agus le Comhaontú Nice a bhaineann le hAicmiú Idirnáisiúnta Earraí agus Seirbhísí chun Críocha an Chláraithe Marcanna, arna dhéanamh in Nice an 15 Meitheamh 1957, arna leasú an 28 Meán Fómhair 1979 (dá ngairtear 'Aicmiú Nice' anseo feasta).

AIRTEAGAL 25.18

Nós Imeachta Clárúcháin

1. Bunóidh gach Páirtí córas chun trádmharcanna a chlárú ina ndéanfar gach cinneadh críochnaitheach diúltach, lena n- áirítear diúltú páirteach chun clárú a dhéanamh, a eiseoidh an riarachán trádmhairc ábhartha, a chur in iúl i scríbhinn agus é réasúnaithe go cuí agus ar bhealach inar féidir agóid a dhéanamh ina choinne.

2. Déanfaidh gach Páirtí foráil go bhféadfaí cur i gcoinne iarratais ar thrádmharcanna a chlárú nó, más iomchuí, clárúcháin trádmhairc agus go bhféadfaí an t- iarratasóir ar thrádmharc freagairt don chur i gcoinne sin[44].

[44] Déanfaidh gach Páirtí gach iarracht réasúnta nós imeachta sáraíochta a ghlacadh le haghaidh an chur i gcoinne.

3. Soláthróidh gach Páirtí bunachar sonraí leictreonach atá ar fáil go poiblí ina bhfuil iarratais ar thrádmharc agus clárúcháin trádmhairc.

AIRTEAGAL 25.19

Na Cearta a Thugtar le Trádmharc

1. Tabharfar cearta eisiacha don dílseánach le trádmharc cláraithe. Beidh an dílseánach i dteideal cosc a chur ar gach tríú páirtí, nach bhfuil cead an dílseánaigh aige, i gcúrsa trádála úsáid a bhaint as na nithe seo a leanas:

(a) aon chomhartha atá comhionann leis an trádmharc i ndáil le hearraí nó seirbhísí atá comhionann leis na hearraí nó seirbhísí arb ina leith a bhfuil an trádmharc cláraithe; agus

(b) aon chomhartha más rud é, i ngeall ar an gcomhionannas, nó ar an gcosúlacht, leis an trádmharc agus ar an gcomhionannas, nó ar an gcosúlacht, leis na hearraí nó seirbhísí atá cumhdaithe ag an trádmharc agus an comhartha, gur dócha go mbeadh mearbhall ar an bpobal lena n- áirítear an dóchúlacht go mbeadh comhthiomsaitheacht ann idir an comhartha agus an trádmharc.

2. Beidh dílseánach trádmhairc i dteideal cosc a chur ar gach tríú páirtí ó earraí a thabhairt isteach, agus iad i mbun gníomhaíocht tráchtála, i gcríoch an Pháirtí ina bhfuil an trádmharc cláraithe, gan a bheith scaoilte le haghaidh saorchúrsaíochta ansin, i gcás ina dtagann na hearraí sin, lena n- áirítear pacáistíocht, ó thríú tíortha agus ina mbíonn trádmharc acu, gan údarú, atá comhionann leis an trádmharc a cláraíodh i leith earraí den sórt sin, nó nach féidir a sainghnéithe a idirdhealú ón trádmharc sin[45].

AIRTEAGAL 25.20

Trádmharcanna Aitheanta

Chun éifeacht a thabhairt do chosaint trádmharcanna aitheanta, dá dtagraítear in Airteagal 6bis de Choinbhinsiún Pháras agus míreanna 2 agus 3 d'Airteagal 16 de Chomhaontú TRIPS, cuirfidh gach Páirtí i bhfeidhm an Moladh Comhpháirteach maidir le Forálacha um Chosaint Marcanna Aitheanta, a ghlac Comhthionól Aontas Pháras chun Maoin Tionscail a Chosaint agus Comhthionól Ginearálta EDMI ag an 34ú Sraith de Chruinnithe Chomhthionóil Bhallstáit EDMI ón 20 go dtí an 29 Meán Fómhair 1999.

---

45 Féadfaidh Páirtí foráil a dhéanamh go rachaidh teidlíocht dhílseánach an trádmhairc in éag más rud é, le linn na n- imeachtaí chun a chinneadh cé acu a sáraíodh an trádmharc cláraithe nó nár sáraíodh, go gcuireann an dearbhóir nó sealbhóir na n- earraí fianaise ar fáil nach bhfuil dílseánach an trádmhairc chláraithe i dteideal toirmeasc a chur ar na hearraí sin a chur ar an margadh sa tír cinn scríbe.

AIRTEAGAL 25.21

Iarratais de Mheon Mímhacánta

Féadfaidh gach Páirtí foráil a dhéanamh nach ndéanfar trádmharc a chlárú más de mheon mímhacánta a rinne an t- iarratasóir an t- iarratas ar an trádmharc a chlárú. Déanfaidh gach Páirtí a fhoráil freisin go ndearbhófar trádmharc den sórt sin a bheith neamhbhailí má cláraíodh é.

AIRTEAGAL 25.22

Cealúchán

1. Déanfaidh gach Páirtí a fhoráil gur féidir trádmharc a chealú[46] más rud é, laistigh de thréimhse a chinnfear lena dhlí, nár baineadh úsáid[47] as an trádmharc sa chríoch ábhartha i ndáil leis na hearraí nó na seirbhísí a bhfuil sé cláraithe ina leith, agus nach ann do chúiseanna cuí maidir le neamhúsáid.

[46] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfaidh Páirtí cealú a shainmhíniú mar chúlghairm, dul in éag nó neamhniú.

[47] Féadfaidh Páirtí a cheangal gur fíorúsáid atá i gceist nó go ndéantar an úsáid ar chainníocht nó ar bhealach a chomhfhreagraíonn d’úsáid tráchtála. Féadfaidh Páirtí a chinneadh freisin neamhaird a thabhairt ar thosú nó ar atosú na húsáide díreach roimh chomhdú na hiarrata ar chealú.

2. Dlífear trádmharc a chealú freisin más rud é, tar éis an dáta a cláraíodh é, mar thoradh ar ghníomhaíochtaí nó neamhghníomhaíocht an dílseánaigh, gur éirigh an trádmharc ina ghnáthainm sa trádáil ar tháirge nó seirbhís a bhfuil sé cláraithe ina leith.

3. Dlífear trádmharc a chealú freisin má cláraíodh é d'ainneoin go bhféadfadh sé go gcuirfí an pobal amú maidir le cineál, cáilíocht nó tionscnamh geografach na n- earraí nó na seirbhísí ar cláraíodh ina leith é[48].

AIRTEAGAL 25.23

Eisceachtaí ar na Cearta a Thugtar le Trádmharc

Déanfaidh gach Páirtí:

(a) foráil maidir le húsáid chóir téarmaí tuairisciúla[49] mar eisceacht theoranta ó na cearta a thugtar le trádmharcanna; agus

---

48 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfaidh Páirtí trádmharc a chealú freisin más rud é, mar thoradh ar an úsáid a bhain dílseánach an trádmhairc as an trádmharc nó ar an úsáid a baineadh as lena thoiliú i leith na n- earraí nó na seirbhísí a bhfuil sé cláraithe ina leith, go bhféadfadh sé go gcuirfeadh an trádmharc an pobal amú.

49 Áirítear le húsáid chóir téarmaí tuairisciúla úsáid comhartha chun tionscnamh geografach na n- earraí nó na seirbhísí a léiriú, i gcás ina bhfuil an úsáid sin i gcomhréir le cleachtais mhacánta in ábhair thionsclaíocha nó thráchtála.

(b) foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí teoranta eile,

ar choinníoll go gcuirfear san áireamh sna heisceachtaí sin leasanna dlisteanacha úinéirí na dtrádmharcanna
agus leasanna dlisteanacha tríú páirtithe.

FOROINN B.3

Dearaí Tionsclaíocha

AIRTEAGAL 25.24

Comhaontuithe Idirnáisiúnta

Déanfaidh gach páirtí gach iarracht réasúnach chun aontú d'Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú na Háige i dtaca le Clárú Idirnáisiúnta Dearaí Tionscail, arna ghlacadh sa Ghinéiv an 2 Iúil 1999.

AIRTEAGAL 25.25

Cosaint Dearaí Tionsclaíocha Cláraithe

1. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le cosaint dearaí tionsclaíocha nua nó bunaidh a cruthaíodh go neamhspleách[50]. Is trí chlárú a sholáthrófar an chosaint sin agus bronnfar ceart eisiach ar a sealbhóirí i gcomhréir leis an bhForoinn seo.

2. Beidh an ceart ag sealbhóir dearaidh thionsclaíoch chláraithe cosc a chur ar thríú páirtithe, nach bhfuil toiliú an tsealbhóra acu ar a laghad, táirge ar a bhfuil an dearadh tionsclaíoch cláraithe, nó ina n- ionchorpraítear an dearadh tionsclaíoch, a úsáid agus a dhéanamh go háirithe, a thairiscint lena dhíol, a dhíol, a chur ar an margadh nó a allmhairiú, nó úsáid a bhaint as earraí ar a bhfuil an dearadh tionsclaíoch faoi chosaint nó ina n- ionchorpraítear é i gcás ina ndéantar na gníomhaíochtaí sin chun críoch tráchtála, i gcás ina ndéantar dochar míchuí do ghnáthshaothrú an dearaidh thionsclaíoch, nó i gcás nach bhfuil siad comhoiriúnach le cleachtais chóirthrádála.

3. Maidir le dearadh tionsclaíoch a úsáidtear ar tháirge nó a ionchorpraítear ann arb é atá ann comhpháirt de tháirge casta, ní mheasfar gur dearadh nua nó bunaidh é:

(a) ach amháin má bhíonn an chomhpháirt, tar éis í a chur isteach sa táirge ilchasta, fós le feiceáil le linn ghnáthúsáid an táirge ilchasta sin; agus

(b) ach amháin a mhéid a chomhlíonann na gnéithe infheicthe sin den chomhpháirt iontu féin na ceanglais ó thaobh úrnuachta agus bunúsachta de.

---

[50] I gcás ina bhforáiltear amhlaidh i ndlí Páirtí, féadfar a cheangal freisin go soláthrófar gné shainiúil dearaí tionsclaíocha.

4. Ciallaíonn ‘gnáthúsáid’ dá dtagraítear i bhfomhír 3(a) an úsáid a bhaineann an t- úsáideoir deiridh as earra, gan cothabháil, seirbhísiú nó obair dheisiúcháin a áireamh.

AIRTEAGAL 25.26

An Téarma Cosanta

Cinnfidh gach Páirtí an téarma cosanta agus féadfar é a athnuachan go ceann aon tréimhse amháin nó níos mó de 5 bliana an ceann, suas le téarma iomlán cosanta 25 bliana ó dháta comhdaithe an iarratais.

AIRTEAGAL 25.27

Eisceachtaí agus Eisiaimh

1. Féadfaidh gach Páirtí eisceachtaí teoranta a sholáthar ó chosaint dearaí tionsclaíocha, ar choinníoll nach bhfuil na heisceachtaí sin ar neamhréir go míréasúnach le gnáthshaothrú dearaí tionsclaíocha cosanta agus nach ndéantar leo dochar míréasúnta do leasanna dlisteanacha shealbhóir an dearaidh thionsclaíoch chosanta, agus cearta dlisteanacha tríú páirtithe á gcur san áireamh.

2. Ní leathnófar cosaint dearaidh thionsclaíoch chun dearaí a chumhdach ar le cúinsí teicniúla nó feidhmiúla a leagtar síos iad tríd is tríd. Go sonrach, ní chosnófar dearadh tionsclaíoch más é atá ann gnéithe de chuma tháirge ar gá iad a atáirgeadh go cruinn ó thaobh déanaimh agus toisí de ionas gur féidir leis an táirge ina n- ionchorpraítear an dearadh tionsclaíoch nó a gcuirtear an dearadh tionsclaíoch i bhfeidhm air, a cheangal go meicniúil le táirge eile, nó a chur isteach i dtáirge eile, nó timpeall air, nó i dtadhall leis, ionas gur féidir le ceachtar den dá tháirge a fheidhm féin a dhéanamh.

3. De mhaolú ar mhír 2, d'fhéadfadh ceart dearaidh thionsclaíoch a bheith ar marthain ar dhearadh tionsclaíoch a bhfuil de chuspóir aige táirgí so- chómhalartaithe a chur le chéile nó a cheangal le chéile go hiolrach laistigh de chóras modúlach.

AIRTEAGAL 25.28

Nasc le Cóipcheart

Beidh dearadh tionsclaíoch incháilithe do chosaint freisin faoi dhlí Páirtí maidir le cóipcheart ón dáta a cruthaíodh nó a fosaíodh an dearadh tionsclaíoch in aon fhoirm. Cinnfidh gach Páirtí a mhéid a thabharfar cosaint chóipchirt den sórt sin, lena n- áirítear an leibhéal úrnuachta is gá, agus na coinníollacha faoina dtabharfar cosaint den sórt sin.

FOROINN B.4

Tásca Geografacha

AIRTEAGAL 25.29

Sainmhínithe

Chun críocha na Foroinne seo:

(a) ciallaíonn 'tásc geografach' tásc lena sainaithnítear earra mar earra de thionscnamh críoch Pháirtí, nó de thionscnamh réigiúin nó ceantair sa chríoch sin, i gcás ina mbeidh cáilíocht, clú nó saintréith eile áirithe den earra sin inchurtha go bunúsach i leith a thionscnaimh gheografaigh; agus

(b) ciallaíonn 'aicme táirge' an liosta aicmí agus Aicmiú Nice á chur san áireamh.

AIRTEAGAL 25.30

Comhaontuithe Idirnáisiúnta

Dearbhaíonn na Páirtithe a dtiomantas do thásca geografacha ar a gcríoch a chosaint i gcomhréir le hAirteagail 22, 23 agus 24 de Chomhaontú TRIPS.

Déanfaidh gach Páirtí gach iarracht réasúnta cloí le hAcht na Ginéive de Chomhaontú Liospóin maidir le Sonrúcháin Tionscnaimh a Chosaint agus maidir lena gClárú go hIdirnáisiúnta, arna ghlacadh sa Ghinéiv an 20 Bealtaine 2015.

AIRTEAGAL 25.31

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an bhForoinn seo maidir le haithint agus cosaint tásc geografach lena sainaithnítear earraí a thagann faoin aicme táirge ábhartha agus a liostaítear in Iarscríbhinn 25- B (Liosta na dTásc Geografach).

2. Smaoineoidh na Páirtithe ar raon feidhme na dtásc geografach a chumhdaítear faoin bhForoinn seo a leathnú chuig tásca geografacha in aicmí táirge seachas earraí bia agus talmhaíochta. Ar an gcúis sin, chuir na Páirtithe ar áireamh in Iarscríbhinn 25- C (Tásca Geografacha Mheicsiceo dá dtagraítear in Airteagal 25.31.2) ainmneacha lena sainaithnítear earraí de thionscnamh a gcríche agus atá cosanta inti a smaoineofar, ar choinníoll go leathnófar raon feidhme na cosanta den Chomhaontú seo, ar a gcur san áireamh faoi raon feidhme na cosanta den Chomhaontú seo faoi réir thabhairt i gcrích na nósanna imeachta a leagtar amach san Fhoroinn seo[51].

AIRTEAGAL 25.32

Tásca Geografacha a Liostaítear

Chun críocha na Foroinne seo:

(a) maidir leis na tásca geografacha a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn 25- B (Liosta na dTásc Geografach), is tásca geografacha iad lena sainaithnítear earra mar earra de thionscnamh chríoch an Aontais Eorpaigh nó de thionscnamh réigiún nó ceantar sa chríoch sin; agus

[51] Aithníonn na Páirtithe, chun measúnú a dhéanamh ar iarratais ar thrádmharc, a mhéid atá sé ábhartha faoi dhlí Páirtí, go gcosnaítear na hainmneacha sin sa tír thionscnaimh.

(b) maidir leis na tásca geografacha a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn 25- B (Liosta na dTásc Geografach), is tásca geografacha iad lena sainaithnítear earra mar earra de thionscnamh chríoch Mheicsiceo nó de thionscnamh réigiún nó ceantar sa chríoch sin.

AIRTEAGAL 25.33

Tásca Geografacha Seanbhunaithe

Tar éis na hainmneacha a liostaítear in Iarscríbhinn 25- B (Liostaí na dTásc Geografach) a bhreithniú agus tar éis nós imeachta freasúra a thabhairt i gcrích i gcomhréir le hIarscríbhinn 25- A (Príomhghnéithe an Nós Imeachta Freasúra), cosnóidh gach Páirtí na tásca geografacha sin de réir an leibhéil cosanta a leagtar síos san Fhoroinn seo.

AIRTEAGAL 25.34

Cosaint Tásc Geografach a Liostaítear in
Iarscríbhinn 25- B (Liosta na dTásc Geografach)

1. Soláthróidh gach Páirtí na modhanna dlíthiúla le go bhféadfaidh páirtithe leasmhara na nithe seo a leanas a chosc:

(a) úsáid táisc gheografaigh de chuid an Pháirtí eile a liostaítear in Iarscríbhinn 25- B (Liosta na dTásc Geografach)[52] le haghaidh earra a thagann faoin aicme táirge le haghaidh an táisc gheografaigh sin agus:

(i) nach bhfuil de thionscnamh na háite tionscnaimh a shonraítear in Iarscríbhinn 25- B (Liosta na dTásc Geografach) i leith an táisc gheografaigh sin; nó

(ii) atá de thionscnamh na háite tionscnaimh a shonraítear in Iarscríbhinn 25- B (Liosta na dTásc Geografach) i leith an táisc gheografaigh sin ach nár táirgeadh nó nár monaraíodh é i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí eile a mbeadh feidhm acu dá mbeadh an t- earra le tomhailt sa Pháirtí eile;

---

[52] A mhéid a bhaineann le liosta na dtásc geografach a leagtar amach in Iarscríbhinn 25- B (Liosta na dTásc Geografach), ní chumhdaítear leis an gcosaint a sholáthraítear i gcomhréir leis an Airteagal seo téarmaí aonair atá ina gcuid d'ainm táisc gheografaigh chomhshuite mar a leagtar amach i bhFoscríbhinn 25-B- 1 (Téarmaí Aonair atá ina gCuid de Thásc Geografach Comhshuite).

(b) trí úsáid a bhaint as modh ar bith in ainmniú nó i gcur i láthair earra a thabharfadh le fios nó a chuirfeadh in iúl go bhfuil an t-earra atá i gceist de thionscnamh ceantair nach é an fhíoráit tionscnaimh é ar mhodh a chuireann an pobal amú i dtaca le tionscnamh geografach an bhia; agus

(c) aon úsáid eile arb éard atá inti gníomh iomaíochta éagóraí de réir bhrí Airteagal 10bis de Choinbhinsiún Pháras.

2. Soláthróidh gach Páirtí an chosaint dá dtagraítear i bhfomhír 1(a) fiú i gcás ina ndéanfar fíorthionscnamh an earra a léiriú, nó i gcás ina n- úsáidfear aistriúchán ar an tásc geografach, nó ina n- úsáidfear an tásc geografach agus nathanna amhail 'sórt', 'cineál', 'stíl', 'aithris' nó nathanna dá samhail ag gabháil leis.

3. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le forfheidhmiú, le gníomhaíocht riaracháin agus san fhoirm a ndéantar foráil maidir léi ina dhlí, in aghaidh na nithe seo a leanas:

(a) aon úsáid tráchtála dhíreach nó indíreach a bheith á baint as an ainm faoi chosaint;

(b) aon aithris nó leagan eile ar ainm faoi chosaint nó aon úsáid a d'fhéadfadh daoine a chur amú;

(c) aon léiriú bréagach nó míthreorach ar ainm faoi chosaint; nó

(d) aon chleachtas eile ar dócha go gcuirfeadh sé an tomhaltóir amú maidir le fíorthionscnamh, bunáitíocht agus cineál an earra.

4. Na tásca geografacha a chosnaítear faoin bhForoinn seo, ní bheidh siad ina dtásca geografacha cineálacha i gcríocha na bPáirtithe.

5. Ní chuirfidh aon ní san Fhoroinn seo d'oibleagáid ar Pháirtí tásc geografach an Pháirtí eile a chosaint, ar tásc é nach bhfuil cosanta, nó a scoir de bheith cosanta, i gcríoch an Pháirtí tionscnaimh. Tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile má scoireann tásc geografach de bheith cosanta ina chríoch. Tabharfar an fógra sin laistigh de 3 mhí tar éis don údarás inniúil a chinneadh deiridh a eisiúint ina sonraítear gur scoir an tásc geografach de bheith cosanta.

6. Beidh feidhm ag forálacha an Airteagail seo, *mutatis mutandis*, maidir leis an liosta ainmneacha in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo maidir leis an aitheantas frithpháirteach agus leis an gcosaint le haghaidh deochanna biotáilleacha, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 27 Bealtaine 1997, dá ngairtear an 'Comhaontú maidir le Biotáille' anseo feasta.

AIRTEAGAL 25.35

Leasú ar Liosta na dTásc Geografach

1. Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach, i gcomhréir le hAirteagal 25.42, a chinneadh Iarscríbhinn 25- B (Liosta na dTásc Geografach) a leasú trí thásca geografacha a chur léi nó a cheartú, nó trí thásca geografacha a bhaint aisti ar tásca geografacha iad a scoir de bheith faoi chosaint nó nach mbíonn in úsáid a thuilleadh ina n- áit tionscnaimh. Is é an Fochoiste um Maoin Intleachtúil a ullmhóidh na cinntí sin.

2. Cuirfear tásca geografacha nua leis le cinneadh ón gComhairle Chomhpháirteach tar éis breithniú a dhéanamh ar na hainmneacha arna gcur isteach agus tar éis nós imeachta freasúra dá dtagraítear in Airteagal 25.33 a thabhairt i gcrích.

3. Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Biotáille a mhodhnú le cinneadh, de réir an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 25.33 i gcás tásca geografacha nua.

AIRTEAGAL 25.36

Ceart Úsáide na dTásc Geografach

1. Aon oibreoir a chuireann earra ar an margadh atá i gcomhréir leis an tsonraíocht theicniúil chomhfhreagrach, féadfaidh sé tásc geografach atá faoi chosaint faoin bhForoinn seo a úsáid.

2. Nuair a bheidh tásc geografach faoi chosaint faoin bhForoinn seo, ní bheidh úsáid an táisc gheografaigh sin faoi réir aon chlárúchán úsáideoirí ná aon cheanglais eile.

3. Tásca, giorrúcháin agus siombailí a thagraíonn do thásc geografach, ní fhéadfar iad a úsáid ach amháin maidir leis an earra a chosnaítear nó a chláraítear sa chríoch faoi seach agus a tháirgtear i gcomhréir leis an tsonraíocht theicniúil chomhfhreagrach.

AIRTEAGAL 25.37

Caidreamh idir Trádmharcanna agus Tásca Geografacha

1. Beidh an Fhoroinn seo gan dochar do na cearta a thugtar le réamh- thrádmharc ar cuireadh isteach air nó a cláraíodh de mheon macánta, nó a fuarthas trí úsáid de mheon macánta, i bPáirtí. Mar eisceacht theoranta ó na cearta a thugtar le trádmharc, in imthosca áirithe d'fhéadfadh sé nach dtabharfadh réamh- thrádmharc ceart dá úinéir cosc a chur ar chosaint a thabhairt do thásc geografach cláraithe ná ar thásc geografach a úsáid sa Pháirtí ina gcuirtear isteach ar an trádmharc, ina gcláraítear é nó ina n- úsáidtear é. Ní theorannóidh cosaint an táisc gheografaigh chláraithe ar aon bhealach eile na cearta a thugtar leis an trádmharc sin, lena n- áirítear an fhéidearthacht athnuachaintí nó athruithe ar chomhartha sainiúil a iarraidh ar choinníoll nach gníomh iomaíochta éagóraí atá san athrú sin.

2. Ní cheanglófar ar Pháirtí ainm a chosaint mar thásc geografach de bhun Airteagal 25.34, más rud é, i bhfianaise clú agus cáil trádmhairc agus an mhéid ama a bhí sé in úsáid, gur dócha go gcuirfeadh an t- ainm sin an tomhaltóir amú maidir le fíorchéannacht an earra.

3. Faoi réir Airteagal 25.39 agus ag cur le mír 3 d'Airteagal 22 de Chomhaontú TRIPS, maidir le tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinn 25- B (Liosta na dTásc Geografach) agus atá faoi chosaint an Pháirtí tionscnaimh i gcónaí mar thásca geografacha, déanfaidh Páirtí clárú trádmhairc a dhiúltú nó a chur ó bhailíocht *ex officio*, má cheadaítear é sin faoina dhlí nó arna iarraidh sin do pháirtí leasmhar, ar choinníoll:

(a) go mbeadh clárú an trádmhairc le haghaidh earraí ar neamhréir le hAirteagal 25.34;

(b) go mbaineann an trádmharc leis an earra céanna nó le hearra cosúil;

(c) go mbaineann an trádmharc le hearraí nach de thionscnamh an táisc gheografaigh lena mbaineann iad; agus

(d) go gcuirtear isteach an t- iarratas ar an trádmharc a chlárú tar éis an dáta a cuireadh isteach an t- iarratas ar an tásc geografach a chosaint i gcríoch an Pháirtí lena mbaineann.

4. Maidir le tásca geografacha dá dtagraítear in Airteagal 25.32, is é a bheidh sa dáta a chuirtear isteach an t- iarratas ar chosaint dá dtagraítear i bhfomhír 3(d) dáta sínithe an Chomhaontaithe seo.

5. Maidir le tásca geografacha dá dtagraítear in Airteagal 25.35, is é a bheidh sa dáta a chuirtear isteach an t- iarratas ar chosaint dáta foilsithe an táisc gheografaigh sa nós imeachta freasúra.

6. Maidir le cosaint a thugtar do na tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinn 25- B (Liosta na dTásc Geografach), ní thosóidh sí tráth nach luaithe ná an dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm.

AIRTEAGAL 25.38

An Chosaint a Fhorfheidhmiú

Déanfaidh gach Páirtí an chosaint dá ndéantar foráil in Airteagal 25.34 go hAirteagal 25.37 a fhorfheidhmiú le nósanna imeachta riaracháin nó breithiúnacha iomchuí, i gcomhréir lena dhlí agus lena chleachtas. Déanfaidh na húdaráis inniúla an chosaint sin a fhorfheidhmiú in aon cheann de na bealaí seo a leanas nó iontu araon:

(a) ar a dtionscnamh féin; nó

(b) arna iarraidh sin do pháirtí leasmhar.

AIRTEAGAL 25.39

Rialacha Ginearálta

1. Ní éileofar ar Pháirtí ainm a chosaint mar thásc geografach faoin bhForoinn seo, i gcás ina mbeadh an t- ainm sin i neamhréir le hainm cineál planda nó pór ainmhí agus inar dócha go ndéanfadh an t- ainm, dá dheasca sin, an tomhaltóir a chur amú maidir le fíorchéannacht an earra.

2. Maidir le hainm comhainmneach ar dócha go gcuirfeadh sé an tomhaltóir amú sa chaoi go gcreidfeadh sé gur de thionscnamh críoch eile an t- earra, ní chlárófar an t- ainm sin mar thásc geografach fiú más cruinn an t- ainm a mhéid a bhaineann le críoch, le réigiún nó dúiche iarbhír tionscnaimh an earra atá i gceist. Gan dochar d'Airteagal 23 de Chomhaontú TRIPS, déanfaidh na Páirtithe na coinníollacha praiticiúla a chinneadh go comhpháirteach faoina ndéanfar tásca geografacha atá comhainmneach go hiomlán nó i bpáirt a dhifreáil óna chéile agus aird á tabhairt ar an ngá lena áirithiú go gcaithfear go comhionann leis na tomhaltóirí lena mbaineann agus nach gcuirfear tomhaltóirí amú.

3. Más rud é go mbeartaíonn Páirtí, i gcomhthéacs na caibidlíochta déthaobhaí le tríú tír, cosaint a thabhairt do thásc geografach de chuid an tríú tír sin atá comhainmneach go hiomlán nó i bpáirt le tásc geografach de chuid an Pháirtí eile, cuirfidh sé an Páirtí eile ar an eolas agus tabharfaidh sé deis dó barúil a thabhairt sula gcosnófar an t- ainm sin.

4. Déanfaidh údaráis an Pháirtí sa chríoch ina dtionscnaítear an t- earra sonraíocht theicniúil dá dtagraítear san Fhoroinn seo, lena n- áirítear aon leasú, a fhormheas.

AIRTEAGAL 25.40

Eisceachtaí

1. Níl aon ní san Fhoroinn seo a cheanglaíonn ar Pháirtí a forálacha a chur i bhfeidhm i leith tásc geografach, nó ainm aonair atá le fáil i dtásc geografach il- chomhpháirte, de chuid an Pháirtí eile maidir le hearraí nó seirbhísí dá bhfuil an tásc ábhartha comhionann leis an téarma is gnách sa teanga chomónta mar an t- ainm comónta ar na hearraí nó na seirbhísí sin i gcríoch an Pháirtí eile.

2. Má tá aistriúchán ar thásc geografach comhionann le téarma is gnách sa teanga chomónta mar an t- ainm comónta ar earra i gcríoch Pháirtí, nó má chuimsítear san aistriúchán téarma den sórt sin, nó mura bhfuil tásc geografach comhionann leis an téarma sin ach go gcuimsítear ann an téarma sin, ní dhéanfaidh an Fhoroinn seo dochar do cheart aon duine an téarma sin a úsáid i ndáil leis an earra sin i gcríoch an Pháirtí sin.

3. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil téarma ar an téarma is gnách sa teanga chomónta mar an t- ainm comónta le haghaidh earra i gcríoch Pháirtí, beidh an t- údarás ag údaráis an Pháirtí sin an tuiscint atá ag tomhaltóirí ar an téarma sin ina chríoch a chur san áireamh. D’fhéadfaí na nithe seo a leanas a áireamh ar thosca atá ábhartha maidir leis an tuiscint sin i measc tomhaltóirí:

(a) cé acu a úsáidtear nó nach n- úsáidtear an téarma chun tagairt don chineál earra i gceist, mar a léirítear i bhfoinsí inniúla amhail foclóirí, nuachtáin agus suíomhanna gréasáin ábhartha; agus

(b) an chaoi a ndéantar an t- earra dá dtagraíonn an téarma a chur ar an margadh agus a úsáid i dtrádáil i gcríoch an Pháirtí sin[53].

4. Níl aon ní san Fhoroinn seo a chuirfidh cosc ar úsáid i gcríoch Pháirtí, maidir le haon earra, gnáthainm cineáil planda nó póir ainmhí, arb ann dó i gcríoch an Pháirtí sin ón dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm.

5. Níl aon rud sa Chomhaontú seo a dhéanfaidh dochar do cheart aon duine úsáid a bhaint, i gcúrsa na trádála, as ainm an duine sin nó ainm réamhtheachtaí gnó an duine sin, ach amháin i gcás ina n- úsáidfear an t- ainm sin ar shlí a chuirfeadh an pobal amú.

## AIRTEAGAL 25.41

### Ionchorprú an Chomhaontaithe Atá Ann Cheana

1. Déantar an Comhaontú maidir le Biotáille a ionchorprú sa Chomhaontú seo agus déantar cuid den Chomhaontú seo de, agus tá feidhm aige *mutatis mutandis*[54].

---

[53] Chun críocha na fomhíre seo, féadfaidh údaráis Pháirtí a chur san áireamh, de réir mar is iomchuí, cibé acu a úsáidtear nó nach n- úsáidtear an téarma i gcaighdeáin idirnáisiúnta ábhartha atá aitheanta ag an bPáirtí chun tagairt do chineál nó aicme earraí i gcríoch an Pháirtí.

[54] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear air sin gach leasú roimhe seo agus gach leasú amach anseo ar an gComhaontú maidir le Biotáille.

2. An Fochoiste um Maoin Intleachtúil a bhunaítear le hAirteagal 1.10 (Fochoistí agus Comhlachtaí Eile de Chuid III den Chomhaontú seo), cuirfear é in ionad an Chomhchoiste a bhunaítear le hAirteagal 17 den Chomhaontú maidir le Biotáille agus comhlíonfaidh sé na feidhmeanna a leagtar amach san Airteagal sin.

AIRTEAGAL 25.42

Comhar

1. An Fochoiste um Maoin Intleachtúil a bhunaítear de bhun Airteagal 1.10 (Fochoistí agus Comhlachtaí Eile de Chuid III den Chomhaontú seo), beidh sé ar an bhfóram iomchuí chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar riar na Foroinne seo.

2. Maidir le tásc geografach a liostaítear in Iarscríbhinn 25- B (Liosta na dTásc Geografach), tabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile más rud é go scoireann an tásc sin de bheith faoi chosaint i gcrích an Pháirtí lena mbaineann. Tar éis fógra den chineál sin, ullmhóidh an Fochoiste um Maoin Intleachtúil an cinneadh chun Iarscríbhinn 25- B (Liosta na dTásc Geografach) a mhodhnú don Chomhairle Chomhpháirteach i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach sa Chomhaontú seo.

3. Féadfaidh Páirtí, go díreach nó tríd an bhFochoiste um Maoin Intleachtúil, a iarraidh ar an bPáirtí eile faisnéis a sholáthar a bhaineann le sonraíochtaí teicniúla agus le leasuithe orthu.

4. Féadfaidh gach Páirtí na sonraíochtaí teicniúla a chur ar fáil go poiblí i Spáinnis nó i mBéarla[55], ar sonraíochtaí iad a chomhfhreagraíonn do thásca geografacha an Pháirtí eile a gcosnaítear iad faoin bhForoinn seo.

5. Aon ábhar a thiocfaidh as sonraíochtaí teicniúla de thásca geografacha faoi chosaint, is é an Fochoiste um Maoin Intleachtúil a dhéileálfaidh leis an ábhar sin.

AIRTEAGAL 25.43

Cosaint faoi dhlí Páirtí

Tá an Fhoroinn seo gan dochar do cheart sealbhóra táisc gheografaigh i bPáirtí amháin féachaint le haitheantas agus cosaint a fháil do thásc geografach sa Pháirtí eile faoi dhlí an Pháirtí sin.

---

[55] Féadfaidh Meicsiceo na sonraíochtaí teicniúla sin a chur ar fáil go poiblí i Spáinnis nó i mBéarla.

FOROINN B.5

Paitinní

AIRTEAGAL 25.44

Comhaontuithe Idirnáisiúnta

Cloífidh gach Páirtí leis an gConradh Comhair Paitinní, arna dhéanamh in Washington an 19 Meitheamh 1970, arna leasú an 28 Meán Fómhair 1979 agus arna mhodhnú go deireanach an 3 Deireadh Fómhair 2001, agus aithníonn sé a thábhachtaí atá sé caighdeáin nós imeachta atá i gcomhréir leis an gConradh um Dhlí na bPaitinní, arna ghlacadh sa Ghinéiv an 1 Meitheamh 2000, a ghlacadh nó a choinneáil ar bun.

AIRTEAGAL 25.45

Paitinní agus an tSláinte Phoiblí

1. Na cearta agus na hoibleagáidí a bhunaítear san Fhoroinn seo, ní chuireann siad, agus ní chuirfidh siad, cosc ar Pháirtí bearta a dhéanamh chun an tsláinte phoiblí a chosaint. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann leis an Dearbhú maidir le Comhaontú TRIPS agus an tSláinte Phoiblí, arna ghlacadh in Doha an 14 Samhain 2001 (dá ngairtear 'Dearbhú Doha' anseo feasta), agus athdhearbhaíonn siad a ngealltanas ina leith. Agus na cearta agus na hoibleagáidí faoin bhForoinn seo á léirmhíniú agus á gcur chun feidhme, áiritheoidh na Páirtithe comhsheasmhacht le Dearbhú Doha.

2. Rannchuideoidh na Páirtithe le cur chun feidhme agus urramú an chinnidh ó Chomhairle Ghinearálta EDT an 30 Lúnasa 2003 maidir le cur chun feidhme mhír 6 de Dhearbhú Doha, agus le cur chun feidhme agus urramú an Phrótacail a rinneadh an 6 Nollaig 2005 lena leasaítear Comhaontú TRIPS.

AIRTEAGAL 25.46

Cosaint Fhorlíontach i gcás Moilleanna ar Fhormheas Margaíochta le haghaidh Táirgí Cógaisíochta lena n- áirítear Táirgí Bitheolaíocha[56]

1. Aithníonn na Páirtithe go bhféadfaidh táirgí cógaisíochta, lena n- áirítear táirgí bitheolaíocha[57], a chosnaítear le paitinn ina gcríoch faoi seach a bheith faoi réir nós imeachta formheasa riaracháin[58] sula gcuirfear ar an margadh iad. Maidir leis an tréimhse a théann in éag idir comhdú an iarratais ar phaitinn agus an formheas chun an táirge a chur ar a margadh féin, mar a shainmhínítear chun na críche sin le dlí ábhartha Páirtí, aithníonn na Páirtithe go bhféadfadh an tréimhse sin tréimhse na cosanta éifeachtaí faoin bpaitinn a ghiorrú.

---

56 Déanfaidh Meicsiceo na hoibleagáidí dá ndéantar foráil san Airteagal seo a chur chun feidhme tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

57 Cinnfidh gach Páirtí na táirgí a thagann faoi na téarmaí 'táirgí cógaisíochta' agus 'táirgí bitheolaíocha' i gcomhréir lena dhlí a bhí i bhfeidhm an 21 Aibreán 2018.

58 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá an téarma 'formheas margaíochta' coibhéiseach leis an téarma 'údarú margaíochta'.

2. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le sásra leormhaith éifeachtach chun úinéir na paitinne a chúiteamh ar an laghdú ar shaolré éifeachtach na paitinne mar thoradh ar mhoilleanna míchuí[59] ar an gcéad fhormheas margaíochta a dheonú ina chríoch faoi seach. Beidh an cúiteamh sin i bhfoirm cosaint bhreise *sui generis*, a bheidh cothrom leis an am lena sáraítear an tréimhse 2 bhliain dá dtagraítear san fhonóta. Ní mhairfidh uastéarma na cosanta breise sin níos faide ná 5 bliana[60].

3. Mar mhalairt ar mhír 2, féadfaidh Páirtí síneadh ama, nach mó é ná 5 bliana[61], a chur ar fáil ar fhad na gceart a thugtar leis an gcosaint phaitinne chun úinéir na paitinne a chúiteamh as an laghdú ar shaolré éifeachtach na paitinne mar thoradh ar an nós imeachta formheasa margaíochta. Beidh éifeacht ag síneadh an fhaid sin ag deireadh théarma dlíthiúil na paitinne go ceann tréimhse a bheidh cothrom leis an tréimhse a caitheadh idir an dáta a comhdaíodh an t- iarratas ar phaitinn agus dáta an chéad fhormheasa chun an táirge a chur ar an margadh sa Pháirtí sin, lúide tréimhse 5 bliana.

---

59 Chun críocha an Airteagail seo, áirítear le 'moill mhíchuí' moill ar a laghad breis agus 2 bhliain ar an gcéad fhreagra chuig an iarratasóir tar éis an dáta ar comhdaíodh an t- iarratas ar fhormheas margaíochta. Aon mhoill a thagann ar dheonú formheasa margaíochta de bharr tréimhsí is inchurtha i leith an iarratasóra nó aon tréimhse nach bhfuil smacht ag an údarás formheasa margaíochta uirthi, ní gá iad a chur san áireamh agus moill den sórt sin á cinneadh.

60 Má chomhlíonann Páirtí an mhír seo, níl ceanglas ar an bPáirtí sin an mhalairt a sholáthraítear i mír 3 a chomhlíonadh.

61 Féadfar síneadh 6 mhí a chur leis an tréimhse sin i gcás táirgí cógaisíochta má rinneadh staidéir phéidiatraiceacha agus má léirítear torthaí na staidéar sin san fhaisnéis faoin táirge.

4. Agus oibleagáidí an Airteagail seo á gcur chun feidhme, féadfaidh gach Páirtí coinníollacha agus teorainneacha a chinneadh, ar choinníoll go leanann an Páirtí den Airteagal seo a chomhlíonadh.

5. Déanfaidh gach Páirtí a dhícheall iarratais ar fhormheas margaíochta táirgí cógasaíochta a phróiseáil ar bhealach éifeachtúil tráthúil, d'fhonn moilleanna míchuí nó moilleanna gan ghá a sheachaint. Chun moilleanna míchuí a sheachaint, féadfaidh Páirtí nósanna imeachta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena mbrostaítear an phróiseáil ar iarratais ar fhormheas margaíochta.

FOROINN B.6

Cineálacha Plandaí

AIRTEAGAL 25.47

Comhaontuithe Idirnáisiúnta

Déanfaidh gach Páirtí cearta maidir le cineálacha plandaí a chosaint, i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta do Chosaint Cineálacha Nua Plandaí, arna ghlacadh i bPáras an 2 Nollaig 1961, arna athbhreithniú go deireanach sa Ghinéiv an 19 Márta 1991, lena n- áirítear na heisceachtaí ar cheart an phóraitheora dá dtagraítear in Airteagal 15 den Choinbhinsiún sin, agus oibreoidh siad i gcomhar chun na cearta sin a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú[62].

[62] Cuirfidh Meicsiceo an fhoráil sin chun feidhme tráth nach déanaí ná 4 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

FOROINN B.7

Cosaint Faisnéise Neamhnochta

AIRTEAGAL 25.48

Raon Feidhme Cosanta na Rún Ceirde

1. Agus cosaint éifeachtach in aghaidh iomaíocht éagórach mar a dhéantar foráil in Airteagal 10bis de Choinbhinsiún Pháras á háirithiú, soláthróidh gach Páirtí an modh dlíthiúil, lena n- áirítear nósanna imeachta breithiúnacha riaracháin nó sibhialta[63], le haghaidh aon duine chun cosc a chur ar nochtadh rún ceirde do dhaoine eile nó chun cosc a chur ar dhaoine eile rúin cheirde a fháil nó a úsáid gan toiliú an duine atá i gceannas ar an bhfaisnéis go dleathach ar bhealach atá ar neamhréir le cleachtais trádála mhacánta[64]. Chun críocha na Foroinne seo, cuimsítear le rúin cheirde faisnéis neamhnochta dá ndéantar foráil i mír 2 d'Airteagal 39 de Chomhaontú TRIPS.

---

63 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfaidh Páirtí an modh dlíthiúil sin a sholáthar trí nósanna imeachta coiriúla i gcomhréir lena dhlí.

64 Féadfaidh Páirtí a mhachnamh a dhéanamh gan na nósanna imeachta sin a chur i bhfeidhm más rud é go ndéantar an t- iompar atá ar neamhréir le cleachtais tráchtála mhacánta, i gcomhréir lena dhlí, d'fhonn mí- iompar, éagóiritheoireacht nó gníomhaíocht neamhdhleathach a nochtadh nó chun leas dlisteanach a aithnítear lena dhlí a chosaint.

2. Chun críocha na Foroinne seo, measfaidh Páirtí go mbeidh an t- iompar seo a leanas ar a laghad ar neamhréir le cleachtais tráchtála mhacánta:

(a) rún ceirde a fháil gan toiliú an tsealbhóra rúin ceirde, aon uair a dhéantar é le rochtain neamhúdaraithe ar aon doiciméad, earra, ábhar, nó comhad leictreonach, nó iad a leithreasú nó a chóipeáil, is é sin doiciméid, earraí, ábhair, substaintí, nó comhaid leictreonacha atá go dleathach faoi rialú an tsealbhóra rúin ceirde, ina bhfuil an rún ceirde nó ónar féidir an rún ceirde a oibriú amach; nó

(b) rún ceirde a úsáid nó a nochtadh gan toiliú an tsealbhóra rúin ceirde, aon uair a dhéanann duine é sin, ar duine é a fuair an rún ceirde go neamhdhleathach nó de shárú ar chomhaontú rúndachta nó ar aon dualgas eile gan an rún ceirde a nochtadh nó chun a úsáid a theorannú[65],[66].

---

[65] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá sna critéir a sholáthraítear i ndlíthe agus i rialacháin gach Páirtí an sárú ar dhualgas chun úsáid rúin ceirde a theorannú.

[66] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, measann an tAontas Eorpach nach dtagann na cásanna seo a leanas faoi mhír 2:
(a) fionnachtain nó cruthú neamhspleách na faisnéise ábhartha ag duine;
(b) ais- innealtóireacht ar tháirge ag duine a bhfuil an táirge ina sheilbh aige go dleathach agus atá saor ó aon dualgas atá bailí go dlíthiúil chun teorainn a chur le fáil na faisnéise ábhartha;
(c) fáil, úsáid nó nochtadh na faisnéise a éilítear nó a cheadaítear le dlí Páirtí;
(d) úsáid a bheith á baint ag fostaithe as an taithí agus na scileanna a fuair siad go macánta i ngnáthchúrsa a bhfostaíochta; nó
(e) nochtadh faisnéise i bhfeidhmiú an chirt ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil.

AIRTEAGAL 25.49

Nósanna Imeachta Breithiúnacha Riaracháin nó Sibhialta maidir le Rúin Cheirde

1. Áiritheoidh gach Páirtí, maidir le haon duine atá rannpháirteach sna himeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 25.48.1, nó a bhfuil rochtain aige ar dhoiciméid ar cuid de na himeachtaí sin iad, nach gceadófar don duine sin aon rún ceirde ná aon rún ceirde líomhnaithe a úsáid ná a nochtadh atá sainaitheanta ag na húdaráis inniúla, mar fhreagairt ar iarratas atá réasúnaithe go cuí ag páirtí leasmhar, go bhfuil na doiciméid sin rúnda agus go bhfuair siad eolas orthu de thoradh na rannpháirtíochta nó na rochtana sin.

2. Sna himeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 25.48.1, déanfaidh gach Páirtí foráil go mbeidh an t- údarás ag a údaráis inniúla bearta sonracha a dhéanamh ar a laghad chun rúndacht aon rúin ceirde nó rúin ceirde líomhnaithe a chuirtear ar fáil sna himeachtaí a chaomhnú. D'fhéadfaí a áireamh leis na bearta sonracha sin, i gcomhréir le dlí gach Páirtí, an deis rochtain ar dhoiciméid áirithe a shrianadh go hiomlán nó i bpáirt, rochtain a shrianadh ar éisteachtaí agus ar a dtaifid chomhfhreagracha agus a dtras- scríbhinn chomhfhreagrach, agus leagan neamhrúnda de chinntí breithiúnacha a chur ar fáil ina mbaintear amach nó ina bhfolaítear na sleachta ina bhfuil rúin cheirde.

AIRTEAGAL 25.50

Cosaint Sonraí Neamhnochta a bhaineann le
Táirgí Cógaisíochta lena n- áirítear Táirgí Bitheolaíocha[67]

1. Má cheanglaíonn Páirtí, mar choinníoll a ghabhann le formheas margaíochta le haghaidh táirgí cógaisíochta nua[68], lena n- áirítear táirgí bitheolaíocha[69], go gcuirfear isteach sonraí tástála neamhnochta nó sonraí neamhnochta eile ó thástálacha réamhchliniciúla nó ó thrialacha cliniciúla, ar sonraí iad a bhfuil gá leo le cinneadh cé acu atá nó nach bhfuil sé sábháilte agus éifeachtach na táirgí sin a úsáid, déanfaidh an Páirtí na sonraí sin a chosaint ar nochtadh do thríú páirtithe, más rud é go bhfuil iarracht nach beag i gceist le sonraí den sórt sin a thionscnamh, ach amháin i gcás ina mbeidh an nochtadh riachtanach ar mhaithe le leas poiblí sáraitheach nó mura ndéantar bearta lena áirithiú go gcosnófar na sonraí ar úsáid tráchtála éagórach.

---

67 Déanfaidh Meicsiceo an oibleagáid seo a chur chun feidhme tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

68 Chun críocha an Airteagail seo, tugtar le tuiscint leis an téarma 'nua' go bhfuil eintiteas ceimiceach nua sna táirgí arb eintiteas é nár formheasadh roimhe seo i gcríoch an Pháirtí, sin nó tagraítear leis do tháirge nua bithchógais nó bith-theicneolaíoch nár formheasadh roimhe seo i gcrích an Pháirtí.

69 Cinnfidh gach Páirtí na táirgí a thagann faoi na téarmaí 'táirgí cógaisíochta' agus 'táirgí bitheolaíocha' i gcomhréir lena dhlí a bhí i bhfeidhm an 21 Aibreán 2018.

2. Maidir le táirgí cógaisíochta, lena n- áirítear táirgí bitheolaíocha, ní dheonóidh Páirtí formheas margaíochta do thríú daoine lena gceadófar dóibh, gan toiliú an duine a chuir isteach na sonraí dá dtagraítear i mír 1 roimhe sin, an táirge a chur ar an margadh[70] ar bhonn na sonraí sin nó an fhormheasa margaíochta a deonaíodh don duine a chuir isteach na sonraí sin[71], go ceann 6 bliana ar a laghad tar éis dháta[72] an fhormheasa margaíochta den táirge nua i gcríoch an Pháirtí sin[73].

3. Ní bheidh aon teorannú ar cheachtar Páirtí i dtaobh nósanna imeachta údaraithe giorraithe a chur chun feidhme le haghaidh táirgí den sórt sin ar bhonn staidéir bhithchoibhéise agus bhith- infhaighteachta.

---

70 Chun críocha na míre seo, féadfaidh Páirtí foráil a dhéanamh go dtagraíonn an téarma 'táirge' don táirge céanna nó do tháirge cosúil.

71 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cuimsítear leis sin sonraí arna gcur isteach le haghaidh údaruithe arna ndeonú don duine a chuir isteach an fhaisnéis sin i gcríocha na bPáirtithe agus i gcríocha tríú tíortha.

72 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfaidh Páirtí teorainn 6 bliana a chur le tréimhse na cosanta faoin mír seo.

73 Maidir le táirgí bitheolaíocha, féadfaidh Páirtí foráil a dhéanamh nach mbaineann an chosaint sonraí neamhnochta dá dtagraítear san Airteagal seo ach amháin leis an gcéad fhormheas margaíochta den táirge bitheolaíoch nua.

AIRTEAGAL 25.51

Cosaint Sonraí Neamhnochta a bhaineann le Táirgí Cosanta Plandaí[74]

1. Má cheanglaíonn Páirtí, mar choinníoll a ghabhann le formheas margaíochta[75] le haghaidh táirge cosanta plandaí nua[76] go gcuirfear isteach sonraí tástála neamhnochta nó sonraí neamhnochta eile a bhaineann le sábháilteacht nó le héifeachtúlacht an táirge[77], déanfaidh an Páirtí na sonraí sin a chosaint ar nochtadh do thríú páirtithe, ach amháin i gcás ina mbeidh an nochtadh riachtanach ar mhaithe le leas poiblí sáraitheach nó mura ndéantar bearta lena áirithiú go gcosnófar na sonraí ar úsáid tráchtála éagórach.

---

[74] Déanfaidh Meicsiceo an oibleagáid seo a chur chun feidhme tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

[75] Chun críocha an airteagail seo, tá an téarma ‘formheas margaíochta’ comhchiallach le ‘formheas sláintíochta’ faoi dhlí Páirtí.

[76] Chun críocha an airteagail seo, tugtar le tuiscint leis an téarma ‘nua’ go bhfuil eintiteas ceimiceach nua sa táirge, arb eintiteas é nár formheasadh roimhe sin i gcríoch an Pháirtí.

[77] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá feidhm ag an Airteagal seo maidir le cásanna ina gceanglaíonn an Páirtí go gcuirtear isteach sonraí neamhnochta ó thástáil nó sonraí neamhnochta eile a bhaineann le sábháilteacht an táirge amháin, a bhaineann le héifeachtúlacht an táirge amháin, nó leis an dá rud.

2. Maidir le táirgí cosanta plandaí, ní dheonóidh Páirtí formheas margaíochta do thríú daoine lena gceadófar dóibh, gan toiliú an duine a chuir isteach na sonraí dá dtagraítear i mír 1 roimhe sin, an táirge a chur ar an margadh ar bhonn na sonraí sin nó an fhormheasa margaíochta a deonaíodh don duine a chuir isteach na sonraí sin, go ceann 10 mbliana[78] ar a laghad tar éis dháta an fhormheasa margaíochta den táirge nua i gcríoch an Pháirtí sin.

3. Bunóidh gach Páirtí rialacha chun tástáil dhúblach ar ainmhithe veirteabracha a sheachaint.

4. Ní bheidh aon teorannú ar cheachtar Páirtí i dtaobh nósanna imeachta údaraithe giorraithe a chur chun feidhme le haghaidh táirgí den sórt sin ar bhonn staidéir choibhéise.

---

[78] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfaidh Páirtí teorainn 10 mbliana a chur le tréimhse na cosanta de bhun an Airteagail seo.

## ROINN C

## Cearta Maoine Intleachtúla a Fhorfheidhmiú

### FOROINN C.1

### Forálacha Ginearálta

#### AIRTEAGAL 25.52

#### Oibleagáidí Ginearálta

1. Dearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanais faoi Chomhaontú TRIPS agus go háirithe faoi Chuid III de. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir leis na bearta comhlántacha, nósanna imeachta agus leigheasanna faoin Roinn seo, a bhfuil gá leo chun a áirithiú go bhforfheidhmeofar cearta maoine intleachtúla. Beidh na bearta, nósanna imeachta agus leigheasanna sin cóir agus cothromasach, agus ní bheidh castacht ná costas gan ghá ag baint leo, ná ní bheidh teorainneacha ama míréasúnta ná moilleanna gan údar i gceist leo.

2. Beidh na bearta, na nósanna imeachta agus na leigheasanna dá dtagraítear i mír 1 éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach freisin agus cuirfear i bhfeidhm iad ar bhealach lena seachnófar bacainní a chur ar thrádáil dhlisteanach agus lena ndéanfar foráil maidir le coimircí in aghaidh a mí- úsáide.

3. Ní chuireann an Roinn seo aon oibleagáid ar Pháirtí córas breithiúnach a chur i bhfeidhm chun cearta maoine intleachtúla a fhorfheidhmiú a bheadh difriúil ón gcóras chun an dlí i gcoitinne a fhorfheidhmiú, ná ní dhéanann an Roinn seo difear do chumas Páirtí a dhlí a fhorfheidhmiú i gcoitinne. Ní chruthaíonn an Fhoroinn seo aon oibleagáid maidir leis an gcaoi a ndáileann Páirtí acmhainní idir forfheidhmiú ceart maoine intleachtúla agus forfheidhmiú an dlí i gcoitinne.

## AIRTEAGAL 25.53

### Daoine atá i dTeideal a Iarraidh go gCuirfear Bearta, Nósanna Imeachta agus Leigheasanna i bhFeidhm

Aithneoidh gach Páirtí gur daoine atá i dteideal a éileamh go gcuirfí i bhfeidhm na bearta, na nósanna imeachta agus na leigheasanna dá dtagraítear sa Roinn seo agus i gCuid III de Chomhaontú TRIPS atá sna daoine seo a leanas:

(a) sealbhóirí ceart maoine intleachtúla i gcomhréir lena dhlí;

(b) gach duine eile atá údaraithe chun na cearta maoine intleachtúla sin a úsáid, go háirithe ceadúnaithe, a mhéid a cheadaítear lena dhlí agus i gcomhréir leis an dlí sin;

(c) comhlachtaí bainistíochta ceart comhchoiteann maoine intleachtúla a aithnítear go tráthrialta go bhfuil sé de cheart acu ionadaíocht a dhéanamh ar shealbhóirí ceart maoine intleachtúla, a mhéid a cheadaítear leis an dlí agus i gcomhréir leis an dlí; agus

(d) comhlachtaí cosanta gairmiúla a aithnítear go tráthrialta go bhfuil sé de cheart acu ionadaíocht a dhéanamh ar shealbhóirí ceart maoine intleachtúla, a mhéid a cheadaítear leis an dlí agus i gcomhréir leis an dlí sin.

FOROINN C.2

Forfheidhmiú Sibhialta agus Riaracháin

AIRTEAGAL 25.54

Fianaise

1. Áiritheoidh gach Páirtí, fiú roimh thosach feidhme na n- imeachtaí ar fhiúntais an cháis, ar iarratas ó pháirtí a chuir i láthair fianaise atá ar fáil go réasúnach chun tacú lena mhaíomh go ndearnadh sárú ar a cheart maoine intleachtúla nó go bhfuil an ceart sin ar tí a shárú, go bhfuil sé d’údarás ag na húdaráis bhreithiúnacha inniúla a ordú go ndéanfar bearta sealadacha atá pras agus éifeachtach chun fianaise ábhartha a chaomhnú i leith an tsáraithe a líomhnaítear, faoi réir chosaint na faisnéise rúnda.

2. D'fhéadfaí go n- áireofaí leis na bearta dá dtagraítear i mír 1 tuairisc mhionsonraithe, agus samplaí á dtógáil nó gan iad á dtógáil, ar na hearraí a líomhnaítear gur earraí sáraitheacha iad, nó iad a urghabháil go fisiceach, agus, i gcásanna iomchuí, tuairisc mhionsonraithe ar na hábhair agus na huirlisí a úsáideadh chun earraí den sórt sin a tháirgeadh nó a dháileadh agus na doiciméid a bhaineann leo.

3. Déanfaidh gach Páirtí na bearta is gá chun an t- údarás a thabhairt dá údaráis bhreithiúnacha inniúla, i gcás ina sárófar ceart maoine intleachtúla ar scála tráchtála, más iomchuí agus arna iarraidh sin do pháirtí sna himeachtaí, a ordú go ndéanfar doiciméid bhaincéireachta, airgeadais nó tráchtála atá faoi rialú an pháirtí fhreasúraigh a chur in iúl, faoi réir cosaint faisnéise rúnda[79].

[79] Féadfaidh Meicsiceo an t- údarás sin a theorannú do nósanna imeachta coiriúla, i gcomhréir lena dhlí.

AIRTEAGAL 25.55

An Ceart chun Faisnéise

1. Áiritheoidh gach Páirtí, le linn nósanna imeachta a bhaineann le sárú ar cheart maoine intleachtúla agus mar fhreagairt ar iarraidh chuí- údaraithe, chomhréireach ón éilitheoir, go mbeidh sé d'údarás ag na húdaráis bhreithiúnacha a ordú don sáraitheoir nó d'aon duine eile ar páirtí nó finné sna nósanna imeachta é nó í, faisnéis a sholáthar maidir le tionscnamh agus líonraí dáileacháin na n- earraí nó na seirbhísí lena ndéantar sárú ar cheart maoine intleachtúla[80].

[80] Féadfaidh an tAontas Eorpach a chinneadh:
(a) go gciallaíonn 'aon duine eile' duine:
(i) a fuarthas agus na hearraí sáraitheacha ar seilbh aige ar scála tráchtála;
(ii) a fuarthas go raibh na seirbhísí sáraitheacha á n- úsáid aige ar scála tráchtála;
(iii) a fuarthas go raibh seirbhísí arna n-úsáid i ngníomhaíochtaí sáraitheacha á soláthar aige ar scála tráchtála; nó
(iv) ar chuir an duine dá dtagraítear i bhfomhír (i) go (iii) in iúl go raibh sé páirteach i dtáirgeadh, monarú nó dáileadh na n- earraí sáraitheacha nó i soláthar na seirbhísí sáraitheacha;
(b) cuimseofar an méid seo a leanas le 'faisnéis', de réir mar is iomchuí:
(i) ainmneacha agus seoltaí tháirgeoirí, mhonaróirí, dháileoirí, sholáthróirí agus shealbhóirí eile roimhe sin na n- earraí nó na seirbhísí, chomh maith leis na mórdhíoltóirí agus na miondíoltóirí atá beartaithe; nó
(ii) faisnéis ar na cainníochtaí a táirgeadh, a monaraíodh, a seachadadh, a fuarthas nó a ordaíodh, chomh maith leis an bpraghas a fuarthas ar na hearraí nó ar na seirbhísí atá i gceist.

2. Tá feidhm ag an Airteagal seo gan dochar d’aon fhoráil eile i ndlí Páirtí:

(a) lena ndeonaítear don sealbhóir cirt cearta chun faisnéis bhreise a fháil;

(b) lena rialaítear úsáid na faisnéise a chuirtear in iúl de bhun an Airteagail seo i nósanna imeachta breithiúnacha sibhialta nó coiriúla;

(c) lena rialaítear an fhreagracht as mí- úsáid an chirt chun faisnéise;

(d) lena dtugtar an deis chun diúltú faisnéis a sholáthar lena gcuirfí iallach ar an duine dá dtagraítear i mír 1 a admháil go raibh sé féin nó garghaolta leis rannpháirteach i sárú ar cheart maoine intleachtúla; nó

(e) lena rialaítear cosaint rúndachta foinsí faisnéise nó próiseáil sonraí pearsanta.

AIRTEAGAL 25.56

Bearta Sealadacha agus Bearta Réamhchúraim

1. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh sé d'údarás ag a údaráis bhreithiúnacha, ar iarraidh ón iarratasóir, urghaire idirbhreitheach a eisiúint in aghaidh an tsáraitheora líomhnaithe lena mbeartaítear cosc a chur ar aon sárú atáthar ar tí a dhéanamh ar cheart maoine intleachtúla, nó toirmeasc a chur, ar bhonn sealadach agus faoi réir, más iomchuí, íocaíocht phionósach athfhillteach má dhéantar foráil maidir leis sin ina dhlí náisiúnta, ar leanúint ar aghaidh leis na sáruithe líomhnaithe ar an gceart sin, nó leanúint ar aghaidh den sórt sin a chur faoi réir ráthaíochtaí a sholáthar atá beartaithe lena áirithiú go ndéanfar an sealbhóir cirt a chúiteamh. Féadfar urghaire idirbhreitheach a eisiúint freisin, faoi na coinníollacha céanna, in aghaidh idirghabhálaí a bhfuil a chuid seirbhísí, lena n- áirítear seirbhísí idirlín, á n- úsáid ag tríú páirtí chun ceart maoine intleachtúla a shárú. Chun críocha an Airteagail seo, áirítear soláthraithe seirbhíse idirlín le 'idirghabhálaithe'.

2. Féadfar urghaire idirbhreitheach a eisiúint freisin chun a ordú go ndéanfar earraí a bhfuil amhras fúthu go sáraíonn siad ceart maoine intleachtúla a urghabháil nó a sholáthar, chun cosc a chur ar a n- imeacht isteach chuig na bealaí tráchtála nó a ngluaiseacht laistigh díobh.

3. Déanfaidh gach Páirtí foráil, i gcás sárú líomhnaithe, go mbeidh sé d'údarás ag a údaráis bhreithiúnacha a ordú go ndéanfar urghabháil réamhchúraim ar mhaoin shochorraithe agus dhochorraithe an tsáraitheora líomhnaithe, lena n- áirítear bac a chur ar a chuid cuntas bainc agus sócmhainní eile dá chuid. Chuige sin, féadfaidh na húdaráis inniúla a ordú go gcuirfear doiciméid bhainc, airgeadais nó tráchtála in iúl, nó go dtabharfar rochtain iomchuí ar an bhfaisnéis ábhartha[81].

AIRTEAGAL 25.57

Leigheasanna

1. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh sé d'údarás ag na húdaráis bhreithiúnacha inniúla a ordú, ar iarraidh ón iarratasóir agus gan dochar d'aon damáiste atá dlite don sealbhóir cirt mar gheall ar an sárú, agus gan cúiteamh d'aon sórt, go ndéanfaí earraí a dhíothú nó a bhaint go cinntitheach as na bealaí tráchtála earraí ar chinn siad a bhfuil sárú á dhéanamh acu ar cheart maoine intleachtúla. Áiritheoidh gach Páirtí go bhféadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha inniúla a ordú freisin, más iomchuí, go ndíothófar ábhair agus uirlisí a úsáidtear go príomha chun na hearraí sin a chruthú nó a mhonarú.

81 Féadfaidh Meicsiceo an t- údarás chun a ordú go gcuirfear doiciméid bhainc, airgeadais nó tráchtála in iúl a theorannú do nósanna imeachta coiriúla, i gcomhréir lena dhlí. Féadfaidh gach Páirtí an t- údarás sin a theorannú do sháruithe arna ndéanamh ar scála tráchtála agus cásanna ina léiríonn an t- iarratasóir gurb ann do chúinsí a fhágann gur dócha go gcuirfear i mbaol aisghabháil na ndamáistí.

2. Agus iarraidh ar leigheasanna á meas, cuirfear san áireamh an gá atá le comhréireacht idir tromchúis an tsáraithe agus na leigheasanna a ordófar, chomh maith le leasanna tríú páirtithe.

AIRTEAGAL 25.58

Urghairí

Áiritheoidh gach Páirtí, má dhéantar cinneadh breithiúnach lena suitear sárú ar cheart maoine intleachtúla, go mbeidh sé d'údarás ag na húdaráis bhreithiúnacha urghaire a eisiúint in aghaidh an tsáraitheora agus in aghaidh idirghabhálaí a bhfuil a sheirbhísí á n- úsáid ag tríú páirtí chun sárú a dhéanamh ar cheart maoine intleachtúla, ar urghaire í a bhfuil d'aidhm aici toirmeasc a chur ar leanúint den sárú.

AIRTEAGAL 25.59

Damáistí

1. Forálfaidh gach Páirtí go mbeidh sé d'údarás ag a údaráis bhreithiúnacha a ordú don sáraitheoir a bhí ag gabháil go feasach do ghníomhaíocht a sháraigh cearta maoine intleachtúla, nó a bhí ag gabháil di agus forais réasúnacha aige a bheith feasach ina leith, damáistí cuí a íoc leis an sealbhóir cirt mar chúiteamh don díobháil a d'fhulaing sealbhóir an chirt mar gheall ar an sárú ar a cheart maoine intleachtúla[82].

2. Nuair a bheidh méid na ndamáistí á chinneadh de bhun mhír 1, cuirfidh údaráis bhreithiúnacha gach Páirtí na gnéithe iomchuí uile san áireamh agus beidh sé d'údarás acu breithniú a dhéanamh ar aon tomhas dlisteanach luacha a chuireann an sealbhóir cirt isteach, i measc eile, lena n- áirítear brabúis chaillte, luach na n- earraí nó na seirbhísí atá mar ábhar an tsáraithe, arna thomhas de réir an mhargadhphraghais, nó an phraghais miondíola mholta.

3. Forálfaidh gach Páirtí, i gcás sárú ar chóipcheart nó ar chearta gaolmhara agus góchumadh trádmhairc ar a laghad, go mbeidh sé d'údarás ag a údaráis bhreithiúnacha ordú a thabhairt don sáraitheoir, sna cásanna dá dtagraítear i mír 1 ar a laghad, brabúis an tsáraitheora atá inchurtha i leith an tsáraithe a íoc leis an sealbhóir cirt. Féadfaidh Páirtí an mhír seo a chomhlíonadh trí thoimhde go bhfuil na brabúis sin i gcomhréir leis na damáistí dá dtagraítear i mír 1.

---

82 Féadfaidh Páirtí foráil a dhéanamh nach bhfuil tionscnamh nós imeachta chun damáistí a éileamh faoi réir cinneadh críochnaitheach go ndearnadh sárú ar chearta maoine intleachtúla.

4. Féadfaidh gach Páirtí foráil a dhéanamh go mbeidh na húdaráis bhreithiúnacha in ann a ordú i bhfabhar an pháirtí dhíobhálaithe, go ndéanfaí brabús a aisghabháil nó damáistí a d'fhéadfadh a bheith réamhbhunaithe a íoc, i gcás nach raibh an sáraitheoir ag gabháil go feasach do ghníomhaíocht sháraitheach nó nach raibh sé ag gabháil di agus forais réasúnacha aige a bheith feasach ina leith.

AIRTEAGAL 25.60

Costais Dlí

Áiritheoidh gach Páirtí, mar riail ghinearálta, gurb ar an bpáirtí nár éirigh leis a thitfidh costais dlí réasúnacha, chomhréireacha agus speansais eile a thabhóidh an páirtí ar éirigh leis, mura rud é nach mbeadh sé sin cóir.

AIRTEAGAL 25.61

Foilsiú Cinntí Breithiúnacha

Gan dochar dá dhlí lena rialaítear cosaint rúndacht foinsí faisnéise nó cosaint sonraí pearsanta, áiritheoidh gach Páirtí, in imeachtaí dlí i ndáil le sárú ar cheart maoine intleachtúla, go mbeidh sé d'údarás ag na húdaráis bhreithiúnacha inniúla, ar iarraidh ón iarratasóir, bearta iomchuí a ordú chun an fhaisnéis a bhaineann leis an gcinneadh a scaipeadh, lena n-  áirítear an cinneadh a chur ar taispeáint agus é a fhoilsiú go hiomlán nó go páirteach.

AIRTEAGAL 25.62

Toimhde i dTaobh an Údair nó an Úinéara

1. Aithneoidh gach Páirtí, chun na bearta, na nósanna imeachta agus na leigheasanna dá ndéantar foráil san Fhoroinn seo a chur i bhfeidhm, in éagmais cruthúnas ar a mhalairt, gur leor é ainm údar saothair litríochta nó saothair ealaíne a bheith le feiceáil ar an saothar ar an ngnáthbhealach, ionas go measfar gurb é an t- údar é, agus dá dhroim sin go mbeidh sé i dteideal imeachtaí um shárú a thionscnamh.

2. Beidh feidhm ag mír 1, *mutatis mutandis*, maidir le sealbhóirí ceart a bhaineann le cóipcheart i ndáil leis an ábhar dá gcuid atá faoi chosaint.

AIRTEAGAL 25.63

Nósanna Imeachta Riaracháin

A mhéid is féidir aon leigheas sibhialta a ordú de bharr nósanna imeachta riaracháin ar fhiúntais cáis, beidh na nósanna imeachta sin i gcomhréir le prionsabail atá coibhéiseach ó thaobh substainte de leis na prionsabail a leagtar amach san Fhoroinn seo.

AIRTEAGAL 25.64

Tionscnaimh Dheonacha Páirtithe Leasmhara

Féachfaidh gach Páirtí le tionscnaimh dheonacha páirtithe leasmhara a éascú chun sáruithe ar chearta maoine intleachtúla a laghdú, lena n- áirítear sáruithe ar líne agus i margaí eile, a dhíríonn ar fhadhbanna coincréiteacha agus ar réitigh phraiticiúla atá réadúil, comhréireach agus cóir do gach páirtí leasmhar lena mbaineann.

ROINN D

Forfheidhmiú Trasteorann

AIRTEAGAL 25.65

Comhsheasmhacht le GATT agus Comhaontú TRIPS

Agus bearta teorann á gcur chun feidhme acu i dtaca le forfheidhmiú ceart maoine intleachtúla ag údaráis chustaim, cé acu a chumhdaítear sin leis an gComhaontú seo nó nach gcumhdaítear, áiritheoidh gach Páirtí comhsheasmhacht lena n- oibleagáidí faoi GATT agus Comhaontú TRIPS agus, go háirithe, le hAirteagal 41 de Roinn 4 de Chuid III de Chomhaontú TRIPS.

AIRTEAGAL 25.66

Bearta Forfheidhmiúcháin Teorann a Bhaineann le Cearta Maoine Intleachtúla

1. Beidh nósanna imeachta i bhfeidhm ag gach Páirtí lena gceadaítear go ndíothófar earraí lena sáraítear cearta maoine intleachtúla, i gcomhréir le hAirteagail 46 agus 59 de Chomhaontú TRIPS.

2. Maidir le hearraí atá faoi rialú custaim, áiritheoidh gach Páirtí go bhfuil a údaráis chustaim gníomhach, i gcomhréir lena dhlíthe agus a rialacháin agus i gcomhar le húdaráis ábhartha eile, ó thaobh díriú ar lastais ina bhfuil earraí faoi amhras i dtaca le sárú trádmharcanna, cóipchirt nó ceart maoine intleachtúla eile agus ó thaobh na lastais sin a shainaithint. Maidir le hearraí allmhairithe ar a laghad, ba cheart na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh ar bhonn anailís riosca.

3. Déanfaidh gach Páirtí bunachar sonraí leictreonach arna bhainistiú go lárnach a ghlacadh agus a choinneáil ar bun maidir le trádmharcanna agus dearaí tionsclaíocha ar a laghad, a bheidh ina uirlis ábhartha le haghaidh comhair idir na húdaráis inniúla agus sealbhóirí ceart, saor in aisce, agus chun faisnéis a sholáthar le haghaidh anailís riosca. Féachfaidh gach Páirtí leis an mbunachar sonraí le haghaidh anailís riosca a leathnú go dtí cearta maoine intleachtúla eile.

4. Áiritheoidh gach Páirtí go gcuirfear an fhaisnéis a sholáthraíonn an sealbhóir cirt san áireamh sa bhunachar sonraí leictreonach go huathoibríoch ar choinníoll go gcomhlíonann sí na ceanglais ábhartha, i gcomhréir lena dhlíthe agus a rialacháin. Déanfar an fhaisnéis a sholáthróidh an sealbhóir cirt a bhailíochtú go huathoibríoch nó déanfaidh údaráis inniúla gach Páirtí í a bhailíochtú laistigh de thréimhse réasúnta.

5. Aithníonn na Páirtithe na tairbhí a bhaineann le bunachar sonraí leictreonach a choinneáil ar bun agus a fheabhsú, d'fhonn cuidiú le sáruithe ar chearta maoine intleachtúla a bhrath agus gnéithe a sholáthar chun tús a chur leis an nós imeachta chun earraí a chur ar fionraí nó a choinneáil faoi rialú na n- údarás custaim.

6. Forálfaidh gach Páirtí go bhféadfaidh a údaráis chustaim gníomhú ar a thionscnamh féin chun scaoileadh earraí a chur ar fionraí nó earraí a choinneáil má mheastar gur sáraíodh ceart maoine intleachtúla leis na hearraí sin, nó an sealbhóir cirt nó na húdaráis ábhartha a chur ar an eolas ionas go bhféadfaidís measúnú a dhéanamh ar an ngá le nós imeachta a thionscnamh a bhféadfaí na hearraí sin a chur ar fionraí nó a choinneáil dá thoradh.

7. Moltar do Pháirtí nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm aige lena gceadaítear trádmharc góchumtha agus earraí bradacha a sheoltar i gcoinsíneachtaí poist nó mearchúiréirí a scriosadh go pras.

8. Déanfaidh údaráis chustaim gach Páirtí idirphlé tráthrialta a choinneáil ar bun agus comhar a chur chun cinn le páirtithe leasmhara agus le húdaráis eile a bhfuil baint acu leis na cearta maoine intleachtúla dá dtagraítear san Airteagal seo a fhorfheidhmiú.

9. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar maidir le trádáil idirnáisiúnta in earraí faoi amhras cearta maoine intleachtúla a shárú agus, go háirithe, chun faisnéis a chomhroinnt faoi thrádáil den sórt sin, i gcomhréir lena ndlíthe agus a rialacháin.

10. Déanfaidh na Páirtithe malartú tráthrialta ar chur chun feidhme agus riar ceart an Airteagail seo.

## ROINN E

## Forálacha Críochnaitheacha

### AIRTEAGAL 25.67

### Comhar agus Trédhearcacht

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar d'fhonn tacú le cur chun feidhme na Caibidle seo.

2. Áirítear ar na réimsí comhair, i measc nithe eile, na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) malartú faisnéise faoi fhorbairtí sa bheartas intíre agus idirnáisiúnta maidir le cearta maoine intleachtúla;

(b) malartú faisnéise faoi dhlíthe agus rialacháin na bPáirtithe a bhaineann le maoin intleachtúil, lena n- áirítear tionscnaimh nó leasuithe;

(c) malartú taithí idir na Páirtithe maidir le cearta maoine intleachtúla a fhorfheidhmiú;

(d) comhordú chun trádáil earraí góchumtha a chosc, lena n- áirítear le tríú tíortha;

(e) cúnamh teicniúil, fothú acmhainneachta agus pearsanra a mhalartú agus oiliúint a chur orthu;

(f) cearta maoine intleachtúla a chosaint agus faisnéis i leith an mhéid sin a scaipeadh ar chiorcail ghnó agus an tsochaí shibhialta, i measc grúpaí eile;

(g) oideachas agus múscailt feasachta maidir le cearta maoine intleachtúla, lena n- áirítear an tionchar a bhíonn ag sáruithe ar chearta maoine intleachtúla ar an ngeilleagar agus ar shábháilteacht tomhaltóirí;

(h) feabhas a chur ar chomhar institiúideach, go háirithe idir na húdaráis atá i gceannas ar chearta maoine intleachtúla;

(i) comhar le FBManna, lena n- áirítear ag imeachtaí nó tionóil atá dírithe ar FBManna, maidir le cearta maoine intleachtúla a chosaint agus a fhorfheidhmiú agus sáruithe a laghdú; agus

(j) malartú faisnéise a idir na Páirtithe maidir le hiarrachtaí chun tionscnaimh dheonacha páirtithe leasmhara ina gcríocha faoi seach a éascú.

3. An Fochoiste um Maoin Intleachtúil arna bhunú de bhun Airteagal 1.10 (Fochoistí agus Comhlachtaí Eile de Chuid III den Chomhaontú seo), déanfaidh sé faireachán ar chur chun feidhme agus riar na Caibidle seo agus aon ábhar ábhartha eile-.

Tiocfaidh an Fochoiste um Maoin Intleachtúil le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad, ach amháin i gcás ina gcomhaontaíonn na Páirtithe a mhalairt.

4. Ainmneoidh gach Páirtí pointe teagmhála chun comhar agus comhordú faoin gCaibidil seo a éascú, agus tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile faoina shonraí teagmhála. Tabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile go pras faoi aon athrú ar na sonraí teagmhála sin.

CAIBIDIL 26

TRÁDÁIL AGUS FORBAIRT INBHUANAITHE

AIRTEAGAL 26.1

Cuspóir agus Raon Feidhme

1. Is é is cuspóir don Chaibidil seo comhtháthú na forbartha inbhuanaithe a fheabhsú sa trádáil agus san infheistíocht idir na Páirtithe, go háirithe trí phrionsabail agus gníomhaíochtaí a leagan síos maidir leis na gnéithe saothair[83] agus comhshaoil den fhorbairt inbhuanaithe atá ábhartha go sonrach i gcomhthéacs na trádála agus na hinfheistíochta.

83 Chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn an téarma 'saothar' cuspóirí straitéiseacha EIS faoin gClár Oibre um Obair Chuibhiúil, a léirítear i nDearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Ceartas Sóisialta do Dhomhandú Cothrom 2008.

2. Tugann na Páirtithe chun cuimhne Clár 21 agus Dearbhú Rio maidir leis an gComhshaol agus leis an bhForbairt 1992, a ghlac Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Chomhshaol agus Forbairt in 1992; Plean Cur Chun Feidhme an Chruinnithe Mhullaigh Dhomhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe 2002 in Johannesburg; Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Ceartas Sóisialta do Dhomhandú Cothrom 2008 arna ghlacadh ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Saothair ag an 97ú Seisiún dá cuid sa Ghinéiv, an 10 Meitheamh 2008; an Doiciméad Deiridh ó Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe 2012, a ionchorpraíodh i Rún 66/288 arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 27 Iúil 2012, dar teideal 'The Future We Want' [An Todhchaí atá Uainn]; agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe an doiciméid ó Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe 'I mbun athraithe: Clár oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe'.

3. I gcomhréir leis na hionstraimí dá dtagraítear i mír 2, cuirfidh na Páirtithe an méid seo a leanas chun cinn:

(a) forbairt inbhuanaithe, lena gcuimsítear forbairt eacnamaíoch, forbairt shóisialta agus cosaint an chomhshaoil, a bhfuil na trí cinn uile idirspleách agus ag treisiú a chéile;

(b) forbairt na trádála agus na hinfheistíochta idirnáisiúnta ar bhealach a chuireann leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach; agus

(c) fás glas ionchuimsitheach agus geilleagar ciorclach ionas go gcothófar fás eacnamaíoch agus go ndéanfar cosaint an chomhshaoil a áirithiú agus forbairt shóisialta a chur chun cinn.

AIRTEAGAL 26.2

An Ceart chun Rialála agus Leibhéil Chosanta

1. Aithníonn na Páirtithe an ceart atá ag gach Páirtí chun a bheartais agus a thosaíochtaí forbartha inbhuanaithe féin a chinneadh, chun a leibhéil chosanta comhshaoil agus saothair intíre a leagan síos, agus chun a dhlíthe agus a rialacháin ábhartha, agus a bheartais a ghlacadh nó a mhodhnú de réir mar is iomchuí leis. Beidh na leibhéil, na dlíthe agus na rialacháin agus na beartais sin i gcomhréir le gealltanas gach Páirtí do na comhaontuithe agus na caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 26.3 agus Airteagal 26.4.

2. Féachfaidh gach Páirtí lena áirithiú go ndéanfar foráil lena dhlíthe agus a rialacháin agus a bheartais ábhartha maidir le hardleibhéil chosanta comhshaoil agus saothair agus go spreagfaidh siad amhlaidh; agus déanfaidh sé a dhícheall leanúint d’fheabhas a chur ar na dlíthe agus rialacháin agus na beartais sin agus ar na leibhéil chosanta is bonn leo.

3. Níor cheart go ndéanfadh Páirtí na leibhéil chosanta a thugtar ina dhlí comhshaoil nó saothair a lagú chun trádáil nó infheistíocht a spreagadh.

4. Ní dhéanfaidh Páirtí a dhlí comhshaoil ná saothair a tharscaoileadh ná maolú uaidh, ná ní dhéanfaidh sé a leithéid a thairiscint, chun trádáil nó infheistíocht a spreagadh.

5. Ní mhainneoidh Páirtí, trí ghníomhaíocht nó neamhghníomhaíocht leanúnach nó athfhillteach, a dhlí comhshaoil ná a dhlí saothair a fhorfheidhmiú go héifeachtach chun trádáil nó infheistíocht a spreagadh.

AIRTEAGAL 26.3

Caighdeáin agus Comhaontuithe Iltaobhacha Saothair

1. Dearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanas chun forbairt na trádála agus na hinfheistíochta idirnáisiúnta a chur chun cinn ar bhealach is go rannchuideofar le lánfhostaíocht tháirgiúil agus obair chuibhiúil do gach duine, go háirithe do mhná, do dhaoine óga agus do dhaoine faoi mhíchumas.

2. I gcomhréir le Bunreacht na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) agus le Dearbhú EIS maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair agus lena Bhearta Leantacha, arna nglacadh ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Saothair ag an 86ú Seisiún di sa Ghinéiv an 18 Meitheamh 1998, ní mór do gach Páirtí na prionsabail maidir le cearta bunúsacha ag an obair a urramú, a chur chun cinn agus a chur chun feidhme go héifeachtach, mar a shainmhínítear i gcoinbhinsiúin bhunúsacha na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (dá ngairtear 'EIS' anseo feasta), arb iad:

(a) an tsaoirse comhlachais agus aitheantas éifeachtach a thabhairt don cheart cómhargála;

(b) gach foirm saothair éignithe nó éigeantaigh a dhíothú;

(c) cealú éifeachtach saothair leanaí; agus

(d) agus idirdhealú a dhíothú i leith fostaíochta agus gairm bheatha.

3. De bhun mhíreanna 1 agus 2 agus béim á leagan ar ghealltanas na bPáirtithe go dtacóidh siad le rialachas iltaobhach, cuirfidh gach Páirtí coinbhinsiún EIS agus na prótacail a dhaingnigh sí chun feidhme go héifeachtach.

4. Déanfaidh gach Páirtí iarrachtaí leanúnacha seasta chun coinbhinsiúin bhunúsacha EIS a dhaingniú.

5. Malartóidh na Páirtithe faisnéis go tráthrialta faoin dul chun cinn atá déanta acu faoi seach maidir le coinbhinsiún bhunúsacha EIS agus na prótacail lena mbaineann a dhaingniú, mar aon le coinbhinsiún nó prótacail eile EIS nach bhfuil siad ina bPáirtithe iontu go fóill ach go measann EIS go bhfuil siad cothrom le dáta.

6. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile de réir mar is iomchuí agus ba cheart dóibh dul i gcomhar maidir le saincheisteanna saothair leasa fhrithpháirtigh a bhaineann le trádáil, lena n- áirítear i gcomhthéacs EIS.

7. Ag tabhairt chun cuimhne Dhearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Ceartas Sóisialta do Dhomhandú Cothrom 2008, tugann na Páirtithe faoi deara nach féidir sárú ar chearta agus prionsabail bhunúsacha ag an obair a agairt ná a úsáid ar bhealach eile mar bhuntáiste inchomparáide dlisteanach agus nár cheart caighdeáin saothair a úsáid chun críoch caomhnaitheachta trádála.

8. Cuirfidh gach Páirtí obair chuibhiúil chun cinn mar a shainmhínítear i nDearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Ceartas Sóisialta do Dhomhandú Cothrom 2008. Tabharfaidh gach Páirtí aird ar leith ar an méid seo a leanas, i gcomhréir lena choinníollacha agus lena thosaíochtaí:

(a) bearta a fhorbairt agus a fheabhsú maidir le sábháilteacht agus sláinte cheirde, lena n- áirítear cúiteamh i gcás díobháil cheirde nó galar ceirde, mar a shainmhínítear i gcoinbhinsiún ábhartha EIS agus gealltanais idirnáisiúnta eile;

(b) dálaí cuibhiúla oibre do chách, i ndáil le pá agus tuilleamh, uaireanta oibre agus dálaí oibre eile; agus

(c) córas cigireachta saothair éifeachtach a choinneáil ar bun i gcomhréir lena ghealltanais idirnáisiúnta agus caighdeáin ábhartha EIS.

9. Áiritheoidh gach Páirtí go bhfuil a imeachtaí riaracháin, breithiúnacha agus binse saothair chun a dhlí saothair a fhorfheidhmiú ina n- imeachtaí córa, inrochtana agus trédhearcacha, lena gcumasófar gníomhaíocht éifeachtach in aghaidh sáruithe ar chearta saothair dá dtagraítear sa Chaibidil seo.

AIRTEAGAL 26.4

Rialachas agus Comhaontuithe Comhshaoil Iltaobhacha

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le Comhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEA) de Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP) agus le rialachas agus comhaontuithe iltaobhacha comhshaoil mar fhreagairt ón gcomhphobal idirnáisiúnta ar dhúshláin chomhshaoil dhomhanda nó réigiúnacha agus tá sé d’aidhm acu an chomhthacaíocht fhrithpháirteach idir beartais trádála agus beartais comhshaoil a fheabhsú.

2. De bhun mhír 1 agus chun tacú le rialachas comhshaoil iltaobhach, déanfaidh gach Páirtí na comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha, na prótacail agus na leasuithe a bhfuil sé ina pháirtí iontu a chur chun feidhme.

3. Malartóidh na Páirtithe faisnéis go tráthrialta maidir lena dtionscnaimh faoi seach i ndáil le comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha a dhaingniú, lena n- áirítear a bprótacail agus leasuithe.

4. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile de réir mar is iomchuí agus ba cheart dóibh dul i gcomhar maidir le saincheisteanna comhshaoil leasa fhrithpháirtigh a bhaineann le trádáil, lena n- áirítear saincheisteanna i gcomhthéacs comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha.

5. Admhaíonn na Páirtithe an ceart atá ag gach Páirtí chun Airteagal 32.1 (Eisceachtaí Ginearálta) a agairt i ndáil le bearta a dhéantar de bhun comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha a bhfuil siad ina bpáirtithe iontu.

AIRTEAGAL 26.5

Trádáil agus an tAthrú Aeráide

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé cuspóir deiridh Chreat- Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), a rinneadh i Nua- Eabhrac an 9 Bealtaine 1992, a shaothrú chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt phráinneach an athraithe aeráide agus ról na trádála chuige sin a aithint.

2. De bhun mhír 1, déanfaidh gach Páirtí:

(a) UNFCCC agus Comhaontú Pháras a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n- áirítear trí ghníomhaíochtaí a chuireann le cur chun feidhme na Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta i gcomhréir le Comhaontú Pháras;

(b) rannchuidiú dearfach na trádála leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin inbhuanaithe agus le forbairt aeráid- díonach a chur chun cinn; agus

(c) fás eacnamaíoch glas a chur chun cinn bunaithe ar ghníomhaíochtaí i ndáil le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, lena n- áirítear oiriúnú bunaithe ar éiceachóras, fuinnimh in- athnuaite agus réitigh atá tíosach ar fhuinneamh.

3. Ba cheart do na Páirtithe dul i gcomhar maidir le hábhair a bhaineann le trádáil i ndáil leis an athrú aeráide go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí, lena n- áirítear in UNFCCC, san Eagraíocht Dhomhanda Trádála agus i bPrótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin.

AIRTEAGAL 26.6

Trádáil agus Bithéagsúlacht

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus a úsáid ar bhonn inbhuanaithe agus ról na trádála chun na cuspóirí sin a bhaint amach, i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, a rinneadh in Rio de Janeiro an 5 Meitheamh 1992 agus na Prótacail a ghabhann leis, agus an Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES), a níníodh in Washington D.C. an 3 Márta 1973, agus ionstraimí ábhartha idirnáisiúnta eile ina bhfuil siad ina bpáirtithe, lena n- áirítear na cinntí agus na rúin arna nglacadh faoi na hionstraimí sin.

2. Caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta a phríomhshruthú thar earnálacha ábhartha den gheilleagar agus creataí dlíthiúla, institiúideacha agus rialála intíre a neartú; aithníonn na Páirtithe go bhféadfaidh na nithe sin cuidiú le tionchair dhearfacha ar an mbithéagsúlacht agus a seirbhísí éiceachórais chomh maith le forbairt inbhuanaithe a bhaint amach.

3. De bhun mhír 1, déanfaidh gach Páirtí:

(a) bearta éifeachtacha a chur chun feidhme chun trádáil neamhdhleathach i bhfiadhúlra a chomhrac, lena n- áirítear trí ghníomhaíochtaí comhair le tríú tíortha, de réir mar is iomchuí;

(b) cuimsiú speiceas ainmhithe agus plandaí sna Foscríbhinní a ghabhann le CITES a chur chun cinn i gcás ina meastar stádas caomhnaithe an speicis sin a bheith i mbaol mar gheall ar thrádáil idirnáisiúnta agus athbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh, as a bhféadfaí moladh a dhéanamh chun na Foscríbhinní a ghabhann le CITES a leasú, chun a áirithiú go léirítear go hiomchuí iontu riachtanais chaomhnaithe na speiceas atá faoi réir trádáil idirnáisiúnta;

(c) caomhnú fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe speiceas atá liostaithe in CITES a chur chun cinn, lena n- áirítear a dtrádáil dhlíthiúil agus inrianaithe, fad is a chuirtear tairbhí ar fáil do pháirtithe leasmhara sa slabhra luacha, go háirithe do na pobail áitiúla ina bhfaightear speicis atá liostaithe in CITES;

(d) bearta a dhéanamh chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú nuair atá sí faoi réir brúnna atá nasctha le trádáil agus infheistíocht, go háirithe trí bhearta chun cosc a chur le leathadh speiceas coimhthíoch ionrach; agus

(e) faisnéis a mhalartú leis an bPáirtí eile faoi thionscnaimh i ndáil le táirgí bunaithe ar acmhainní nádúrtha a thrádáil d’fhonn chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta a chur chun cinn agus trádáil den sórt sin a chur chun cinn.

4. Ba cheart do gach Páirtí dul i gcomhar leis an bPáirtí eile go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, lena n- áirítear le páirtithe leasmhara ábhartha, ar ábhair a bhaineann le trádáil agus le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta, chomh maith le trádáil neamhdhleathach i bhfiadhúlra a chomhrac, lena n- áirítear trí thionscnaimh chun an t- éileamh ar tháirgí fiadhúlra neamhdhleathacha agus eiseamail a laghdú, agus chun comhar maidir le forfheidhmiú an dlí agus comhroinnt faisnéise a fheabhsú.

## AIRTEAGAL 26.7

### Trádáil agus Bainistíocht Inbhuanaithe Foraoisí

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí, agus ról na trádála chun an cuspóir sin a shaothrú.

2. De bhun mhír 1, déanfaidh gach Páirtí:

(a) caomhnú agus bainistiú inbhuanaithe foraoisí a spreagadh, agus trádáil agus tomhailt adhmaid agus táirgí adhmaid ó fhoraoisí a bhainistítear go hinbhuanaithe a chur chun cinn;

(b) trádáil i dtáirgí foraoise nach raibh ina gcúis le dífhoraoisiú ná díghrádú foraoise a chur chun cinn;

(c) bearta a chur chun feidhme chun lománaíocht neamhdhleathach agus trádáil ghaolmhar a chomhrac, lena n- áirítear trí ghníomhaíochtaí comhair le tríú tíortha, de réir mar is iomchuí; agus

(d) faisnéis a mhalartú leis an bPáirtí eile faoi thionscnaimh a bhaineann le trádáil maidir le rialachas foraoisí agus caomhnú cumhdaigh foraoise, agus oibriú i gcomhar leis an bPáirtí eile chun tionchair dhearfacha agus tacaíocht fhrithpháirteach a mbeartas leasa fhrithpháirtigh féin a uasmhéadú.

3. Ba cheart do gach Páirtí dul i gcomhar leis an bPáirtí eile go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, lena n- áirítear le páirtithe leasmhara ábhartha, ar ábhair a bhaineann le trádáil agus le caomhnú foraoisí chomh maith le bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí.

## AIRTEAGAL 26.8

### Trádáil agus Bainistíocht Inbhuanaithe Acmhainní Bitheolaíocha na Mara agus an Dobharshaothraithe

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé acmhainní bitheolaíocha na mara agus éiceachórais mhuirí a chaomhnú agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe chomh maith le dobharshaothrú freagrach agus inbhuanaithe a chur chun cinn ar mhaithe le dálaí eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta inbhuanaithe a áirithiú, mar aon le ról na trádála chun na cuspóirí sin a shaothrú.

2. Aithníonn na Páirtithe go mbíonn tionchair dhiúltacha ag iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (dá ngairtear 'Iascaireacht NNN' anseo feasta) ar thrádáil agus ar an gcomhshaol, agus deimhníonn siad an gá atá le gníomhaíocht chun deireadh a chur le hiascaireacht NNN chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna na ró- iascaireachta agus úsáid neamh- inbhuanaithe acmhainní iascaigh.

3. De bhun mhíreanna 1 agus 2, déanfaidh gach Páirtí:

(a) gníomhú i gcomhréir le prionsabail Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige a rinneadh in Montego Bay an 10 Nollaig 1982, Chomhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mór- imirceach a chur chun feidhme a osclaíodh lena shíneadh i Nua- Eabhrac an 4 Nollaig 1995, Chomhaontú na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta chun Comhlíontacht Bád Iascaireachta ar an Mórmhuir i dtaca le Bearta Idirnáisiúnta Caomhantais agus Bainistíochta a chur chun cinn a formheasadh an 24 Samhain 1993 le Rún 15/93 ag an 27ú Seisiún de Chomhdháil na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta, an Chóid Iompair d'Iascach Freagrach de chuid na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta a glacadh an 31 Deireadh Fómhair 1995 ag Comhdháil na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta, agus Chomhaontú na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta ar Bhearta Stát an Chalafoirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú a formheasadh an 22 Samhain 2009 ag an 36ú Seisiún de Chomhdháil na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta;

(b) bearta caomhnaithe agus bainistíochta fadtéarmacha agus saothrú inbhuanaithe acmhainní bitheolaíocha na mara mar a shainmhínítear i bpríomh- ionstraimí na Náisiún Aontaithe agus na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta a bhaineann leis na saincheisteanna sin[84] chur chun feidhme;

(c) páirt a ghlacadh go gníomhach in obair na n- eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh a bhfuil an dá Pháirtí ina gcomhaltaí, ina mbreathnóirí nó ina bpáirtithe neamhchonarthacha comhoibríocha iontu, agus é mar aidhm acu saothrú inbhuanaithe, bainistíocht agus caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara agus na muirthimpeallachta a áirithiú, lena n- áirítear, más infheidhme, rannpháirtíocht ghníomhach i nglacadh beart bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe ag na heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh sin agus iad a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach, lena n- áirítear, i gcás inarb infheidhme, doiciméadacht gabhálacha nó scéimeanna deimhniúcháin;

(d) bearta éifeachtacha a chur chun feidhme chun iascaireacht NNN a chomhrac, lena n- áirítear bearta chun táirgí iascaireachta NNN a eisiamh ó shreabha trádála agus oibriú i gcomhar agus faisnéis a mhalartú chuige sin; agus

---

84 Áirítear leis na hionstraimí sin, i measc ionstraimí eile agus de réir mar is infheidhme: Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, Comhaontú FAO chun Comhlíontacht Bád Iascaireachta ar an Mórmhuir i dtaca le Bearta Idirnáisiúnta Caomhantais agus Bainistíochta a chur chun cinn, Comhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mór- imirceach a Chur Chun Feidhme, agus Comhaontú FAO ar Bhearta Stát an Chalafoirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú.

(e) forbairt dobharshaothraithe inbhuanaithe agus fhreagraigh a chur chun cinn, lena n- áirítear maidir le cur chun feidhme na gcuspóirí agus na bprionsabal atá i gCód Iompair FAO d'Iascaigh Fhreagracha.

4. Ba cheart do gach Páirtí dul i gcomhar leis an bPáirtí eile agus laistigh d'eagraíochtaí réigiúnacha um bainistíocht iascaigh agus d'fhóraim idirnáisiúnta eile d'fhonn bainistíocht iascaigh inbhuanaithe a bhaint amach.

AIRTEAGAL 26.9

Trádáil agus Bainistíocht Fhreagrach Slabhraí Soláthair

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le slabhraí soláthair a bhainistiú ar bhealach freagrach trí iompar gnó freagrach agus trí chleachtais maidir le freagracht shóisialta chorparáideach, a chuireann le timpeallacht cumasúcháin, agus ról na trádála chun cuspóir an bhainistithe fhreagraigh ar shlabhraí soláthair a bhaint amach.

2. De bhun mhír 1, déanfaidh gach Páirtí:

(a) freagracht shóisialta chorparáideach nó iompar freagrach gnó a chur chun cinn, lena n- áirítear trí ghlacadh cleachtas ábhartha ag gnóthaí a spreagadh; agus

(b) tacóidh siad le scaipeadh agus úsáid ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha, amhail Treoirlínte ECFE le haghaidh Fiontair Ilnáisiúnta, Dearbhú Trípháirteach Prionsabal EIS maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta ó EIS a glacadh sa Ghinéiv i mí na Samhna 1977, Comhshocrú Domhanda NA agus Prionsabail Threoracha NA maidir le Gnó agus Cearta an Duine arna bhformhuiniú ag an gComhairle um Chearta an Duine le Rún 17/4 an 16 Meitheamh 2011.

3. Aithníonn na Páirtithe áirgiúlacht treoirlínte idirnáisiúnta a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith i réimse na freagrachta sóisialta corparáidí agus i réimse an iompair gnó fhreagraigh, amhail Treoirdhoiciméid ECFE um Dhícheall Cuí le haghaidh slabhraí soláthair freagracha, agus cuirfidh siad obair chomhpháirteach chun cinn ina leith sin, lena n- áirítear obair chomhpháirteach i ndáil le tríú tíortha. Déanfaidh gach Páirtí glacadh na dtreoirlínte sin lena dtacaíonn an Páirtí sin a chur chun cinn.

4. Malartóidh gach Páirtí faisnéis chomh maith le dea- chleachtais agus, de réir mar is iomchuí, rachaidh siad i gcomhar leis an bPáirtí eile go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, maidir le saincheisteanna a chumhdaítear leis an Airteagal seo.

AIRTEAGAL 26.10

Tionscnaimh Eile um Thrádáil agus Infheistíocht lena dTugtar Tús Áite d’Fhorbairt Inbhuanaithe

1. Deimhníonn na Páirtithe a ngealltanas chun feabhas a chur ar an méid a chuireann an trádáil agus an infheistíocht le sprioc na forbartha inbhuanaithe a bhaint amach sna gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil di.

2. De bhun mhír 1, cuirfidh gach Páirtí an méid seo a leanas chun cinn:

(a) beartais trádála agus infheistíochta a thacaíonn le cuspóirí Chlár Oibre um Obair Chuibhiúil EIS, beartais atá comhsheasmhach le Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Ceartas Sóisialta do Dhomhandú Cothrom 2008, lena n- áirítear beartais maidir le pá, tuilleamh agus uaireanta oibre, cosaint shóisialta chuimsitheach, sláinte agus sábháilteacht ag an obair, agus gnéithe eile a bhaineann le dálaí oibre;

(b) trádáil agus infheistíocht in earraí comhshaoil agus i seirbhísí comhshaoil a éascú, lena n- áirítear na hearraí agus na seirbhísí sin atá ábhartha do mhaolú an athraithe aeráide amhail fuinneamh inbhuanaithe agus fuinneamh in- athnuaite agus táirgí agus seirbhísí atá tíosach ar fhuinneamh, trí aghaidh a thabhairt ar bhacainní neamhtharaife gaolmhara nó trí chreataí beartais a ghlacadh, rud a chuideoidh leis na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil a chur in úsáid agus trí oibriú i gcomhar maidir le tionscnaimh sa réimse sin, i measc nithe eile; agus

(c) trádáil earraí a chuireann le dálaí sóisialta feabhsaithe agus cleachtais atá fónta ó thaobh an chomhshaoil, lena n- áirítear earraí a chumhdaítear le scéimeanna dearbhaithe inbhuanaitheachta deonacha amhail scéimeanna um thrádáil chóir agus eiticiúil agus éicilipéid.

3. Ba cheart do gach Páirtí dul i gcomhar leis an bPáirtí eile go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, maidir le saincheisteanna a chumhdaítear leis an Airteagal seo.

## AIRTEAGAL 26.11

### Faisnéis Eolaíoch agus Theicniúil

1. Agus bearta á mbunú nó á gcur chun feidhme ag na Páirtithe arb é is aidhm dóibh an comhshaol nó sábháilteacht agus sláinte cheirde a chosaint a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do thrádáil nó d’infheistíocht, déanfaidh gach Páirtí faisnéis eolaíoch agus theicniúil, caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta, treoirlínte nó moltaí a chur san áireamh.

2. Má tá easpa lándeimhneachta eolaíche agus bagairtí go bhféadfaí damáiste thromchúiseach nó dho- chúlaithe a dhéanamh don chomhshaol nó do shábháilteacht agus sláinte cheirde, féadfaidh Páirtí bearta costéifeachtacha a ghlacadh bunaithe ar phrionsabal an réamhchúraim. Ní mór bearta den sórt sin a bheith i gcomhréir leis an gComhaontú seo, nó údar a bheith leo faoin gComhaontú seo. Beidh siad bunaithe ar an bhfaisnéis ábhartha atá ar fáil agus faoi réir athbhreithniú tréimhsiúil i bhfianaise faisnéis eolaíoch nua.

AIRTEAGAL 26.12

Trédhearcacht

Nuair a ghlacann Páirtí bearta a bhfuil feidhm ghinearálta acu agus nuair a chuireann siad chun feidhme iad, ar bearta iad atá dírithe ar chosaint an chomhshaoil agus dálaí saothair a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do thrádáil agus infheistíocht idir na Páirtithe, nó bearta trádála nó infheistíochta a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chosaint an chomhshaoil nó do chosaint dálaí saothair, déanfaidh an Páirtí sin amhlaidh i gcomhréir le Caibidil 27 (Trédhearcacht), agus soláthróidh sé deiseanna réasúnacha do dhaoine leasmhara chun tuairimí a chur isteach maidir leis na bearta atá beartaithe i gcomhréir lena dhlíthe agus rialacháin intíre.

AIRTEAGAL 26.13

Comhar maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le comhar chun cuspóirí na Caibidle seo a bhaint amach.

2. Maidir leis an gcomhar dá dtagraítear i mír 1, féadfar réimsí amhail na réimsí seo a leanas a chumhdach:

(a) gnéithe saothair agus comhshaoil na trádála agus na forbartha inbhuanaithe i bhfóraim idirnáisiúnta, lena n- áirítear go háirithe an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, EIS, Clár agus Comhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe agus comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha;

(b) tionchar na ndlíthe saothair agus comhshaoil agus na gcaighdeán saothair agus comhshaoil ar thrádáil agus ar infheistíocht; agus

(c) tionchar an dlí maidir le trádáil agus infheistíocht ar chúrsaí saothair agus an comhshaol.

3. Maidir leis an gcomhar dá dtagraítear i mír 1, féadfar gnéithe a bhaineann le trádáil den mhéid seo a leanas a chumhdach freisin:

(a) coinbhinsiúin bhunúsacha, coinbhinsiúin rialachais agus coinbhinsiúin eile EIS atá cothrom le dáta agus atá ábhartha i gcomhthéacs na trádála;

(b) Clár Oibre EIS um Obair Chuibhiúil, lena n- áirítear na hidirnaisc idir trádáil agus lánfhostaíocht tháirgiúil, coigeartú mhargadh an tsaothair, croíchaighdeáin saothair, obair chuibhiúil sna slabhraí soláthair domhanda, cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta, idirphlé sóisialta, forbairt scileanna agus comhionannas inscne;

(c) comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha, lena n- áirítear comhar custaim agus tacaíocht do rannpháirtíocht a chéile i gcomhaontuithe den sórt sin;

(d) an réimeas idirnáisiúnta um athrú aeráide atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, lena n- áirítear modh chun teicneolaíochtaí ísealcharbóin agus éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn, gníomhaíocht praghsála carbóin a ullmhú agus a ghlacadh lena n- áirítear córais trádála astaíochtaí, oiriúnú bunaithe ar éiceachórais agus cuir chuige um bainistíocht uisce a oiriúnú i ndáil leis an athrú aeráide;

(e) Prótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin agus Leasú Kigali air, go háirithe:

(i) bearta chun táirgeadh agus tomhaltas substaintí ídithe ózóin (ODSanna) agus hidreafluaracarbóin (HFCanna), agus trádáil iontu, a rialú;

(ii) roghanna malartacha atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a thabhairt isteach;

(iii) caighdeáin a thabhairt cothrom le dáta; agus

(iv) trádáil neamhdhleathach substaintí a chomhrac, arna rialáil leis an gcomhaontú sin;

(f) fás glas ionchuimsitheach agus geilleagar ciorclach a chur chun cinn;

(g) scéimeanna dearbhaithe inbhuanaitheachta poiblí agus príobháideacha trédhearcacha, lena n- áirítear éicilipéadú;

(h) éiceachórais a chosaint agus a athchóiriú, rochtain ar acmhainní géiniteacha agus comhroinnt chothrom agus chothromasach na dtairbhí a eascraíonn óna n- úsáid i gcomhréir le Prótacal Nagoya maidir le Rochtain ar Acmhainní Géiniteacha agus Comhroinnt Chothrom agus Chothromasach na dTairbhí a eascraíonn as a nÚsáid leis an gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, a rinneadh in Nagoya an 29 Deireadh Fómhair 2010, chomh maith le héiceachórais a luacháil, mar aon lena seirbhísí agus ionstraimí eacnamaíocha gaolmhara;

(i) freagracht shóisialta chorparáideach, iompar gnó freagrach agus bainistíocht fhreagrach ar shlabhraí soláthair domhanda, lena n- áirítear maidir le comhlíonadh, cur chun feidhme agus scaipeadh ionstraimí arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta;

(j) bainistíocht fhónta ceimiceán agus dramhaíola;

(k) caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta a chur chun cinn, lena n- áirítear trí thrádáil neamhdhleathach i bhfiadhúlra a chomhrac, dá dtagraítear in Airteagal 26.6;

(l) caomhnú agus bainistíocht inbhuanaithe foraoisí a chur chun cinn d'fhonn stop a chur le dífhoraoisiú agus lománaíocht neamhdhleathach, lena n- áirítear trádáil i dtáirgí foraoise nach raibh ina gcúis le dífhoraoisiú ná díghrádú foraoisí a chur chun cinn, dá dtagraítear in Airteagal 26.7; agus

(m) cleachtais iascaireachta inbhuanaithe agus trádáil i dtáirgí éisc a bhainistítear go hinbhuanaithe a chur chun cinn, chomh maith le cosaint agus athchóiriú na muirthimpeallachta, dá dtagraítear in Airteagal 26.8.

AIRTEAGAL 26.14

An Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe

1. Tiocfaidh an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe a bhunaítear le hAirteagal 1.10.1(l) (Fochoistí agus Comhlachtaí Eile de Chuid III den Chomhaontú seo) le chéile laistigh de 1 bhliain amháin ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, mura gcomhaontaíonn na Páirtithe a mhalairt, agus de réir mar is gá ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 1.4 (Fochoistí agus Comhlachtaí Eile) de Chuid IV den Chomhaontú seo.

2. Déanfaidh an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe an méid seo a leanas:

(a) cur chun feidhme agus riar éifeachtach na Caibidle seo a éascú agus faireachán a dhéanamh air, lena n- áirítear gníomhaíochtaí comhair arna ndéanamh faoin gCaibidil seo;

(b) na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 26.17 go hAirteagal 26.19 a chomhlíonadh;

(c) moltaí a thabhairt don Chomhchoiste, lena n- áirítear maidir le hábhair atá le plé leis an nGrúpa Comhairleach Baile agus an Fóram Sochaí Sibhialta, dá dtagraítear in Airteagal 1.7 (Grúpaí Comhairleacha Baile) agus Airteagal 1.8 (Fóram Sochaí Sibhialta) de Chuid IV den Chomhaontú seo; agus

(d) aon ábhar eile a bhreithniú a bhaineann leis an gCaibidil seo mar a comhaontóidh na Páirtithe.

3. Eiseoidh an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe tuarascáil phoiblí tar éis gach ceann dá chruinnithe.

4. Tabharfaidh gach Páirtí aird chuí ar theachtaireachtaí agus tuairimí ón bpobal maidir le hábhair a bhaineann leis an gCaibidil seo agus cuirfidh siad an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe ar an eolas faoi theachtaireachtaí agus tuairimí den sórt sin, mar aon lena sásraí sochaí shibhialta dá dtagraítear in Airteagal 1.6 (Gaolmhaireacht leis an tSochaí Shibhialta) de Chuid IV den Chomhaontú seo.

## AIRTEAGAL 26.15

### Pointí Teagmhála le haghaidh Trádála agus Forbairt Inbhuanaithe

Ainmneoidh gach Páirtí pointe teagmhála chun cumarsáid agus comhordú idir na Páirtithe a éascú ar ábhair a bhaineann le cur chun feidhme na Caibidle seo agus tabharfaidh sé a shonraí teagmhála don Pháirtí eile. Tabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile go pras faoi aon athrú ar na sonraí teagmhála sin.

AIRTEAGAL 26.16

Réiteach Díospóidí

I gcás easaontais idir na Páirtithe maidir le léirmhíniú cur i bhfeidhm na Caibidle seo, beidh teacht ag na Páirtithe, go heisiach, ar na nósanna imeachta um réiteach díospóidí dá dtagraítear in Airteagal 26.17 agus Airteagal 26.18.

AIRTEAGAL 26.17

Comhairliúcháin

1. Féadfaidh Páirtí comhairliúcháin a iarraidh leis an bPáirtí eile maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm na Caibidle seo trí iarraidh i scríbhinn a sheachadadh chuig pointe teagmhála an Pháirtí eile arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 26.15. Leagfar amach na cúiseanna le comhairliúcháin a iarraidh san iarraidh sin, lena n- áirítear tuairisc ar an ábhar atá i gceist. Cuirfear tús le comhairliúcháin go pras tar éis do Pháirtí iarraidh ar chomhairliúcháin a sheachadadh, agus in aon chás tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis dháta fála na hiarrata, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt. Tionólfar na comhairliúcháin go pearsanta nó, má chomhaontaíonn na Páirtithe, trí mheán leictreonach.

2. Rachaidh na Páirtithe i mbun comhairliúcháin arb é is aidhm dóibh teacht ar réiteach ar an ábhar atá sásúil don dá thaobh. Maidir leis na comhaontuithe iltaobhacha dá dtagraítear sa Chaibidil seo, cuirfidh na Páirtithe faisnéis ó EIS nó ó chomhlachtaí nó eagraíochtaí comhshaoil iltaobhacha ábhartha chun comhleanúnachas idir obair na bPáirtithe agus na n- eagraíochtaí nó na gcomhlachtaí sin a áirithiú. I gcás inarb ábhartha agus ina gcomhaontaítear go frithpháirteach, iarrfaidh na Páirtithe comhairle ar na heagraíochtaí nó comhlachtaí sin, nó ar aon saineolaí nó comhlacht eile a mheasfaidh siad a bheith iomchuí.

3. Má mheasann Páirtí, 30 lá tar éis dháta fála na hiarrata dá dtagraítear i mír 1, gur gá an t- ábhar a phlé a thuilleadh, féadfaidh an Páirtí sin a iarraidh i scríbhinn go dtionólfaí an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe agus ní mór dó fógra a thabhairt don phointe teagmhála dá dtagraítear i mír 1 faoin iarraidh sin. Tiocfaidh an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe le chéile go pras agus féachfaidh sé le réiteach a aimsiú atá sásúil don dá Pháirtí.

4. Iarrfaidh an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe, de réir mar is iomchuí, comhairle na nGrúpaí Comhairleacha Baile dá dtagraítear in Airteagal 1.7 (Grúpaí Comhairleacha Baile) de Chuid IV den Chomhaontú seo nó comhairle ó shaineolaí eile.

5. Cuirfear aon rún a dhéanfaidh na Páirtithe ar fáil don phobal.

AIRTEAGAL 26.18

Painéal Saineolaithe

1. Más rud é, laistigh de 90 lá tar éis iarraidh ar chomhairliúcháin de bhun Airteagal 26.17, nach bhfuil réiteach arna chomhaontú ar bhonn frithpháirteach bainte amach ag na Páirtithe, féadfaidh Páirtí a iarraidh go mbunófaí painéal saineolaithe chun scrúdú a dhéanamh ar an ábhar. Ní mór an iarraidh sin a dhéanamh i scríbhinn chuig pointe teagmhála an Pháirtí eile arna ainmniú de bhun Airteagal 26.15. Aithneofar san iarraidh sin na cúiseanna a bhfuiltear ag iarraidh go mbunófaí painéal saineolaithe, lena n- áirítear léiriú ar bhunús dlí an ghearáin.

2. Mura bhforáiltear dá mhalairt san Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagal 31.6 (Painéal a Bhunú), Airteagal 31.10 (Feidhmeanna an Phainéil), Airteagal 31.20 (Painéalaithe a Ionadú), Airteagal 31.21 (Rialacha Nós Imeachta), Airteagal 31.22 (Fionraí agus Foirceannadh), Airteagal 31.23 (Faisnéis a Fháil) agus Airteagal 31.24 (Rialacha maidir le Léirmhíniú); agus Roinn E (Forálacha Coitianta) de Chaibidil 31 (Réiteach Díospóidí); chomh maith le hIarscríbhinní 31-A (Rialacha Nós Imeachta) agus 31-B (Cód Iompair maidir le Painéalaithe agus Idirghabhálaithe).

3. Ag an gcéad chruinniú a bheidh ag an bhFochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, bunóidh sé liosta de 15 dhuine aonair ar a laghad atá toilteanach agus in ann feidhmiú mar phainéalaithe ar an bpainéal saineolaithe. Beidh trí fholiosta sa liosta: foliosta amháin do gach Páirtí agus foliosta amháin de dhaoine aonair nach náisiúnaigh de cheachtar Páirtí iad agus atá toilteanach agus in ann feidhmiú mar chathaoirleach ar an bpainéal saineolaithe. Molfaidh gach Páirtí cúigear ar a laghad le haghaidh a fholiosta féin. Roghnóidh na Páirtithe cúigear ar a laghad don liosta cathaoirleach freisin. Áiritheoidh an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe go gcoimeádfar an liosta cothrom le dáta agus go mbeidh 15 shaineolaí ar a laghad ar an liosta i gcónaí.

4. Ní mór saineolas a bheith ag na daoine dá dtagraítear i mír 3 ar an dlí saothair nó comhshaoil, ar shaincheisteanna a dtugtar aghaidh orthu sa Chaibidil seo, nó ar réiteach díospóidí a thagann chun cinn faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta. Ní mór dóibh a bheith neamhspleách, a bheith ag fónamh ina gcumas aonair agus ní thógfaidh siad treoracha ó aon eagraíocht ná rialtas maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an díospóid ná ní bheidh siad cleamhnaithe le rialtas aon cheann de na Páirtithe, agus comhlíonfaidh siad na forálacha a leagtar amach in Iarscríbhinn 31- B (Cód Iompair maidir le Painéalaithe agus Idirghabhálaithe).

5. Bunófar painéal saineolaithe i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach i míreanna 2 agus 3 d’Airteagal 31.6 (Painéal a Bhunú). Roghnófar na saineolaithe ó na daoine aonair ar na foliostaí dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, i gcomhréir le hAirteagal 31.7 (Comhdhéanamh Painéil).

6. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt laistigh de 5 lá tar éis dháta bunaithe an phainéil saineolaithe, mar a shainítear i mír 3 d'Airteagal 31.6 (Painéal a Bhunú), is é a bheidh i dtéarmaí tagartha an phainéil:

'scrúdú a dhéanamh, i bhfianaise fhorálacha ábhartha Chaibidil 26 (Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe) de Chuid III (Trádáil agus Infheistíocht) den Chomhaontú seo, ar an ábhar dá dtagraítear san iarraidh ar an bPainéal Saineolaithe a bhunú, chun torthaí agus moltaí a sholáthar d'fhonn an t- ábhar a réiteach agus tuarascáil a sholáthar, i gcomhréir le mír 8 d'Airteagal 26.18 (Painéal Saineolaithe)'.

7. In ábhair a bhaineann le comhaontuithe iltaobhacha a urramú dá dtagraítear sa Chaibidil seo, féachfaidh an painéal saineolaithe le faisnéis agus comhairle a iarraidh ó chomhlachtaí ábhartha EIS nó comhlachtaí eile arna mbunú faoi chomhaontuithe comhshaoil iltaobhacha.

8. Eiseoidh an painéal saineolaithe tuarascáil eatramhach chuig na Páirtithe laistigh de 90 lá tar éis dháta bunaithe an phainéil saineolaithe agus eiseoidh siad tuarascáil chríochnaitheach tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis dháta eisiúna na tuarascála eatramhaí. Leagfar amach sna tuarascálacha sin na torthaí fíorais, infheidhmeacht na bhforálacha ábhartha agus an bhunréasúnaíocht atá le haon toradh nó moladh. Cuirfidh gach Páirtí an tuarascáil chríochnaitheach ón bpainéal saineolaithe ar fáil don phobal laistigh de 15 lá tar éis don phainéal saineolaithe í a chur isteach.

9. Pléifidh na Páirtithe bearta iomchuí a bheidh le cur chun feidhme agus tuarascáil agus moltaí an phainéil saineolaithe á gcur san áireamh. Déanfaidh an Páirtí a chuirfidh na bearta iomchuí chun feidhme a Ghrúpa Comhairleach Baile dá dtagraítear in Airteagal 1.7 (Grúpaí Comhairleacha Baile) de Chuid IV den Chomhaontú seo agus an Páirtí eile a chur ar an eolas faoi aon ghníomhaíocht nó beart a bheidh le cur chun feidhme tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis don tuarascáil a bheith curtha ar fáil don phobal. Déanfaidh an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe faireachán ar na bearta leantacha i leith thuarascáil an phainéil saineolaithe agus a chuid moltaí. Féadfaidh na grúpaí comhairleacha baile dá dtagraítear in Airteagal 1.7 (Grúpaí Comhairleacha Baile) de Chuid IV den Chomhaontú seo barúlacha a chur faoi bhráid an Fhochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe ina leith sin.

## AIRTEAGAL 26.19

### Athbhreithniú

1. Chun cur chun feidhme éifeachtach na Caibidle seo a fheabhsú, tionscnóidh na Páirtithe, ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe, próiseas foirmiúil athbhreithnithe ina gcuirfear san áireamh, i measc nithe eile, an taithí a fuarthas tríd an gCaibidil seo a chur chun feidhme, forbairtí beartais i ngach Páirtí, forbairtí i gcomhaontuithe idirnáisiúnta agus tuairimí arna gcur i láthair ag páirtithe leasmhara. Beidh sé d’aidhm ag na Páirtithe an próiseas athbhreithnithe a thabhairt i gcrích laistigh de 12 mhí.

2. Chun críoch mhír 1, ag cruinnithe an Fhochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe, déanfaidh na Páirtithe plé go háirithe ar oibriú na bhforálacha institiúideacha agus na bhforálacha maidir le réiteach díospóidí a leagtar amach in Airteagail 26.14 go 26.18, lena n-áirítear athbhreithniú féideartha ar a n-éifeachtacht agus feabhas a chur ar an sásra forfheidhmiúcháin, lena n-áirítear an fhéidearthacht céim chomhlíontachta agus frithbhearta ábhartha a chur i bhfeidhm mar rogha dheiridh.

3. Féadfaidh an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe leasuithe a ullmhú ar fhorálacha ábhartha na Caibidle seo ina léireofar torthaí na bpléití dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, i gcomhréir leis an nós imeachta maidir le leasú a bhunaítear le hAirteagal 2.4 (Leasú) de Chuid IV den Chomhaontú.

4. Gan dochar do thoradh an athbhreithnithe, féachfaidh na Páirtithe freisin ar an bhféidearthacht agus ar an módúlacht i ndáil le Comhaontú Pháras a chuimsiú mar ghné riachtanach den Chomhaontú seo.

## CAIBIDIL 27

## TRÉDHEARCACHT

### AIRTEAGAL 27.1

### Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'bearta a bhfuil feidhm ghinearálta acu' dlíthe, rialacháin, nósanna imeachta agus rialuithe riaracháin a bhfuil feidhm ghinearálta acu;

(b) ciallaíonn 'duine leasmhar' aon duine nádúrtha nó dlítheanach dá ndéantar difear nó dá bhféadfar difear a dhéanamh le beart a bhfuil feidhm ginearálta aige; agus

(c) ciallaíonn 'gníomhaíocht riaracháin' gníomhaíocht nó cinneadh ag a bhfuil éifeacht dhlíthiúil lena ndéantar difear do chearta agus oibleagáidí duine shonraigh i gcás aonair, agus lena gcumhdaítear gníomhaíocht riaracháin nó mainneachtain gníomhaíocht nó cinneadh riaracháin a dhéanamh dá bhforáiltear i ndlí an Pháirtí.

AIRTEAGAL 27.2

Cuspóir

Tá sé d'aidhm ag na Páirtithe timpeallacht rialála thrédhearcach a chur chun cinn.

AIRTEAGAL 27.3

Foilseachán

1. Áiritheoidh gach Páirtí gur fíor an méid seo a leanas maidir le haon bheart a bhfuil feidhm ghinearálta aige i ndáil le haon ábhar a chumhdaítear leis an gCuid seo den Chomhaontú:

(a) déantar é a fhoilsiú go pras trí mheán a ainmnítear go hoifigiúil agus, i gcás inarb indéanta, trí mheán leictreonach, nó cuirtear ar fáil ar bhealach eile é ionas go gcuirfear é ar a gcumas do thrádálaithe agus páirtithe leasmhara eile tuiscint a fháil air; agus

(b) má ghlactar é ar leibhéal lárnach an rialtais, go soláthrófar míniú ar a chuspóir agus a réasúnaíocht.

2. A mhéid is féidir, agus beart dá dtagraítear i mír 1 á thabhairt isteach nó á athrú, tabharfaidh gach Páirtí go leor ama chun dul i dtaithí air idir dáta a fhoilsithe agus an dáta ar a dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

## AIRTEAGAL 27.4

### Faisnéis a sholáthar

1. Ar iarraidh ón bPáirtí eile, déanfaidh Páirtí faisnéis a sholáthar go pras agus freagra a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le haon bheart atá ann cheana nó aon bheart atá beartaithe a bhfuil feidhm ghinearálta aige a dhéanann difear ábhartha d'fheidhmiú an Chomhaontaithe seo.

2. Faisnéis a sholáthraítear de bhun an Airteagail seo, beidh sí gan dochar do cé acu atá nó nach bhfuil an beart comhsheasmhach leis an gComhaontú seo.

## AIRTEAGAL 27.5

### Bearta a Riar a bhfuil Feidhm Ghinearálta Acu

1. Riarfaidh gach Páirtí na bearta uile a bhfuil feidhm ghinearálta acu ar bhealach oibiachtúil, neamhchlaonta, comhsheasmhach agus réasúnta maidir le haon ábhar a chumhdaítear leis an gCuid seo den Chomhaontú.

2. Nuair atá bearta a bhfuil feidhm ghinearálta acu á gcur i bhfeidhm i gcásanna sonracha i leith daoine, earraí nó seirbhísí áirithe an Pháirtí eile, déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas:

(a) féachfaidh sé le fógra réasúnta a thabhairt do dhuine dá ndéantar difear díreach le himeachtaí riaracháin, i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin, nuair a thionscnaítear na himeachtaí sin, lena n- áirítear tuairisc ar chineál na n- imeachtaí, ráiteas maidir leis an údarás dlíthiúil faoina dtionscnaítear na himeachtaí agus tuairisc ghinearálta ar aon saincheist chonspóideach;

(b) tabharfaidh sé deis réasúnach don duine sin fíorais agus argóintí a chur i láthair mar thaca lena sheasamh roimh aon ghníomhaíocht riaracháin chríochnaitheach, a mhéid is féidir de réir an mhéid ama, chineál na n- imeachtaí agus an leasa phoiblí; agus

(c) áiritheoidh sé go bhfuil na nósanna imeachta i gcomhréir lena dhlí.

AIRTEAGAL 27.6

Athbhreithniú agus Achomharc

1. Déanfaidh gach Páirtí binsí nó nósanna imeachta breithiúnacha, eadrána nó riaracháin a bhunú nó a choinneáil ar bun chun críocha an athbhreithnithe phrais agus, i gcás ina bhfuil údar leis sin, gníomhaíocht riaracháin a cheartú maidir le haon ábhar a chumhdaítear leis an gCuid seo den Chomhaontú[85]. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh binsí, atá neamhspleách ar an údarás a gcuirtear forfheidhmiú riaracháin ar a iontaoibh, a nósanna imeachta le haghaidh achomhairc nó athbhreithniú ar bhealach neamh- idirdhealaitheach agus neamhchlaonta, agus nach mbeidh aon leas substaintiúil acu i dtoradh an ábhair.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go soláthrófar na cearta seo a leanas do na páirtithe sna himeachtaí dá dtagraítear i mír 1:

(a) deis réasúnach chun tacú lena seasaimh faoi seach nó chun iad a chosaint; agus

(b) cinneadh atá bunaithe ar fhianaise agus ar aighneachtaí taifid nó, i gcás ina gceanglófar faoina dhlí é, an taifead arna thiomsú ag an údarás riaracháin.

---

[85] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr agus gníomhaíocht riaracháin a cheartú, féadfaidh páirtí a éileamh go gcuirfear na réitigh riaracháin uile atá ar fáil i bhfeidhm.

3. Déanfaidh an oifig nó an t- údarás a gcuirtear forfheidhmiú riaracháin ar a iontaoibh an cinneadh dá dtagraítear i bhfomhír 2(b) a chur chun feidhme, faoi réir achomhairc nó athbhreithniú breise dá bhforáiltear i ndlí an Pháirtí sin, agus beidh cleachtadh na hoifige nó an údaráis sin faoi réir an chinnidh sin.

CAIBIDIL 28

DEA- CHLEACHTAIS RIALÁLA

AIRTEAGAL 28.1

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'údarás rialála':

(i) maidir leis an Aontas Eorpach: an Coimisiún Eorpach; agus

(ii) i gcás Mheicsiceo: an Riarachán Poiblí Feidearálach, lena n- áirítear aon chomhlacht díláraithe de chuid an Riaracháin Phoiblí Fheidearálaigh; agus

(b) ciallaíonn ‘bearta rialála’ bearta a bhfuil feidhm ghinearálta acu, arna bhforbairt ag údarás rialála agus arna nglacadh ag Páirtí, ar bearta iad a bhfuil sé sainordaitheach iad a chomhlíonadh, amhail:

(i) maidir leis an Aontas Eorpach:

(A) rialacháin agus treoracha, dá bhforáiltear in Airteagal 288 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE); agus

(B) gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme, dá bhforáiltear in Airteagail 290 agus 291 CFAE, faoi seach; agus

(ii) i gcás Mheicsiceo:

(A) dlíthe agus foraitheanta reachtacha arna gcur i láthair ag an mbrainse feidhmiúcháin den Rialtas Cónaidhme; agus

(B) aon ghníomh riaracháin eile a bhfuil feidhm ghinearálta aige, lena n- áirítear, ach gan a bheith teoranta do, rialacháin, foraitheanta, comhaontuithe agus *Normas Oficiales Mexicanas* (‘NOManna’, Caighdeáin Oifigiúla Mheicsiceo).

AIRTEAGAL 28.2

Prionsabail Ghinearálta

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le:

(a) dea- chleachtais rialála a úsáid nuair atá bearta rialála á bpleanáil, á ndearadh, á n- eisiúint agus á gcur chun feidhme nó nuair atá meastóireacht nó athbhreithniú á dhéanamh orthu chun cuspóirí beartais intíre a bhaint amach; agus

(b) tairbhí an Chomhaontaithe seo a choinneáil ar bun agus a fheabhsú trí dhea- chleachtais rialála a úsáid chun trádáil in earraí agus seirbhísí a éascú agus infheistíocht idir na Páirtithe a mhéadú.

2. Beidh sé de cheart ag gach Páirtí a chur chuige i leith dea- chleachtais rialála a chinneadh faoin gComhaontú seo ar bhealach a bheidh ag luí lena chreat dlíthiúil, cleachtas agus prionsabail bhunúsacha féin[86] is bunús lena chóras rialála féin.

[86] I gcás an Aontais Eorpaigh, áirítear ar phrionsabail den sórt sin na prionsabail a áirítear in CFAE agus a dhíorthaítear uaidh.

3. Ní fhorléireofar le forálacha na Caibidle seo go gceanglófar ar Pháirtí:

(a) imeacht ó nósanna imeachta intíre chun a thosaíochtaí rialála a shainaithint agus chun bearta rialála a ullmhú agus a ghlacadh agus na leibhéil chosanta a mheasann sé a bheith iomchuí á n- áirithiú aige;

(b) gníomhaíochtaí a dhéanamh lena ndéanfaí dochar do bhearta rialála, nó bac a chur orthu, chun a chuspóirí beartais phoiblí a bhaint amach; nó

(c) aon toradh rialála ar leith a bhaint amach.

AIRTEAGAL 28.3

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta rialála i ndáil le haon ábhar a chumhdaítear leis an gCuid seo den Chomhaontú.

2. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le húdaráis rialála ná bearta, cleachtais ná cuir chuige rialála na mBallstát.

AIRTEAGAL 28.4

Comhairliúchán Inmheánach agus Comhordú na Forbartha Rialála

1. Aithníonn na Páirtithe gur féidir cur chun feidhme dea- chleachtas rialála a éascú le sásraí intíre lena gcuirtear feabhas ar an gcomhairliúchán agus an comhordú inmheánach a bhfuil gá leo le haghaidh próiseas nó sásraí chun bearta rialála a fhorbairt.

2. Déanfaidh gach Páirtí próisis nó sásraí inmheánacha comhordúcháin nó athbhreithnithe a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le bearta rialála atá á bhforbairt ag a údarás rialála.

3. Leis na próisis nó na sásraí sin ba cheart féachaint, i measc eile, leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) dea- chleachtais rialála a chothú, lena n- áirítear na cinn a leagtar amach sa Chaibidil seo;

(b) comhairliúcháin agus comhordú inmheánach a neartú chun dúbláil neamhriachtanach agus ceanglais neamhréireacha a shainaithint agus a chosc i mbearta rialála an Pháirtí;

(c) a chur chun cinn go ndéanfaí tionchair fhéideartha na mbeart rialála atá á n- ullmhú, lena n- áirítear na tionchair ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide, a chur san áireamh sa phróiseas cinnteoireachta ina dhiaidh sin;

(d) a áirithiú go gcomhlíonfar oibleagáidí trádála agus infheistíochta idirnáisiúnta; agus

(e) a chur chun cinn go ndéanfaí forbairtí ábhartha i bhfóraim idirnáisiúnta agus i bhfóraim eile a chur san áireamh.

4. Aithníonn na Páirtithe go bhféadfaidh na próisis nó na sásraí dá dtagraítear i mír 2 a bheith éagsúil ag brath ar a gcúinsí faoi seach. Ina leith sin, féadfaidh gach Páirtí, i gcomhréir lena rialacha agus a nósanna imeachta intíre, feabhas a chur ar a chóras rialála trí shásraí comhairliúcháin agus comhordaithe inmheánacha breise.

5. Féadfaidh gach Páirtí comhlacht comhordaithe lárnach a bhunú nó a choinneáil ar bun.

AIRTEAGAL 28.5

Trédhearcacht na Sásraí agus na bPróiseas Rialála

Cuirfidh gach Páirtí ar fáil go poiblí tuairiscí ar na próisis agus ar na sásraí a bhíonn in úsáid ag a údarás rialála chun bearta rialála a ullmhú, chun meastóireacht a dhéanamh orthu agus chun iad a athbhreithniú. Déanfar tagairt sna tuairiscí sin do threoirlínte, rialacha nó nósanna imeachta ábhartha, lena n- áirítear iad siúd a bhaineann le deiseanna don phobal chun barúlacha a thabhairt.

AIRTEAGAL 28.6

Luathfhaisnéis maidir le Bearta Rialála atá Beartaithe

1. Cuirfidh gach Páirtí ar fáil go poiblí, ar bhonn bliantúil ar a laghad, liosta na mórbheart[87] rialála atá beartaithe, ar bearta iad a measann a údarás rialála go réasúnach go nglacfar iad laistigh de bhliain.

2. Maidir le gach ceann de na bearta rialála a áirítear sa liosta dá dtagraítear i mír 1, ba cheart do gach Páirtí an méid seo a leanas a chur ar fáil go poiblí chomh maith:

(a) tuairisc ghearr ar a raon feidhme agus a chuspóirí; agus

(b) an t- am a meastar a ghlacfar é lena n- áirítear, más féidir, an tréimhse le haghaidh comhairliúchán poiblí.

---

87 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ciallaíonn 'mórbheart rialála' beart ag a bhfuil tionchar mór rialála arna chinneadh ag gach Páirtí, i gcomhréir lena rialacha agus a nósanna imeachta.

AIRTEAGAL 28.7

Comhairliúcháin Phoiblí

1. Agus mórbheart rialála á fhorbairt aige, déanfaidh gach Páirtí, i gcomhréir lena rialacha agus a nósanna imeachta:

(a) dréachtbheart rialála nó na doiciméid chomhairliúcháin a fhoilsiú ina dtabharfar mionsonraí leordhóthanacha maidir leis an mbeart rialála nua atá á ullmhú chun go bhféadfadh aon duine a mheas an ndéanfaí difear mór dá leasanna agus an chaoi a ndéanfaí an difear sin;

(b) deiseanna réasúnta a chur ar fáil d'aon duine, ar bhonn neamh- idirdhealaitheach, barúlacha a thabhairt; agus

(c) na barúlacha a gheofar a bhreithniú.

2. Ba cheart do gach Páirtí úsáid a bhaint as modhanna leictreonacha cumarsáide agus ba cheart dóibh féachaint le húsáid a bhaint as pointe rochtana aonair tiomnaithe chun faisnéis a bhaineann le comhairliúcháin phoiblí a sholáthar, lena n- áirítear maidir leis an dóigh barúlacha a sholáthar.

3. Cuirfidh gach Páirtí aon bharúil a gheobhaidh sé ar fáil go poiblí, chomh maith le hachoimre ar thorthaí na gcomhairliúchán. Níl feidhm ag an oibleagáid sin maidir leis an méid is gá chun faisnéis rúnda nó sonraí pearsanta a chosaint, nó chun ábhar míchuí a choimeád siar.

AIRTEAGAL 28.8

Measúnú Tionchair Rialála

1. I gcomhréir leis na rialacha agus nósanna imeachta is infheidhme, cuirfidh gach Páirtí chun cinn go ndéanfaidh a údarás rialála measúnuithe tionchair rialála agus mórbhearta rialála á bhforbairt.

2. Agus measúnú tionchair rialála á dhéanamh aige i gcomhréir le mír 1, déanfaidh údarás rialála gach Páirtí próisis agus sásraí, a chuireann breithniú ar na tosca seo a leanas chun cinn, a bhunú agus a choinneáil ar bun:

(a) an gá atá le beart rialála, lena n- áirítear cineál agus suntas na faidhbe a bhféachtar le haghaidh a thabhairt uirthi leis an mbeart rialála;

(b) aon rogha mhalartach rialála agus neamhrialála is indéanta agus is iomchuí, lena n- áirítear an rogha gan rialáil a dhéanamh, lena mbainfí amach cuspóir beartais phoiblí an Pháirtí sin;

(c) a mhéid is féidir agus is ábhartha, na costais agus na tairbhí féideartha agus tionchar sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil na roghanna malartacha sin a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n- áirítear an tionchar ar an trádáil aguss an infheistíocht idirnáisiúnta agus ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide; agus admháil a dhéanamh go mbíonn sé deacair roinnt costas agus tairbhí a chainníochtú agus a léiriú i dtéarmaí airgeadaíochta;

(d) an chaoi a mbaineann na roghanna atá á mbreithniú leis na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha, lena n- áirítear an fáth le haon éagsúlacht, i gcás inarb iomchuí; agus

(e) an chaoi ar féidir na cuspóirí beartais phoiblí a bhaint amach ar an dóigh is fearr i dtéarmaí éifeachtachta agus éifeachtúlachta.

3. Agus measúnú tionchair rialála á dhéanamh aige i gcomhréir le mír 1, braithfidh an t- údarás rialála ar an bhfaisnéis is fearr is infhaighte go réasúnta, lena n- áirítear faisnéis eolaíoch, theicniúil, eacnamaíoch nó faisnéis eile.

4 Maidir le haon mheasúnú tionchair rialála a dhéanann údarás rialála ar bheart rialála, ullmhóidh an Páirtí lena mbaineann tuarascáil chríochnaitheach ina leagtar amach go mionsonrach na tosca a chuir an t- údarás rialála san áireamh agus an measúnú á dhéanamh agus na torthaí ábhartha. Cuirfear tuarascálacha den sórt sin ar fáil go poiblí, tráth nach déanaí ná an tráth a chuirtear an beart rialála ar fáil go poiblí.

AIRTEAGAL 28.9

Meastóireacht Chúlghabhálach

1. Coinneoidh údarás rialála gach Páirtí próisis nó sásraí ar bun chun meastóireachtaí cúlghabhálacha nó athbhreithnithe cúlghabhálacha ar a bhearta rialála a chur chun cinn ag eatraimh a mheastar a bheith iomchuí.

2. Agus meastóireacht chúlghabhálach á cur i gcrích aige, déanfaidh údaráis rialála Páirtí breithniú cé acu is ann nó nach ann do dheiseanna chun a chuspóirí beartais phoiblí a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí agus chun ualaí rialála neamhriachtanacha a laghdú, ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide san áireamh. Ar bhonn na meastóireachtaí cúlghabhálacha tréimhsiúla sin, ba cheart do gach Páirtí a chinneadh cé acu is ceart a bhearta rialála a mhodhnú, a chuíchóiriú, a leathnú nó a aisghairm.

3. Cuirfidh gach Páirtí a phleananna le haghaidh na meastóireachtaí cúlghabhálacha tréimhsiúla sin agus torthaí na meastóireachtaí sin ar fáil go poiblí.

AIRTEAGAL 28.10

Clár Rialála

Áiritheoidh gach Páirtí, i gcomhréir lena rialacha agus nósanna imeachta, go mbíonn na bearta rialála atá i bhfeidhm ar fáil ar shuíomh gréasáin amháin go héasca. Ba cheart don suíomh gréasáin sin cuardaigh ar bhearta rialála de réir luanna nó de réir focail a cheadú agus ba cheart é a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta.

AIRTEAGAL 28.11

Pointe Teagmhála

1. Is iad na pointí teagmhála le haghaidh cumarsáide idir na Páirtithe ar ábhair a eascraíonn faoin gCaibidil seo:

(a) i gcás Mheicsiceo, Ard- Stiúrthóireacht Dhisciplíní Trádála Idirnáisiúnta Fhorúnaíocht Trádála Eachtraí na hAireachta Geilleagair, (*Dirección General de Disciplinas de Comercio Internacional de la Subsecretaría de Comercio Exterior de la Secretaría de Economía*) nó a comharba; agus

(b) i gcás an Aontais Eorpaigh, Ard- Stiúrthóireacht na Trádála, nó a comharba.

2. Tá gach pointe teagmhála freagrach as dul i gcomhairle lena údarás rialála faoi seach, de réir mar is iomchuí, agus as comhordú leo, ar ábhair a thiocfaidh chun cinn faoin gCaibidil seo.

3. Tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile faoi shonraí teagmhála a phointe teagmhála agus cuirfidh sé an Páirtí eile ar an eolas go pras faoi aon athrú ar na sonraí teagmhála sin.

AIRTEAGAL 28.12

Comhar agus Malartú Faisnéise

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar chun cur chun feidhme na Caibidle seo a éascú. Féadfar a áireamh leis sin eagrú aon ghníomhaíochta ábhartha, lena n- áirítear cúnamh frithpháirteach, chun an comhar idir a n- údaráis rialála a neartú.

2. Tráth nach déanaí ná 1 bhliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, malartóidh na Páirtithe faisnéis maidir leis na rialacha agus nósanna imeachta atá acu faoin tráth sin maidir le dea- chleachtais rialála agus, más infheidhme, maidir le haon bheart atá déanta acu chun an Chaibidil seo a chur chun feidhme.

AIRTEAGAL 28.13

Réiteach Díospóidí

Ní rachaidh Páirtí ar iontaoibh réiteach díospóidí faoi Chaibidil 31 (Réiteach Díospóidí) maidir le cur i bhfeidhm nó léirmhíniú fhorálacha na Caibidle seo.

CAIBIDIL 29

FIONTAIR BHEAGA AGUS MHEÁNMHÉIDE

AIRTEAGAL 29.1

Cuspóir

Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le feabhsú an chomhair maidir le hábhair atá ábhartha d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (dá ngairtear 'FBManna' anseo feasta) ar na modhanna dá ndéantar foráil sa Chaibidil seo chomh maith le forálacha eile an Chomhaontaithe seo a d'fhéadfadh a bheith chun tairbhe FBManna freisin.

AIRTEAGAL 29.2

Comhroinnt Faisnéise

1. Déanfaidh gach Páirtí suíomh gréasáin a bhunú nó a choinneáil ar bun, suíomh gréasáin a mbeidh rochtain ag an bpobal air agus ar a mbeidh faisnéis maidir leis an gComhaontú seo, lena n- áirítear:

(a) téacs an Chomhaontaithe seo, lena n- áirítear na hiarscríbhinní uile;

(b) achoimre ar an gComhaontú seo; agus

(c) faisnéis arna dearadh gur féidir le FBManna í a úsáid, faisnéis lena gcuimsítear:

(i) tuairisc ar na forálacha sa Chomhaontú seo a mheasann an Páirtí a bheith ábhartha maidir le FBManna an dá Pháirtí; agus

(ii) aon fhaisnéis bhreise a mheasfaidh gach Páirtí a bheadh úsáideach do FBManna ar spéis leo tairbhe a bhaint as na deiseanna a sholáthraítear faoin gComhaontú seo.

2. Ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear i mír 1, cuimseoidh gach Páirtí naisc chuig na suíomhanna gréasáin seo a leanas:

(a) suíomh gréasáin coibhéiseach an Pháirtí eile; agus

(b) suíomhanna gréasáin a údarás rialtais agus eintiteas iomchuí eile a mheasann an Páirtí a sholáthródh faisnéis úsáideach do FBManna ar spéis leo trádáil nó gnó a dhéanamh sa Pháirtí sin.

3. Cuimseofar sna suíomhanna gréasáin dá dtagraítear i bhfomhír 2(b) faisnéis a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(a) dlíthe agus rialacháin chustaim, agus nósanna imeachta maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras chomh maith le foirmeacha agus doiciméid dá n- éilítear;

(b) dlíthe agus rialacháin, agus nósanna imeachta maidir le cearta maoine intleachtúla;

(c) rialacháin theicniúla agus, i gcásanna ina mbíonn measúnú comhréireachta tríú páirtí sainordaitheach dá ndéantar foráil i gCaibidil 9 (Bacainní Teicniúla ar Thrádáil), nósanna imeachta um measúnú comhréireachta sainordaitheach agus naisc chuig liostaí de chomhlachtaí um measúnú comhréireachta;

(d) bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta a bhaineann le hallmhairiú agus onnmhairiú;

(e) rialacha maidir le soláthar poiblí, bunachar sonraí ina bhfuil fógraí i ndáil le soláthar poiblí agus forálacha ábhartha Chaibidil 21 (Soláthar Poiblí);

(f) nósanna imeachta chun gnólacht a chlárú; agus

(g) faisnéis eile a mheasann an Páirtí a bheith úsáideach do FBManna.

4. Ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear i mír 1, cuimseoidh gach Páirtí nasc chuig bunachar sonraí atá inchuardaithe go leictreonach de réir cód ainmníochta taraife. An bunachar sonraí sin:

(a) cuimseofar ann an fhaisnéis seo a leanas i ndáil le rochtain earraí ar a mhargadh:

    (i) rátaí dleachtanna custaim agus taraif-chuótaí, más infheidhme, a bhaineann leis na náisiúin barrfhabhair agus leis na tíortha nach náisiúin barrfhabhair iad chomh maith le rátaí fabhracha dleachtanna custaim agus taraif-chuótaí;

(ii) dleachtanna máil;

(iii) cáin bhreisluacha;

(iv) muirir chustaim nó táillí eile, lena n- áirítear táillí táirge- shonracha;

(v) rialacha tionscnaimh dá ndéantar foráil i gCaibidil 3 (Rialacha Tionscnaimh agus Nósanna Imeachta Tionscnaimh); agus

(vi) na critéir a úsáidtear chun luach custaim na n- earraí a chinneadh; agus

(b) féachfaidh sé leis an bhfaisnéis seo a leanas i ndáil le rochtain earraí ar a mhargadh a chuimsiú:

(i) bearta taraife eile;

(ii) aisíocaíocht dleachta, iarchur, nó cineálacha eile faoisimh lena ndéantar dleachtanna custaim a laghdú, a aisíoc nó a tharscaoileadh;

(iii) más infheidhme, ceanglais mharcála maidir leis an tír thionscnaimh, lena n- áirítear suíomh na marcála agus an modh marcála;

(iv) faisnéis a éilítear le haghaidh nósanna imeachta allmhairiúcháin; agus

(v) faisnéis a bhaineann le bearta neamhtharaife.

5. Déanfaidh gach Páirtí an fhaisnéis agus na naisc a sholáthraítear de bhun mhíreanna 1 go 4 a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta chun a áirithiú go mbíonn siad cruinn.

6. Áiritheoidh gach Páirtí go gcuirtear an fhaisnéis a sholáthraítear i gcomhréir leis an Airteagal seo i láthair ar bhealach atá leordhóthanach chun gur féidir le FBManna í a úsáid. Féachfaidh gach Páirtí leis an bhfaisnéis a chur ar fáil i mBéarla.

7. Ní ghearrfaidh Páirtí aon táille maidir le rochtain ar an bhfaisnéis a sholáthraítear d'aon duine de Pháirtí de bhun mhír 1 go mír 4.

AIRTEAGAL 29.3

Pointí Teagmhála FBManna

1. Ainmneoidh gach Páirtí pointe teagmhála ('Pointe Teagmhála FBM') a bheidh i gceannas ar na feidhmeanna a liostaítear san Airteagal seo agus tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile maidir lena shonraí teagmhála. Tabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile go pras faoi aon athrú ar na sonraí teagmhála sin.

2. Déanfaidh na Pointí Teagmhála FBManna:

(a) áiritheoidh siad go gcuirtear riachtanais FBManna san áireamh agus an Comhaontú seo á chur chun feidhme agus smaoineoidh siad ar bhealaí chun deiseanna trádála agus infheistíochta do FBManna a mhéadú trí chomhar idir na Páirtithe i ndáil le hábhar FBM a neartú;

(b) aimseoidh siad bealaí agus malartóidh siad faisnéis chun gur féidir le FBManna na bPáirtithe leas a bhaint as deiseanna nua a chruthaítear faoin gComhaontú seo;

(c) áiritheoidh siad go mbeidh an fhaisnéis ar na suíomhanna gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 29.2 cothrom le dáta agus ábhartha maidir le FBManna, agus cuimhneofar ar aon fhaisnéis bhreise a d'fhéadfadh Pointe Teagmhála FBM a mholadh a chur san áireamh sna suíomhanna gréasáin sin;

(d) tabharfaidh siad aghaidh ar aon ábhar eile is spéis le FBManna maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo i ndáil le FBManna, lena n- áirítear tríd an méid seo a leanas:

   (i) faisnéis a mhalartú;

   (ii) páirt a ghlacadh, más iomchuí, in obair na bhfochoistí agus na meithleacha a bhunaítear faoin gComhaontú seo agus ábhair agus moltaí is sainspéis le FBManna a chur faoi bhráid na bhfochoistí agus meithleacha sin, ina réimsí sonracha gníomhaíochtaí féin, agus dúbláil clár oibre á seachaint san am céanna; agus

(iii) réitigh a shainaithint agus a mholadh, ar réitigh iad a d'fhéadfadh a bheith inghlactha ar bhonn frithpháirteach, chun cumas FBManna a bheith rannpháirteach i gcúrsaí trádála agus infheistíochta idir na Páirtithe a fheabhsú;

(e) tuairisciú go tráthrialta maidir lena ngníomhaíochtaí agus é a chur faoi bhráid an Chomhchoiste; agus

(f) breithniú a dhéanamh ar aon ábhar eile a thiocfaidh chun cinn faoin gComhaontú seo a bhaineann le FBManna de réir mar a chomhaontóidh na Páirtithe.

3. Tiocfaidh pointí teagmhála FBManna le chéile de réir mar is gá agus déanfaidh siad a gcuid oibre trí na cainéil chumarsáide iomchuí a chomhaontóidh Pointí Teagmhála na bhFBManna, ar a bhféadfaí ríomhphost, fís- chomhdháil nó modhanna cumarsáide leictreonaí eile a áireamh.

4. Féadfaidh Pointí Teagmhála FBManna féachaint le dul i gcomhar le saineolaithe agus eagraíochtaí seachtracha, de réir mar is iomchuí, agus a ngníomhaíochtaí á ndéanamh acu.

## AIRTEAGAL 29.4

### Gan Réiteach Díospóidí a Chur i bhFeidhm

Ní fhéadfaidh Páirtí dul ar iontaoibh réiteach díospóidí faoi Chaibidil 31 (Réiteach Díospóidí) maidir le léirmhíniú ná cur i bhfeidhm fhorálacha na Caibidle seo.

CAIBIDIL 30

AMHÁBHAIR

AIRTEAGAL 30.1

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'údarú' an cead, an ceadúnas, an lamháltas nó an ionstraim riaracháin nó chonarthach chomhchosúil lena dtugann údarás inniúil Páirtí cead d'eintiteas gníomhaíocht eacnamaíoch áirithe a fheidhmiú ina chríoch;

(b) ciallaíonn 'eintiteas' aon duine nádúrtha nó fiontar nó grúpa de dhaoine nádúrtha nó fiontar; agus

(c) ciallaíonn 'amhábhair' substaintí a úsáidtear i monarú táirgí tionsclaíocha, ach amháin táirgí iascaigh agus talmhaíochta próiseáilte, ar substaintí iad de chomhdhéanamh salainn, sulfair, ithreacha agus cloch, ábhar plástrála, aoil agus stroighne (CC 25); mianta, slaig agus luaith (CC 26); earraí a airítear in CC 27; ceimiceáin neamhorgánacha (CC 28); ceimiceáin orgánacha (CC 29); leasacháin (CC 31); rubar nádúrtha (CC 40); seithí amha, craicne agus leathar (CC 41); agus táirmhiotail agus miotail lómhara agus mianraí próiseáilte (ex CC 71, 72; 74-76; 78- 81), ach amháin úráiniam agus tóiriam (CC 26.12) agus dúile agus iseatóip radaighníomhacha (CC 28.44, 28.45).

AIRTEAGAL 30.2

Prionsabail

1. Forchoimeádann gach Páirtí an ceart ceannasach chun cinneadh a dhéanamh cé acu atá nó nach bhfuil limistéir ar fáil chun amhábhair a thaiscéaladh agus a tháirgeadh ar a chríoch, rud a chinntear i gcomhréir lena dhlí agus le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, a rinneadh in Montego Bay an 10 Nollaig 1982.

2. I gcomhréir le forálacha na Caibidle seo, forchoimeádann na Páirtithe an ceart atá acu bearta a ghlacadh, a choinneáil ar bun agus a fhorfheidhmiú ar gá iad chun cuspóirí dlisteanacha beartais phoiblí a shaothrú, amhail soláthar earraí fuinnimh agus amhábhar fuinnimh a áirithiú, an tsochaí agus an comhshaol, sláinte phoiblí agus tomhaltóirí a chosaint agus slándáil agus sábháilteacht phoiblí a chur chun cinn.

AIRTEAGAL 30.3

Monaplú Onnmhairiúcháin agus Allmhairiúcháin

Ní dhéanfaidh Páirtí monaplacht allmhairiúcháin ná onnmhairiúcháin a ainmniú ná a choinneáil ar bun le haghaidh amhábhar. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn monaplacht allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin an ceart eisiach nó an deonú údaráis a thugann Páirtí d’eintiteas chun amhábhair a allmhairiú nó a onnmhairiú chuig an bPáirtí eile[88].

---

[88] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá an fhoráil seo gan dochar do na forálacha i gCaibidil 10 (Infheistíocht) agus i gCaibidil 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí) agus do na hiarscríbhinní a ghabhann leo agus ní áirítear léi aon cheart a eascraíonn as ceart maoine intleachtúla eisiach a dheonú.

AIRTEAGAL 30.4

Praghsáil Onnmhairiúcháin

Ní ghlacfaidh Páirtí trí bhíthin aon bheart, ná ní choinneoidh sé ar bun, praghas ar amhábhair a onnmhairítear chuig an bPáirtí eile atá níos airde ná an praghas a ghearrtar ar na hearraí sin nuair a bhíonn siad le cur ar an margadh intíre.

AIRTEAGAL 30.5

Praghsanna Intíre

1. Ní fhéadfaidh na Páirtithe praghas an tsoláthair intíre d'amhábhair a rialáil (dá ngairtear 'praghas rialáilte' anseo feasta) ach amháin trí oibleagáid seirbhíse poiblí a fhorchur.

2. Má fhorchuireann Páirtí oibleagáid seirbhíse poiblí, áiritheoidh sé an méid seo a leanas:

(a) tá sí sainithe go soiléir, trédhearcach agus comhréireach; agus

(b) ní choinnítear ar bun í murab ann a thuilleadh do na himthosca nó na cuspóirí ba chúis lena forchur.

3. Áiritheoidh Páirtí a rialaíonn an praghas go bhfoilseofar an mhodheolaíocht is bun le ríomh an phraghais rialáilte dá dtagraítear i mír 2 sula dtagann sé i bhfeidhm.

AIRTEAGAL 30.6

Comhar maidir le hAmhábhair

Rachaidh na Páirtithe i mbun comhair i réimse na n- amhábhar d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh, i measc nithe eile:

(a) bearta lena saobhtar trádáil agus infheistíocht, agus lena ndéantar difear d'amhábhair, a laghdú nó a dhíothú i dtríú tíortha;

(b) a seasaimh a chomhordú i bhfóraim idirnáisiúnta ina ndéantar idirphlé ar shaincheisteanna trádála agus infheistíochta a bhaineann le hamhábhair, agus cláir idirnáisiúnta i réimse na n- amhábhar a chothú;

(c) malartú sonraí margaidh a chothú i réimse na n-amhábhar;

(d) freagracht shóisialta chorparáideach a chur chun cinn i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, amhail Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta agus an Treoraíocht um Dhícheall Cuí faoi seach;

(e) taighde, forbairt, nuálaíocht agus oiliúint a chur chun cinn i réimsí ábhartha leasa choitinn i réimse na n- amhábhar;

(f) malartú faisnéise agus dea- chleachtas a chothú maidir leis an méid a thiteann amach i ndáil le beartas intíre; agus

(g) úsáid éifeachtúil acmhainní a chur chun cinn, lena n- áirítear próisis táirgthe a fheabhsú, chomh maith le marthanacht, indeisitheacht, dearadh le haghaidh díchóimeála, éascaíocht athúsáide agus athchúrsáil earraí.

CAIBIDIL 31

RÉITEACH DÍOSPÓIDÍ

ROINN A

Cuspóir agus Raon Feidhme

AIRTEAGAL 31.1

Cuspóir

Is é is cuspóir don Chaibidil seo sásra éifeachtach agus éifeachtúil a bhunú chun aon díospóid idir na Páirtithe maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm na Coda seo den Chomhaontú a sheachaint agus a réiteach d’fhonn teacht ar réiteach comhaontaithe ar bhonn frithpháirteach, i gcás inár féidir.

AIRTEAGAL 31.2

Raon feidhme

Mura bhforáiltear a mhalairt, tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le haon díospóid idir na Páirtithe maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm fhorálacha na Coda seo den Chomhaontú (dá ngairtear 'forálacha faoi chumhdach' anseo feasta), má mheasann Páirtí nach bhfuil beart[89] de chuid an Pháirtí eile ar neamhréir le haon fhoráil faoi chumhdach.

AIRTEAGAL 31.3

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo, tá feidhm ag na sainmhínithe a leagtar amach in Iarscríbhinn 31- A (Rialacha Nós Imeachta) agus Iarscríbhinn 31- B (Cód Iompair maidir le Painéalaithe agus Idirghabhálaithe).

[89] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, is féidir le haon ghníomh nó neamhghníomh atá inchurtha i leith Páirtí a bheith ina bheart de chuid an Pháirtí sin chun críocha na Caibidle seo. Féadfaidh beart beartaithe Páirtí a bheith ina ábhar comhairliúchán faoi Airteagal 31.5. Ní bhunófar painéal chun athbhreithniú a dhéanamh ar bheart atá beartaithe.

AIRTEAGAL 31.4

Rogha Fóraim

1. Má tharlaíonn díospóid maidir le beart a líomhnaítear nach bhfuil sé i gcomhréir le hoibleagáid faoin gCuid seo den Chomhaontú agus faoi oibleagáid atá coibhéiseach go substaintiúil le comhaontú idirnáisiúnta eile a bhfuil an dá Pháirtí ina bpáirtithe ann, lena n- áirítear Comhaontú EDT, is é an Páirtí atá ag lorg sásaimh a roghnóidh an fóram chun an díospóid a réiteach.

2. A luaithe a bheidh nósanna imeachta um réiteach díospóidí tionscanta ag Páirtí faoin Roinn seo nó faoi chomhaontú idirnáisiúnta eile, ní thionscnóidh an Páirtí sin nósanna imeachta um réiteach díospóidí in aon fhóram eile maidir leis an mbeart dá dtagraítear i mír 1, mura mainneoidh an fóram a roghnaítear ar dtús teacht ar thorthaí ar chúiseanna nós imeachta nó dlínsiúla.

3. Chun críocha an Airteagail seo:

(a) meastar go mbeidh nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoin Roinn seo tionscanta le hiarraidh ó Pháirtí go mbunófar painéal de bhun Airteagal 31.6;

(b) nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoi Chomhaontú EDT, meastar gur tionscnaíodh iad le hiarraidh ó Pháirtí chun painéal a bhunú de bhun Airteagal 6 den Chomhaontú um Réiteach Díospóidí; agus

(c) measfar nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoi aon chomhaontú idirnáisiúnta eile a bheith tionscanta i gcomhréir le forálacha iomchuí an chomhaontaithe sin.

4. Gan dochar do mhír 2, ní chuirfidh aon ní sa Chomhaontú seo bac ar Pháirtí oibleagáidí a chur ar fionraí, oibleagáidí atá údaraithe ag Comhlacht um Réiteach Díospóide na hEagraíochta Domhanda Trádála nó atá údaraithe faoi na nósanna imeachta um réiteach díospóidí atá ag comhaontú idirnáisiúnta eile a bhfuil na Páirtithe ina bpáirtithe ann. Ní dhéanfar Comhaontú EDT ná aon chomhaontú idirnáisiúnta eile idir na Páirtithe a agairt chun bac a chur ar Pháirtí oibleagáidí faoin Roinn seo a chur ar fionraí.

## ROINN B

## Comhairliúcháin

### AIRTEAGAL 31.5

### Comhairliúcháin

1. Féachfaidh na Páirtithe le haon díospóid dá dtagraítear in Airteagal 31.2 a réiteach trí dhul i mbun comhairliúchán de mheon macánta arb é is aidhm dóibh sin teacht ar réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach.

2. Lorgóidh Páirtí comhairliúcháin trí iarraidh i scríbhinn arna soláthar don Pháirtí eile lena sainaithnítear an beart i gceist agus na forálacha faoi chumhdach a mheasann sé is infheidhme.

3. An Páirtí a ndéantar an iarraidh ar chomhairliúcháin chuige, féadfaidh sé an iarraidh a fhreagairt go pras, agus in aon chás tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis an dáta a fhaigheann sé í. Reáchtálfar comhairliúcháin tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis dháta fála na hiarrata agus déanfar iad, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, i gcríoch an Pháirtí a ndéantar an iarraidh chuige. Measfar na comhairliúcháin a bheith tugtha chun críche 30 lá tar éis an dáta a gheofar an iarraidh, mura gcomhaontóidh na Páirtithe leanúint ar aghaidh leis na comhairliúcháin.

4. Comhairliúcháin maidir le hábhair phráinne, lena n- áirítear iad sin maidir le hearraí meatacha, déanfar iad laistigh de 15 lá tar éis an dáta a gheofar an iarraidh. Measfar na comhairliúcháin a bheith tugtha chun críche laistigh de na 15 lá sin mura gcomhaontóidh na Páirtithe go leanfaidh siad ar aghaidh leis na comhairliúcháin.

5. Le linn comhairliúchán, soláthróidh gach Páirtí faisnéis fhíorasach leordhóthanach don Pháirtí eile chun go bhféadfar scrúdú iomlán a dhéanamh ar an mbealach lena bhféadfadh an beart i gceist difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm na Coda seo. Féachfaidh gach Páirtí le rannpháirtíocht phearsanra a údarás rialtais inniúil, ag a bhfuil saineolas san ábhar is ábhar do na comhairliúcháin, a áirithiú.

6. Is faoi rún a bheidh comhairliúcháin, agus go háirithe seasaimh arna nglacadh ag na Páirtithe le linn comhairliúchán, agus beidh siad gan dochar do chearta ceachtar Páirtí in aon imeacht eile. Déanfaidh gach Páirtí aon fhaisnéis faoi rún a gheofar le linn comhairliúchán a chosaint arna iarraidh sin don Pháirtí a sholáthróidh an fhaisnéis.

7. An Páirtí a seoltar an iarraidh chuige, mura dtugann sé freagra ar an iarraidh ar chomhairliúcháin laistigh de 10 lá ón dáta a gheobhaidh sé é, mura reáchtáiltear na comhairliúcháin laistigh den tráthchlár a leagtar amach i mír 3 nó mír 4, má chomhaontaíonn na Páirtithe gan na comhairliúcháin a dhéanamh, nó má thugtar na comhairliúcháin i gcrích gan aon réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach, féadfaidh an Páirtí a lorg na comhairliúcháin dul ar iontaoibh Airteagal 31.6.

ROINN C

Nósanna Imeachta an Phainéil

AIRTEAGAL 31.6

Painéal a Bhunú

1. Mura dtagann na Páirtithe ar réiteach na díospóide tar éis dóibh dul ar iontaoibh comhairliúchán dá ndéantar foráil in Airteagal 31.5, féadfaidh an Páirtí a lorg na comhairliúcháin iarraidh a dhéanamh go mbunófaí painéal.

2. Is trí bhíthin iarraidh i scríbhinn chuig an bPáirtí eile a dhéanfar an iarraidh chun painéal a bhunú. Sonróidh an Páirtí is déantóir gearáin ina iarraidh an beart atá i gceist, agus míneoidh sé conas atá an beart sin ar neamhréir leis na forálacha faoi chumhdach ar bhealach atá leormhaith chun an bunús dlí leis an ngearán a chur i láthair go soiléir.

3. Bunófar painéal tar éis sheachadadh na hiarrata.

AIRTEAGAL 31.7

Comhdhéanamh Painéil

1. Triúr painéalaithe a bheidh mar chomhdhéanamh painéil.

2. Laistigh de 15 lá tar éis an dáta a gheofar an iarraidh i scríbhinn ar bhunú painéil ón bPáirtí a ndéantar gearán ina aghaidh, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile d’fhonn teacht ar chomhaontú maidir le comhdhéanamh an phainéil. Chun na críche sin, laistigh de 10 lá ón dáta a gheofar an iarraidh i scríbhinn de bhun Airteagal 31.6, ainmneoidh gach Páirtí painéalaí, a fhéadfaidh a bheith ina náisiúnach den Pháirtí sin, agus molfaidh sé don Pháirtí eile suas le triúr iarrthóirí chun ról an chathaoirligh a ghlacadh Féachfaidh na Páirtithe le teacht ar chomhaontú maidir le cathaoirleach as measc na n- iarrthóirí cathaoirligh laistigh de 15 lá tar éis an dáta a gheofar an iarraidh i scríbhinn de bhun Airteagal 31.6. Féadfaidh Páirtí cur i gcoinne painéalaí arna ainmniú ag an bPáirtí eile má mheasann sé nach gcomhlíonann an duine aonair sin na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 31.9.

3. Mura dtiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú maidir le comhdhéanamh an phainéil laistigh den tréimhse a leagtar amach i mír 2, cuirfidh na Páirtithe na nósanna imeachta a leagtar amach sna míreanna seo a leanas i bhfeidhm chun an painéal a chur le chéile.

4. Laistigh de 7 lá tar éis don tréimhse a leagtar amach i mír 2 dul in éag, ceapfaidh gach Páirtí painéalaí óna fholiosta dá dtagraítear in Airteagal 31.8.

5. Mura gceapann an Páirtí is déantóir gearáin painéalaí laistigh den tréimhse a shonraítear i mír 4, rachaidh na nósanna imeachta um réiteach díospóidí in éag ag deireadh na tréimhse sin.

6. Mura gceapfaidh an Páirtí is freagróir painéalaí laistigh den tréimhse a leagtar amach i mír 4, féadfaidh an Páirtí is déantóir gearáin iarraidh ar údarás ceapacháin a liostaítear sna Rialacha Nós Imeachta in Iarscríbhinn 31-A an painéalaí a roghnú trí chrannchur. Roghnóidh an t-údarás ceapacháin an painéalaí trí chrannchur ó fholiosta an Pháirtí is freagróir dá dtagraítear in Airteagal 31.8 laistigh de 15 lá tar éis dó an iarraidh a fháil ón bPáirtí is déantóir gearáin.

7. Mura dtagann na Páirtithe ar chomhaontú maidir leis an gcathaoirleach laistigh den tréimhse a leagtar amach i mír 2, féadfaidh an Páirtí is déantóir gearáin nó, i gcás nósanna imeachta de bhun Airteagal 31.18, féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí a iarraidh ar údarás ceapacháin a liostaítear sna Rialacha Nós Imeachta in Iarscríbhinn 31- A cathaoirleach an phainéil a roghnú trí chrannchur ó fholiosta na ndaoine aonair a fheidhmeoidh mar chathaoirleach, an foliosta dá dtagraítear in Airteagal 31.8, laistigh de 7 lá tar éis don tréimhse sin dul in éag. Roghnóidh an t- údarás ceapacháin an cathaoirleach laistigh de 15 lá tar éis dó an iarraidh a fháil ón bPáirtí sin.

8. Chun críocha mhíreanna 6 agus 7, roghnóidh na húdaráis cheapacháin a liostaítear sna Rialacha Nós Imeachta in Iarscríbhinn 31- A na painéalaithe i gcomhréir le forálacha na Caibidle seo agus na Rialacha Nós Imeachta in Iarscríbhinn 31- A.

9. I gcás nach bhfuil aon cheann de na liostaí dá dtagraítear in Airteagal 31.8 glactha ag an gComhchoiste, ceapfar na painéalaithe nó an cathaoirleach ó na daoine aonair ar ainmnigh Páirtí amháin nó an dá Pháirtí iad agus ar tugadh fógra i scríbhinn don Pháirtí eile maidir leo.

AIRTEAGAL 31.8

Liostaí na bPainéalaithe

1. Déanfaidh an Comhchoiste, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, liosta de 15 dhuine aonair ar a laghad a ghlacadh, ar daoine aonair iad atá toilteanach agus in ann feidhmiú mar phainéalaithe. Beidh na trí fholiosta seo a leanas sa liosta:

(a) foliosta de dhaoine aonair den Aontas Eorpach;

(b) foliosta de dhaoine aonair de Mheicsiceo; agus

(c) foliosta de dhaoine aonair a fheidhmeoidh mar chathaoirleach ar an bpainéal.

2. Áireofar cúigear ar a laghad ar gach foliosta. Ní bheidh daoine aonair nach náisiúnaigh de cheachtar Páirtí ar an bhfoliosta dá dtagraítear i bhfomhír 1(c).

3. Féadfaidh an Comhchoiste liostaí breise de dhaoine aonair ar a bhfuil saineolas in earnálacha sonracha a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a ghlacadh. Faoi réir chomhaontú na bPáirtithe, úsáidfear na liostaí breise sin chun an painéal a chur le chéile i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 31.7.

AIRTEAGAL 31.9

Ceanglais le haghaidh Painéalaithe

1. Is fíor an méid seo a leanas maidir le gach painéalaí:

(a) beidh saineolas léirithe aige ar an dlí, ar thrádáil idirnáisiúnta agus ar ábhair eile a chumhdaítear leis an gComhaontú seo, amhail réiteach díospóidí a thagann chun cinn faoi chomhaontuithe trádála idirnáisiúnta eile;

(b) beidh sé neamhspleách ar gach Páirtí agus ní bheidh sé cleamhnaithe le ceachtar Páirtí ná ní ghlacfaidh sé le treoracha uathu;

(c) feidhmeoidh sé i gcáil phearsanta, agus ní ghlacfaidh sé le treoracha ó aon eagraíocht ná aon rialtas maidir le hábhair a bhaineann leis an díospóid; agus

(d) comhlíonfaidh sé an Cód Iompair maidir le Painéalaithe agus Idirghabhálaithe in Iarscríbhinn 31- B.

2. Ina theannta sin, beidh taithí ag an gcathaoirleach ar nósanna imeachta um réiteach díospóidí.

3. I bhfianaise ábhar díospóide ar leith, féadfaidh na Páirtithe a chomhaontú go maolófar ar na ceanglais a liostaítear i bhfomhír 1(a).

## AIRTEAGAL 31.10

### Feidhmeanna an Phainéil

Maidir leis an bpainéal:

(a) déanfaidh sé measúnú oibiachtúil ar an ábhar os a chomhair, lena n- áirítear measúnú oibiachtúil ar fhíorais an cháis agus ar infheidhmeacht na bhforálacha faoi chumhdach agus ar chomhréireacht na mbeart i gceist leis na forálacha faoi chumhdach;

(b) ina chinntí agus ina thuarascálacha, leagfaidh sé amach cinntí fíorais, infheidhmeacht na bhforálacha faoi chumhdach, an bhunréasúnaíocht le haghaidh aon toradh agus conclúid a dhéanann sé agus, i gcás ina bhfuil sé iarrtha go comhpháirteach ag an dá pháirtí, aon mholadh; agus

(c) ba cheart dó dul i gcomhairle leis na Páirtithe go tráthrialta agus deiseanna leordhóthanacha a sholáthar chun réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach a fhorbairt.

AIRTEAGAL 31.11

Téarmaí Tagartha

1. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, laistigh de 5 lá tar éis dháta ceapacháin an phainéalaí dheireanaigh, is é a bheidh i dtéarmaí tagartha an phainéil:

'scrúdú a dhéanamh, i bhfianaise fhorálacha ábhartha Chuid III (Trádáil agus Infheistíocht) den Chomhaontú seo arna lua ag na Páirtithe, ar an ábhar dá dtagraítear san iarraidh ar bhunú an phainéil; torthaí a fháil faoin gcaoi a gcomhlíonann an beart atá i gceist forálacha Chuid III (Trádáil agus Infheistíocht) den Chomhaontú seo dá dtagraítear in Airteagal 31.2 (Raon Feidhme); moltaí a dhéanamh, i gcás ina bhfuil siad iarrtha go comhpháirteach ag na páirtithe; agus tuarascáil a sholáthar i gcomhréir le hAirteagail 31.13 (Tuarascáil Eatramhach) agus 31.14 (Tuarascáil Chríochnaitheach).'

2. Má thagann na Páirtithe ar chomhaontú maidir le téarmaí tagartha eile, tabharfaidh siad fógra faoi na téarmaí tagartha comhaontaithe don phainéal laistigh den tréimhse a leagtar amach i mír 1.

AIRTEAGAL 31.12

Cinneadh maidir le Práinne

1. Má iarrann Páirtí amhlaidh tráth nach déanaí ná 5 lá ón dáta a rinneadh an iarraidh ar bhunú an phainéil, cinnfidh an painéal, laistigh de 10 lá tar éis cheapachán an phainéalaí dheireanaigh, cé acu a bhaineann nó nach mbaineann an cás le hábhar práinne. Beidh deis ag an bPáirtí eile barúil a dhéanamh maidir leis an iarraidh laistigh de 5 lá tar éis dháta seachadta na hiarrata sin.

2. I gcásanna práinne, na tréimhsí is infheidhme a leagtar amach i Roinn C, mairfidh siad leathfhad na tréimhse a fhorordaítear inti, ach amháin na tréimhsí dá dtagraítear in Airteagal 31.6 agus Airteagal 31.11.

AIRTEAGAL 31.13

Tuarascáil Eatramhach

1. Déanfaidh an painéal tuarascáil eatramhach a sholáthar do na Páirtithe laistigh de 90 lá tar éis dháta ceapacháin an phainéalaí dheireanaigh. I gcás ina measfaidh an painéal nach féidir an sprioc- am sin a chomhlíonadh, tabharfaidh cathaoirleach an phainéil fógra i scríbhinn do na Páirtithe, ina luaitear na cúiseanna leis an moill agus an dáta ar a bhfuil sé beartaithe ag an bpainéal a thuarascáil eatramhach a sholáthar. Ní dhéanfaidh an painéal, i gcás ar bith, a thuarascáil eatramhach a sholáthar tráth is déanaí ná 120 lá tar éis dháta ceapacháin an phainéalaí dheireanaigh.

2. Féadfaidh gach Páirtí iarraidh i scríbhinn a chur faoi bhráid an phainéil chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe beachta den tuarascáil eatramhach laistigh de 10 lá tar éis dó é a fháil. Féadfaidh Páirtí barúil a thabhairt ar iarraidh an Pháirtí eile laistigh de 6 lá tar éis a seachadta.

AIRTEAGAL 31.14

Tuarascáil Chríochnaitheach

1. Déanfaidh an painéal a thuarascáil chríochnaitheach a sholáthar do na Páirtithe laistigh de 120 lá tar éis dháta bunaíochta an phainéil. I gcás ina measfaidh an painéal nach féidir an sprioc- am sin a chomhlíonadh, tabharfaidh cathaoirleach an phainéil fógra i scríbhinn do na Páirtithe, lena luaitear na cúiseanna leis an moill agus an dáta ar a bhfuil se beartaithe ag an bpainéal a thuarascáil chríochnaitheach a sholáthar. Ní dhéanfaidh an painéal, i gcás ar bith, a thuarascáil chríochnaitheach a sholáthar tráth is déanaí ná 150 lá tar éis dháta bunaíochta an phainéil.

2. Áireofar sa tuarascáil chríochnaitheach plé ar aon iarraidh a fuarthas i scríbhinn ó na Páirtithe maidir leis an tuarascáil eatramhach agus tabharfar aghaidh go soiléir ar bharúlacha maidir leis. Tar éis dó aon iarraidh agus aon bharúil i scríbhinn ó na Páirtithe maidir leis an tuarascáil eatramhach a bhreithniú, féadfaidh an painéal a thuarascáil a mhodhnú agus aon scrúdú eile a mheasann sé a bheith iomchuí a dhéanamh.

3. Maidir le rialú an phainéil sa tuarascáil chríochnaitheach, beidh sé críochnaitheach agus ina cheangal ar na Páirtithe.

AIRTEAGAL 31.15

Bearta Comhlíontachta

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le comhlíonadh pras thorthaí agus chonclúidí an phainéil sa tuarascáil chríochnaitheach chun a áirithiú go réitítear an díospóid go héifeachtach. Déanfaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh aon bheart is gá chun na torthaí agus na conclúidí sa tuarascáil chríochnaitheach a chomhlíonadh go pras chun é féin a thabhairt i gcomhréir leis na forálacha faoi chumhdach.

2. Déanfaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh, tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis dó an tuarascáil chríochnaitheach a fháil, fógra a thabhairt don Pháirtí is déantóir gearáin faoi na bearta atá déanta aige nó a bheartaíonn sé a dhéanamh chun iad a chomhlíonadh.

3. Mura dtagann na Páirtithe ar réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach de bhun Airteagal 31.33, ceanglófar le réiteach díospóide baint aon bhirt atá ar neamhréir leis an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 31.16

Tréimhse Réasúnta

1. Mura mbeidh an chomhlíontacht láithreach indéanta, déanfaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh, tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis an dáta a gheofar an tuarascáil chríochnaitheach, fógra a thabhairt don Pháirtí is déantóir gearáin faoin tréimhse réasúnta a cheanglóidh sé le haghaidh comhlíontachta. Féachfaidh na Páirtithe le teacht ar chomhaontú maidir le tréimhse réasúnta chun an tuarascáil chríochnaitheach a chomhlíonadh. Níor cheart an tréimhse réasúnta a bheith níos faide ná 15 mhí tar éis sheachadadh na tuarascála críochnaithí faoi Airteagal 31.14.

2. Mura dtagann na Páirtithe ar chomhaontú maidir le tréimhse réasúnta, féadfaidh an Páirtí is déantóir gearáin, 20 lá ar a luaithe tar éis fháil an fhógra i mír 1, a iarraidh i scríbhinn go gcinnfidh an painéal bunaidh an tréimhse réasúnta. Déanfaidh an painéal a chinneadh a sholáthar do na Páirtithe laistigh de 20 lá tar éis dháta fála na hiarrata.

3. Tabharfaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh fógra i scríbhinn chuig an bPáirtí is déantóir gearáin maidir leis an dul chun cinn atá déanta aige i ndáil leis an tuarascáil chríochnaitheach a chomhlíonadh 1 mhí amháin ar a laghad roimh dhul in éag na tréimhse réasúnta.

4. Féadfaidh na Páirtithe teacht ar chomhaontú chun síneadh a chur leis an tréimhse réasúnta.

AIRTEAGAL 31.17

Athbhreithniú ar Chomhlíontacht

1. Déanfaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh, tráth nach déanaí ná dáta dhul in éag na tréimhse réasúnta, fógra a thabhairt i scríbhinn don Pháirtí is déantóir gearáin faoi aon bheart atá déanta aige chun an tuarascáil chríochnaitheach a chomhlíonadh.

2. I gcás ina n- easaontaíonn na Páirtithe maidir le bearta a bheith déanta chun an tuarascáil chríochnaitheach a chomhlíonadh nó maidir le comhsheasmhacht na mbeart sin leis na forálacha faoi chumhdach, féadfaidh an Páirtí is déantóir gearáin iarraidh i scríbhinn a sholáthar don phainéal bunaidh chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an ábhar. Leis an iarraidh sainaithneofar aon bheart i gceist agus míneofar inti conas a bheadh na bearta sin ar neamhréir leis na forálacha faoi chumhdach ar bhealach lena gcuirtear an bunús dlí leis an ngearán i láthair go soiléir. Déanfaidh an painéal a chinneadh a sholáthar do na Páirtithe laistigh de 60 lá tar éis dháta fála na hiarrata.

AIRTEAGAL 31.18

Leigheasanna Sealadacha

1. Déanfaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh, arna iarraidh sin don Pháirtí is déantóir gearáin agus tar éis comhairliúcháin a dhéanamh leis, tairiscint ar chúiteamh sealadach a chur i láthair sna cásanna seo a leanas:

(a) má thugann an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh fógra don Pháirtí is déantóir gearáin nach féidir an tuarascáil chríochnaitheach a chomhlíonadh; nó

(b) mura ndéanann an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh fógra a sholáthar i ndáil le haon bheart maidir le comhlíonadh a rinneadh laistigh den sprioc- am dá dtagraítear in Airteagal 31.15 nó faoin dáta a rachaidh an tréimhse réasúnta in éag; nó

(c) má chinneann an painéal nach ann d'aon bheart maidir le comhlíonadh nó go bhfuil an beart, a rinneadh chun comhlíonadh a dhéanamh, ar neamhréir leis na forálacha faoi chumhdach.

2. Faoi aon cheann de na cásanna dá dtagraítear i bhfomhíreanna 1(a) go (c), féadfaidh an Páirtí is déantóir gearáin fógra i scríbhinn a sheachadadh chuig an bPáirtí a ndéantar gearán ina aghaidh chun a chur in iúl go bhfuil sé ar intinn aige cur i bhfeidhm na n- oibleagáidí faoi na forálacha faoi chumhdach a chur ar fionraí:

(a) i gcás ina gcinneann an Páirtí is déantóir gearáin gan iarraidh a dhéanamh de bhun mhír 1; nó

(b) i gcás ina ndéantar iarraidh de bhun mhír 1 nach gcomhaontaíonn na Páirtithe maidir leis an gcúiteamh sealadach laistigh de 20 lá:

(i) tar éis an dáta a thugtar fógra don Pháirtí a ndéantar gearán ina aghaidh nach féidir an tuarascáil chríochnaitheach a chomhlíonadh;

(ii) tar éis dhul in éag na tréimhse réasúnta; nó

(iii) tar éis sheachadadh chinneadh an phainéil de bhun Airteagal 31.17.

3. Sonrófar san fhógra an leibhéal atá beartaithe maidir le hoibleagáidí a chur ar fionraí. Maidir le tairbhí atá san earnáil chéanna nó na hearnálacha céanna leis an earnáil nó na hearnálacha a dhéantar difear di nó dóibh leis an mbeart ar chinn an painéal é a bheith ar neamhréir leis an gCuid seo den Chomhaontú nó arb é is cúis le neamhniú nó lagú, ba cheart don Pháirtí is déantóir gearáin féachaint leis na tairbhí sin a chur ar fionraí ar dtús, agus machnamh á dhéanamh aige ar na tairbhí a chuirfear ar fionraí. Féadfaidh fionraí lamháltas nó oibleagáidí eile a chur i bhfeidhm maidir le hearnálacha a chumhdaítear faoin gCaibidil seo seachas an earnáil nó na hearnálacha ina bhfuair an painéal neamhniú nó lagú, go háirithe i gcás ina bhfuil an Páirtí is déantóir gearáin den tuairim go bhfuil an fhionraíocht sin san earnáil eile indéanta nó éifeachtach chun comhlíontacht a spreagadh. Ní sháróidh leibhéal fionraíochta lamháltas ná oibleagáidí eile an leibhéal atá coibhéiseach leis an neamhniú nó an lagú arb é an sárú is cúis leis.

4. Féadfaidh an Páirtí is déantóir gearáin na hoibleagáidí a chur ar fionraí 15 lá tar éis dháta seachadta an fhógra dá dtagraítear i mír 2, mura ndéanfaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh iarraidh i scríbhinn faoi mhír 5.

5. Má mheasann an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh go sáraíonn leibhéal fionraíochta na lamháltas nó na n- oibleagáidí eile faoina dtugtar fógra an leibhéal atá coibhéiseach leis an neamhniú nó leis an lagú arb é an sárú is cúis leis, féadfaidh sé iarraidh i scríbhinn a sholáthar don phainéal bunaidh roimh dhul in éag na tréimhse 15 lá a leagtar amach i mír 4 chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an ábhar. Cinnfidh an painéal an leibhéal tairbhí a measann sé é a bheith coibhéiseach agus soláthróidh sé a chinneadh do na Páirtithe laistigh de 30 lá tar éis dháta na hiarrata. Ní chuirfidh an Páirtí is déantóir gearáin aon oibleagáid ar fionraí go dtí go mbeidh a chinneadh soláthartha ag an bpainéal. Beidh fionraí na n- oibleagáidí i gcomhréir leis an gcinneadh sin.

6. Beidh fionraí na n- oibleagáidí nó an cúiteamh dá dtagraítear san Airteagal seo sealadach agus ní chuirfear i bhfeidhm sna cásanna seo a leanas é:

(a) tar éis do na Páirtithe teacht ar réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach de bhun Airteagal 31.33;

(b) chomhaontaigh na Páirtithe go bhfuil an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh arna thabhairt i gcomhlíontacht leis na forálacha faoi chumhdach de dhroim an bhirt comhlíontachta; nó

(c) tar éis d’aon bheart a bheith tarraingthe siar nó leasaithe, ar beart é a rinneadh chun an tuarascáil chríochnaitheach a chomhlíonadh agus d’fhionn an painéal a bheith ar neamhréir leis na forálacha faoi chumhdach, ionas go dtabharfar an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh i gcomhréir leis na forálacha sin.

## AIRTEAGAL 31.19

### Athbhreithniú ar Aon Bheart a Dhéantar chun Comhlíonadh a Dhéanamh Tar Éis Leigheasanna Sealadacha a Ghlacadh

1. Seachadfaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh fógra chuig an bPáirtí is déantóir gearáin faoi aon bheart a rinne sé chun comhlíonadh a dhéanamh tar éis oibleagáidí a bheith curtha ar fionraí nó tar éis cúiteamh sealadach a chur i bhfeidhm, de réir mar a bheidh. Cé is moite de chásanna faoi mhír 2, déanfaidh an Páirtí is déantóir gearáin fionraí na n- oibleagáidí a fhoirceannadh laistigh de 30 lá tar éis an dáta a gheofar an fógra. I gcásanna ina mbeidh cúiteamh curtha i bhfeidhm, agus cé is moite de chásanna faoi mhír 2, féadfaidh an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh cur i bhfeidhm an chúitimh sin a fhoirceannadh laistigh de 30 lá tar éis an dáta a gheofar a fhógra á rá go raibh sé comhlíontach.

2. Mura dtiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú i dtaobh cé acu a thabharfaidh nó nach dtabharfaidh an beart ar tugadh fógra faoi an Páirtí a ndéantar gearán ina aghaidh i gcomhréir leis na forálacha faoi chumhdach laistigh de 30 lá ón dáta a gheofar an fógra, seachadfaidh an Páirtí is déantóir gearáin iarraidh i scríbhinn chuig an bpainéal bunaidh chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an ábhar. Déanfaidh an painéal a chinneadh a sholáthar do na Páirtithe laistigh de 60 lá tar éis dháta fála na hiarrata. Má chinneann an painéal go bhfuil an beart a rinneadh chun comhlíonadh a dhéanamh i gcomhréir leis na forálacha faoi chumhdach, cuirfear deireadh le fionraí na n- oibleagáidí nó leis an gcúiteamh, de réir mar a bheidh. I gcás inarb ábhartha, coigeartófar leibhéal fionraíochta na n- oibleagáidí nó an chúitimh i bhfianaise chinneadh an phainéil.

AIRTEAGAL 31.20

Painéalaithe a Ionadú

Más rud é, le linn nósanna imeachta um réiteach díospóidí, nach féidir le painéalaí a bheith rannpháirteach, go dtarraingeoidh sé siar nó gur gá é a ionadú toisc nach gcomhlíonann sé ceanglais an Chóid Iompair maidir le Painéalaithe agus Idirghabhálaithe in Iarscríbhinn 31- B, ceapfar painéalaí nua i gcomhréir le hAirteagal 31.7 agus leis na Rialacha Nós Imeachta in Iarscríbhinn 31- A. Cuirfear síneadh leis an tréimhse le haghaidh sheachadadh na tuarascála nó an chinnidh de réir mar is gá go dtí go gceapfar painéalaí nua.

AIRTEAGAL 31.21

Rialacha Nós Imeachta

1. Déanfar nósanna imeachta an phainéil faoin Roinn seo a rialú leis an gCaibidil seo agus leis na Rialacha Nós Imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn 30- A.

2. Áiritheofar leis na Rialacha Nós Imeachta, go háirithe:

(a) go mbíonn an ceart ag Páirtithe éisteacht amháin ar a laghad a bheith acu os comhair an phainéil, éisteacht ina bhféadfaidh gach Páirtí a thuairimí a chur i láthair ó bhéal;

(b) go mbíonn an deis ag gach Páirtí aighneacht bhunaidh i scríbhinn agus frisnéis i scríbhinn a sholáthar;

(c) faoi réir chosaint na faisnéise rúnda, go gcuireann gach Páirtí ar fáil go poiblí a aighneachtaí i scríbhinn, leagan scríofa de ráiteas ó bhéal agus freagraí scríofa ar iarraidh nó ar cheist ón bpainéal, más ann do cheann, a luaithe is féidir tar éis dó na doiciméid sin a chur isteach agus tráth nach déanaí ná dáta seachadta na tuarascála críochnaithí; agus

(d) go gcaithfidh an painéal agus na Páirtithe le haon fhaisnéis a sholáthróidh Páirtí don phainéal mar fhaisnéis rúnda.

2. Beidh aon éisteacht de chuid an phainéil ar oscailt go poiblí mura gcomhaontaíonn na Páirtithe a mhalairt.

## AIRTEAGAL 31.22

### Fionraí agus Foirceannadh

1. Arna iarraidh sin don dá Pháirtí, cuirfidh an painéal a obair ar fionraí tráth ar bith go ceann tréimhse arna comhaontú ag na Páirtithe agus nach faide ná 12 mhí as a chéile. Fillfidh an painéal ar a chuid oibre roimh dheireadh na tréimhse fionraí ar iarraidh i scríbhinn ón dá Pháirtí, nó ar lá deireanach na tréimhse fionraí ar iarraidh i scríbhinn ó cheachtar Páirtí. Déanfaidh an Páirtí is iarrthóir fógra a sheachadadh chuig an bPáirtí eile dá réir sin.

2. Mura n- iarrfaidh ceachtar Páirtí go n- atosófar obair an phainéil roimh dheireadh dhul in éag na tréimhse fionraí, rachaidh údarás an phainéil i léig agus foirceannfar na nósanna imeachta um réiteach díospóidí. Beidh an méid sin gan dochar do cheart an Pháirtí imeachtaí nua a thionscnamh maidir leis an ábhar céanna.

3. I gcás ina gcuirfear obair an phainéil ar fionraí, cuirfear síneadh leis na tréimhsí ábhartha faoin Roinn seo a bheidh ar aon fhad leis an tréimhse ar cuireadh obair an phainéil ar fionraí lena linn.

AIRTEAGAL 31.23

Faisnéis a Fháil

1. Arna iarraidh sin do Pháirtí, nó ar a thionscnamh féin, féadfaidh an painéal faisnéis a mheasann sé is gá agus is iomchuí a lorg ó na Páirtithe. Tabharfaidh na Páirtithe freagra pras agus iomlán ar aon iarraidh ón bpainéal ar an bhfaisnéis sin.

2. Arna iarraidh sin do Pháirtí nó ar a thionscnamh féin, féadfaidh an painéal aon fhaisnéis a lorg ó aon fhoinse a mheasann sé is iomchuí. Féadfaidh an painéal tuairim nó comhairle theicniúil a lorg ó shaineolaithe freisin, de réir mar is iomchuí leis, agus faoi réir aon téarma agus coinníoll arna gcomhaontú ag na Páirtithe, i gcás inarb infheidhme.

3. Breithneoidh an painéal aighneachtaí *amicus curiae* ó dhaoine nádúrtha de Pháirtí nó ó dhaoine dlítheanacha atá bunaithe i bPáirtí i gcomhréir leis na Rialacha Nós Imeachta in Iarscríbhinn 31- A.

4. Aon fhaisnéis a fhaigheann an painéal de bhun an Airteagail seo, nochtfar do na Páirtithe í agus féadfaidh na Páirtithe barúlacha a thabhairt i leith na faisnéise sin.

## AIRTEAGAL 31.24

### Rialacha Léirmhínithe

1. Déanfaidh an painéal na forálacha faoi chumhdach a léirmhíniú i gcomhréir le rialacha gnácha maidir le léirmhíniú ar dhlí poiblí idirnáisiúnta, lena n- áirítear iad sin a chódaítear i gCoinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí. Cuirfidh an painéal san áireamh freisin léirmhínithe ábhartha i dtuarascálacha ó Phainéil EDT agus ón mBuanchomhlacht Achomhairc arna nglacadh ag Comhlacht EDT um Réiteach Díospóidí.

2. Le tuarascálacha agus cinntí an phainéil, ní chuirfear le cearta ná oibleagáidí na bPáirtithe faoin gComhaontú seo ná ní laghdófar na cearta ná na hoibleagáidí sin.

AIRTEAGAL 31.25

Tuarascálacha agus Cinntí an Phainéil

1. Coimeádfar pléití an phainéil faoi rún. Déanfaidh an painéal gach iarracht chun tuarascálacha a dhréachtú agus cinntí a dhéanamh de chomhthoil. Mura mbeidh an méid sin indéanta, déanfaidh an painéal cinneadh maidir leis an ábhar le vóta tromlaigh. Ní nochtfar, i gcás ar bith, tuairimí leithleacha painéalaithe.

2. Glacfaidh na Páirtithe gan choinníoll le cinntí agus tuarascálacha an phainéil. Ní chruthóidh siad aon cheart ná oibleagáid i ndáil le daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha.

3. Cuirfidh gach Páirtí tuarascálacha agus cinntí an phainéil ar fáil go poiblí, a luaithe is féidir tar éis dháta a seachadta chuig na Páirtithe, faoi réir chosaint na faisnéise rúnda.

ROINN D

Sásra Idirghabhála

AIRTEAGAL 31.26

Cuspóir

Is é is cuspóir don sásra idirghabhála cuidiú chun gur fusa a bheidh sé teacht ar réiteach a chomhaontófar go frithpháirteach trí nós imeachta cuimsitheach gasta le cúnamh ó idirghabhálaí.

AIRTEAGAL 31.27

An Nós Imeachta Idirghabhála a Thionscnamh

1. Féadfaidh Páirtí tráth ar bith a iarraidh ar an bPáirtí eile, i scríbhinn, dul i mbun nós imeachta idirghabhála maidir le haon bheart de chuid an Pháirtí sin lena ndéantar dochar do thrádáil nó infheistíocht idir na Páirtithe. Níl gá le comhairliúcháin sula dtionscnófar an nós imeachta idirghabhála.

2. Beidh an iarraidh mionsonraithe go leordhóthanach chun ábhair imní an Pháirtí is iarrthóir a chur i láthair go soiléir agus déanfar an méid seo a leanas léi freisin:

(a) sonrófar an beart atá i gceist;

(b) soláthrófar ráiteas maidir leis na héifeachtaí diúltacha a mheasann an Páirtí is iarrthóir atá, nó a bheidh, ag an mbeart ar thrádáil nó infheistíocht idir na Páirtithe; agus

(c) míneofar conas a mheasann an Páirtí is iarrthóir go bhfuil na héifeachtaí sin nasctha leis an mbeart.

3. Ní fhéadfar an nós imeachta idirghabhála a thionscnamh ach le comhaontú frithpháirteach na bPáirtithe. An Páirtí a ndéantar an iarraidh chuige, déanfaidh sé breithniú tuisceanach ar an iarraidh agus déanfaidh sé a fhógra i scríbhinn, ina nglacfaidh sé léi nó ina ndiúltóidh sé di, a sholáthar don Pháirtí is iarrthóir laistigh de 10 lá tar éis dó í a fháil. Mura ndéantar sin, measfar gur diúltaíodh don iarraidh.

## AIRTEAGAL 31.28

### Idirghabhálaí a Roghnú

1. Féachfaidh na Páirtithe le teacht ar chomhaontú maidir le hidirghabhálaí, más féidir, tráth nach déanaí ná 15 lá tar éis dó an fógra gur glacadh leis an iarraidh a fháil.

2. I gcás nach mbeidh na Páirtithe in ann teacht ar chomhaontú maidir le hidirghabhálaí laistigh den tréimhse a leagtar amach i mír 1, féadfaidh ceachtar Páirtí a iarraidh ar údarás ceapacháin a liostaítear sna Rialacha Nós Imeachta in Iarscríbhinn 31- A an t- idirghabhálaí a roghnú trí chrannchur, laistigh de 5 lá tar éis na hiarrata, ón bhfoliosta de dhaoine aonair a fheidhmeoidh mar chathaoirligh, dá dtagraítear in Airteagal 31.8.

3. Mura mbeidh an foliosta de dhaoine aonair a fheidhmeoidh mar chathaoirligh, dá dtagraítear in Airteagal 31.8, glactha ag an gComhchoiste tráth a dhéantar iarraidh de bhun Airteagal 31.27, déanfar an t- idirghabhálaí a roghnú trí chrannchur ó na daoine aonair a bheidh ainmnithe ag Páirtí amháin nó ag an dá Pháirtí le haghaidh an fholiosta sin, de réir mar a bheidh.

4. Ní bheidh idirghabhálaí ina náisiúnach de cheachtar Páirtí ná ní bheidh sé fostaithe ag ceachtar Páirtí, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.

5. Comhlíonfaidh idirghabhálaí an Cód Iompair maidir le Painéalaithe agus Idirghabhálaithe in Iarscríbhinn 31-B.

AIRTEAGAL 31.29

Rialacha an Nós Imeachta Idirghabhála

1. Laistigh de 10 lá ó cheapachán an idirghabhálaí, déanfaidh an Páirtí a d'agair an nós imeachta idirghabhála tuairisc mhionsonraithe i scríbhinn ar a ábhair imní a sholáthar don idirghabhálaí agus don Pháirtí eile, go háirithe a mhéid a bhaineann le hoibriú an bhirt i gceist agus na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith aige ar thrádáil nó infheistíocht idir na Páirtithe. Féadfaidh an Páirtí eile barúlacha i scríbhinn a sholáthar ar an tuairisc sin, laistigh de 20 lá tar éis dó í a fháil.

2. Tabharfaidh an t- idirghabhálaí cúnamh do na Páirtithe ar bhealach trédhearcach chun soiléireacht a thabhairt don bheart i gceist agus dá éifeachtaí diúltacha féideartha ar thrádáil agus infheistíocht idir na Páirtithe. Go sonrach, féadfaidh an t- idirghabhálaí cruinnithe a eagrú idir na Páirtithe, dul i gcomhairle leis na Páirtithe go comhpháirteach nó go haonarach, cúnamh a lorg ó shaineolaithe agus páirtithe leasmhara ábhartha, nó dul i gcomhairle leo, agus aon tacaíocht bhreise arna hiarraidh ag na Páirtithe a sholáthar. Rachaidh an t- idirghabhálaí i gcomhairle leis na Páirtithe roimh chúnamh a lorg ó shaineolaithe agus páirtithe leasmhara ábhartha, nó roimh dhul i gcomhairle leo.

3. Féadfaidh an t- idirghabhálaí comhairle a thairiscint agus réiteach a mholadh lena meas ag na Páirtithe. Féadfaidh na Páirtithe glacadh leis an réiteach molta nó diúltú dó, nó teacht ar chomhaontú maidir le réiteach éagsúil. Ní thabharfaidh an t- idirghabhálaí comhairle maidir le comhsheasmhacht an bhirt i gceist leis an gComhaontú seo.

4. Déanfar an nós imeachta idirghabhála i gcríoch an Pháirtí a ndearnadh an iarraidh chun nós imeachta a dhéanamh chuige, nó le comhaontú frithpháirteach in aon suíomh eile nó ar aon bhealach cumarsáide eile.

5. Féachfaidh na Páirtithe le teacht ar réiteach comhaontaithe ar bhonn frithpháirteach laistigh de 60 lá ó cheapachán an idirghabhálaí. Agus an réiteach sin á dhéanamh, féadfaidh na Páirtithe tabhairt i gcrích aon nós imeachta inmheánach is gá a mheas. Ar feitheamh comhaontú críochnaitheach, féadfaidh na Páirtithe réitigh eatramhacha fhéideartha a mheas, go háirithe má bhaineann an beart le hearraí meatacha.

6. Arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, déanfaidh an t- idirghabhálaí dréacht- tuarascáil fhíorasach a sholáthar do na Páirtithe lena soláthraítear:

(a) achoimre ghairid ar an mbeart i gceist;

(b) na nósanna imeachta a leanadh; agus

(c) aon réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach, lena n- áirítear aon réiteach eatramhach féideartha.

7. Ceadóidh an t- idirghabhálaí 15 lá do na Páirtithe chun barúil a thabhairt ar an dréacht- tuarascáil fhíorasach. Tar éis bharúlacha na bPáirtithe a mheas, déanfaidh an t- idirghabhálaí, laistigh de 15 lá eile, tuarascáil fhíorasach chríochnaitheach a sholáthar do na Páirtithe. Ní bheidh aon léirmhíniú ar an gComhaontú seo san áireamh sa tuarascáil fhíorasach.

8. Déanfar an nós imeachta a fhoirceannadh tríd an méid seo a leanas:

(a) glacadh réitigh arna chomhaontú go frithpháirteach ag na Páirtithe, dáta a ghlactha;

(b) comhaontú frithpháirteach na bPáirtithe ag aon chéim den nós imeachta, dáta an chomhaontaithe sin;

(c) dearbhú i scríbhinn ón idirghabhálaí, tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe, nach mbeadh maith ar bith in iarrachtaí breise tráth na hidirghabhála, dáta an dearbhaithe sin; nó

(d) dearbhú i scríbhinn ó Pháirtí tar éis réitigh arna gcomhaontú go frithpháirteach a fhiosrú faoin nós imeachta idirghabhála agus tar éis aon chomhairle agus réiteach molta ón idirghabhálaí a mheas, dáta an dearbhaithe sin.

AIRTEAGAL 31.30

Rúndacht

1. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, tá na céimeanna uile den nós imeachta idirghabhála, lena n- áirítear aon chomhairle nó réiteach molta, rúnda. Féadfaidh gach Páirtí a nochtadh don phobal gurb amhlaidh atá idirghabháil ar bun.

2. Cuirfear réitigh a chomhaontófar go frithpháirteach ar fáil go poiblí, má chomhaontaíonn na Páirtithe sin. Ní bheidh aon fhaisnéis a d'ainmnigh Páirtí mar fhaisnéis rúnda sna leaganacha a nochtfar don phobal.

## AIRTEAGAL 31.31

### Gaol le Nósanna Imeachta um Réiteach Díospóidí

1. Tá an nós imeachta idirghabhála gan dochar do chearta ná oibleagáidí na bPáirtithe faoi Ranna B agus C nó faoi nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoi aon chomhaontú eile. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfar nós imeachta idirghabhála a thionscnamh nó féadfaidh ceann leanúint ar aghaidh agus nósanna imeachta an phainéil ar bun.

2. Ní bhraithfidh Páirtí ar an méid seo a leanas, ná ní thabharfaidh sé an méid seo a leanas isteach mar fhianaise, i nósanna imeachta eile um réiteach díospóidí faoin gComhaontú seo ná in aon chomhaontú eile, ná ní chuirfidh painéal an méid seo a leanas san áireamh:

(a) seasaimh arna nglacadh ag an bPáirtí eile le linn an nós imeachta idirghabhála nó faisnéis arna bailiú go heisiach i gcomhréir le mír 2 d'Airteagal 31.29 ;

(b) gurb amhlaidh a léirigh an Páirtí eile go bhfuil sé toilteanach glacadh le réiteach ar an mbeart faoi réir idirghabhála; nó

(c) comhairle arna tabhairt nó tograí arna ndéanamh ag an idirghabhálaí.

3. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, ní fheidhmeoidh idirghabhálaí mar phainéalaí i nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoin gComhaontú seo ná faoi aon chomhaontú eile lena mbaineann an t- ábhar céanna ar lena aghaidh a bhí sé nó sí ina idirghabhálaí.

ROINN E

Forálacha Coiteanna

AIRTEAGAL 31.32

Iarraidh ar Fhaisnéis

1. Sula ndéanfar iarraidh ar chomhairliúcháin nó idirghabháil de bhun Airteagal 31.5 nó Airteagal 31.27, faoi seach, féadfaidh Páirtí faisnéis maidir le beart a dhéanann dochar don trádáil nó infheistíocht idir na Páirtithe a iarraidh. Déanfaidh an Páirtí dá ndéantar an iarraidh sin, laistigh de 20 lá tar éis an dáta a gheofar an iarraidh, freagra i scríbhinn a sholáthar ina bhfuil a bharúlacha ar an bhfaisnéis a iarrtar.

2. Meastar go n- iarrfaidh Páirtí faisnéis de bhun mhír 1 sula n- iarrfaidh sé comhairliúcháin nó sula dtionscnóidh sé nósanna imeachta idirghabhála nó na nósanna imeachta comhair nó comhairliúchán eile de bhun an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 31.33

Réiteach a Chomhaontú ar bhonn Frithpháirteach

1. Féadfaidh na Páirtithe teacht ar réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach tráth ar bith maidir le haon díospóid a chumhdaítear le hAirteagal 31.2.

2. Má thagtar ar réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach le linn an nós imeachta painéil nó idirghabhála, nó le linn aon mhodh eile de réiteach díospóidí arna chomhaontú ag na Páirtithe, lena n- áirítear nósanna imeachta a bhaineann le dea-mhéin nó idir- réiteach, tabharfaidh na Páirtithe fógra go comhpháirteach faoin réiteach sin do chathaoirleach an phainéil nó don idirghabhálaí, de réir mar a bheidh. Ar an bhfógra sin a thabhairt, déanfar nós imeachta an phainéil nó an nós imeachta idirghabhála a fhoirceannadh.

3. Déanfaidh gach Páirtí aon bheart is gá chun an réiteach a comhaontaíodh go frithpháirteach a chur chun feidhme laistigh den tréimhse a comhaontaíodh.

4. Tráth nach déanaí ná an dáta a rachaidh an tréimhse arna comhaontú in éag, cuirfidh an Páirtí cur chun feidhme an Páirtí eile ar an eolas i scríbhinn faoi aon bheart atá déanta aige chun an réiteach a comhaontaíodh go frithpháirteach a chur chun feidhme.

AIRTEAGAL 31.34

Tréimhsí

1. Déantar na tréimhsí uile a leagtar amach sa Chaibidil seo a chomhaireamh i laethanta féilire ón lá tar éis an lá a rinneadh an ghníomhaíocht dá dtagraítear.

2. Aon tréimhse dá dtagraítear sa Chaibidil seo, féadfar í a mhodhnú le comhaontú frithpháirteach na bPáirtithe.

3. Faoi Roinn C, féadfaidh an painéal, tráth ar bith, a mholadh do na Páirtithe aon tréimhse dá dtagraítear sa Chaibidil seo a mhodhnú, agus na cúiseanna leis an moladh á lua.

AIRTEAGAL 31.35

Costais

1. Seasfaidh gach Páirtí a chostais féin a dhíorthaíonn ón rannpháirtíocht i nós imeachta an phainéil nó sa nós imeachta idirghabhála.

2. Beidh na Páirtithe faoi dhliteanas comhpháirteach i ndáil leis na costais a eascróidh as ábhair eagraíochtúla, lena n- áirítear luach saothair agus costais na bpainéalaithe agus an idirghabhálaí, agus comhroinnfidh siad go cothrom iad. Cinnfear luach saothair na bpainéalaithe i gcomhréir leis na Rialacha Nós Imeachta in Iarscríbhinn 31- A. Cinnfear luach saothair an idirghabhálaí i gcomhréir leis an luach saothair dá ndéantar foráil le haghaidh cathaoirleach painéil i gcomhréir leis na Rialacha Nós Imeachta in Iarscríbhinn 31- A.

AIRTEAGAL 31.36

Riarachán an Nós Imeachta um Réiteach Díospóidí

1. Déanfaidh gach Páirtí:

(a) oifig a bheidh freagrach as riarachán na nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoin gCaibidil seo a ainmniú; agus

(b) fógra i scríbhinn a thabhairt don Pháirtí eile maidir le suíomh agus faisnéis teagmhála na hoifige laistigh de 3 mhí ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

2. Beidh gach Páirtí freagrach as feidhmiú agus costais a oifige ainmnithe ar leith.

3. D'ainneoin mhír 1, féadfaidh na Páirtithe a chomhaontú go rachaidh siad ar iontaoibh, ar bhonn comhpháirteach, comhlachta sheachtraigh chun tacaíocht a sholáthar do chúraimí riaracháin áirithe le haghaidh an nós imeachta um réiteach díospóidí faoin gCaibidil seo.

AIRTEAGAL 31.37

Cearta Príobháideacha

Ní dhéanfaidh Páirtí foráil maidir le ceart caingne faoina dhlí intíre in aghaidh an Pháirtí eile ar an bhforas go bhfuil beart de chuid an Pháirtí eile ar neamhréir leis an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 31.38

Leasú Iarscríbhinní

Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach Iarscríbhinn 31-A (Rialacha Nós Imeachta) agus Iarscríbhinn 31-B (Cód Iompair maidir le Painéalaithe agus Idirghabhálaithe) a leasú.

CAIBIDIL 32

EISCEACHTAÍ

AIRTEAGAL 32.1

Eisceachtaí Ginearálta

1. Airteagal XX de GATT 1994, lena n- áirítear a Nótaí agus a Fhorálacha Forlíontacha, corpraítear sa Chomhaontú seo é agus déantar cuid den Chomhaontú seo é, agus tá feidhm *mutatis mutandis* aige maidir le Caibidil 2 (Trádáil Earraí), Caibidil 3 (Rialacha Tionscnaimh agus Nósanna Imeachta Tionscnaimh), Caibidil 4 (Custaim agus Éascú Trádála), Caibidil 6 (Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta), Caibidil 8 (Fuinneamh agus Amhábhair), Caibidil 9 (Bacainní Teicniúla ar Thrádáil), Caibidil 22 (Fiontair faoi Úinéireacht Stáit, Fiontair ar Deonaíodh Cearta nó Pribhléidí Speisialta dóibh agus Monaplachtaí Ainmnithe), agus Roinn B de Chaibidil 10 (Léirscaoileadh Infheistíochtaí),

2. Tá na Páirtithe ar aon tuairim:

(a) go n- áirítear ar na bearta dá dtagraítear in Airteagal XX (b) de GATT 1994 bearta comhshaoil[90], a bhfuil gá leo chun beatha nó sláinte an duine, ainmhithe nó plandaí a chosaint; agus

---

90 Admhaíonn na Páirtithe an ceart chun Airteagal XX (b) de GATT 1994 a agairt i ndáil le bearta a dhéantar de bhun comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha ina bhfuil siad ina bpáirtithe.

(b) go bhfuil feidhm ag Airteagal XX (g) de GATT 1994 maidir le bearta chun acmhainní nádúrtha neamh- inathnuaite, idir bheo agus neamhbheo, a chaomhnú.

3. Má tá sé beartaithe ag Páirtí aon bheart a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal XX (i) agus (j) de GATT 1994, soláthróidh an Páirtí sin an méid seo a leanas don Pháirtí eile:

(a) an fhaisnéis ábhartha uile; agus

(b) arna iarraidh sin, deis réasúnta le haghaidh comhairliúcháin i ndáil le haon ábhar a bhaineann leis an mbeart sin, d'fhonn réiteach a bheadh inghlactha ar bhonn frithpháirteach a lorg.

Féadfaidh na Páirtithe comhaontú maidir le haon mhodh is gá chun na hábhair faoi réir an chomhairliúcháin dá dtagraítear i bhfomhír 3(b) a réiteach.

I gcás ina bhfágann imthosca eisceachtúla géibheannacha a éilíonn gníomh láithreach nach féidir réamhaisnéis a fháil ná comhairliúchán a dhéanamh roimh ré, féadfaidh an Páirtí a bhfuil sé ar intinn aige na bearta lena mbaineann a dhéanamh na bearta is gá a dhéanamh láithreach chun déileáil leis na himthosca sin agus cuirfidh sé an Páirtí eile ar an eolas maidir leis sin láithreach.

4. Airteagal XIV (a), (b) agus (c) de GATS, ionchorpraítear é sa Chomhaontú seo agus déantar cuid den Chomhaontú seo é, agus tá feidhm *mutatis mutandis* aige maidir le Caibidil 11 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí), Caibidil 12 (Láithreacht Shealadach Daoine Nádúrtha chun Críoch Gnó), Caibidil 13 (Rialáil Intíre), Caibidil 14 (Aitheantas Frithpháirteach do Cháilíochtaí Gairmiúla), Caibidil 16 (Seirbhísí Teileachumarsáide), Caibidil 17 (Seirbhísí Muiriompair Idirnáisiúnta), Caibidil 18 (Seirbhísí Airgeadais), Caibidil 19 (Trádáil Dhigiteach), Caibidil 22 (Fiontair faoi Úinéireacht Stáit, Fiontair ar Deonaíodh Cearta nó Pribhléidí Speisialta dóibh agus Monaplachtaí Ainmnithe), agus i Roinn B de Chaibidil 10 (Léirscaoileadh Infheistíochtaí).

5. Tá na Páirtithe ar aon tuairim go n- áirítear sna bearta dá dtagraítear in Airteagal XIV (b) de GATS bearta comhshaoil[91] is gá chun beatha nó sláinte an duine, ainmhithe nó plandaí a chosaint.

6. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, meastar gur foráil de Chuid III é Airteagal 2.8 (Eisceacht Slándála) de Chuid IV.

AIRTEAGAL 32.2

Cánachas

1. Chun críocha an Airteagail seo:

(a) ciallaíonn 'áit chónaithe' áit chónaithe chun críoch cánach; agus

[91] Admhaíonn na Páirtithe a gceart chun Airteagal XIV (b) de GATS a agairt i ndáil le bearta a dhéantar de bhun comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha ina bhfuil siad ina bpáirtithe.

(b) ciallaíonn ‘coinbhinsiún cánach’ coinbhinsiún chun cánachas dúbailte a sheachaint nó comhaontú nó socrú idirnáisiúnta eile a bhaineann go hiomlán nó den chuid is mó le cánachas, a bhfuil ceachtar Páirtí ina pháirtí ann.

2. Ní dhéanfaidh aon ní sa Chuid seo den Chomhaontú difear do chearta ná oibleagáidí Páirtí faoi choinbhinsiún cánach. I gcás ina mbeidh aon neamhréir ann idir an Comhaontú seo agus aon choinbhinsiún cánach, beidh forlámhas ag an gcoinbhinsiún cánach sin go méid na neamhréire.

3. Níl feidhm ag Airteagal 10.8 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair), Airteagal 11.7 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair), Airteagal 18.4 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair) ná mír 4 d’Airteagal 18.7 (Trádáil Trasteorann i Seirbhísí Airgeadais) maidir le buntáiste arna thabhairt ag Páirtí de bhun coinbhinsiún cánach.

4. Faoi réir an cheanglais nach gcuirtear na bearta sin i bhfeidhm ar bhealach arb é a bheadh ann modh idirdhealaithe threallaigh nó gan údar idir na Páirtithe i gcás ina mbeidh forlámhas ag coinníollacha comhchosúla, nó srianadh faoi cheilt ar thrádáil agus infheistíocht, ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní lena gcoisctear ar Pháirtí aon bheart a ghlacadh, a choinneáil ar bun nó a fhorfheidhmiú, ar beart é arb é is aidhm dó forchur nó bailiú cothromasach nó éifeachtach cánach díreach a áirithiú:

(a) lena ndéantar idirdhealú idir cáiníocóirí, nach bhfuil sa staid chéanna, go háirithe maidir lena n- áit chónaithe nó an áit ina bhfuil a gcuid caipitil infheistithe; nó

(b) arb é is aidhm dó sin cosc a chur le seachaint nó imghabháil cánach de bhun forálacha aon choinbhinsiúin cánach nó reachtaíochta cánach intíre.

5. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, maidir le beart cánachais a bheith ina leasú nach beag ar bheart cánachais atá ann cheana, éifeacht láithreach a bheith aige ón tráth a fhógrófar é, é a bheith ina shoiléiriú ar an cur i bhfeidhm atá beartaithe i leith beart cánachais atá ann cheana, nó tionchar gan choinne a bheith aige ar infheisteoir nó ar infheistíocht faoi chumhdach, ní fhágann sé sin, ann féin, gur sárú é ar Airteagal 10.15 (An Chóir a Thugtar d'Infheisteoirí agus d'Infheistíochtaí faoi Chumhdach).

6. Má chuireann infheisteoir isteach iarraidh ar chomhairliúcháin de bhun Airteagal 10.22 (Comhairliúcháin) agus é á mhaíomh aige go bhfuil beart cánachais ina shárú ar oibleagáid de bhun mhír 2 d'Airteagal 10.7 (Cóir Náisiúnta) nó de bhun mhír 2 d'Airteagal 10.8 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair) nó de bhun Roinn C de Chaibidil 10 (Cosaint Infheistíochta), féadfaidh an freagróir an t- ábhar a tharchur i gcomhair comhairliúchán de chuid na bPáirtithe agus cinneadh comhpháirteach ó na Páirtithe i dtaobh an mhéid seo a leanas:

(a) cé acu an beart cánachais é an beart nó nach é;

(b) cé acu a sháraíonn nó nach sáraíonn an beart, má chinntear gur beart cánachais é, oibleagáid faoi mhír 2 d'Airteagal 10.7 (Cóir Náisiúnta) nó mír 2 d'Airteagal 10.8 (Cóir an Náisiúin Barrfhabhair) nó Roinn C de Chaibidil 10 (Cosaint Infheistíochta); nó

(c) cé acu atá nó nach bhfuil neamhréir idir na hoibleagáidí sa Chomhaontú seo a líomhnaítear a bheith sáraithe agus oibleagáidí coinbhinsiúin cánach.

7. Ní féidir tarchur de bhun mhír 6 a dhéanamh tráth níos déanaí ná an dáta a chinnfidh an Binse ar a gcuirfidh an freagróir isteach a fhrithmheabhrachán nó ráiteas cosanta. Má dhéanann an freagróir tarchur den sórt sin, cuirfear ar fionraí na tréimhsí nó na himeachtaí a shonraítear i Roinn D de Chaibidil 10 (Díospóidí Infheistíochta a Réiteach). Mura n- aontaíonn na Páirtithe an tsaincheist a bhreithniú laistigh de 180 lá tar éis an tarchuir, nó má mhainníonn siad cinneadh comhpháirteach a dhéanamh, ní bheidh feidhm a thuilleadh ag fionraí na dtréimhsí ná na n- imeachtaí agus féadfaidh an t- infheisteoir dul ar aghaidh lena éileamh.

8. Beidh cinneadh comhpháirteach ó na Páirtithe de bhun mhír 6 ina cheangal ar an mBinse.

9. Áiritheoidh gach Páirtí go n- áireofar ina thoscaireacht i gcomhair na gcomhairliúchán a dhéanfar de bhun mhír 6 daoine a bhfuil saineolas ábhartha acu ar na saincheisteanna a chumhdaítear leis an Airteagal seo, lena n- áirítear ionadaithe ó údaráis cánach ábhartha[92] gach Páirtí.

[92] I gcás Mheicsiceo, ciallaíonn 'ionadaithe ó na húdaráis cánach ábhartha' oifigigh ón Aireacht Airgeadais agus Creidmheasa Phoiblí.

AIRTEAGAL 32.3

Nochtadh Faisnéise

1. Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní lena gceanglaítear ar Pháirtí faisnéis rúnda a chur ar fáil, a d'fhágfadh nochtadh na faisnéise sin go gcuirfí bac ar fhorfheidhmiú an dlí, nó a bheadh contrártha ar bhealach eile do leas an phobail, nó lena ndéanfaí dochar do leasanna tráchtála dlisteanacha fiontar ar leith, bíodh siad poiblí nó príobháideach.

2. Rialófar le forálacha na gcaibidlí is infheidhme nochtadh faisnéise trí na himeachtaí um réiteach díospóidí faoin gCuid seo den Chomhaontú.

3. Nuair a dhéanann Páirtí faisnéis a chur faoi bhráid an Pháirtí eile faoin gComhaontú seo, lena n- áirítear trí chomhlachtaí a bhunaítear faoin gComhaontú seo, ar faisnéis í a mheastar a bheith rúnda faoi dhlíthe agus rialacháin an Pháirtí a chuireann an fhaisnéis isteach, déileálfaidh an Páirtí eile leis an bhfaisnéis sin mar fhaisnéis rúnda, mura gcomhaontóidh an Páirtí cur isteach a mhalairt.

AIRTEAGAL 32.4

Tarscaoiltí EDT

Má dhéanann ceart nó oibleagáid, a bhunaítear le Cuid den Chomhaontú seo, dúbláil ar cheart nó oibleagáid i gComhaontú EDT, aon bheart arna dhéanamh i gcomhréir le cinneadh maidir le tarscaoileadh a ghlactar de bhun mhíreanna 3 agus 4 Airteagal IX de Chomhaontú EDT, meastar go bhfuil sé i gcomhréir leis an bhforáil sa Chomhaontú seo.